

# An córas cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht

Tuarascáil Bhliantúil **EirGrid cpt, 2019**

EIRGRID GROUP

**The current. The future.**

Réamhrá . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 1
Cé muid féin agus a ndéanaimid. . 2
Léarscáil an chórais tarchurtha . . 3
Focal ón gCathaoirleach . . . . . . . . 4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh . . . . . . 8
*Tuar a dhéanamh ar chúrsaí leictreachais amach anseo* . . . . . 12
Athbhreithniú airgeadais. . . . . . . 14
A bheith inár gceannródaí ar an oileán maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú . . . . . . . . . . . . . 18
*Dóthain fuinnimh, ar an bpraghas ceart* . . . . . . . . . . 24
An eangach agus an margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú. . . . . . . . . . . . . . 26
*Foláireamh córais a bhainistiú* . . 34
Ag obair le comhpháirtithe ar mhaithe le hathrú chun feabhais. . . . . . . . . . . . . . . . 36
*Comhpháirtíochtaí le haghaidh córas cumhachta níos solúbtha* . . . . . . . . . . . . . . . . 40
Rannpháirtíocht ar mhaithe le torthaí níos fearr do chách . . . . . 42
*Ciste pobail a rith* . . . . . . . . . . . . . 48
Éachtaí ó thaobh FSC 2019 . . . . . 50
Meas a bheith againn ar na daoine atá ag obair linn agus tacú lena n-uaillmhianta . . 52
*Ag foghlaim sa phost* . . . . . . . . . . 54
Bord Ghrúpa EirGrid. . . . . . . . . . . 56
Ár bhfoireann feidhmiúcháin . . . 61
Príomhshonraí faoi oibríochtaí. . 64
Gluais. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 66
Na Ráitis Airgeadais. . . . . . . . . . . 71

*Taispeántar ar an gclúdach roinnt de bhaill foirne Ghrúpa EirGrid a chuidigh lenár straitéis nua a fhorbairt. Ó chlé go deas: Conor Farrell, Caoimhe McWeeney, Ciara Corby, Katie Killeen agus Alan Campbell*

.





Le bliain anuas, tá straitéis nua á forbairt againn i gcomhair 2020-25. Chun féachaint céard air a ndíreoimid sna cúig bliana amach romhainn, níor mhór smaoineamh go cúramach ar an obair a dhéanaimid, an fáth a ndéanaimid í, agus conas a d'fhéadfadh an obair sin a bheith níos fearr fós.

Dá bhrí sin, ní ar éachtaí na bliana seo amháin atá an tuarascáil bhliantúil seo dírithe, ach leagtar béim inti freisin ar an méid is mian linn a bhaint amach san am atá le teacht.

Beidh scéalta ó na daoine i nGrúpa EirGrid againn duit sa tuarascáil seo freisin. Is dream daoine iad a bhíonn ag obair go dian dícheallach lena chinntiú go mbeidh soláthar leictreachais ar féidir brath air ar fáil ón gcóras cumhachta, ar phraghas iomaíoch.

Cibé cén rud a dhéanann siad, bíonn siad dírithe ar an gcuspóir is bonn leis an straitéis nua atá againn: an córas cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

**Déanann Grúpa EirGrid an córas leictreachais i dTuaisceart Éireann a oibriú agus a fhorbairt. Cuimsítear leis sin an eangach, an margadh leictreachais mórdhíola agus idirnascadh le córais eile.**

Sa dá dhlínse, déanaimid beartais rialtais maidir le leictreachas a chur chun feidhme agus a chumasú. Déantar muid a riar mar sholáthraithe seirbhíse monaplachta. Is ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais ar oileán na hÉireann a sholáthraímid ár gcuid seirbhísí. Tacaímid leis an ngeilleagar sa dá dhlínse seachas ár leasanna tráchtála féin a chur chun cinn. Is eintiteas neamhspleách muid, gan aon leas dílsithe againn sa leictreachas a ghiniúint ná a dhíol. Ní linne an t-infreastruchtúr eangaí agus ní haon tairbhe dúinn é cur leis.

**An Eangach**

Tá an eangach tharchurtha ardvoltais ina cnámh droma ag an slabhra soláthair leictreachais. Seolann sí cumhacht ó áit a ginte chuig an áit a bhfuil sí ag teastáil ó cheann ceann oileán na hÉireann. Déanaimid cothromaíocht idir soláthar agus éileamh gach nóiméad den lá, agus déanaimid pleanáil freisin chun freastal ar na riachtanais leictreachais a bheidh ag an oileán san fhadtréimhse.

Tríd an eangach tharchurtha, soláthraítear cumhacht d'earnáil na tionsclaíochta agus do ghnóthais a úsáideann a lán leictreachais. Cuireann ár n-eangach cumhacht ar fáil freisin don líonra dáileacháin. Soláthraíonn sé sin an leictreachas a n-úsáideann sibhse é gach lá in bhur dtithe, gnóthais, scoileanna, ospidéil, agus feirmeacha.

In Éirinn, is mar EirGrid a sholáthraímid an tseirbhís sin. I dTuaisceart Éireann, is SONI – Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann – a thugtar orainn.

**An margadh leictreachais**

Tá SEMO – Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair – ar cheann de na seirbhísí a sholáthraímid. Reáchtáiltear an margadh mórdhíola sin ar bhonn uile-oileáin, agus bíonn sé á oibriú 24 UAIR AN CHLOIG sa lá, seacht lá na seachtaine. Tá sé comhtháite le margaí na hEorpa, mar sin is féidir le húsáideoirí brath ar leictreachas a bheith acu i gcónaí ar phraghas iomaíoch.

**Idirnascadh**


Forbraíonn agus oibríonn Grúpa EirGrid idirnaisc le heangacha de chuid tíortha comharsanacha. Áirítear leo sin an tIdirnascaire Soir-Siar lena nasctar Éire leis an mBreatain Mhór. Tá an tIdirnascaire Thuaidh-Theas idir Éire agus Tuaisceart Éireann á fhorbairt againn chomh maith, agus an tIdirnascaire Ceilteach leis an bhFrainc. Ar deireadh, déanaimid idirnaisc a fhorbraíonn agus a oibríonn tríú páirtithe a chumasú. Ina measc siúd tá Idirnascaire Shruth na Maoile agus Idirnascaire an Naisc Ghlais, atá beartaithe faoi láthair.

**An Córas Tarchurtha**
400, 275, 220 agus 110 kV
Eanáir 2020


- Línte 400 kV
- Línte 275 kV
- Línte 220 kV
- Línte 110 kV
- Cáblaí 220 kV
- Cáblaí 110 kV
- Cáblaí HVDC
- Stáisiún 400 kV
- Stáisiún 275 kV
- Stáisiún 220 kV
- Stáisiún 110 kV

**Áiseanna giniúna leictreachais atá ceangailte leis an Eangach Tharchurtha**


- Hidrileictreach
- Teirmeach
- Taisceadh caidéalaithe
- Gaoth





**Mórcheantar Chorcaí**




**Mórcheantar Bhéal Feirste**




**Mórcheantar Bhaile Átha Cliath**





## Tuairisc ón gCathaoirleach

# Dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú ó bhonn

Brendan Tuohy, **Cathaoirleach**

## An Méid is mó Fuinneamh Gaoithe Riamh

Ar an 12 Nollaig 2018, gineadh an méid is mó fuinneamh gaoithe riamh in aon lá amháin ar oileán na hÉireann.

**3,990 MW**

*"Ní mór athrú gasta, domhain a dhéanamh ar an tslí a mbímid i mbun gnó, ar an gcaoi a nginimid cumhacht, ar an gcaoi a dtógaimid cathracha, ar an gcaoi a mbímid ag gluaisteacht agus ar an gcaoi a gcothaímid muintir an domhain. Mura ndéanfaimid athrú práinneach ar an modh maireachtála atá againn, beidh an bheatha féin i mbaol."*

***António Guterres, Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe***

Tá méadú mór tagtha le bliain anuas ar an tuiscint atá ag daoine ar mhéid ollmhór na ndúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide. Aithnítear go forleathan anois an phráinn atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Plean Gnímh don Aeráid. Is é an cuspóir atá leis an bplean sin a chur ar a cumas d'Éirinn spriocanna an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Chun tacú leis an bPlean Gnímh don Aeráid, caithfidh EirGrid an córas cumhachta a ullmhú ionas gur féidir le foinsí in-athnuaite 70% den leictreachas go léir a sholáthar faoi 2030. Is sprioc uaillmhianach é sin, ach is ceann é a gcaithfear tabhairt faoi.

Idir an dá linn, maidir le Tuaisceart Éireann, d'fhoilsigh Coiste na Ríochta Aontaithe um an Athrú Aeráide tuarascáil thábhachtach i mí Feabhra 2019.

Sonraítear sa tuarascáil, dar teideal *'Reducing Emissions in Northern Ireland'*:

*'The proposals in the report are not a prescriptive list of policy actions over the next decade. Instead, they serve as a starting point for the general principles and policy areas that policymakers could prioritise to deliver the necessary long-term decarbonisation of the Northern Ireland economy.'*

Chun aistriú go fuinneamh ísealcharbóin, in-athnuaite, ní mór athrú mór ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras leictreachais. Beidh athruithe móra ar an gcaoi a ngintear leictreachas, ar an gcaoi a gceannaítear agus a ndíoltar é agus ar an gcaoi a n-úsáidtear leictreachas – chun críche iompair agus teasa, mar shampla.



Beidh níos mó cumhachta ná riamh á hiompar ag an gcóras leictreachais agus is ó fhoinsí in-athnuaite a bheidh formhór na cumhachta sin. Cuirfear deireadh de réir a chéile le giniúint ina n-úsáidtear gual, móin agus ola.

Leis na hathruithe sin, beimid ar an mbóthar chun dícharbónú a dhéanamh ar an gcóras cumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Agus, tráth a mbeidh an méid sin ag tarlú, cuirfidh teicneolaíocht nua ar a gcumas d'úsáideoirí leictreachais cumhacht a ghiniúint agus a stóráil, agus aon leictreachas breise a chur ar ais chuig an eangach.

Ní mór na hathruithe sin a bhainistiú ar bhealach comhordaithe, atá éifeachtach ó thaobh costais de. Is maith an riocht ina bhfuil Grúpa EirGrid, go háirithe, chun ról ceannródaíoch a bheith aige san athrú mór atá de dhíth anois.

I mí Mheán Fómhair 2019, d'fhoilsigh EirGrid *'Straitéis 2020-2025: An córas cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.'* Seo é an freagra atá againn ar na dúshláin sin.

Faoin mbliain 2030, beidh ar Éirinn 8,400 MW breise leictreachais in-athnuaite a ghiniúint agus beidh ar Thuaisceart Éireann 1,600 MW breise leictreachais in-athnuaite a ghiniúint – agus beidh ról mór ag an bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta ina leith sin.

Beidh an fuinneamh glan sin riachtanach chun an soláthar ó ghineadóirí breoslaí iontaise a chúiteamh agus chun freastal ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh. Agus muid ag aistriú ó bhreoslaí iontaise eile, beidh ról tábhachtach fós ag giniúint ghásbhreoslaithe chun freastal ar an éileamh ar leictreachas.

Ina theannta sin, beidh orainn cur go mór leis an leibhéal idirnasctha idir oileán na hÉireann agus an Bhreatain Mhór agus an Eoraip. Ní mór go n-ardófar é sin go dtí 15% ar a laghad den acmhainn iomlán, ón leibhéal 7% atá againn faoi láthair. Tá obair ar siúl cheana féin sna réimsí sin.

Áirítear leis sin an tIdirnascaire Ceilteach, plean measta €1 bhilliún chun eangacha na Fraince agus na hÉireann a nascadh le chéile. Tá EirGrid agus Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ), ár gcomheagraíocht sa Fhrainc, meáite ar an tionscadal suaithinseach sin a thabhairt chun críche. Le déanaí, gheall an Coimisiún Eorpach maoiniú €530m don tionscadal, agus is iad EirGrid agus RTÉ a dhéanfaidh an chuid eile den infheistíocht atá de dhíth.

Is é an scéal céanna é i dTuaisceart Éireann, áit ar fhoilsigh SONI a straitéis i leith na tréimhse 2020-2025. Faoin straitéis sin, tá sé geallta ag SONI córas fuinnimh ghlas a dhearadh lenar féidir freastal ar 95% den éileamh iomlán ar fhuinneamh le fuinneamh in-athnuaite tráth ar bith.

Is méadú mór é sin ó 65%, an céatadán atá i gceist faoi láthair – bheadh éacht ar leibhéal domhanda déanta againn dá n-éireodh linn an cuspóir sin a bhaint amach. Beidh gá leis an méadú sin freisin má tá Éire chun a sprioc fuinnimh in-athnuaite 70% a bhaint amach faoi 2030.



Ní éireoidh linn an t-aistriú is gá a dhéanamh chun spriocanna an athraithe aeráide a bhaint amach mura ndéanfar athrú mór ar an tsochaí. Beidh gá le hinfreastruchtúr eangaí nua, ceann treisithe – lena n-áirítear an tIdirnascaire Thuaidh-Theas, a mbaineann tábhacht ollmhór leis. Sna cúig bliana amach romhainn, beidh infheistíocht €2 bhilliún ag teastáil san eangach in Éirinn agus £500 milliún san eangach i dTuaisceart Éireann.

Aithníonn Grúpa EirGrid nach féidir leis an aistriú sin a bhaint amach ina aonar. Beidh air a bheith ag obair le comhpháirtithe chun cur le rannpháirtíocht an phobail agus le dúthracht na rannpháirtíochta sin.

Ina theannta sin, tacóidh EirGrid le clár oideachais agus faisnéise faoin athrú aeráide. Ba mholadh tábhachtach é sin ón gComhchoiste Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ón Tionól Óige um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh SONI le rannpháirtíocht an phobail ina chuid oibre i dTuaisceart Éireann agus le dúthracht na rannpháirtíochta sin. Ina theannta sin, féachfaidh SONI le bheith ag obair le comhpháirtithe chun tacú le clár oideachais agus faisnéise faoin athrú aeráide.

Ní mór do Ghrúpa EirGrid treisiú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir é féin agus pobail, gnóthais agus an earnáil neamhbhrabúis. Ní mór dó neartú a dhéanamh ar na naisc le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí poiblí, le rialtais, le rialtóirí agus le Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Ar deireadh, féachfaidh Grúpa EirGrid le naisc láidre a chothú le hinstitiúidí oideachais agus le comhlachtaí taighde.

Is féidir leis na heagraíochtaí sin cabhrú le Grúpa EirGrid leis an athrú ó bhonn nach mór dúinn a dhéanamh. Tá comhpháirtíochtaí láidre fíor-riachtanach – ní hamháin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin theicniúla, ach chun croí agus aigne an phobail a mhealladh. Teastaíonn uainn go dtacóidh pobail, agus an pobal i gcoitinne, leis an athrú ollmhór ó bhonn nach mór dúinn go léir a dhéanamh. Ní féidir linn an ceann is fearr a fháil ar an athrú aeráide sách tapa gan an tacaíocht sin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le John O'Connor, a d'fhóin romham sa phost seo, as an mbord a stiúradh le sé bliana anuas. Tá slacht ar an gcuideachta a d'fhág sé ina dhiaidh agus tá borradh fúithi.

Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird, dream daoine an-díograiseach. Bhí siad ag fónamh go dúthrachtach agus ag tabhairt go fial dá gcuid saineolais i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Mark Foley, an Príomhfheidhmeannach, agus a chomhghleacaithe ar an bhfeidhmeannas, a chuir fáilte mhór romham. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, go háirithe, le foireann an Ghrúpa, a bhfuil a lán acu casta orm cheana. Chuaigh a ndíograis, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas i bhfeidhm go mór orm. Tuigeann siad fís agus cuspóir an Ghrúpa. Tuigeann siad freisin an tábhacht a bhaineann leis an bhfís atá aige: 'an córas cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht'.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton, TD. Is mór an onóir dom é gur cheap sé mise i mo Chathaoirleach ar EirGrid, agus táim buíoch as sin.

Is mian liom comhghairdeas a dhéanamh le hAire Geilleagair Thuaisceart Éireann, Diane Dodds CTR, agus í ag tosú ar a téarma oifige. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na hoifigigh sa Roinn Geilleagair i dTuaisceart Éireann. Thug siad an-tacaíocht dúinn agus bhí comhar an-mhaith idir iad agus muid féin.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhstiúrthóirí, leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste ar mhaithe le gach duine ar oileán na hÉireann.

Mar fhocal scoir – tá saol seo ár linne ag athrú go tréan, agus b'fhéidir go bhfuil éadóchas ar roinnt daoine nó go mothaíonn siad nach bhfuil siad in ann cur i gcoinne bhagairt an athraithe aeráide ar an mbeatha.

Mar sin féin, tugaim chun cuimhne na focail a dúirt Brendan Kennelly, Ciarraíoch agus file: Sa dán a scríobh sé, 'Start', meabhraíonn sé dúinn go bhfuil meon dochloíte againne, na daoine. Is leis an meon céanna sin a rachaimid i ngleic anois leis an athrú aeráide:

*"Though we live in a world that dreams of ending,*

*that always seems about to give in,*

*something, that will not acknowledge conclusion,*
*insists that we forever begin."*



## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

# An t-aistear i dtreo an chuspóra nua atá againn

Mark Foley, **Príomhfheidhmeannach**

Ba bhliain chinniúnach í 2019 do Ghrúpa EirGrid. Ba é bhuaicphointe na bliana sin ullmhú agus foilsiú straitéis Ghrúpa EirGrid 2020-2025. Tráth a bhfuil gá le gníomh ríphráinneach i gcoinne an athraithe aeráide agus le dícharbónú a dhéanamh ar an tsochaí, is cloch mhíle bhunúsach é sin i stair na cuideachta seo.


### I dtreo córas cumhachta níos glaise

Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar an gcóras cumhachta mar gheall ar éifeachtaí suaiteacha an athraithe aeráide. Beidh Grúpa EirGrid amach chun tosaigh i réabhlóid a rachaidh i gcion ar gach duine ar oileán na hÉireann. Beidh ról lárnach ag an leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite sa fhreagra a thabharfaidh an t-oileán seo ar an ngéarchéim aeráide.

Is é sin is bonn leis an straitéis nua atá againn. Tá sé ina aidhm anois ag Grúpa EirGrid ceannaireacht stuama a dhéanamh ar earnáil leictreachais an oileáin, maidir le dícharbónú agus inbhuanaitheacht.

Go háirithe, tá sé ina phríomhsprioc againn in Éirinn anois gur ó fhoinsí in-athnuaite a dhéanfar freastal ar 70% den éileamh ar leictreachas faoi 2030. Tá an sprioc sin, mar a leagtar amach i bPlean Gnímh an Rialtais don Aeráid, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2019, ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí a spreagann an straitéis. Beidh sé ina sprioc shoiléir a ndíreoidh an eagraíocht seo air sna blianta amach romhainn. Tá a fhios agam go bhfuil an cumas againn sa Ghrúpa chun an sprioc uaillmhianach sin a bhaint amach.

An tráth céanna, tá sprioc leagtha síos ag Rialtas na Ríochta Aontaithe ó thaobh a bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal faoi 2050. Cé nach bhfuil sprioc leagtha síos ag Tuaisceart Éireann fós, tá siadsan achar maith feadh an bhóthair chun fuinneamh glan a ghiniúint freisin.



### Ár gcuspóir

An córas cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht

### Ár bpríomhsprioc

Earnáil leictreachais an oileáin a threorú maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú

### Ár spriocanna eile

- An eangach agus an margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú
- Obair le comhpháirtithe ar mhaithe le hathrú chun feabhais
- Rannpháirtíocht ar mhaithe le torthaí níos fearr do chách

### Ár ngealltanas

Meas a bheith againn ar na daoine atá ag obair linn agus tacú leo ár mianta a bhaint amach

### Ár gcaighdeáin bhunaithe

- An fheidhmíocht is fearr is féidir a bhaint amach ar fud an Ghrúpa
- Barr feabhais oibríochtúil a bhaint amach
- Athrú agus nuálaíocht a ghlacadh chugainn féin chun difear ceart a dhéanamh
- Sonraí a chomhroinnt agus leas a bhaint astu chun réitigh níos fearr a chumasú
- Leas a bhaint as teicneolaíocht chun ár bhfeidhmíocht a fheabhsú
- Spriocanna airgeadais a bhaint amach chun ár straitéis a chomhlíonadh
- Tagarmharc a leagan síos do bharr feabhais an rialachais

I dTuaisceart Éireann, ba ó fhoinsí in-athnuaite a gineadh níos mó ná 40% den leictreachas a ídíodh sa 12 mhí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019. In Éirinn, ba ó fhoinsí in-athnuaite a tháinig 36% ar an meán den leictreachas sa chóras sa tréimhse chéanna.

### Córas cumhachta iontaofa a choinneáil ar bun

Leanamar orainn ar feadh na bliana 2019 ag feidhmiú córas cumhachta atá slán sábháilte agus ar féidir brath air. Bhaineamar an méid sin amach agus muid ag déanamh maoirseacht ar an gcéad bhliain den mhargadh mórdhíola uile-oileáin athstruchtúraithe, atá comhtháite anois le margadh leictreachais na hEorpa.

Le linn a chéad bhliana, tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht na trádála trasteorann mar gheall ar leagan amach nua an mhargaidh. Thairis sin, cuireadh deiseanna nua ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh dá bharr agus bhí gluaiseacht sa trádáil mar thoradh ar athruithe ar phraghsanna. Fágann sé sin go gceannaímid leictreachas ó mhargaí tíortha comharsanacha nuair a bhíonn an leictreachas sin níos saoire, agus go ndíolaimid leictreachas leo nuair a bhíonn a gcuid leictreachais níos costasaí. Baineann na custaiméirí deiridh tairbhe as sin, agus téann sé chun tairbhe na daoine a bhíonn ag infheistiú sa ghiniúint freisin. Ba é sin an toradh a bheartaíomar a bhaint amach agus an margadh nua á chur chun feidhme againn.

### Forbairt na heangaí

Baineadh amach forbairtí suntasacha ar an eangach. Le linn 2019, rinne EirGrid dul chun cinn maidir le huasghrádú mór ar an líonra a sholáthraíonn cumhacht don ghléasra déantúsaíochta nua atá beartaithe ag Intel i Léim an Bhradáin.

Chuireamar roinnt imeachtaí comhairliúcháin ar bun maidir leis an tionscadal sin, agus d'éirigh go geal leo. I mí na Samhna, d'fhaomh an Bord Pleanála an t-iarratas pleanála uainn i leith an infreastruchtúir is gá chun tacú leis an leathnú ar ghléasra Intel. Bhí an infheistíocht dhíreach choigríche ba mhó a rinneadh riamh in Éirinn ina toradh ar an obair sin.

I mbliana, chuir EirGrid tús le comhairliúchán ar thionscadal nua leictreachais ar a dtugtar Tionscadal Caipitil 966. Cuideoidh an tionscadal sin linn an phríomhsprioc straitéise atá againn a bhaint amach: an dícharbónú a chur chun cinn in earnáil leictreachais an oileáin. Cuideoidh sé leis an sprioc sin trí neartú a dhéanamh ar an eangach leictreachais idir Baile Uí Dhuinn i gCill Dara agus Fearann na Coille sa Mhí. Cinnteofar dá bharr sin, i gcás an mhéid mhóir leictreachais a ghineann an ghaoth in iarthar na hÉireann, go n-aistreofar chuig oirthear na tíre é agus go ndéanfar é a dháileadh ansin. Cuideoidh sé sin linn freastal ar an éileamh ar leictreachas sa réigiún sin, éileamh atá ag dul i méid.

### An t-idirnascadh a fheabhsú

Chuireamar roinnt imeachtaí comhairliúcháin ar bun freisin a bhain le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh. Cruthóidh an tionscadal sin nasc ríthábhachtach idir Éire agus líonra fuinnimh na hEorpa. Beidh sé ina phríomhghné inár straitéis chun 70% den leictreachas sa chóras cumhachta a bheith ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, chuireamar fáilte roimh chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh maoiniú €530 milliún a sholáthar i leith an Idirnascaire Cheiltigh.

Rinneadh é sin ar bhonn iarratas ar mhaoiniú a cuireadh isteach i mí an Mheithimh. Ba iad EirGrid agus ár gcomheagraíocht sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité, a chuir isteach an t-iarratas.

Chomh maith leis sin, fuarthas an ceann is fearr i mbliana ar bhac mór a bhí roimh an Idirnascaire Thuaidh-Theas. Nasc nua leictreachais idir Éire agus Tuaisceart Éireann atá i gceist leis an tionscadal sin.

I mí Feabhra 2019, rinneadh an agóid dhlíthiúil deiridh in Éirinn a dhíbhe i leith an tionscadail sin. I dTuaisceart Éireann, áfach, tarraingíodh siar an réamhchead pleanála. Tharla sé sin mar gheall ar agóid dhlíthiúil inar áitíodh nach bhféadfaí cead a dheonú mura mbeadh an tAire Infreastruchtúir i láthair. Tá an t-iarratas curtha ar ais chuig an Roinn Infreastruchtúir anois chun athbhreithniú a dhéanamh air. Tá dóchas againn go ndéanfaidh an tAire Infreastruchtúir a ceapadh le déanaí cinneadh nua sna míonna amach romhainn.

### Tuartha i leith an ama atá romhainn

Bíonn an phleanáil éilimh agus an bainistiú ar éileamh, éileamh atá ag dul i méid, ina ngnáthchuid rialta den dúshlán a bhíonn le sárú ag Grúpa EirGrid. De réir an Ráitis um Acmhainn Ghiniúna dár gcuid don tréimhse 2019-2028, meastar go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh in Éirinn sna deich mbliana amach romhainn.

Is é an méadú ar an bhfás geilleagrach is cúis leis sin, chomh maith leis an leathnú a dhéanfar ar roinnt eagraíochtaí a ídíonn a lán fuinnimh, ionaid sonraí ina measc. Ar an lámh eile, tá an t-éileamh i dTuaisceart Éireann réasúnta seasmhach agus táthar ag súil gur mar sin a bheidh go fóill.

Mar sin féin, ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh i gcónaí don am atá le teacht. Sin an fáth go gcuirimid ceantanna ar bun gach bliain ina lorgaímid tairiscintí lena chinntiú go mbeidh acmhainn leordhóthanach sa chóras sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Reáchtáladh an chéad cheant acmhainne ceithre bliana i mí an Mhárta 2019. Dá bharr sin, cinntíodh go mbeidh acmhainn ann chun freastal ar na riachtanais chumhachta réamh-mheasta a bheidh againn ó Dheireadh Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023.

Ó 2017 i leith, tá pleanáil chun déileáil le cásanna éagsúla tugtha isteach againn inár bpróiseas forbartha eangaí – ar a dtugtar "Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht". Scrúdaítear raon físeanna don am atá le teacht maidir le héileamh agus soláthar ar an gcóras cumhachta, ag brath ar thoimhdí éagsúla.

In 2019, chuamar i mbun comhairliúcháin maidir lenár gcásanna fuinnimh don am atá le teacht d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Cuideoidh an t-aiseolas ón bpróiseas sin linn cosán soiléir a leagan amach chun an t-oileán seo a aistriú chuig fuinneamh glan sa tréimhse fiche bliain atá romhainn. Ina theannta sin, cinnteofar dá bharr go mbeidh an córas á oibriú againn ar bhealach slán sábháilte, seasmhach.

## Bainistiú an aistrithe i dtreo fuinneamh in-athnuaite

Aithnítear gur ceannairí domhanda iad EirGrid agus SONI maidir le foinsí in-athnuaite leictreachais a chomhtháthú sa chóras cumhachta. Go háirithe, aithnítear an teist atá againn go dtí seo ó thaobh réiteach a fháil ar na deacrachtaí teicniúla a bhaineann le córais chumhachta a rith le leibhéil an-ard fuinnimh gaoithe.

In 2019, choinníomar leis an obair thábhachtach atá ar bun againn sa réimse sin trí bheith i gceannas ar thogra mór taighde de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur ar fáil. Tá an togra EU-SysFlex ar bun le dhá bhliain anois, agus tá 34 eagraíocht ó 15 thír ar fud na hEorpa páirteach ann. Buiséad €26 milliún atá aige.

Tá sé ina aidhm ag an tionscadal feabhsúcháin phraiticiúla a chur i bhfeidhm agus moltaí a dhéanamh le lucht ceaptha beartais. Sa dara bliain den tionscadal, rinneadh anailís mhionsonraithe ar chásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo. In 2019 freisin, cheapamar an Tionscnamh Flex-Tech. Faoin tionscnamh sin, soláthraítear ardán chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar fud oileán na hÉireann.

Bainimid leas as sin chun féachaint conas an córas cumhachta a athrú ó bhonn ionas go mbeidh sé in ann leictreachas in-athnuaite a láimhseáil ar leibhéil a bhíonn seasta ag méadú. Trí Flex-Tech, bímid ag obair i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta, le rialtóirí, le ESB Networks agus le NIE Networks. Cuidíonn sé sin linn na príomhbhacainní a aithint maidir le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus an ceann is fearr a fháil orthu. Na ceachtanna a fhoghlaimeoimid anseo, cuideoidh siad lenar gcomheagraíochtaí Eorpacha agus lenár bpáirtithe leasmhara sa tionscadal EU-SysFlex.

## Focal measa agus buíochais

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do John O'Connor, a d'éirigh as an ról a bhí aige mar chathaoirleach ar bhord Ghrúpa EirGrid i mí na Samhna 2019. Faoin am sin bhí sé bliana curtha isteach aige ag fónamh go dian díograiseach, agus toradh na hoibre sin le sonrú, lena n-áirítear maoirseacht ar an bpróiseas as ar eascair an straitéis nua atá againn. Tá áthas orm fáilte a chur roimh an gcathaoirleach nua, Brendan Tuohy, agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis.

Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Richard Bruton TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus lena chuid oifigeach.

I dTuaisceart Éireann, táimid ag tnúth le tacú leis an Aire Geilleagair, Diane Dodds CTR, chun beartas fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na hoifigigh sa Roinn Geilleagair. Thug an dá roinn idir chomhairle agus tacaíocht thairbheach dúinn ó thús deireadh na bliana cinniúnaí atá imithe tharainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann EirGrid agus leis an bhfoireann feidhmiúcháin. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt dóibh siúd a raibh baint acu le forbairt na Straitéise nua don tréimhse 2020-2025 agus a chuir leis an Straitéis sin. Ní fhéadfaí an obair sin a dhéanamh murach an obair chrua ar thug sibh fúithi go dian díograiseach. Táim ag tnúth le céim forghníomhaithe na straitéise uaillmhianaí spreagúla seo, lena ndéanfar athrú ó bhonn ar an gcóras cumhachta ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.



# Tuar a dhéanamh ar chúrsaí leictreachais amach anseo

“

Tá sé de dhualgas orainn féachaint chuige go n-oibreoidh an eangach inniu, amárach – agus i gceann fiche bliain. Chun an méid sin a dhéanamh, smaoinímid ar an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar na blianta atá romhainn, agus ar an dóigh a bhféadfadh athruithe a tharlóidh amach anseo dul i bhfeidhm ar an gcóras cumhachta. “Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht” a thugaimid air sin.

Ní mór na heangacha a fhorbairt mar gheall ar athruithe fadtéarmacha – athrú ar an gcaoi a n-úsáidfear an eangach, athrú ar shuíomh agus ar scála na giniúna, agus athrú ar an éileamh ar leictreachas. Níl a fhios againn go díreach cé na hathruithe a bheidh i gceist, agus mar sin bainimid úsáid as pleanáil cásanna chun gach cás a bhreithniú.

Tá a fhios againn, faoin mbeartas atá ag rialtas na hÉireann, go bhfuil sé i gceist imeacht ar scála mór ó bhreoslaí iontaise, agus is dócha gurb é treo céanna an bheartais i dTuaisceart Éireann. Is é an rud nach bhfuil ar eolas againn ná cén luas a bheidh faoin athrú sin.

In ainneoin na neamhchinnteachta sin, ní mór dúinn córas leictreachais a phleanáil a bheith slán sábháilte agus ar féidir brath air. Mar sin úsáidimid Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht chun measúnú a dhéanamh ar roinnt bealaí a bhféadfadh athruithe amach anseo dul i bhfeidhm ar an eangach. Gach uair a fhoilsímid na cásanna sin, féachaimid ar thrí leibhéal athraithe a d'fhéadfadh tarlú.

Ansin iarraimid ar an bpobal, ar an tionscal, ar ár rialtóirí agus ar ár gcomhpháirtithe saineolacha a dtuairimí a chur in iúl dúinn. Bunaithe ar a bhfreagra uathu, déanaimid nuashonrú ar na cásanna, agus bainimid úsáid astu chun córas leictreachais a phleanáil a bheidh níos láidre agus níos solúbtha.

Foilsímid cásanna ar leithligh d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Sna cásanna is deireanaí atá againn, féachaimid ar an gcaoi a bhféadfadh an t-aistriú go dtí fuinneamh in-athnuaite tarlú ar bhealaí éagsúla, agus ar luasanna éagsúla. Ina measc siúd tá aistriú faoi stiúir an rialtais ó bhreoslaí iontaise, aistriú a chumasófar trí mhórtionscadail fuinnimh in-athnuaite. Bhreithníomar cás freisin ina mbeadh h luas an athraithe níos moille – cás nach mbaintear amach na spriocanna. Ar deireadh, d'fhéachamar ar chás ina mbeadh gluaiseacht réamhghníomhach ann, faoi stiúir an duine aonair, i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh. Dá dtarlódh sé sin ag an am céanna le haistriú mór go fuinneamh in-athnuaite, bheadh córas cumhachta thar a bheith difriúil againn.

”

**Arthur Moynihan,** Ceannaire na Pleanála Cásanna.
Féach anseo: **bit.ly/EirGrid_Scenarios**



### Súil Siar ar Chúrsaí Airgeadais

# Brabús níos mó tuairiscithe mar gheall ar rialacha reachtúla maidir le tuairisciú airgeadais

Aidan Skelly, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Dlí**

Tháinig méadú ar an mbrabús oibriúcháin a thuairiscíomar, ó €82.9m in 2018 go €113.4m in 2019. Tháinig méadú freisin ar an mbrabús roimh cháin a tuairiscíodh, ó €65.8m in 2018 go €96.0m in 2019.

Is éard atá i nGrúpa EirGrid ná roinnt gnóthais rialaithe. In aon bhliain amháin, d'fhéadfadh sé nach ionann an t-ioncam a bhailíonn na gnóthais sin agus an t-ioncam a comhaontaíodh roimhe sin le rialtóirí an ghnóthais áirithe. Sin toisc go gcomhaontaítear taraifí ar bhonn réamhaisnéisí agus gur ar bhonn an fhuinnimh a ídítear iarbhír a bhailítear iad. D'fhéadfadh sé freisin nach ionann na costais agus na leibhéil a tuaradh.

Nuair a tharlaíonn sé sin, is féidir an chuma a bheith ar an scéal go bhfuil an brabús a thuairiscímid ró-mhór – mar atá amhlaidh an bhliain airgeadais seo. Má dhéantar neamhaird de na coigeartuithe reachtúla sin, ba é €22.3m bunbhrabús an Ghrúpa roimh cháin in 2019.

**Rialáil**

Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialálaí Fóntas a dhéanann rialáil ar ár gcuid gníomhaíochtaí TSO in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.

Tá dhá cheadúnas ag an nGrúpa freisin mar Oibreoir Idirnascaire, ceann ón gCoimisiún um Rialáil Fóntas agus ceann ó Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) sa Ríocht Aontaithe.

Ina ról mar Oibreoir Margaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM), tá SEMO á rialú ag Coiste an SEM. Tá an Coimisiún um Rialáil Fóntas, an Rialálaí Fóntas, comhalta neamhspleách agus leaschomhalta neamhspleách ar an gcoiste sin.


D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas in Éirinn agus an Rialálaí Fóntas i dTuaisceart Éireann EirGrid cpt agus SONI Limited mar Oibreoirí Ainmnithe Margaidh Leictreachais ('Nominated Electricity Market Operator' nó NEMO). Soláthraímid seirbhísí NEMO trí SEMOpx, comhfhiontar 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Ltd.

# Príomh-Bhuaicphointí Airgeadais **€m**

Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| Ioncam | **747.8** | 758.4 |
| Costais dhíreacha | **(495.2)** | (572.2) |
| Costais oibriúcháin eile | **(139.2)** | (103.3) |
| Brabús oibriúcháin | **113.4** | 82.9 |
| Costais airgeadais | **(17.4)** | (17.1) |
| Brabús roimh Cháin | **96.0** | **65.8** |
| **Bunbhrabús** | **22.3** | **18.7** |

## Bunbhrabús i gcomparáid leis an mbrabús a tuairiscíodh




Brabús roimh cháin a tuairiscíodh

**Bunbhrabús roimh cháin**

Níl bunbhrabús ina thomhas caighdeánach de chuid an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais. Tugaimid sainmhíniú ar bhunbhrabús mar thomhas brabúis nach bhfuil coigeartuithe measta rialála san áireamh ann.

Roimh gach tréimhse tharaife, cuirimid réamhaisnéisí faoi bhráid an údaráis rialála ábhartha. Baineann siad sin le héileamh custaiméara, costais oibriúcháin agus riachtanais ioncaim eile. Tar éis próiseas athbhreithnithe mionsonraithe, eisíonn na rialtóirí cinneadh foirmiúil maidir leis an ioncam a cheadófar don ghnóthas a ghnóthú.

Mar a tharlaíonn le réamhaisnéisí uaireanta, féadann difríochtaí a bheith ann idir na réamh-mheastacháin agus an t-ioncam a ghnóthaítear nó na costais a thabhaítear i ndáiríre. Féadann gannghnóthú nó róghnóthú rialála a bheith ann mar thoradh air sin. Déantar coigeartú d'aon ghannghnóthú nó róghnóthú den sórt sin agus an t-ioncam á thuairisciú i leith tréimhse chuntasaíochta ina dhiaidh sin.

Féadann sé sin bheith ina chúis le luaineacht sa tuairisciú reachtúil a dhéantar ar an méid a thuileann an Grúpa. Tarlaíonn sé sin toisc nach gceadaítear leis na rialacháin chuntasaíochta teacht roimh ghannghnóthú nó róghnóthú d'fhonn na torthaí a dhéanamh níos comhsheasmhaí.

In 2019, chosain na seirbhísí coimhdeacha cuid mhaith ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. As sin d'eascair róghnóthú €63.4m, suim atá ina cuid shuntasach den bhrabús roimh cháin, €96.0m. Tharla an róghnóthú mar gheall go raibh na méideanna a ndearnadh conradh ina leith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo i gcás roinnt seirbhísí.

Ceann de na cúiseanna a bhí leis sin ná go ndearnadh an réamhaisnéis don Mhargadh Leictreachais Aonair nua gan sonraí margaidh beo a bheith ar fáil. D'fhág sé sin ní ba dheacra é réamhaisnéis chruinn a thiomsú ar an gcaiteachas ar na seirbhísí córais faoin gclár DS3, toisc gur féidir le toimhdí athrú go gasta. Tuairiscí iarbhír ní b'ísle a bhí i gceist ó thaobh seirbhísí córais faoin gclár DS3 agus mar sin bhí an caiteachas bliantúil cuid mhaith ní b'ísle. Bhí na conarthaí cúlchiste áitiúla faoi bhun leibhéal an bhuiséid freisin.

Tá TSO EirGrid ag feidhmiú faoi Rialú Praghsanna 2015-2020 arna eisiúint ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais i mí na Nollag 2015. Tá SEMO ag feidhmiú faoi Rialú Praghsanna 2016-2019 arna fhoilsiú ag Coiste an SEM i mí Lúnasa 2016.

Tá SONI ag feidhmiú faoi Rialú Praghsanna 2015-2020, arna leasú i mí na Samhna 2017. Tharla sé sin mar gheall ar chinneadh ón Údarás Iomaíochta agus Margaí (CMA) tar éis achomharc a rinne SONI. Is é Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair atá freagrach as Rialuithe Praghsanna do SEMO agus SEMOpx, agus tá an coiste sin freagrach as SEMO agus SEMOpx a rialáil.

Le rialuithe praghsanna SEMO agus SEMOpx, déantar foráil, ar bhonn comhcheangailte, maidir le gnóthú liúntas i leith chodanna EirGrid (75%) agus SONI (25%) de chostais oibriúcháin SEMO agus SEMOpx agus maidir le dímheas agus toradh ar a mBoinn Sócmhainní Rialála.

An tréimhse atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le Rialú Praghsanna SEMO, is ón 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 atá sí. An tréimhse atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le Rialú Praghsanna SEMOpx, is ón 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 atá sí. Tá comhairliúchán ar siúl faoi láthair maidir leis an gcéad tréimhse eile i ndáil le Rialú Praghsanna SEMOpx, ón 1 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

### Ioncam agus Brabúsacht

Is ó na taraifí rialáilte a thagann ioncam an Ghrúpa go príomha. Faightear an chuid is mó den ioncam ón taraif 'Úsáid Tarchurtha an Chórais' (TUoS). Is muirear é sin a bhíonn iníoctha ag úsáideoirí go léir na gcóras tarchurtha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

Tuillimid sciar de na taraifí mar Oibreoir Margaidh agus mar Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais i leith an Mhargaidh Leictreachais Aonair, leis. Faightear ioncam freisin nuair a dhíoltar acmhainn ón Idirnascaire Soir-Siar ar ceant. Chomh maith leis sin, tuillimid ioncam um plódú chun acmhainn laethúil a sholáthar sna margaí fuinnimh.

Ioncam €747.8m a thuill an Grúpa i leith na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, agus bhí sé sin beagán ní b'ísle (€10.6m, 1.5%) ná suim na bliana roimhe sin.

Ba é €96.0m an brabús roimh cháin in 2019. Sin méadú ó €65.8m in 2018, agus is é príomhchúis an mhéadaithe sin na costais a bhain leis na socruithe nua i gcomhair Sheirbhísí Córais faoin gclár nua DS3 a bheith ní b'ísle ná mar a ceapadh a bheidís.

Gan tionchar an róghnóthaithe ná an ghannghnóthaithe ar an mbrabús tuairiscithe a áireamh, ba mheastachán €22.3m a rinne an lucht bainistíochta ar an mbunbhrabús i leith 2019. D'íoc EirGrid díbhinn €4.0m i mí Aibreáin 2019 i leith na tréimhse 2017/18.

Tá sé beartaithe go n-íocfar díbhinn €4.0m i leith na tréimhse 2018/19 sa dara ráithe de 2020.

**Maoiniú**
Tá an Grúpa fós slán ó thaobh an airgeadais de. Is leis an Idirnascaire Soir-Siar a bhaineann na hiasachtaí is mó atá ag an ngrúpa. Ní gá dó na hiasachtaí sin a aisíoc go ceann i bhfad agus tá siad fálaithe go hiomlán in aghaidh luaineachtaí sa ráta úis.

Cuireadh saoráidí creidmheasa nua i bhfeidhm i gcomhair sheoladh an Mhargaidh Leictreachais Aonair nua. I rith na bliana, tharraing an Grúpa anuas €109.6m ó na saoráidí creidmheasa imrothlaigh sin. Úsáideadh an t-airgead sin chun maoiniú a dhéanamh ar riachtanais caipitil oibre sa mhargadh cothromaithe. Is ar bhonn rátaí comhlúthacha a ghearrtar ús ar na hiasachtaí sin.



# A bheith inár gceannródaí ar an oileán maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú

In 2019, nasc EirGrid **11** fheirm ghaoithe nua leis an gcóras, rud a chuir **300 MW** breise fuinnimh in-athnuaite leis an gcóras leictreachais in Éirinn.

Ó 2020 i leith, tá sé leagtha síos sa straitéis atá againn go mbeimid ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide inár n-earnáil féin, ar fud na hÉireann agus ar fud Thuaisceart Éireann. Tá an uaillmhian sin bunaithe ar an obair atá ar bun againn le fada an lá chun an córas leictreachais a ullmhú don aistriú ó bhreoslaí iontaise. Rinneadh roinnt bearta tábhachtacha in 2019 a chuidigh leis an dul chun cinn sa réimse sin.

**Bainistiú a dhéanamh ar chumhacht gaoithe**

Agus muid ag dul i dtreo giniúint nach bhfuil chomh hintuartha, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh an córas leictreachais fós slán agus gur féidir brath air. Dhá phríomhdhúshlán atá lé sárú againn: déileáil le gaoth iomarcach agus déileáil le heaspa gaoithe.

Le linn an tséasúir stoirme in 2018-19, bhí sé stoirm ann ar eisíodh rabhadh oráiste ina leith: Callum, Diana, Deirdre, Erick, Gareth agus Hannah. Mar fhreagairt ar na stoirmeacha sin, rinneamar roinnt beart chun muid féin a chosaint agus a ullmhú.

Ar an gcéad dul síos, thugamar tús áite do chríochnú na n-oibreacha a bhí ar bun cheana ar aon línte, sa chaoi is go mbeadh an eangach chomh láidir agus a d'fhéadfaí é roimh an stoirm.

Ansin rinneamar pleananna mionsonraithe maidir le giniúint thraidisiúnta chun an córas a chothromú. Cuirtear san áireamh ansin go mbeidh níos mó cumhachta gaoithe againn ar dtús, ach ansin níos lú, seans – mar go stoptar na tuirbíní ag obair má sháraíonn luas na gaoithe 90 km san uair.

Ina theannta sin, b'éigean dúinn pleanáil a dhéanamh le haghaidh athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an éileamh dá ndúnfaí scoileanna agus ionaid oibre, agus de réir mar a chlisfeadh ar línte ar an gcóras dáileacháin. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, bhí ar ár gcumas an fód a sheasamh le linn na stoirmeacha a tháinig le blianta beaga anuas.



Ar an lámh eile, nuair a thaispeánann réamhaisnéisí nach bhfuil mórán gaoithe ag séideadh, más gaoth ar bith, ní mór dúinn pleananna cúramacha a dhéanamh freisin. Sa chomhthéacs sin, is mó agus is mó a bhíonn an córas cumhachta ag brath ar ghineadóirí gástuirbín ar féidir iad a thosú go gasta.

Murab ionann agus stáisiúin thraidisiúnta ina ndóitear breosla iontaise, is féidir iadsan a chur ag obair go han-tapa. Cé nach féidir leo acmhainní arda a sholáthar go fóill, is uirlis úsáideach iad chun cabhrú linn bainistiú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht a bhaineann le giniúint a dhéantar le gaoth.

## Plean Gnímh na hÉireann don Aeráid

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Plean Gnímh don Aeráid dá chuid. Tá ról lárnach ag EirGrid maidir le feidhmiú a dhéanamh ar bheartas an rialtais um an athrú aeráide, mar a leagtar amach sa phlean.

Éilítear sa phlean gur ó fhuinneamh in-athnuaite a sholáthrófar 70% den leictreachas go léir faoi 2030. Ginfear an leictreachas sin ó fhoinsí in-athnuaite cosúil le gaoth amach ón gcósta, fuinneamh na gréine agus gaoth ar talamh. Tá EirGrid ag obair go gníomhach le páirtithe leasmhara chun ár gcuid féin den phlean sin a thabhairt chun críche.

Beidh an ghaoth ón talamh ina gné lárnach de chóras leictreachais glan. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfar forbairt ar fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta chun freastal ar chomhthéacs an chórais leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Chun an méid sin a bhaint amach, tá measúnú oibiachtúil á dhéanamh againn ar shamhlacha maidir le soláthar leictreachais ar fud an domhain ar bhonn fuinneamh gaoithe amach ón gcósta.

## Aghaidh a thabhairt ar an Athrú Aeráide i dTuaisceart Éireann

In 2020, tiocfaidh deireadh leis an gCreat Straitéiseach Fuinnimh atá i bhfeidhm faoi láthair. Cé nach fios cén sprioc bheacht a bheidh ag Tuaisceart Éireann i leith 2030, is léir cén beartas ginearálta a bheidh i bhfeidhm. Tá gealltanas reachtach déanta ag an Ríocht Aontaithe ó thaobh a bheith saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050.

In éagmais sprice, d'fhoilsigh SONI a straitéis don tréimhse 2020 – 2025. Tá an straitéis sin dírithe ar an gcóras cumhachta a athrú ó bhonn ionas gur féidir leis a bheith réidh chun déileáil le leibhéil níos mó leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Ní mór an t-aistriú sin a dhéanamh chun a bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal faoi 2050.



Ar feadh ré na tuarascála sin, bhí SONI ag obair i ndlúthpháirt le príomhpháirtithe leasmhara, agus tá fós. Ina measc siúd tá an Roinn Geilleagair, NIE Networks agus an Rialálaí Fóntas. Tá sé mar aidhm againn bonn eolais a chur faoin bhforbairt a dhéanfaidh an Roinn ar an gcéad straitéis fuinnimh eile do Thuaisceart Éireann. Mar sin, ba chéim ríthábhachtach in 2019 iad na Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht a bhaineann go sonrach le Tuaisceart Éireann.

### Fuinneamh In-athnuaite sna Naisc le Custaiméirí

#### Éire

Nascadh 11 fheirm ghaoithe nua leis an eangach in 2019, san Iardheisceart, san Iarthar agus san Iarthuaisceart, agus soláthraíonn siadsan 300 MW fuinnimh in-athnuaite san iomlán. Ina measc siúd tá feirmeacha gaoithe nua i mBuailteacha, i nGleann Riabh, i gCnoc an Chomair, i gCnoc an Locha agus i Srath na Cille (Abhainn Eidhneach).

Tá an méid sin ag teacht sna sála ar fheirmeacha gaoithe a ghineann 739 MW, a nascadh leis an gcóras le trí bliana anuas de bharr 23 tionscadal fuinnimh in-athnuaite. Measaimid go nascfar 906 MW breise fuinnimh in-athnuaite leis an gcóras, ó 18 dtionscadal fuinnimh in-athnuaite, faoi dheireadh 2020. Fágfaidh sé sin go mbeidh 1,945 MW leictreachais san iomlán a gineadh ó fhoinsí in-athnuaite curtha leis an gcóras ó 2016 i leith.

#### Tuaisceart Éireann

I dTuaisceart Éireann, rinneadh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a ghineann thart ar 1,035 MW a nascadh leis an gcóras le linn na tréimhse 2016-2018. Chuir feirmeacha gaoithe a ghinfidh 131 MW breise fuinnimh isteach ar nasc leis an gcóras tarchurtha i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sin, tá glactha le tairiscintí nasctha le haghaidh tionscadal ionad sonraí 100 MW agus cúig thionscadal maidir le stóráil i gceallraí – ag a mbeidh acmhainn iomlán 300 MW.

Beidh ceallraí stórála ríthábhachtach chun an córas a chothromú de réir mar a chuirfear breis fuinnimh in-athnuaite leis sna blianta amach romhainn.

### Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite

Beidh an Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite ina gné lárnach maidir le baint amach na spriocanna atá ag Éirinn don bhliain 2030 ó thaobh gníomhaíocht ar son na haeráide. Is tionscnamh de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil é sin lena spreagadh go mbeidh an pobal rannpháirteach i dtionscadail fuinnimh bheaga. Is é an sprioc atá ann ar fud an Aontais Eorpaigh ná go mbeidh tionscadail bheaga ag giniúint 32% den fhuinneamh iomlán ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Leis an éagsúlú sin, cuirfear le slándáil an tsoláthair.

Tá sé de chúram ar EirGrid próiseas na gceantanna i leith na scéime sin a fhorbairt agus a bhainistiú. Rinneadh dul chun cinn nach beag i mbliana maidir le dearadh ardleibhéil an chéad cheant díobh sin. Tugadh an próiseas sin chun críche nuair a ghlac EirGrid leis an gcur chuige a comhaontaíodh. I gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a rinneadh an obair sin.

### Measúnú ar Dheiseanna Giniúna ar an gCósta Thoir

I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh EirGrid an Measúnú ar Dheiseanna Giniúna ar an gCósta Thoir. Sainaithnítear sa tuarascáil sin an acmhainn atá ar fáil do shaoráidí nua fuinnimh gaoithe amach ón gcósta in áiteanna éagsúla feadh chósta thoir na hÉireann.

Breithnítear inti freisin an acmhainn atá ar fáil do ghiniúint thraidisiúnta nua feadh an chósta thoir. Sonraítear sa tuarascáil conas nár mhór an eangach a threisiú chun cur leis an acmhainn.

### Creat Seirbhísí Córais an chláir DS3

Is mian linn a chinntiú go mbeidh an córas cumhachta ag feidhmiú ar bhealach slán, éifeachtúil. Ag an am céanna, ní mór dúinn leibhéil níos airde fuinnimh in-athnuaite a éascú. Chun an méid sin a bhaint amach, bhunaíomar an clár DS3 – Córas Slán, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar.

Ceann de phríomhghnéithe an chláir sin is ea Seirbhísí Córais. Tacaíonn siadsan leis an gcóras leictreachais ionas go mbeidh sé níos solúbtha. Tá sé sin riachtanach nuair a bhíonn leibhéil arda fuinnimh in-athnuaite againn sna córais. Bainimid úsáid as raon teicneolaíochtaí chun bheith solúbtha. Ina measc tá gineadóirí traidisiúnta, aonaid ghaoithe agus teicneolaíochtaí nua eile.

Leis na Seirbhísí Córais, bíonn bealach againn freisin chun teicneolaíochtaí nua a thriail. Cuireann sé sin ar ár gcumas dúinn a chruthú go n-oibreoidh siad sula ndéanaimid na seirbhísí sin a chomhtháthú sa chóras leictreachais.

Leathanach thall: Feirm ghaoithe Abhainn Eidhneach i gContae Mhaigh Eo, a nascadh leis an eangach i bhfómhar na bliana 2019.

Go dtí seo, tá Seirbhísí Córais úsáidte againn chun comhtháthú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí amhail gaoth, ceallraí agus bainistiú an éilimh. Beidh na seirbhísí sin ina gcuid lárnach de na pleananna atá againn chun leibhéil arda foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú le córais chumhachta na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

### EU-SysFlex

Chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, ní mór níos mó giniúna in-athnuaite a chomhtháthú sna córais leictreachais ar fud na hEorpa. Is tionscadal é EU-SysFlex atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach. Faoi stiúir EirGrid atá sé, agus tá sé ar bun le dhá bhliain anois. Féachtar leis an tionscadal chun tabhairt faoin aistriú chuig córas cumhachta uile-Eorpach ina mbeidh ardleibhéil fuinnimh in-athnuaite.

Tá sé ina aidhm ag an tionscadal feabhsúcháin phraiticiúla a chur i bhfeidhm agus moltaí a dhéanamh le lucht ceaptha beartais. Sa dara bliain den tionscadal, rinneadh anailís mhionsonraithe ar chásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo.

Tugann an anailís le fios go mbíonn sé go mór chun tairbhe an chórais cumhachta ardleibhéil foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú leis. Laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus laghdaítear astaíochtaí carbóin. Léirigh an tionscadal freisin, áfach, gur mó an dúshlán teicniúil a bheidh ag baint le córas cumhachta níos glaise a fheidhmiú.

Léiríonn na staidéir a rinneadh faoin tionscadal EU-SysFlex freisin nach é amháin go mbíonn dúshláin theicniúla i gceist, ach dúshláin airgeadais freisin. De réir mar a chuirtear leis na foinsí fuinnimh in-athnuaite, laghdóidh costas an fhuinnimh mar gheall ar chúinsí an mhargaidh a bheith ag athrú.

B'fhéidir nach mbeidh dóthain ioncaim ag teacht isteach amach anseo chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí gaoithe agus gréine. Léiríonn na staidéir go bhfuil gá le sruth ioncaim breise chun íoc as an infheistíocht i leictreachas a ghiniúint le foinsí in-athnuaite.

Tá sé riachtanach go dtabharfar an t-eolas ceart do ghineadóirí gaoithe agus gréine, agus d'infheisteoirí sna scéimeanna sin. Beidh sé sin ríthábhachtach chun an t-aistriú go córas cumhachta níos inbhuanaithe a chur chun cinn.

Teastaíonn maoluithe agus réitigh agus molfaidh EU-SysFlex raon díobh sin sa tríú agus sa cheathrú bliain den tionscadal. Ceann de na réitigh a mholfar is ea an Creat Seirbhísí Córais. Cuireadh an réiteach sin chun feidhme cheana féin in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus d'éirigh go geal leis.

### Ag breathnú chun cinn

Ar fud na hEorpa, tá an beartas fuinnimh fós ag athrú go tréan.

Is léir an méid sin sna cuspóirí náisiúnta um an athrú aeráide a d'eascair as Comhaontú Pháras 2016. Cuirfear chun feidhme beartais nua AE sna blianta amach romhainn freisin.

Tá ról gníomhach ag Grúpa EirGrid i bhforbairt na mbeartas sin, agus, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, bainfimid amach na spriocanna uaillmhianacha. Ansin beidh soláthar fuinnimh inbhuanaithe againn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann sna blianta atá romhainn.

### Mar a bhainistímid an tionchar ar an timpeallacht agus an líonra á phleanáil againn

Gné lárnach d'fhorbairt agus d'fheidhmiú an chórais tarchurtha is ea meas a léiriú ar an timpeallacht.

Áirítear san infreastruchtúr tarchurtha leictreachais gnéithe amhail línte lastuas, cáblaí faoin talamh agus fostáisiúin. Bíonn siadsan ag idirghníomhú ar bhealaí éagsúla lena lán cúinsí timpeallachta.

Chun cloí le dlíthe Eorpacha agus le dlíthe náisiúnta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, déanaimid Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta (MSTanna). Bíonn na measúnachtaí sin bunaithe ar na pleananna atá againn chun an eangach a fhorbairt, agus foilsítear gach cúig bliana iad.

Na pleananna agus na Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta atá againn faoi láthair, clúdaítear an tréimhse 2017-2022 leo. D'fhoilsigh SONI (i mí Iúil 2019) agus EirGrid (i mí Lúnasa 2019) na Pleananna Forbartha um Tharchur is déanaí agus leagtar amach iontu na tionscadail tarchurtha atá á bhforbairt againn nó a bhfuil sé ar intinn againn iad a fhorbairt le linn thréimhse an phlean (2018-2027). Tá faisnéis iontu freisin faoi riachtanais na dtionscadal agus faoi na cúinsí a spreagann iad.

I mí Lúnasa 2019, d'fhoilsigh EirGrid Tuarascáil Measúnaithe Comhshaoil. Sa tuarascáil sin, déantar measúnú comhshaoil ar an bPlean Forbartha um Tharchur atá againn faoi láthair. Féachtar go háirithe inti ar an gcaoi a gcloíonn ár bplean nua leis an MST le haghaidh ár bPlean um an Eangach a Chur Chun Feidhme 2017-2022. Bíonn gach tionscadail aonar faoi réir measúnú comhshaoil lasmuigh de phróiseas MST. Tagann roinnt tionscadal faoi aicme forbartha a éilíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Sa chás sin, cuirimid Ráiteas Tionchair Timpeallachta faoi bhráid an údaráis pleanála ábhartha.




In 2019 ullmhaíodh Measúnacht Tionchair Timpeallachta don Idirnascaire Thuaidh-Theas sa dá dhlínse. Cuireadh an mheasúnacht sin faoi bhráid an Bhoird Phleanála in Éirinn, agus faoi bhráid na Roinne Infreastruchtúir i dTuaisceart Éireann.

### Úsáid Fuinnimh agus beartais chomhshaoil

Tá sé ina aidhm ag Grúpa EirGrid dul chun cinn a dhéanamh trí laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach inár n-oibríochtaí féin. Difríocht bheag a dhéanann na hiarrachtaí sin, ach léiríonn siad ár dtiomantas – ar leibhéal mionsonraithe – don inbhuanaitheacht agus don dícharbónú.

Tá laghdú 3% bliain ar bhliain bainte amach againn ar an méid fuinnimh a úsáidtear inár n-ionaid i mBaile Átha Cliath. Is ionann sin agus laghdú 42% ó 2009, rud a sháraíonn an sprioc laghdaithe 33% a leagadh síos do chomhlachtaí poiblí i leith na bliana 2020. Is ó leictreachas agus gás nádúrtha a thagann an fuinneamh a úsáidimid ar fud an ghrúpa.

In 2019, d'ídigh EirGrid 3,355 MWh fuinnimh sa dá ionad i mBaile Átha Cliath. Is féidir miondealú a dhéanamh ar an bhfuinneamh sin mar seo a leanas:

- 2,787 MWh de leictreachas, agus
- 568 MWh gás nádúrtha

Bímid de shíor ag lorg bealaí leis an méid fuinnimh a úsáidimid a laghdú. In 2019, mar chuid den iarracht sin, suiteáladh soilse LED sa dara hionad atá againn i mBaile Átha Cliath.

Shuiteálamar soilse LED in áiteanna áirithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste freisin. In 2020, leanfaimid orainn ag déanamh athchóiriú ar ár gceanncheathrú chun feabhas eile fós a chur ar éifeachtacht fuinnimh agus chun acmhainn a mhéadú.

Tá feabhas 3% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh in oifig SONI i gcás an leictreachais agus feabhas 11% i gcás an gháis i gcomparáid le 2015. D'ídigh SONI 1,955 MWh fuinnimh i mbliana. Is féidir miondealú a dhéanamh air sin mar seo a leanas:

- 1,456 MWh de leictreachas, agus
- 499 MWh de bhreoslaí iontaise.

Tá sé i gceist ag SONI an chuid eile de na soilse sna hoifigí a athrú go LED. Cuirfimid córas monatóireachta fuinnimh i gcomhair na bhfoirgneamh ar bun freisin chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar úsáid fuinnimh.

### Gradaim

Tugadh aitheantas in 2019 don obair a dhéanaimid ar mhaithe le hinbhuanaitheacht níos fearr san earnáil fuinnimh, trí roinnt gradam agus ainmniúchán. Ina measc bhí:

- **Gradaim Fuinnimh SEAI (Deireadh Fómhair '18)** – Buaiteoir sa chatagóir 'Tionscadal Fuinnimh In-athnuaite' i gcomhair an chláir DS3;
- **Gradaim Nuálaíochta an Irish Times (Samhain '18)** – ar an nGearrliosta sa chatagóir Inbhuanaitheachta;
- **Gradaim Ghlasa 2019 (Feabhra '19)** – Ar an ngearrliosta sa chatagóir 'Éacht maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe' i gcomhair an chláir DS3. Cuireadh ar an ngearrliosta muid freisin i gcomhair Ghradam na Teicneolaíochta Glaise le haghaidh an fheachtais 'Power Off and Save',
- agus i gcomhair **Ghradaim na nGnóthas Freagrach i dTuaisceart Éireann (Márta 2019**) – bhíomar ar an ngearrliosta i gcomhair an Ghradaim um Cheannaireacht i réimse an Chomhshaoil agus an Ghradaim um Tháirge Freagrach nó Seirbhís Fhreagrach.



# Dóthain fuinnimh, ar an bpraghas ceart

Cuid den chúram atá ar Ghrúpa EirGrid is ea an margadh leictreachais mórdhíola a fheidhmiú. Fágann sé sin gur féidir linn a chinntiú go mbíonn an méid ceart cumhachta ar fáil ar fud oileán na hÉireann i gcónaí ag an am ceart – ar chostas iomaíoch.

Gné thábhachtach de sin is ea an margadh acmhainne. Sa mhargadh sin, leagtar síos an praghas is ísle ar an acmhainn amach anseo chun an t-éileamh ar an gcóras a chothromú. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go mbíonn dóthain cumhachta ar fáil do na daoine go léir a bhfuil gá acu léi.

D'fhéadfadh sé gur giniúint atá i gceist leis an acmhainn sin, nó stóráil ceallraí. D'fhéadfadh fiú gurb é a bheadh i gceist léi gealltanas ó ghrúpaí custaiméirí a n-úsáid fuinnimh a laghdú nuair a iarraimid sin orthu – acmhainn ó thaobh an éilimh de a thugtar air sin.

Ní mór dúinn an acmhainn bhreise sin a bheith ar fáil chun déileáil le hathruithe ar an éileamh ar fhuinneamh. Tá tábhachtach níos mó ag baint leis sin de réir mar a úsáideann an córas leictreachais níos mó foinsí giniúna in-athnuaite. Caithfimid freastal ar chustaiméirí ar laethanta gaofara, tráth a mbíonn an t-éileamh íseal, agus ar laethanta eile nuair nach mbíonn puth ghaoithe ann, tráth a mbíonn ardéileamh i gceist – agus na cásanna ar fad idir eatarthu.

Feidhmíonn an margadh acmhainne nua mar cheant iomaíoch i measc tairgeoirí réamhcháilithe. Is mar sin atá sé chun cothromaíocht a bhaint amach idir a chinntiú gur féidir linn brath ar dhóthain acmhainne a bheith againn, ach ar an gcostas is ísle is féidir. Iarraimid ar thairgeoirí a bpraghas is iomaíche a thairiscint chun méid cumhachta comhaontaithe a sholáthar ar feadh tréimhse ar leith amach anseo.

Reáchtálaimid ceant amháin ar feadh na bliana amach romhainn – ar a dtugtar T-1 – agus ceann eile ar feadh ceithre bliana amach romhainn – ar a dtugtar T-4. Tugann an ceant ceithre bliana am do na tairgeoirí cur lena gcuid acmhainne má éiríonn leo. Leis an gcur chuige sin, cinntítear go mbeidh na tairgeoirí a n-éireoidh leo réidh le hacmhainn a sholáthar má bhíonn sí ag teastáil sa chóras níos déanaí.

Reáchtálamar an chéad cheant T-1 i mí na Nollag 2017, agus an chéad cheant T-4 i mí an Mhárta 2019. Is céim an-tábhachtach go deo iad san athrú ó bhonn ar an gcóras cumhachta.

**Aodhagán Downey,** Oibríochtaí Margaidh
Féach anseo: **bit.ly/EirGrid_Capacity**

# An eangach agus an margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú

Is é príomhcholún ár straitéise nua ná oibriú an chórais cumhachta ar fud an oileáin a chothabháil agus a fheabhsú. Ón uair a bunaíodh muid, is é sin bunchloch na hoibre a dhéanaimid ó lá go lá, agus beidh sé i gcónaí ina phríomhthomhas maidir lenár bhfeidhmíocht a mheasúnú.

### Comhtháthú Eorpach

Tríd is tríd, d'éirigh an-mhaith leis na margaí nua fuinnimh agus acmhainne sa chéad bhliain ó bunaíodh iad.

Comhtháthaíodh an Margadh Leictreachais Aonair uile-oileáin le margaí fuinnimh na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Le linn na chéad bhliana, tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht na trádála trasteorann mar gheall ar leagan amach nua an mhargaidh. Chuir sé sin leis an leachtacht sna margaí fadtéarmacha agus meántéarmacha agus d'fhág sé go bhfuil deiseanna nua le tapú ag rannpháirtithe sa mhargadh.

Tá nósanna imeachta oibriúcháin agus pleanála nua tugtha isteach ag EirGrid agus SONI, chomh maith le próisis maidir le nascadh leis an eangach. Tá siadsan ag teacht leis na cleachtais Eorpacha chomhchuibhithe, agus mar sin is féidir linn trádáil gan uaim leis an Eoraip.

Táimid fós ag obair i ndlúthpháirt lenár bpáirtithe leasmhara i ndáil le hathruithe a dhéanfar ar an margadh amach anseo. Mar gheall ar chúpláil an mhargaidh um an lá roimh ré tá athruithe ar na praghsanna ag teacht i réim sa trádáil a dhéanann idirnascairí. Fágann sé sin gur féidir linn leictreachas a cheannach nuair a bhíonn sé saor, agus é a dhíol nuair a bhíonn sé costasach. Bhí sé sin ar cheann de na príomhchúiseanna a bhí le comhtháthú an mhargaidh leis an Eoraip, agus is é díreach an toradh a bhí uainn a bhaint amach.



**An Margadh Acmhainne**
Is seirbhís thábhachtach é an margadh acmhainne chun cobhsaíocht an chórais leictreachais a chinntiú. Cuireann sé ar a chumas do Ghrúpa EirGrid an praghas is eacnamaíche a fháil ar na méideanna leictreachais a mheastar a bheidh ag teastáil chun freastal ar an éileamh amach anseo. Leis sin, cinntítear go mbíonn cumhacht ar fáil i gcónaí do na daoine go léir a bhfuil gá acu léi. Chun tuilleadh a léamh faoin margadh acmhainne, féach an cás-staidéar ar leathanach 25.

**Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht**

**Éire**
I mí an Mheithimh, sheol EirGrid comhairliúchán ar a dtugtar Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht 2019. Sa tuarascáil sin, rinneadh cur síos ar an gcéad leasú a rinne EirGrid ar na cásanna a bhí faoi chaibidil ar dtús in 2017. Léiríonn na cásanna nua athruithe atá ag tarlú mar gheall ar chúinsí éagsúla atá ag teacht chun cinn.

Go háirithe, cuirtear san áireamh iontu athruithe ar an mbeartas aeráide agus ar an mbeartas fuinnimh. Léirítear iontu spriocanna nua il-earnála chun úsáid fuinnimh a dhícharbónú, mar a leagtar amach i bPlean Gnímh an Rialtais don Aeráid.

Ghlac go leor páirtithe leasmhara páirt sa chomhairliúchán agus thug siad an-chuid aiseolas úsáideach. Áiríodh leis an gcomhairliúchán seisiún faisnéise le páirtithe leasmhara seachtracha, ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann. D'fhreastail a lán daoine ar an imeacht sin agus rinneadh plé dearfach faoi chúrsaí fuinnimh na hÉireann amach anseo.

Léiríonn sé freisin an ról ríthábhachtach atá ag Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht ó thaobh na tionsclaíochta de agus ó thaobh beartas rialtais.

**Tuaisceart Éireann**
I mí Mheán Fómhair 2019, sheol SONI Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht i gcomhair Thuaisceart Éireann. Bhí cur síos sa tuarascáil sin ar an gcéad sraith dréachtchásanna. Bhí siadsan bunaithe ar aiseolas a tháinig ó pháirtithe leasmhara sa chéim roimhe sin, tráth a raibh na cásanna á n-ullmhú.

Leagadh amach an tuarascáil trí bhealach fhéideartha chun cinn do chóras fuinnimh Thuaisceart Éireann go dtí 2040. Léirítear sna bealaí éagsúla sin an tionchar a bhíonn ag athruithe sochaíocha, polaitiúla, eacnamaíocha, teicneolaíochta agus comhshaoil.

Is é an ghné choiteann ar fud na dtrí chás ná an t-aistriú chuig leictreachas ísealcharbóin i dTuaisceart Éireann. Ní hionann na cásanna ó thaobh luas an athraithe, áfach. Chun tuilleadh a léamh faoi na Cásanna Fuinnimh don Am atá le Teacht, féach an cás-staidéar ar leathanach 13.



## Riosca a bhaineann le Cibearshlándáil

Soláthraíonn EirGrid agus SONI seirbhís ríthábhachtach, mar go mbíonn gach duine, gach gnó, agus gach teaghlach ag brath ar an gcóras cumhachta a rithimid. Is minice agus is minice anois a bhíonn an bhagairt ann go ndéanfaidh tríú páirtithe mailíseacha cibearionsaí ar oibreoirí eangaí. Tá sé mar thosaíocht againn aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin.

Ar an mbonnleibhéal, comhlíonaimid ár n-oibleagáidí maidir leis an gcibearshlándáil faoi threoir ríthábhachtach, an treoir ón Aontas Eorpach maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise. Táimid ag déanamh amhlaidh i gcomhar leis na húdaráis ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Ar an leibhéal oibríochtúil, tá sraith nósanna imeachta againn – ar cinn iad atá ríthábhachtach i leith na cibearshlándála – lena chinntiú go bhfuil ár n-oibríochtaí chomh slán agus is féidir. Áirítear leo sin bearta cosanta, chomh maith le triail a bhaint as an bhfreagairt atá againn ar ionsaithe féideartha.

Ar an leibhéal aonair, tá clár feasachta ar bun againn ar fud an Ghrúpa chun ár mbaill foirne a chur ar an eolas faoi na rioscaí, agus conas is féidir leo iad a mhaolú. Áirítear faoin gclár sin oiliúint agus teachtaireachtaí eolais míosúla.

## Naisc le Custaiméirí a mbíonn Éileamh acu ar Mhéid Mór Fuinnimh

Ó 2016 i leith, tá méadú mór tagtha in Éirinn ar líon na gcustaiméirí a mbíonn éileamh acu ar an-chuid fuinnimh, agus a ídíonn an-chuid fuinnimh. Is tapa ná riamh anois a mbíonn na custaiméirí ag iarraidh go nascfar leis an gcóras iad.

Ní bhíonn an brú céanna sin ó chustaiméirí móréilimh i gceist i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas ar naisc.

Is ionaid sonraí iad beagnach na custaiméirí móréilimh go léir in Éirinn. Ó thaobh tionscadail ionad sonraí, tá 251 MVA nasctha againn ar fud cúig thionscadal ó 2016 i leith.

Sa tréimhse ama chéanna, thosaíomar ag nascadh sé ionad sonraí eile. Cuirfidh siadsan 716 MVA breise leis an éileamh agus fágann siad go mbeidh 11 tionscadal ionad sonraí ar an iomlán nasctha leis an eangach. Táthar ag súil go nascfar na hionaid sonraí bhreise sin faoi dheireadh 2021.

Le linn 2019, bhíomar ag obair le ESB Networks chun tosú ag nascadh stáisiún 220 kV nua Chaisleán an Bhagóidigh leis an gcóras tarchurtha. Nuair a nascfar é amach sa bhliain sin, tacóidh an stáisiún le gnóthais tionsclaíochta mhóra sa cheantar.

Leathanach thall: Rí agus Banríon na Sualainne ag tabhairt cuairt ar ionad rialaithe náisiúnta EirGrid i mí na Bealtaine 2019.

Tá stáisiún nua 220 kV agus 110 kV beagnach tógtha ag Belcamp i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Maolóidh sé sin an brú ó thaobh lóid atá ar an stáisiún 220 kV atá i bhFionnghlas faoi láthair, agus tacóidh sé le leathnú breise sa cheantar. Is sa cheantar sin atá Aerfort Bhaile Átha Cliath, Ospidéal Beaumont agus roinnt páirceanna gnó agus ionaid sonraí mór le rá a dtacaíonn GFT leo.

I gCill Dara Thuaidh, tá Intel tar isteach iarratas a dhéanamh ar sholáthar cumhachta méadaithe. Tacóidh sé sin le gníomhaíochtaí déantúsaíochta sa tsaoráid sin, anois agus san am atá le teacht. Chun freastal air sin, bheartaíomar leas a bhaint as modh nasctha nua.

Leis sin, nascfar an líne lasnairde 220 kV idir Maigh Nuad agus Coillearnaí le stáisiún 220 kV nua ag úsáid 2.3 km cábla faoi thalamh. Chuireamar laethanta oscailte poiblí ar bun i Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara go luath in 2019 agus i lár na bliana sin, agus ghlac an pobal páirt go fonnmhar iontu. Cheadaigh an Bord Pleanála an toiliú pleanála i mí na Samhna 2019.

### An tIdirnascaire Soir-Siar

Is le EirGrid an tIdirnascaire Soir-Siar agus oibríonn sé é chomh maith. Is idirnascaire 500MW srutha dhírigh ardvoltais é sin lena nasctar na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór le chéile. Cuidíonn sé sin le soláthar fuinnimh sábháilte, slán, iontaofa agus inacmhainne a chur ar fáil don dá chóras.

Tá EirGrid fós ag déanamh cothabháil ardchaighdeáin ar an Idirnascaire Soir-Siar. Áirítear leis sin athdheimhniú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Sócmhainní i leith chaighdeán ISO 55001:2014 i mí an Mheithimh 2019.

Leis sin, cinntítear go mbeidh an t-idirnascaire ar fáil chun cuidiú le comhtháthú breise a dhéanamh ar fhuinneamh in-athnuaite sa chóras. Ar an gcaoi sin, beidh athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht – príomhchuspóir ár straitéise nua. I mí na Nollag 2018, rinneamar ceiliúradh freisin ar an teist mhaith atá againn ó thaobh na sábháilteachta tráth a bhfuil tréimhse cúig bliana caite againn ag oibriú gan aon timpistí a raibh aga díomhaoin ina thoradh orthu.

### An tIdirnascaire Thuaidh Theas

Is tionscadal tábhachtach é an tIdirnascaire Thuaidh-Theas i gcás EirGrid agus SONI. Faoin tionscadal sin, cuirfear an dara idirnascaire ardacmhainne leictreachais ar fáil idir an dá chóras leictreachais ar oileán na hÉireann.

Ní mór an tIdirnascaire Thuaidh-Theas a thabhairt chun críche chun luach ar airgead a sholáthar do thomhaltóirí ar fud an oileáin. Fágfaidh an tionscadal sin go mbeidh an eangach níos láidre, agus mar sin beifear in ann tuilleadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur isteach inti. Ina theannta sin, fágfaidh sé go bhfeabhsófar slándáil an tsoláthair agus gur mó an méid iomaíochta a bheidh i gceist sa mhargadh leictreachais mórdhíola.

Bainfidh custaiméirí baile, pobail, gnóthais agus an geilleagar – sa dá dhlínse – tairbhe as sin. Measaimid go spárálfar €20 milliún in aghaidh na bliana ar a laghad ar úsáideoirí leictreachais de bharr an t-idirnascaire a bheith á oibriú.

In Éirinn, dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála don Idirnascaire Thuaidh-Theas i mí na Nollag 2016. Rinneadh roinnt agóidí dlíthiúla ina choinne sin, agus rinne an Chúirt Uachtarach an ceann deireanach díobh a dhíbhe i mí Feabhra 2019.

Mar gheall ar an rialú sin, tá gach bacainn dlí a bhaineann le cúrsaí pleanála sáraithe anois i leith an Idirnascaire Thuaidh-Theas. Féadfar leanúint ar aghaidh anois leis an obair thógála sa dlínse seo.

I dTuaisceart Éireann, deonaíodh cead pleanála i mí Eanáir 2018. I mí Feabhra 2019, áfach, tarraingíodh siar an cead pleanála sin. Tharla sé sin mar gheall ar agóid dhlíthiúil inar áitíodh nach bhféadfaí cead a thabhairt mura mbeadh an tAire Infreastruchtúir i láthair. Tá an t-iarratas curtha ar ais chuig an Roinn Infreastruchtúir anois chun athbhreithniú a dhéanamh air. Tá dóchas againn go ndéanfaidh an tAire Infreastruchtúir a ceapadh le déanaí cinneadh nua sna míonna amach romhainn.

## Tionscadail tarchurtha eile a ndearnadh dul chun cinn ina leith i mbliana

Gach uile bhliain, bíonn EirGrid agus SONI ag obair chun an eangach leictreachais a neartú. Áirítear leis an obair sin athchóiriú agus uasghrádú, chomh maith le hinfreastruchtúr nua a fhorbairt, nuair is gá sin.

### Éire

**Imoibreoir an Phoill Bhig (50 Mvar)**Rinneadh fuinneamhú ar an dara himoibreoir sa Pholl Beag i mí Dheireadh Fómhair 2018. Téann imoibreoirí chun tairbhe na heangaí ar bhealaí éagsúla, ach sa chomhthéacs seo cabhraíonn siad linn fadhbanna voltais sa réigiún a bhainistiú, nuair is gá.

**Uasghrádú ar an líne 110 kV idir Carraig na Sionainne – An Airnigh – Corrdhoire** Tugadh chun críche an obair seo i mí Dheireadh Fómhair 2018. Treisiú córais atá i gceist leis an tionscadal sin ionas gur féidir fuinneamh gaoithe a nascadh leis an gcóras i réigiún an Iarthuaiscirt.

Chuir sé ar ár gcumas dúinn rochtain bhreise 1113 MW a dheonú do ghineadóirí sa réigiún seo.

**Stáisiún tarchurtha 400 kV Ghob na Múine**
Tugadh chun críche oibreacha éagsúla chun tacú leis an stáisiún seo, oibreacha ar bhain an-tábhachtach leo i leith shlándáil an tsoláthair. Mar chuid den obair sin, aistríodh an líne 400 kV idir Gob na Muine agus an tSeantsráid, dhá chlaochladán agus an líne 220 kV idir Gob na Muine agus Prospect.

**Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh**
I mí Eanáir 2019, d'fhógair EirGrid na láithreacha is fearr feidhmíochta chun an líne nua 110 kV seo a nascadh leis an eangach. Is iadsan an Maigh (Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo) agus Tonroe (Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin).

Ar feadh 2019, bhíomar ag plé le páirtithe leasmhara agus le húdaráis áitiúla sa réigiún. Thug ár bhfoireann idirchaidrimh cuairt ar Thobar an Choire agus ar Bhéal Átha na Muice freisin agus thionóil siad laethanta faisnéise poiblí.

Bhaineamar leas as an rannpháirtíocht sin chun faisnéis a bhailiú maidir le srianta teicniúla, srianta comhshaoil agus srianta eile. Beidh an fhaisnéis sin ina bonn eolais ó thaobh an bhealaigh a bheartófar don líne lastuas agus do na cáblaí faoi thalamh.

**Cábla 400 kV trasna na Sionainne**I mí Dheireadh Fómhair 2018, chuireamar tús leis na hoibríochtaí suirbhé mara don tionscadal seo, agus tugadh chun críche iad i mí na Nollag. Chuir sé sin ar chumas EirGrid agus a chuid sainchomhairleoirí an bealach mara is feidhmiúla a aithint.

Ina theannta sin, d'fhorbraíomar bealaí cáblaí agus an t-infreastruchtúr a ghabhann leo. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an rogha tionscadail is feidhmiúla i mí an Mheithimh 2019, agus tá sé sin fós ar bun. Tá EirGrid ag ullmhú na n-iarratas ar cheadúnas urthrá i leith an tionscadail sin faoi láthair.

**Athfhorbairt ar Fhostáisiúin 110 kV Bhéal Átha Liag**
Reáchtáladh comhairliúchán poiblí i mí Aibreáin 2019. Ba dhearfach an t-aiseolas a fuarthas ó mhuintir na háite, ó ghrúpaí pobail agus ó ionadaithe áitiúla. Chuireamar iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Chontae an Longfoirt i mí Iúil 2019 agus táimid ag súil le toiliú pleanála go luath in 2020.

**Stáisiún 110 kV Chill Bharra**
Tá sé seo ar cheann de na príomhstáisiúin 110 kV a sholáthraíonn leictreachas do chathair Chorcaí agus do na ceantair máguaird.

Ach forbairt a dhéanamh air, beimid in ann freastal ar iarratais ar naisc lóid leis an gcóras dáileacháin. Fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Contae Chorcaí i mí an Mheithimh 2019.

### Tuaisceart Éireann

**Fostáisiún 110 kV Bhóthar an Aerfoirt**Seo treisiú ar an gcóras tarchurtha i mBéal Feirste. Táthar á dhéanamh sin den chuid is mó chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh le déanaí mar gheall ar shuímh athfhorbraiochta éagsúla.

Is é an ceann is suntasaí díobh sin ná Titanic Quarter, a d'fhéadfadh breis is 50 MVA a chur leis an éileamh iomlán sa chathair.



Sa ghrianghraf ar an leathanach thall, tá léirshamhlú piolóin le haghaidh líne 220 kV a tiontaíodh chun 400 kV a iompar



Chun freastal ar an éileamh sin, tá fostáisiún nua 110/33 kV á fhorbairt againn agus tá uasghrádú á dhéanamh againn ar líne túir ciorcaid dhúbailte 110 kV, a hoibrítear ag 33 kV faoi láthair. Reáchtálamar comhairliúcháin phoiblí maidir leis an tionscadal sin i mí an Mhárta 2019. Reáchtálamar imeacht comhairliúcháin phoiblí maidir leis an tionscadal sin i mí an Mhárta 2019. Chuireamar an t-iarratas pleanála isteach i mí na Nollag 2019, agus táthar ag súil go dtosófar ar an obair thógála in 2021.

**Tionscadal Feirme Gaoithe 110 kV Áth Géibhe**

Chuireamar isteach iarratas pleanála i leith an stáisiúin nua 110/33 kV agus na líne lasnairde 110 kV i mí Feabhra 2019. Nuair a bheidh an stáisiún nua agus an ciorcad nua críochnaithe, féadfar 90 MW fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach i gceantar Garvagh i dTuaisceart Éireann

**Saoráid Stórála Fuinnimh Ceallraí Drumkee agus Mhullach an Bhile**

Thosaíomar ag obair ar dhá scéim nua stórála ceallraí 50 MW a nascadh.

Tá siadsan gar do na fostáisiúin 275/110 kV sa Tamhnach Mhór agus i dTóin re Gaoith. Tá SONI agus NIE Networks ag obair as lámha a chéile chun cloí leis an spriocdháta maidir le fuinnmhiú in R3 2020.

**Neartú a dhéanamh ar an eangach san Oirthear**

I mbliana, chuir EirGrid comhairliúchán ar bun ar thionscadal nua leictreachais ar a dtugtar Tionscadal Caipitil 966. Is é is aidhm leis an tionscadal sin an eangach in oirthear na tíre a neartú. Aistreofar leictreachas ó iarthar na hÉireann agus dáilfear é ar fud an líonra sa Mhí, i gCill Dara agus i mBaile Átha Cliath.

Tar éis an chomhairliúcháin, tháinig roinnt de na réitigh theicniúla ab fhearr feidhmíochta chun cinn. Tá siadsan curtha ar aghaidh anois go dtí an chéad chéim eile le haghaidh meastóireacht bhreise a dhéanamh orthu. Ag deireadh na chéad chéime eile sin, molfaimid an réiteach is fearr feidhmíochta agus déanfar é sin a fhorbairt.

**Fostáisiún 400 kV Laoise agus Chill Chainnigh**

Is féidir le tionscadail náisiúnta forbartha infreastruchtúir díospóireacht mhór a chothú, agus tarlaíonn sé scaití go gcuireann an pobal ina gcoinne.

Sampla de sin is ea tionscadal Laoise agus Chill Chainnigh. Sa chás seo, tá lucht agóide ag cur bac ar an mbealach isteach chuig láithreán tógála le haghaidh fostáisiúin 400 kV.

Forbairt ríthábhachtach atá i gceist leis an tionscadal féin. Réiteoidh sé fadhbanna cáilíochta agus slándála soláthair ar fud Lár na Tíre agus an Oirdheiscirt.

Tá EirGrid ag obair i gcomhar le ESB Networks chun teacht ar réiteach ar na fadhbanna a luaigh grúpaí leasmhara áitiúla. Leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle leo le linn thréimhse an tionscadail.



## Tionscadail Statcom

In iardheisceart na hÉireann, tá leibhéil mhóra giniúna gaoithe nasctha leis an gcóras leictreachais. Is ag méadú a bheidh sé sin fós sna blianta amach romhainn.

Mar gheall ar leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite a bheith ag dul i méid, teastaíodh tacaíocht bhreise maidir le cumhacht fhreasaitheach.

Is é an réiteach is fearr air sin ná dhá chóras nua Statcom (cúititheoir sioncronach statach) Mvar ± 100 a shuiteáil ag stáisiúin atá ann cheana féin.

Is gléas rialaithe voltais atá dinimiciúil, tapa é Statcom. Suiteálfar gléasanna nua i stáisiún Bhaile na hUla i gCo. Chiarraí agus i stáisiún Bhaile Uascail i gCo. Chorcaí. Fuarthas cead pleanála i leith na dtionscadal sin i mbliana.

## Trialacha chun an voltas ar línte atá ann cheana a mhéadú ó 220 kV go 400 kV

De bharr forbairtí nua a rinneadh maidir le hinslitheoirí ilchodacha leictreacha, is féidir línte 220 kV atá ann cheana a thiontú go 400 kV. In 2019 rinneamar imscrúdú ar réiteach nuálach chun cur leis an toilleas tarchurtha atá ag línte 220 kV.

Bainimid an méid sin amach trí athdhearadh a dhéanamh ar bharr na bpiolón. D'fhéadfadh an teicneolaíocht sin cur go mór leis an acmhainn chumhachta ar an eangach leictreachais. Rud níos tábhachtaí fós, d'fhéadfaí é sin a bhaint amach gan aon ghá a bheith le línte nua, a bheadh costasach le forbairt agus a thógfadh i bhfad.

Tá triail á baint aan tionscadal nuálach sin chun uasghrádú a dhéanamh ar an voltas ar líne thástála Dhún Ard in iarthar Chill Mhantáin. Is é an chéad chéim eile den triail sin chun uasghrádú a dhéanamh ar an voltas ná an túr ciorcaid aonair agus an túr ciorcaid dhúbailte a thógáil ar an líne thástála sin. Thug Comhairle Contae Chill Mhantáin cead pleanála ina leith sin i nDeireadh Fómhair 2019. Tógfar na túir sin in 2020.



# Foláireamh córais a bhainistiú

Agus an eangach á oibriú againn, rangaímid na fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú. Is iad na foláirimh ómra an chatagóir is ísle – tarlaíonn siad má chaillimid cumas giniúna leictreachais éigin go tobann. Ní tharlaíonn na cineálacha fadhbanna sin go minic – ach nuair a tharlaíonn siad, bíonn saineolas, daoine stuama agus smaointeoireacht shoiléir ag teastáil chun iad a réiteach.

Ag 2:30 pm an 9 Deireadh Fómhair 2018, tharla rud éigin nach bhfacthas riamh roimhe sin, geall leis. Chlis ar dhá ghineadóir mhóra i dTuaisceart Éireann go tobann ag an am céanna. D'fhonn cobhsaíocht an chórais a chinntiú i dTuaisceart Éireann, ní mór trí ghineadóir mhóra a bheith ar an gcóras i gcónaí. Mar gheall ar an gcliseadh sin, bhí córas leictreachais Thuaisceart Éireann leochaileach.

Agus, mar bharr donais, bhí an iomarca cumhachta á tarraingt ó Éirinn ansin. Dá mba rud é gur cuireadh lód iomarcach ar an líne idir an dá dhlínse – nó dá gclisfeadh ar ghineadóir mór eile – d'fhéadfadh sé go gclisfeadh ar an gcóras iomlán.

Rinne an fhoireann i seomra rialaithe SONI gar do Bhéal Feirste beart go tapa. D'ordaigh siad go gcuirfí gineadóirí mearthosaithe atá scaipthe ar fud an réigiúin ar líne láithreach. Leis an raon geografach sin, laghdaíodh an baol go rachadh staid an chórais in olcas dá gclisfeadh ar ghineadóir eile.

De réir mar a thosaigh na gléasraí mearthosaithe ag soláthar cumhachta, theastaigh uainn ansin athchothromú mall a dhéanamh ar na sreafaí cumhachta ó Éirinn go Tuaisceart Éireann. Ach chuaigh cúrsaí in olcas de réir mar a bhíomar ag teannadh leis an tráthnóna, tráth a mbíonn buaicéileamh ar an leictreachas. Sin mar gheall nach féidir leis na gineadóirí mearthosaithe an oiread chéanna acmhainne a sholáthar is a sholáthraíonn na haonaid mhóra ar chlis orthu. Mar sin, d'iarr muid ar chustaiméirí a raibh sé ar a gcumas a n-úsáid cumhachta a laghdú – aonaid ar thaobh an éilimh de a ghlaoimid orthu – stopadh ag tarraingt leictreachais ón gcóras.

Agus na gineadóirí mearthosaithe ag obair leo, d'éirigh linn teacht chomh fada le 6.57pm ar an gcaoi sin. Ag an bpointe sin bhí na gineadóirí móra ar ais ar an gcóras, agus bhíomar in ann an foláireamh ómra a chur ar ceal.

Ba dhúshlánach an rud a bhí tarlaithe, ach, a bhuí le gairmiúlacht na foirne, bhí na soilse fós ar lasadh ar fud Thuaisceart Éireann.

**Tom McCartan** Bainisteoir Cúnta um Rialú Eangaí
**John O'Higgins**Innealtóir um Rialú Eangaí
**Michael Flynn** Innealtóir Cúnta um Rialú Eangaí
Féach anseo: **bit.ly/SONI_Alert**

# Ag obair le comhpháirtithe ar mhaithe le hathrú chun feabhais

Leathanach thall: An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton; An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys; An Taoiseach Leo Varadkar; Stéphane Crouzat, Ambasadóir na Fraince go hÉirinn; agus Mark Foley, Príomhfheidhmeannach Ghrúpa EirGrid, ag an imeacht in 2019 ag ar fógraíodh maoiniú €530 milliún ón Aontas Eorpach i leith an tionscadail seo.

## Comhpháirtíochtaí ar fud an oileáin

### Forbairt Straitéisí

Mar chuid den phróiseas chun an straitéis a fhorbairt, bhíomar ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara dár gcuid. Ina measc siúd bhí ár scairshealbhóir, ESB Networks, NIE Networks, ár gcuid rialtóirí, agus ranna rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Fiafraíodh dár gcomhpháirtithe agus dár bpáirtithe leasmhara faoina dtuairimí maidir le treochtaí tionscail agus treochtaí beartais agus faoin tionchar dóchúil ar Ghrúpa EirGrid. Phléamar a dtosaíochtaí agus a gcuspóirí straitéiseacha freisin. Ba é an aidhm a bhí ann féachaint conas a d'fhéadfadh Grúpa EirGrid cabhrú leo a gcuid spriocanna a bhaint amach, agus a dtuairimí a lorg ar uaillmhianta straitéiseacha Ghrúpa EirGrid féin. Chabhraigh na cruinnithe sin go mór linn maidir le straitéis EirGrid a chur le chéile i leith na tréimhse cúig bliana atá romhainn.

## An Tionscnamh FlexTech

Réimse eile ina dtacaíonn ár gcomhpháirtithe linn agus ina mbímid ag obair i ndlúthpháirt leo is ea an Tionscnamh FlexTech. Is ardán rannpháirtíochta dár n-earnáil é an tionscnamh sin, a bhunaíomar in 2019. Tugann sé le chéile príomhchinnteoirí ar fud an oileáin. Áirítear leo siúd oibreoirí córas tarchurtha agus córas dáileacháin, rialtóirí agus an tionscal i gcoitinne.

Tá sé ina aidhm le FlexTech an leas is fearr a bhaint as na deiseanna atá ann chun úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus cinn atá ann cheana. Sainaithnítear príomhbhacainní maidir le foinsí in-athnuaite a chomhtháthú ar an oileán freisin, agus cuidítear an ceann is fearr a fháil orthu. Tá an tionscal leictreachais ag teacht chun cinn níos tapa agus níos tapa mar fhreagairt ar an aistriú ó bhreoslaí astaithe carbóin. Chun freagairt dó sin, ní mór d'oibreoirí córas tarchurtha agus oibreoirí córas dáileacháin a bheith ag obair as lámha a chéile.



A bhuí le FlexTech, bíonn ar chumas EirGrid agus SONI deiseanna a thapú agus fadhbanna a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn.

I mí an Mheithimh 2019, thionóil EirGrid agus SONI an chéad fhóram tionscail dá gcuid a bhain le Tionscadal Comhtháthaithe FlexTech. Rinneadh é sin i gcomhpháirtíocht le ESB Networks agus le NIE Networks. Ba dheis iontach é chun dul i gcomhairle le hearnáil na tionsclaíochta agus léargas a fháil ar shaincheisteanna trasearnála in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

## Meitheal Chomhpháirteach Oibre SONI agus NIE Networks

Bhunaíomar meitheal chomhpháirteach oibre idir SONI agus NIE Networks i mí Lúnasa 2019. Tá sé mar aidhm leis an meitheal sin treochlár comhpháirteach a sholáthar i leith an aistrithe i dtreo córas fuinnimh dícharbónaithe i dTuaisceart Éireann.

Cuirfidh an mheitheal oibre sin ionchur ar fáil de réir mar a fhorbraíonn an Roinn Geilleagair straitéis fuinnimh i gcomhair na mblianta atá romhainn do Thuaisceart Éireann.

## Imoibreoirí Sraithe Dáilte

Ó 2016 i leith, tá EirGrid ag baint triail as Imoibreoirí Sraithe Dáilte (DSRanna) i gContae Phort Láirge. Rinneadh an obair sin i gcomhar le Smart Wires agus ESB Networks.

Is gléasanna sreafa cumhachta iad DSRanna a oibríonn trí shreafaí cumhachta a atreorú chuig sócmhainní nach bhfuil leas iomlán á bhaint astu. Déantar iad a shuiteáil ar infreastruchtúr na línte lasnairde atá ann cheana féin.

Nuair a shuiteáiltear iad, réitíonn siad fadhbanna atá ann nó a mheastar a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le lóid theirmeacha. Cabhraíonn sé sin linn an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an infreastruchtúr tarchurtha atá ann cheana féin.

D'éirigh leis an triail a rinneamar le Smart Wires agus le ESB Networks ar líne 110 kV i gCuileannach, Contae Phort Láirge.

Fágann sé sin go bhfuil tástáil déanta ar theicneolaíocht na DSRanna anois agus go bhfuil siad réidh le húsáid, nuair is gá. In 2019, thug EirGrid cuairt ar RTÉ, oibreoir córais tarchurtha na Fraince. Chuir an chuairt sin ar ár gcumas dúinn léargas a fháil ar thaithí RTÉ le déanaí maidir le teicneolaíocht na DSRanna a chur i bhfeidhm ar a gcóras tarchurtha.

Níos déanaí in 2019, chuir ESB Networks próiseas soláthair i gcrích. Mar gheall air sin, dámhadh an conradh ar Smart Wires i ndáil le líon mór aonad DSR a sholáthar lena gcur i bhfeidhm ar an gcóras tarchurtha.

Tá tionscadal á chur chun cinn in 2020 chun na DSRanna a shuiteáil ar líne 110 kV i gContae Ros Comáin.





**Comhpháirtíochtaí Domhanda:**
**An tIdirnascaire Ceilteach a fhorbairt**

Tá EirGrid, mar aon le Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ), ár gcomheagraíocht sa Fhrainc, ag leanúint ar aghaidh ag forbairt an tionscadail seo.

Is é an tIdirnascaire Ceilteach an nasc leictreachais atá beartaithe idir Éire agus an Fhrainc. Seolfaidh sé leictreachas ardvoltais mar shruth díreach ardvoltais (HVDC) trí chábla faoin bhfarraige.

Measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le hidirnascadh idir na ballstáit. Sin mar gheall go bhfágann an t-idirnascadh go mbeidh córas leictreachais na hEorpa níos láidre agus níos comhtháite.

Dá bhrí sin, tá an tIdirnascaire Ceilteach ainmnithe ina Thionscadal Leasa Choitinn. Dá bharr sin, bainfear leas ina leith as nósanna imeachta agus maoiniú luathaithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhógair an Coimisiún Eorpach go gcuirfeadh sé maoiniú deontais €530 milliún ar fáil don tionscadal.

Is é an t-idirnascaire seo an chéad nasc díreach leictreachais a bheidh ag Éirinn le mór-roinn na hEorpa. Mar gheall air, beifear in ann méideanna móra leictreachais a onnmhairiú agus a allmhairiú. Nuair a bheidh sé tugtha chun críche, beidh sé d'acmhainn aige suas le 700 meigeavata leictreachais a allmhairiú agus a onnmhairiú. Is leor an méid sin chun cumhacht a sholáthar do 450,000 teach. De réir an sceidil, tosóidh an t-idirnascaire ag obair in 2026.

Cuirfidh an tIdirnascaire Ceilteach brú anuas ar phraghsanna leictreachais d'úsáideoirí deiridh. Cuirfidh sé roghanna breise ar fáil freisin do rannpháirtithe sa mhargadh ó thaobh na háite óna gceannóidh siad leictreachas agus na háite lena ndíolfaidh siad é.

Mar gheall ar an idirnascaire seo a bheith ar an gcóras, cuirfear le slándáil an tsoláthair leictreachais sa chóras cumhachta anseo. Cabhróidh sé sin linn talamh úr a bhriseadh ó thaobh mhéid an fhuinnimh in-athnuaite is féidir linn a chomhtháthú. Ar na cúiseanna sin, is céim thábhachtach é an tionscadal i gcomhthéacs na béime atá á leagan againn anois ar inbhuanaitheacht agus ar dhícharbónú.

**Údarás Cumhachta Nua-Eabhrac**

I mí Mheán Fómhair 2019, shínigh EirGrid agus ESB Networks meabhrán tuisceana maidir le tionscadal sna Stáit Aontaithe. Faoin gcomhaontú sin, beidh an dá eagraíocht ag comhoibriú le hÚdarás Cumhachta Nua-Eabhrac.

Ag obair as lámha a chéile dúinn, déanfaimid taighde in éineacht leis an Electric Power Research Institute, eagraíocht neamhbhrabúis sna Stáit Aontaithe. Leagtar amach sa chomhaontú sin pleananna chun réitigh nua i gcomhair córais fuinnimh a shamhaltú, a chruthú agus a thástáil.

Beidh an obair sin á déanamh sa chéad saoráid i stát Nua-Eabhrac a dhéanann taighde comhpháirteach faoi fhóntais leictreacha. Tá sé ina aidhm leis an mbabhta comhair dlús a chur le feabhsúcháin ar an infreastruchtúr fuinnimh.

Is iad na buntáistí a bhainfidh leis an obair sin ná eangacha leictreachais níos éifeachtaí a bheith ann, ar féidir brath níos mó orthu. Fágfaidh sé sin gur féidir giniúint dháilte agus acmhainní gaolmhara a chomhtháthú ar eangacha cumhachta áitiúla agus réigiúnacha.

Barr an leathanaigh seo, ar thaobh na láimhe clé: Líonraí SONI agus NIE ag obair le chéile. Barr an leathanaigh seo, ar thaobh na láimhe deise: EirGrid agus AES i mbun comhpháirtíocht maidir le stóráil ceallraí. Thall: An VOS Sweet, bád suirbhéireachta i gcomhair an Idirnascaire Cheiltigh.


VOS SWEET



# Comhpháirtíochtaí le haghaidh córas cumhachta níos solúbtha

Ceann dár bpríomhspriocanna straitéiseacha is ea comhpháirtíochtaí níos láidre a chothú leis na soláthraithe seirbhíse a thacaíonn leis an gcóras cumhachta. Bímid seasta sa tóir ar bhealaí chun obair níos fearr a dhéanamh le chéile. Is mian linn a gcuid riachtanas a thuiscint agus a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Ar cheann dár gcomhpháirtíochtaí lárnacha, bímid ag obair le cuideachtaí a sholáthraíonn cumhacht agus seirbhísí eile don eangach – tugaimid ár gcustaiméirí orthu. Is ó ghineadóirí a thagann an chuid is mó den acmhainn ar an gcóras cumhachtaí, ach tá méadú ag teacht ar an méid acmhainne a thagann ó aonaid a fhreagraíonn don éileamh. Is éard atá i gceist leo sin eagraíochtaí a úsáideann an-chuid leictreachais agus a thoilíonn le níos lú cumhachta a úsáid ag amanna buaicéilimh, nó má iarrtar sin orthu.

I mbliana, táimid ag obair chun caidreamh oibre níos láidre a chothú le DRAI – Comhbhailitheoirí Freagartha Éileamh na hÉireann. Is comhlacht ionadaíoch iad don bhainistiú ar éileamh ar fud oileán na hÉireann. Soláthraíonn siad roinnt seirbhísí chun cabhrú linn an córas cumhachta a oibriú agus a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla. Tá siad thar a bheith úsáideach ó thaobh a chur ar ár gcumas dúinn cur leis an méid leictreachais in-athnuaite is féidir linn a iompar ar an gcóras.

Roimh an bhliain seo, bhíomar ag obair le DRAI uaireanta, agus uaireanta le cuideachtaí aonair ar bhonn ad hoc – rud nach raibh éifeachtach i gcónaí. In 2019, chuireamar cruinnithe ráithiúla ar bun le comhaltaí de chuid DRAI chun príomhcheisteanna a chur in ord tosaíochta agus chun bheith ag obair ar dhúshláin shonracha.

Bhí na cruinnithe sin ina n-ardán do gach páirtí chun riachtanais na bpáirtithe eile a thuiscint, agus chun teacht ar chomhthuiscint eadrainn. Ina theannta sin, bíonn deis rialta ag DRAI anois chun saincheisteanna tábhachtacha a ardú agus a chur chun cinn go díreach linn féin. Agus muid ag tosú ag obair ar na saincheisteanna sin, tá aiseolas dearfach faighte againn cheana féin ó na comhaltaí.

Dúirt Paddy Finn, comhalta de chuid DRAI agus Stiúrthóir Bainistíochta Electricity Exchange: 'Is maith an beart iad na cruinnithe rialta. Spreagann siad dul chun cinn maidir le rudaí a bhfuil gníomh le déanamh ina leith, agus cabhraíonn siad leis an gcinnteoireacht. Leis an gcaidreamh nua, cuireadh ar ár gcumas dúinn freisin foghrúpaí a bhunú chun fiosrú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna casta – rud a bhfuil torthaí le feiceáil air cheana.'

Dúirt Lisa McMullan, comhalta de chuid DRAI agus ceannaire gnóthaí rialála ag GridBeyond: 'Is mór an cúnamh é an cur chuige rannpháirtíochta nua. Bíonn an deis againn anois mionphlé a dhéanamh ar shaincheisteanna margaidh, agus ár ndearcadh féin a chur in iúl do lucht déanta cinntí. Tugann sé seo tuiscint níos fearr dúinn go léir ar an gcaoi a dtéann gach saincheist i bhfeidhm ar pháirtithe leasmhara éagsúla. Anois bímid in ann teacht ar réitigh bhuana.'

**Gill Nolan**
Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara
Féach anseo: **bit.ly/EirGrid_Partners**

# Rannpháirtíocht ar mhaithe le torthaí níos fearr do chách

Aithníonn EirGrid agus SONI gur gá dúinn leathnú agus doimhniú a dhéanamh ar an gcur chuige atá againn faoi láthair maidir leis an rannpháirtíocht. Tá géarghá leis sin má táimid chun ár spriocanna straitéiseacha comhroinnte a bhaint amach. Faoin straitéis nua atá againn, déanfar tástáil ar an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo, agus cuirfear ár ndúshlán i dtaobh dul chun cinn eile fós a dhéanamh. Fágann an ghéarchéim aeráide, agus an straitéis atá againn chun dul i ngleic léi, go bhfuil bunchúis phráinneach leis an gcur chuige sin.

### Rannpháirtíocht leis an bpobal

Níl sé éasca iarraidh ar úinéirí talún agus ar phobail áitiúla glacadh le hinfreastruchtúr nua. Is é an aidhm atá againn na caighdeáin rannpháirtíochta is airde a bhaint amach, agus torthaí níos fearr a bhaint amach dá bharr sin. Feabhsóimid an ról atá againn maidir le daoine a chur ar an eolas faoin athrú aeráide, agus tabharfaimid freagra ar bhealach ciallmhar, áititheach ar dhaoine a bhfuil eagla orthu nó a bhfuil cúis imní acu.

Rinneamar dul chun cinn nach beag ina leith sin sa bhliain airgeadais seo caite. Chun ardán láidir a sholáthar don rannpháirtíocht agus chun cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint atá ag daoine ar an méid a dhéanaimid, chuir EirGrid feachtas fógraíochta nua ar bun in Éirinn. “Grid of Life” a tugadh air, agus seoladh é amach sa bhliain 2018. Tugtar léargas san fheachtas sin ar ról an leictreachais, i radhairc as an ngnáthshaol. Léiríonn sé an tábhacht ollmhór atá le ról EirGrid maidir leis an leictreachas sin a choinneáil ag sreabhadh ar fud na tíre.

Bhí an feachtas sin ar bun ar feadh na bliana. Bhí sé le feiceáil ar an teilifís, i bpictiúrlanna, agus ar na meáin dhigiteacha agus shóisialta, agus bhí sé le cloisteáil ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla raidió. Chonaic nó chuala an-chuid daoine é, lena n-áirítear breis agus leathmhilliún amharc ar Twitter agus dhá mhilliún amharc ar Facebook, as ar tháinig méadú ar fheasacht agus tuiscint an phobail.

Leathanach thall: Seoladh chiste pobail Chnoc an Iúir in 2019.




Ó thaobh na rannpháirtíochta de, ba bhliain ghnóthach í. Lean ár n-ionad faisnéise soghluaiste agus ár bhfoireann idirchaidrimh orthu ag taisteal ar fud na tíre. Ag imeachtaí talmhaíochta áitiúla, thugamar an t-eolas ba dhéanaí don phobal faoi phríomhthionscadail ar nós an Idirnascaire Thuaidh-Theas.

Ina measc siúd bhí Seó Talmhaíochta Bhaile na Lorgan i Muineachán agus Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir sa Chabhán. Ina theannta sin, thugamar an t-eolas ba dhéanaí don phobal agus do pháirtithe leasmhara faoi thionscadal Chonnacht Thuaidh ag Seó Talmhaíochta Mhuine Chonalláin. Ar deireadh, d'fhreastalaíomar ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta thar thrí lá áille gréine i mí Mheán Fómhair.

Chomh maith leis sin, chuireamar comhairliúchán ocht seachtaine ar bun faoi thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh.

D'fhéachamar le haiseolas a fháil ar ghearrliosta ar a raibh trí shuíomh mholta don chábla agus sé zón mholta don stáisiún tiontaithe in oirthear Chorcaí.

I dTuaisceart Éireann, leanamar ar aghaidh leis an rannpháirtíocht maidir lenár dtionscadail eangaí ag roinnt imeachtaí talmhaíochta. Ina measc siúd bhí Seó Baile Mhoireil, Seó Ard Mhacha, Seó na hÓmaí agus Seó Ghleann Chlochair. Bhí ár gcuid seastán gnóthach, agus d'fhreagair ár bhfoireann idirchaidrimh talmhaíochta go leor ceisteanna ón bpobal. An obair a rinneamar ag na seónna sin, chuir sí leis an gcaidreamh atá againn le húinéirí talún agus leis an bpobal i gcoitinne.

Tá ár n-oifigí réigiúnacha in Ard Mhacha, i gCarraig Mhachaire Rois agus i gCaisleán an Bharraigh fós ar oscailt. Cuirtear fáilte roimh an bpobal i gcónaí inár n-oifigí réigiúnacha agus bímid an-sásta ceisteanna a fhreagairt.

Tá borradh mór faoi chlár an chiste pobail go fóill agus é fós ag dul ó neart go neart. Anuraidh dhámhamar os cionn €70,000 ar ghrúpaí pobail i gCiarraí Thuaidh mar chuid de Chiste Pobail Chnoc an Iúir-Dhubhátha. Baineadh úsáid as an airgead sin chun tabhairt faoi réimse leathan tionscnamh pobail. Ina measc siúd bhí tionscadal faoinar ceannaíodh dífhibrileor agus faoinar cuireadh oiliúint a dhaoine maidir le conas é a úsáid. Rinneadh maoiniú freisin ar threalamh cispheile d'fhoireann shóisearach, agus ceannaíodh ríomhairí glúine le haghaidh club iarscoile.

Le blianta beaga anuas, bímid ar ár ndícheall ag féachaint chuige gur ábhar soléite, intuigthe atá á chur os comhair an phobail againn. Aithníodh an iarracht sin ag na Gradaim um Béarla Sothuigthe i rith na bliana. Bronnadh dhá ghradam orainn i mbliana sa chatagóir 'Ardmholadh' le haghaidh dhá cheann de na bróisiúir a bhaineann le tionscadail infreastruchtúir.




## Gleic pholaitiúil

Ar an leibhéal polaitiúil, leanamar orainn ag dul i dteagmháil le hionadaithe tofa. Déanaimid amhlaidh chun iad a chur ar an eolas faoinár ngníomhaíochtaí, agus sa chaoi is gur féidir linn freagra a thabhairt ar cheisteanna óna dtoghcheantair. Chuamar i dteagmháil le húdaráis áitiúla, le tionóil réigiúnacha, leis an Oireachtas, agus le hionadaithe de chuid an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, thángamar os comhair roinnt cruinnithe de chuid Choistí an Oireachtais i rith na bliana.

Ina measc siúd bhí an Coiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol. Ina theannta sin, thángamar os comhair an Choiste um Athrú Aeráide agus an tuarascáil ó Thionól na Saoránach faoi chaibidil aige.

I dTuaisceart Éireann, lean SONI ar aghaidh leis an obair rannpháirtíochta cé nach raibh Feidhmeannas Stormont ag suí.

Chuaigh ár bhfoireann i dteagmháil le daoine i ranna éagsúla de chuid Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Trí eolas agus sonraí a chomhroinnt, tá SONI ag tacú leis an Roinn Geilleagair agus a beartas fuinnimh nuashonraithe á ullmhú aici. Leanamar orainn ag cur eolas ar fáil d'ionadaithe tofa i dTuaisceart Éireann freisin. Bhí údaráis áitiúla, Stormont agus Westminster i gceist ansin.

Ina theannta sin, chuamar i gcomhairle le hionadaithe agus le comhaltaí ag comhdhálacha de chuid na bpáirtithe, agus thionólamar cruinnithe faisnéise in oifigí toghcheantair.

Táimid tar éis dul i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara maidir leis an mBreatimeacht, agus tá an obair sin fós ar bun. Fágann an Breatimeacht go mbaineann éiginnteacht lenár gcuid oibríochtaí, ach táimid ag pleanáil ar an mbonn nach mbeidh tionchar ábhartha aige ar ár ngníomhaíochtaí.

Tá an cur chuige sin bunaithe ar dhearbhuithe ó Rialtas na Ríochta Aontaithe agus ó Rialtas na hÉireann, chomh maith le dearbhuithe ón Aontas Eorpach. Tá sé sonraithe acu go léir go bhfuil siad tiomanta don Mhargadh Leictreachais Aonair uile-oileáin a choinneáil ar bun.

## Urraíocht agus tacaíocht

Rinne Grúpa EirGrid urraíocht ar rudaí éagsúla in 2019. Tá sé mar aidhm againn leis na gníomhaíochtaí sin cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar an méid a dhéanaimid, agus cabhrú le daoine eile an tráth céanna.

Leanamar lenár n-urraíochtaí ar leibhéal an phobail. Áiríodh leis sin ár bpríomhchláir urraíochta le Comhpháirtíocht Pheile Mhuineacháin Aontaithe agus an Chabháin, Féile na Cúlchríche i gCeanannas agus Féile Cheoil Ed Reavy sa Chabhán. I measc na n-urraíochtaí beaga eile a rinneamar anuraidh bhí Comhlachas Tráchtála na Mí, Club Haca Ard Mhacha, Coiste Charnabhal Charraig na Sionainne agus Obair d'Ógra Éireann i gCabhán/Muineacháin.



Thuas: D'éirigh le EirGrid ag Gradaim NALA um Béarla Sothuigthe, 2019.



Ba é 2019 an ceathrú bliain as a chéile ina ndearna EirGrid urraíocht ar Chraobhchomórtas na hÉireann sa Pheil d'imreoirí faoi 20. I dTuaisceart Éireann rinneamar urraíocht arís ar Phríomhroinn Rugbaí Uladh. Chothaíomar an chomhpháirtíocht eadrainn féin agus Club Rugbaí Ard Mhacha trí thacú leis an 'Armagh Blitz', imeacht a raibh an-tóir air. Ghlac os cionn 1,400 páiste as gach cearn den tír páirt sa chomórtas lae sin.

Bíonn na comhpháirtíochtaí sin ina n-ardán dúinn chun bheith i dteagmháil le pobail. Cuireann siad leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar ár gcuid oibre sa réigiún freisin.

Ar cheann de na príomhréimsí a ndírímid air ó thaobh freagracht shóisialta chorparáideach, bímid ag triail fáil réidh le bacainní a bhíonn sa bhealach ar an oideachas. Mar thaca leis sin, chuir SONI síneadh ama lena chomhpháirtíocht le Book Trust NI. Faoin tionscnamh sin, cuirtear an litearthacht chun cinn sna luathbhlianta trí phacáistí leabhar a sholáthar do theaghlaigh chun iad a spreagadh le bheith ag léamh le chéile.

Chuaigh EirGrid i gcomhpháirtíocht le Clár Rochtana Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath freisin chun tacú le mic léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

Ar deireadh, bhíomar rannpháirteach sa chlár ‘Rochtain ar an Áit Oibre’. Faoin gclár sin, tagann mic léinn ón Scéim Rochtana in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar intéirneachtaí samhraidh in EirGrid. Ina theannta sin, cuireann SONI roinnt socrúcháin taithí oibre seachtaine ar fáil do mhic léinn ó Thuaisceart Éireann i rith na bliana.

## Custaiméirí agus páirtithe leasmhara

Ceann de bhuaicphointí na bliana arbh ea dul i dteagmháil lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara maidir leis an straitéis a bheidh againn do na blianta atá romhainn. Rinneamar an obair sin mar chuid d'fhorbairt agus feidhmiú straitéis nua Ghrúpa EirGrid, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019.

Mar chuid den phróiseas trína ndearnadh forbairt ar straitéis nua EirGrid agus SONI, reáchtálamar cruinnithe ar an leibhéal feidhmiúcháin le 35 eagraíocht. Bhí páirtithe leasmhara ó gach earnáil ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann páirteach iontu.

Thuas: Daniel Caines ón bhfoireann idirchaidrimh agus é ag bualadh le daoine den phobal ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

In Éirinn, airíodh ina measc siúd ESB, an Coiste Comhairleach Náisiúnta, Chambers Ireland, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Coimisiún Eorpach agus IBEC. I dTuaisceart Éireann, lorgaíomar léargas agus tuairimí ó NIE Networks, ó Aontas Feirmeoirí Uladh, ó phobal gnó Thuaisceart Éireann, ón tionscal fuinnimh agus ó Chomhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann.

Ar cheann de phríomhimeachtaí eile na bliana ó thaobh na bpáirtithe leasmhara de, bhí SONI rannpháirteach leis an nGrúpa Páirtithe Leasmhara Saineolacha um Dhúshláin.

Bhunaigh an Rialálaí Fóntas i dTuaisceart Éireann an grúpa sin mar chuid de phróiseas SONI um Rialú Praghsanna.

Ar an ngrúpa sin tá páirtithe leasmhara neamhspleácha a bhfuil an-taithí acu sa tionscal agus a bhfuil an-eolas acu ar earnáil leictreachais Thuaisceart Éireann. Ba chloch mhíle thábhachtach é sin maidir le tús a chur leis an rannpháirtíocht i ndáil leis an gcéad tréimhse eile um Rialú Praghsanna. Ina theannta sin, ba mhaith an deis a thug sé do SONI a chur in iúl go soiléir céard atá i gceist aige a bhaint amach sna cúig bliana atá romhainn.

Bhí áthas ar EirGrid freisin gur bhunaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas an Painéal Meastóireachta um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara i gcás na Líonraí.

Baill foirne de chuid an Choimisiúin, ionadaithe ón tionscal agus páirtithe leasmhara eile atá ar an bpainéal sin. Cuireadh de chúram ar an bpainéal na hoibreoirí líonra a mheasúnú agus a scóráil.

Ba í an aidhm a bhí acu measúnú a dhéanamh ar cháilíocht, cur i bhfeidhm agus éifeachtacht a gcuid straitéisí maidir le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Bhí EirGrid sásta gur bhronn an Painéal scór 7.14 as 10 air i leith a chuid gníomhaíochtaí in 2018.

D'fháiltíomar freisin roimh aiseolas ón bpainéal maidir le réimsí a bhféadfaí díriú orthu amach anseo. Ós rud é gur prionsabal is bonn lenár gcuid oibre go léir é an feabhsú leanúnach, táimid ar ár ndícheall ag iarraidh scór níos airde a bhaint amach in 2019.

Leanamar ag cothú an chaidrimh eadrainn féin agus an pobal gnó. Cuidíonn sé sin linn teacht ar thuiscint níos fearr ar na dúshláin atá rompu agus cabhraíonn sé linn pleanáil a dhéanamh maidir le húsáid leictreachais san am atá le teacht. I dTuaisceart Éireann, chuamar i gcomhairle le Cónaidhm Thionscail na Breataine, leis an Institiúid Stiúrthóirí, le Comhlachas Thuaisceart Éireann, le Cónaidhm na nGnóthas Beag, le Cumann Miondíola Thuaisceart Éireann agus le Comhlachas Dhoire.

In Éirinn, chuamar i gcomhairle le GFT, IBEC, Cumann Leictreachais na hÉireann, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus go leor de na comhlachais áitiúla ar fud na tíre.

## Gnóthas freagrach

### Gnó sa phobal

Arís eile in 2019, bhí an-bhaint ag EirGrid leis an nGrúpa Ceannairí um Inbhuanaitheacht atá ag Gnó sa Phobal in Éirinn.

Tá EirGrid ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa um Gheilleagar Ísealcharbóin le Líonraí Gáis Éireann. Bhí an Grúpa seo freagrach as an nGealltanas Ísealcharbóin a fhorbairt.

Faoin ngealltanas sin, cuireann cuideachtaí de cheangal orthu féin a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030. Ba chúis bhróid ag EirGrid é an gealltanas sin a shíniú in 2018, agus foilsíodh an chéad tuarascáil chomhpháirteach ar dhul chun cinn i mí an Mheithimh 2019.

In 2019 freisin, bronnadh an Comhartha um Lucht Gnó ag Obair ar Bhealach Freagrach ar EirGrid den cheathrú huair. Is bailíochtú seachtrach é lena léirítear gur mór againn an fhreagracht shóisialta chorparáideach agus an inbhuanaitheacht. Níos tábhachtaí fós, ba í an fhoireann ina hiomláine a rinne an t-éacht sin. Rinne daoine ar fud an ghnó a gcuid agus an t-iarratas á ullmhú againn agus fianaise á bailiú againn, agus tráth a raibh an t-iniúchadh ar bun.

### Gealltanais a dhéanaimid ó thaobh Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC)

Tá EirGrid tiomanta do bheith ina ghnóthas atá freagrach go sóisialta. In 2019, bhí an straitéis maidir le freagracht shóisialta chorparáideach i bhfeidhm againn don dara bliain as a chéile. Tá an straitéis sin bunaithe ar chúig ghealltanas barr feabhais. I measc na ngníomhaíochtaí a bhain le gach gealltanas i mbliana bhí:

### Prionsabail

Chuireamar an inbhuanaitheacht leis na réimsí lárnacha freagrachta. Is iad an t-oideachas agus infreastruchtúr pobail na réimsí lárnacha eile.

### Cumhacht

Rinneamar físeán faisnéise tráth a raibh deireadh á chur leis an gclár ‘Power Off and Save’ ag teannadh le deireadh na bliana 2018.



Leathanach thall: Fergal Keenan, oifigeach idirchaidrimh talmhaíochta, agus é ag bualadh le daoine den phobal ag Seó Ard Mhacha.

Bhí an clár píolótach sin ar siúl ar fud na hÉireann idir 2016 agus 2018. Faoin gclár, tugadh eolas do thomhaltóirí faoi na roghanna a úsáideann EirGrid chun an eangach a bhainistiú, agus tugadh luach saothair dóibh as níos lú fuinnimh a úsáid nuair a bhíonn éileamh ard ar an leictreachas.

**Caomhnú**

Shínigh Grúpa EirGrid an Dearbhú um Eangacha Mara. Gealltar sa Dearbhú go bhforbrófar tionscadail mhuirí ar bhealach atá ag teacht le prionsabail maidir le caomhnú an dúlra agus rannpháirtíocht luath leis na páirtithe leasmhara.

**Dearfacht**

Sheolamar 'Give Time, Get Time', comórtas atá dírithe ar bhaill foirne in SONI agus in EirGrid, sa chaoi is go bhféadfaidís am saor íoctha a bhuachan chun obair dheonach a dhéanamh le carthanas dá rogha féin.

**Daoine**

Tá sé ina aidhm againn leis an gclár éagsúlachta a chinntiú go meallfaimid agus go gcoinneoimid réimse leathan tallainne i ngach ceann dár ngnóthaí.

Táimid dírithe go háirithe ar éagsúlacht inscne a fheabhsú ar fud an ghrúpa agus ar gach leibhéal. Tacaímid leis an aidhm sin le roinnt tionscnamh. Ina measc siúd tá comhpháirtíocht eadrainn féin agus an Líonra do Mhná Gairmiúla, Baile Átha Cliath, ár gcláir iontrála do chéimithe agus ár scéimeanna forbartha agus oiliúna. Reáchtálamar imeachtaí gaolmhara freisin ar Lá Idirnáisiúnta na mBan agus chuireamar feachtas ar bun sna meáin shóisialta inar díríodh aird ar na mná tréitheacha atá ag obair linn.





# Ciste pobail a rith

Ní bhíonn fonn ar phobail áitiúla i gcónaí glacadh le línte tarchurtha lasnairde nua. Sin é an fáth ar bhunaíomar ciste tacaíochta pobail EirGrid i ndáil leis na tionscadail seo. Faoin gciste sin, tugtar aitheantas don eolas, an tacaíocht agus an comhoibriú áitiúil a mbímid ag brath orthu.

Le déanaí, d'fhorbair EirGrid fostáisiún nua agus roinnt línte lasnairde atá nasctha leis i gCoill Mhaonaigh i gCiarraí Thuaidh. Chun buíochas a ghabháil leis an bpobal áitiúil as a n-ionchur agus as a dtacaíocht i leith an tionscadail sin, bhunaíomar ciste Chnoc an Iúir-Dhubhátha, arbh fhiú €70,500 é.

Ba é sin an chéad Chiste Pobail a raibh mé féin ag obair air. Reáchtálamar an ciste sin i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí. D'iarramar ar na pobail áitiúla tionscadail a aithint a d'fhéadfadh leas a bhaint as an gciste.

Is mian linn deontais a thabhairt a rachaidh chun tairbhe an oiread daoine agus is féidir sa phobal – mar sin bhí tionscadail oideachais pobail á lorg againn, nó pleananna le haghaidh taitneamhachtaí áitiúla. Rinneadh iarratais ar bheagnach dhá oiread mhéid iomlán an chiste, mar sin bhí ar an bhfoireann measúnaithe neamhspleách a rogha a dhéanamh go cúramach.

D'fhógraíomar na tionscadail ar éirigh leo in Ionad Pobail Chnoc an Iúir i mí Dheireadh Fómhair 2018. Bhí an-áthas orainn filleadh ar an gceantar chun an dea-scéala a insint don phobal.

San iomlán, bronnadh deontais ar 13 thionscadal faoin gciste sin. Ina measc siúd bhí siúlbhealach poiblí timpeall na páirce i gClub CLG Dhubhátha, gairdín pobail i Scoil Chorp Chríost, agus a lán eile.

Ina theannta sin, rinneamar maoiniú ar roinnt spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ag Ionad Pobail Chnoc an Iúir. Chonaic mé féin na hoibrithe á gcríochnú nuair a thugamar síos linn na seiceanna ollmhóra don seoladh!

Tá bliain imithe tharainn anois ó bronnadh na deontais sin, agus mar sin táimid ag fáil an scéala is nuaí ó na grúpaí a ndearnamar maoiniú orthu. Is mór an sásamh dúinn é tionchar mór dearfach an chiste seo a fheiceáil.

**Derval O'Brien**
Bainisteoir an Chláir um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach
Féach anseo: **bit.ly/EirGrid_Community**

# Éachtaí ó thaobh FSC 2019



## BUNPHRIONSABAIL

Sábháladh
**80,000**
**bileog pháipéir** in 2019
toisc gur lorgaíomar tairiscintí go leictreonach, rud ba chúis le
**SÁBHÁIL 33 K DE CHARBÓN**



Íocadh
**€4 MHILLIÚN**
**le Státchiste na hÉireann**



Bronnadh an Comhartha **um Lucht Gnó ag Obair ar Bhealach Freagrach** ar EirGrid den cheathrú huair



Cuireadh **SONI** ar ghearrliosta **Ghradaim na nGnóthas Freagrach**



## CUMHACHT

Is ó **fhoinsí in-athnuaite** a tháinig **40%** den éileamh **leictreachais** i **dTuaisceart Éireann** sa 12 mhí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019




Foilsíodh cásanna maidir **le húsáid fuinnimh** amach anseo **in Éirinn** agus **reachtaíodh comhairliúchán** **i dTuaisceart Éireann**



Gealltanas tugtha ag EirGrid **go mbeidh 70%** den leictreachas ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite **faoin mbliain 2030,** mar atá leagtha amach i **Straitéis 2020-2025**

19



## CAOMHNÚ

D'éirigh le EirGrid a úsáid fuinnimh a laghdú 42% i gcomparáid leis an mbonnlíne cé nach raibh ach 33% mar sprioc aige

Cluain bláthanna fiáine curtha in SONI

Coimeádáin bhia inmhúirínithe tugtha isteach in EirGrid

Tacaíocht tugtha do chlár de chuid Chairde na Cruinne darb ainm 'Solar for Schools'



## DEARFACHT

Méadú 23% ar líon na n-uaireanta corparáideacha deonacha

€110,878 tugtha do charthanais & grúpaí pobail ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann

41 lá de chomhairliúchán pobail ar phríomhthionscadail infreastruchtúir

Seoladh clár oibre deonaí nua darb ainm 'Give Time | Get Time'



## DAOINE

0 TIMPISTE AR BITH san áit oibre

Lá Idirnáisiúnta na mBan i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath

FORBAIRT SCILEANNA

Innealtóireacht, Gnó, Eacnamaíocht, TF (Clár Ildisciplíneach do Chéimithe), Cláir Intéirneachtaí agus Socrúchán Oibre

Deiseanna cláir le cumasú do dhaoine tús a chur le gairm in earnáil an fhuinnimh

ÉAGSÚLACHT & IONCHUIMSIÚ

32 náisiúnach difriúil

# Meas a bheith againn ar na daoine atá ag obair linn agus tacú lena n-uaillmhianta

Tá Grúpa EirGrid bródúil as na daoine atá ag obair linn agus as na héachtaí atá déanta acu. Sin an fáth a bhfuil a gcuid scéalta le léamh ar fud na tuarascála seo. Le linn 2019, bhíomar seasta ag obair lena chinntiú go bhféadfadh ár mbaill foirne ár n-uaillmhianta a chomhlíonadh.

Rinneadh athnuachan ar an gclár aitheantais atá againn do na baill foirne, 'Going the Extra Mile'. Rinneamar leathnú ar an gclár chun níos mó catagóirí oibre a chur san áireamh ann ar fud an Ghrúpa.

Ainmníonn baill foirne daoine aonair nó foirne ar sampla den scoth iad d'aon cheann dár luachanna agus cuireann siad ar aghaidh iad le haghaidh aitheantas a thabhairt dóibh.

Leanann Grúpa EirGrid béim mhór ar fhorbairt na ndaoine a bhíonn ag obair linn.

Dá bhrí sin, bíonn na cláir forbartha foirne agus ceannaireachta dár gcuid, 'EirSkills', ar bun againn gach bliain. Ghlac 343 ball foirne páirt i gclár oiliúna i mbliana.

Na cláir oiliúna agus forbartha a chuirimid ar fáil, bímid seasta á bhfeabhsú agus á bhforbairt. Leis sin, féachaimid chuige go mbíonn na bearta idirghabhála ag teacht leis an straitéis atá againn agus go bhfreastalaíonn siad ar na riachtanais atá ag na daoine.

Chuireamar clár nua ar siúl i mbliana do na baill foirne a bhíonn ag plé le custaiméirí. Is cúrsa praiticiúil, an-idirghníomhach é, dar teideal 'Managing Community Relations'.

Cuid lárnach de straitéis Ghrúpa EirGrid is ea ár mbaill foirne a bheith rannpháirteach linn. Tá féilire imeachtaí gnóthach againn i gcomhair na bliana. I measc na n-imeachtaí tá ceiliúradh i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na mBan, gradaim 'Going the Extra Mile', cláir ionduchtúcháin do ghrúpaí agus imeachtaí spóirt agus ócáidí sóisialta.

I mí Mheán Fómhair 2019, reáchtálamar sraith tionscnamh 'Wellness Week' inar leagadh béim ar fholláine choirp agus ar mheabhairfholláine. Ghlac baill foirne páirt i gceardlanna, in imeachtaí ag a raibh aoichainteoir, i ranganna aclaíochta agus i seiceálacha sláinte.

Ba é buaicphointe na seachtaine ná dúshlán spineála ar an láthair a bhí dírithe ar gach duine, beag beann ar a gcumas – chaith go leor daoine in EirGrid agus SONI a gcuid éadaí aclaíochta i gcomhair an lae!

Táimid ag glacadh go fonnmhar leis an ré dhigiteach trí na meáin shóisialta agus an t-idirlíon a úsáid. Bainimid úsáid as na meáin sin chun cur leis an iomrá corparáideach atá orainn mar rogha fostóra agus chun na daoine is fearr a mhealladh.

Táimid tosaithe ag baint úsáid as ionaid measúnaithe ina mbaintear an-leas as an teicneolaíocht agus céimithe á n-earcú againn. Laghdaigh an méid sin an tionchar a bhíonn againn ar an gcomhshaol agus mhéadaigh sé ár n-éifeachtúlacht leis. Le linn an dá bhliain amach romhainn, déanfaimid iarracht triail a bhaint as an bpróiseas sin inár bhfeachtais ghinearálta earcaíochta.

Chuireamar fáilte roimh líon mór céimithe i mí Mheán Fómhair na bliana seo. Cuireadh ag obair ar fud an ghrúpa iad tríd an gclár atá againn do chéimithe, clár ilghnéitheach a mbíonn an-spéis ag na rannpháirtithe ann.

### Forbairt straitéisí

Leagamar béim ar leith i mbliana ar rannpháirtíocht foirne i leith Straitéis an Ghrúpa 2020-25. D'iarramar aiseolas agus léargais ó dhaoine aonair ar fud an ghrúpa i bpróiseas trína raibh ionchur ag go leor de na baill foirne sa straitéis. Rinneamar tionscadail taighde freisin ar theicneolaíocht an eolais agus ar chultúr. Bhí sé i gceist againn leis sin tuiscint a fháil ar na príomhthreochtaí agus ar an tionchar straitéiseach a d'fhéadfadh a bheith acu ar EirGrid agus SONI.

Chuireamar sraith agallamh leathstruchtúrtha ar bun freisin. Cuireadh ar bun iad i gcomhar le hoibreoirí córas tarchurtha eile, le cuideachtaí teicneolaíochta agus le cuideachtaí leathstáit Éireannacha.

Chomh maith leis sin, chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann agus chuireamar ar an eolas iad maidir leis an gcaoi a raibh an fhorbairt straitéise ag dul chun cinn i rith na bliana. Ag seoladh na straitéise i mí Mheán Fómhair tugadh aitheantas don obair a bhí déanta ag baill foirne ina leith. Thug an seoladh an-spreagadh do dhaoine freisin i dtaobh na ndeiseanna atá romhainn le tapú.

### Teicneolaíocht Faisnéise

Úsáidtear córais ardchasta, idirspleácha TF le bonn a chur faoinár mbunfheidhmeanna. Tá feidhmiú na gcóras sin fíor-riachtanach chun cabhrú leis na baill foirne ár gcuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Le measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhíonn na córais ríthábhachtacha sin, déanfaimid a n-infhaighteacht a thomhas. Bhí fáil 99%+ in 2019 ar an gcóras bainistíochta fuinnimh agus ar na córais nua-chomhtháite i gcomhair an Mhargaidh Leictreachais Aonair.

Bhíomar dírithe in 2019 ar na córais mhargaidh a shocrú síos ionas go mbeidís ina ngnáthoibríochtaí. Bhí sé sin ina thoradh ar chomhtháthú an Mhargaidh Leictreachais Aonair le mórmhargaí fuinnimh na hEorpa ar an 1 Deireadh Fómhair 2018.

Chuireamar feabhas ar an gcumas seirbhíse atá againn ar bhealaí éagsúla. Áiríodh leis sin catalóg seirbhísí a bhunú, úinéirí a shannadh i leith na seirbhísí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis bainistíochta seirbhíse. Thosaíomar ag feidhmiú seirbhís TF 24x7 ar an láthair chun tacú leis an margadh nua.

Ina theannta sin, d'fhorbraíomar uirlis nuálach TF chun sonraí a léirshamhlú. Is féidir tabhairt faoi thaiscéalaíocht sonraí agus ard-anailísíocht leis an uirlis sin, agus tá sí an-úsáideach ó thaobh anailís a dhéanamh ar bhuaicphraghsanna. Leis an uirlis nua freisin, tá uathoibriú déanta ar chruthú roinnt tuarascálacha a bhaineann le feidhmiú an Mhargaidh Aonair Leictreachais.


Ag foghlaim sa phost

"Ba é an chúis ba mhó a theastaigh uaim a bheith ag obair i nGrúpa EirGrid ná an deis a bhíonn ann a bheith ag obair in an-chuid réimsí éagsúla. Chomh maith leis sin, is cúis spreagtha an bhéim a leagtar ann ar an inbhuanaitheacht." **-** *Rachel*

"Bhí an t-ádh orm an deis a bheith agam bliain de mo chúrsa ollscoile a chaitheamh ar socrúchán le SONI. Bhain mé an-taitneamh as bheith ag foghlaim faoi dhúshláin theicniúla a bhaineann le hoibriú an chórais tarchurtha. Mar sin bhí áthas an domhain orm áit a fháil ar an gclár iarchéime tar éis dom mo chúrsa san innealtóireacht córas cumhachta a chríochnú." – *Matthew*

"Tá an-taithí ar réimsí éagsúla le fáil ar an gclár iarchéime. Rinne mé staidéar ar Thráchtáil sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus mar sin is féidir liom an méid atá foghlamtha agam a chur i bhfeidhm ar go leor bealaí. Agus mé ag obair anseo, bíonn baint agam lena lán réimsí éagsúla – beidh mé ag obair le trí fhoireann éagsúla i gcaitheamh dhá bhliain." – *Rachel*

"Bhí mé ag obair le dhá fhoireann de chuid SONI go dtí seo. I mo bhall den fhoireann pleanála rochtana a bhí mé ar dtús, agus anois táim ag obair leis an bhfoireann a dhéanann anailís ar chórais fuinnimh. Sa ról seo táim ag obair ar an gcóras tarchurtha Eorpach a shamhaltú i leith cásanna éagsúla eacnamaíochta. Cabhraíonn na cásanna sin le córais tarchurtha na hEorpa a chinneadh conas spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh. Is géar an cuar foghlama é, ach roinn na daoine in SONI a gcuid tuairimí agus scileanna go fial flaithiúil liom chun tacú liom leis an dúshlán seo." – *Matthew*

"Is é an príomhról atá agam anois ná a bheith ag obair maidir le cumarsáid inmheánach agus rannpháirtíocht fostaithe. I mo chéad socrúchán, bhí mé ag obair chun an straitéis nua a sheoladh os comhair 500 fostaí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste. Ba bhuaicphointe é sin. I mo phost féin, cinntím go dtuigeann fostaithe go bhfuil ról ríthábhachtach ag a gcuid oibre ó thaobh an straitéis a chur chun feidhme. Mar gheall air sin, bím i dteagmháil le baill foirne sna seacht stiúrthóireacht – lena n-áirítear an fhoireann ardcheannaireachta – rud a mbainim an-sásamh as." – *Rachel*

"Is cúis spreagtha dom an méid freagrachta atá glactha ag an gcuideachta. Is iontach an t-am é le bheith i d'innealtóir cumhachta. Is iontach an rud é freisin a fhios a bheith agam go bhfuil an-difríocht á déanamh againn tríd an gcóras cumhachta a athrú ó bhonn ar mhaithe leis na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh." – *Matthew*

**Rachel Harrington agus Matthew Whiteside**
Rannpháirtithe sa chlár iarchéime
Féach anseo: **bit.ly/EirGrid_Graduates**

# Bord Ghrúpa EirGrid



**An líne chúil, ó chlé go deas:**
Liam O'Halloran, Lynne Crowther, Tom Coughlan,
John Trethowan, Michael Hand, Shane Brennan, Michael Behan.

**An líne thosaigh, ó chlé go deas:**
Eileen Maher, Brendan Tuohy, an Dr Theresa Donaldson, Mark Foley.



# Bord Ghrúpa EirGrid

**Brendan Tuohy**
**Cathaoirleach**
Ceapadh Brendan Tuohy ina chathaoirleach ar Bhord EirGrid i mí na Samhna 2019. Bhí sé ina Ard-Rúnaí sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha sa tréimhse 2000-2007. Ó shin i leith, bhí sé ina stiúrthóir ar bhoird cuideachtaí éagsúla.

Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus tá cáilíochtaí iarchéime san innealtóireacht chomhshaoil agus sa bhainistíocht chomhshaoil aige ó Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Innealtóir Cairte é, is Comhalta é de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus is Comhalta é d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.

Ina theannta sin, tá Brendan ag fónamh faoi láthair sna róil seo: Cathaoirleach ar MAREI (Lárionad na Fondúireachta Eolaíochta um Aeráid, Fuinneamh agus Cúrsaí Mara); Cathaoirleach ar TILDA (Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú); Cathaoirleach ar Thionscnamh na Náisiún Aontaithe um Ríomh-Scoileanna agus Pobail Dhomhanda, agus Cathaoirleach ar Chomhairle Cáilíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

**An Dr. Theresa Donaldson**
**Leas-Chathaoirleach agus Comhalta Boird**
Tá an Dr. Theresa Donaldson ina Stiúrthóir Cairte de chuid na hInstitiúide Stiúrthóirí.

Tá sí ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le Bord Promhaidh TÉ, le Coimisiún Comhionannais TÉ agus leis an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha.

Tá sí ina comhalta de Phainéal Araíonachta na nAturnaetha de chuid an Tiarna Príomh-Bhreitheamh i gcomhair Thuaisceart Éireann agus de Choiste Achomharc Thuaisceart Éireann i gcomhair BBC Children in Need. Bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh (idir Meitheamh 2014 agus Meán Fómhair 2018) agus ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Buirge Craigavon (2010-2014). Roimhe sin, bhí roinnt poist shinsearacha ag Theresa i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta agus i seirbhísí dlí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear an Stiúrthóir Beartais agus Seachadadh Státseirbhíse i gCoimisiún Seirbhísí Dlí Thuaisceart Éireann.

**Shane Brennan**
**Comhalta Boird**
Ceapadh Shane Brennan chun Bhord EirGrid i mí na Nollag 2016 mar ionadaí foirne EirGrid. Tá céim san innealtóireacht aige ó Ollscoil Uladh, mar aon le dioplóma iarchéime san Innealtóireacht Chomhshaoil

ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus dioplóma iarchéime sa rialachas corparáideach ó Scoil Smurfit, Coláiste na hOllscoile, BÁC. Is comhalta d'Innealtóirí Éireann é, leis. Tá taithí breis is 20 bliain aige san innealtóireacht agus thosaigh sé in EirGrid in 2008 mar Bhainisteoir Tionscadail sa rannán forbartha eangaí.

Tá sé ina Bhainisteoir Tionscadail Sinsearach ar an ngné de Thionscadal an Idirnascaire Thuaidh Theas a bhaineann le Tuaisceart Éireann agus rinne sé ionadaíocht ar son na cuideachta ag roinnt mhaith ócáidí poiblí fud fad oileán na hÉireann.

### Tom Coughlan

**Comhalta Boird**

Tá taithí fhairsing ag Tom Coughlan i gcúrsaí bainistíochta agus ceannaireachta, agus bhí sé ina phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir nuair a d'imigh sé ar scor tar éis dó a ghairm a chaitheamh sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aige ar an earnáil phoiblí, agus bhí sé ina chathaoirleach ar choistí agus ar bhoird éagsúla ar leibhéil náisiúnta agus áitiúla.

Is é Tom Cathaoirleach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin i bhFáilte Éireann. Tá sé ina chomhalta tuata den Choiste um Ghearáin agus um Chaidreamh le Cliaint de Dhlí-Chumann na hÉireann, tá sé ina Theagascóir Cúnta leis an bhForas Riaracháin, agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Stiúrthóirí in Éirinn.

### Lynne Crowther

**Comhalta Boird**

Is sainchomhairleoir meán sóisialta í Lynne a bhfuil go leor taithí aici. Tá gradaim bainte amach aici as ábhar ar líne a d'fhorbair sí agus a chuir sí i bhfeidhm do go leor eagraíochtaí gormshlise.

Tá obair curtha isteach aici ar thionscnaimh áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta do réimse leathan comhlachtaí agus cuireann sí treoir, oiliúint, meantóireacht, gníomhachtú agus measúnú ar fáil.

Bíonn Lynne ag léachtóireacht freisin ar an gcúrsa Teastais Iarchéime/Dioplóma/Máistreachta sa Chumarsáid ar na Meáin Dhigiteacha in Ollscoil Uladh, i réimse na straitéise digití agus na straitéise ábhair.

Tá sí ina comhalta ar bhord Chomhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann agus scríobhann sí blag a bhfuil duaiseanna buaite aige.

### Mark Foley

**Comhalta Boird**

Tháinig Mark Foley chuig Grúpa EirGrid mar phríomhfheidhmeannach i Meitheamh 2018. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Réitigh Talún le Coillte ó Eanáir 2016 go dtí sin. Roimhe sin, bhí Mark ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Coillte Enterprise agus bhí sé i gceannas ann ar fhorbairt gnóthas nua i réimsí an fhuinnimh in-athnuaite, na teileachumarsáide, na forbartha talún agus díolacháin talún.

Roimhe sin arís, idir Samhain 2000 agus Lúnasa 2008, bhí Mark ina Stiúrthóir ar Chláir Chaipitiúla Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa ról sin, bhí sé freagrach as máistirphlean a chur le chéile, cead a lorg, pleanáil agus seachadadh a dhéanamh ar bhonneagar aerfoirt dar luach thart ar €1.5 billiún in aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne, agus Chorcaí.

Bhí roinnt ról mar fheidhmeannach sinsearach ag Mark roimhe sin le cuideachtaí ilnáisiúnta i réimsí na saincheimiceán agus na leictreonaice. Tá Céim san Innealtóireacht Cheimiceach ag Mark ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar aon le Máistreacht san Innealtóireacht Thionsclaíoch ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá cúrsaí san fhorbairt d'fheidhmeannaigh déanta aige in Ollscoil Penn State agus IMD.

### Michael Hand

**Comhalta Boird**

Ceapadh Michael Hand chun Bhord EirGrid i mí Iúil 2015 go ceann tréimhse cúig bliana. Tá an-taithí faighte ag Michael le breis is 30 bliain anuas mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha tógála agus innealtóireachta comhairlí in Éirinn. D'fhóin sé mar Stiúrthóir agus Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí príobháideacha agus poiblí araon.

Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin chomh maith. Tá sé léirithe arís agus arís eile aige ar fud na hÉireann go bhfuil sé in inmhe mórthionscadail infreastruchtúir straitéisigh a thabhairt chun críche. Chuir sé obair na gcapall isteach mar oibrí deonach agus mar Stiúrthóir san earnáil pobail dheonaigh.

Is fear ardcháilithe é Michael san innealtóireacht agus i gcúrsaí gnó. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó OÉ Gaillimh, mar aon le Céim Mháistir sa Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Sa bhliain 2014, bhronn Ollscoil Teicneolaíochta BÁC Dochtúireacht Oinigh air mar aitheantas ar a bhfuil déanta aige mar innealtóir, mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí agus ar mhaithe leis an bpobal. Tá sé ina Chomhalta i gceithre institiúid ghairmiúla agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil é freisin.

### Eileen Maher

**Comhalta Boird**

Is comhairleoir straitéiseach í Eileen a bhfuil an-taithí aici tar éis di bheith ag obair san earnáil teileachumarsáide le 30 bliain anuas. Tá sí ina Comhalta ar Bhord GNBS agus ar Choiste Comhlíonta Údarás Craolacháin na hÉireann chomh maith.

Bhí sí ina Stiúrthóir ar Rannán Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha Vodafone. Tá taithí láidir aici sna réimsí straitéiseacha, tráchtála, bunathraithe chun feabhais, rialála agus dlí. Tá teist go dtí seo aici maidir le príomhthionscadail infreastruchtúir straitéisigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá teist aici freisin maidir le comhfhiontair thráchtála, comhpháirtíochtaí agus fáltais a chaibidliú.

### Liam O'Halloran

**Comhalta Boird**

Tá neart taithí ag Liam O'Halloran ar an bhfoireann ardbhainistíochta i gcuideachtaí leictreonaice agus teileachumarsáide ilnáisiúnta. Bhí post ag Liam roimhe seo mar Leasuachtarán Sinsearach DEX Europe, cuideachta atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a sholáthraíonn seirbhísí deisithe agus lóistíochta do mhórchomhlachtaí leictreonacha ilnáisiúnta agus mar Leasuachtarán ar Oibríochtaí Eorpacha le Jabil Global Services, cuideachta a chuireann seirbhísí leictreonacha ar fáil ar fud an domhain.

Bhí Liam ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Custaiméirí agus Rialála le Magnet Networks chomh maith agus ina dhiaidh sin bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar ALTO, Cumann Oibreoirí Teileachumarsáide Malartaí. Tá sé ina Stiúrthóir ar Alcomis, ar comhairleacht forbartha cuideachtaí é a bhfuil cliaint aige in earnálacha na leictreonaice, na mbogearraí, an dáileacháin agus na seirbhísí.

Bhí Liam ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Custaiméirí agus Rialála le Magnet Networks chomh maith agus ina dhiaidh sin bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar ALTO, Cumann Oibreoirí Teileachumarsáide Malartaí. Tá sé ina Stiúrthóir ar Alcomis faoi láthair, ar comhairleacht forbartha cuideachtaí é a bhfuil cliaint aige sna hearnálacha bogearraí, ríomhfhoghlama agus seirbhísí.

### John Trethowan

**Comhalta Boird**

Is as Contae an Dúin ó dhúchas do John Trethowan. Tá sé pósta agus tá mac amháin aige. Bhain sé slí bheatha amach mar Bhaincéir agus tá ina cheannaire anois ar an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa, a chuireann meicníocht achomhairc ar fáil do Ghnóthais Bheaga agus Feirmeacha ar diúltaíodh creidmheas bainc dóibh in Éirinn. Tá sé ina Choimisinéir de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann freisin, agus ina chomhalta dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá John ina chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta EirGrid, agus tá sé ina chomhalta den Choiste Riosca. Tá an-taithí go deo ag John sa seomra boird sna hearnálacha baincéireachta, iompair phoiblí, cúraim sláinte phoiblí agus san earnáil dheonach.

### Michael Behan

**Rúnaí Cuideachta (Eatramhach)**

Ceapadh Michael Behan ina Rúnaí Cuideachta le EirGrid ar bhonn eatramhach i mí Aibreáin 2019. Is é atá ina Ghrúprialtóir Airgeadais le Grúpa EirGrid chomh maith. Tá taithí breis is 25 bliain aige ina Chuntasóir Cairte, agus é ag plé le hearnáil na tionsclaíochta agus leis an iniúchóireacht. Is Comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte é agus tá Dioplóma aige san Airgeadas Corparáideach.

# Ár bhFoireann Feidhmiúcháin



**Jo Aston**
**Stiúrthóir Bainistíochta, SONI.**
Tháinig Jo Aston ag obair le Grúpa EirGrid mar Stiúrthóir Bainistíochta ar SONI Ltd i mí na Bealtaine 2019. Bhí sí ag obair roimhe sin leis an Rialálaí Fóntas, áit a raibh sí ina Stiúrthóir ar Rialáil Fuinnimh Mórdhíola le breis is cúig bliana anuas, agus ar fhóin sí i róil eile roimhe sin. Sa ról sin, bhí sí freagrach as an Margadh Leictreachais Aonair a rialú ar an oileán, i gcomhpháirtíocht leis an rialálaí leictreachais i bPoblacht na hÉireann.

In 2018, bhí Jo i gceannas ar athdhearadh ó bhonn ar an Margadh Leictreachais Aonair. Mar chuid den obair sin, tugadh isteach socruithe nua chun an iomaíocht a threisiú agus cur leis an mbrú anuas ar phraghsanna.

Sula raibh sí ag plé le rialáil leictreachais, chaith Jo seacht mbliana ina stiúrthóir ar rialáil uisce. Is céimí í de chuid Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, is innealtóir sibhialta cairte í agus chaith sí seal ag obair san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.



**Rodney Doyle**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Oibríochtaí Margaidh agus Bainisteoir Ginearálta, SEMO**
Ceapadh Rodney Doyle mar Stiúrthóir na nOibríochtaí Margaidh agus mar Bhainisteoir Ginearálta Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO) i mí Iúil 2015. Bhí sé ina Stiúrthóir roimhe sin ar na Seirbhísí Faisnéise ó mhí Feabhra 2013.

Bhí roinnt poist eile in EirGrid ag Rodney freisin, lena n-áirítear Bainisteoir um Chomhtháthú an Mhargaidh Eorpaigh; Bainisteoir an tionscadail um ullmhacht ghnó don Idirnascaire Soir Siar; agus Bainisteoir na Seirbhísí Coimhdeacha. Mar chuid de na róil sin a bhí aige bhí sé i gceannas ar thionscadail chun córais agus beartais mhóra a chur i bhfeidhm, rudaí atá á n-úsáid ar na saolta seo ar fud an mhargaidh leictreachais agus ag oibreoirí córais tarchurtha (TSOnna).

Sula ndeachaigh Rodney ag obair le EirGrid agus Eangach Náisiúnta ESB, d'oibrigh sé mar an príomhchomhairleoir sa Rannóg Líonraí d'Údarás Iomaíochta na Nua-Shéalainne agus é ag déileáil le saincheisteanna a bhain le rialáil leictreachais agus gáis/dearadh an mhargaidh. D'oibrigh sé sa chomhairleacht roimhe sin.

Tá Rodney ina bhall de roinnt grúpaí tábhachtacha TSO agus comhair mhargaidh san Eoraip. Tá BA san Eacnamaíocht, MA sa Riarachán Gnó agus MBA ag Rodney ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**Mark Foley**
**Príomhfheidhmeannach**
Féach an bheathaisnéis ar leathanach 59.



**Michael Mahon**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Forbairt agus Idirnascadh Eangaí.**
Thosaigh Michael Mahon ag obair le Grúpa EirGrid mar Stiúrthóir ar Fhorbairt agus Idirnascadh Eangaí i mí Lúnasa 2019. Sa ról sin, tá freagracht air as pleanáil agus toiliú le haghaidh infreastruchtúr eangaí ar fud an oileáin. Áirítear leis an méid sin próisis comhairliúcháin phoiblí agus dul i gcomhairle le húinéirí talún.

Roimhe seo bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta le ESB Smart Energy Services. Tá taithí 20 bliain ag Michael leis an gcomhlacht sin, agus tá an-chuid taithí aige i gceannas ar mhórthionscadail a thabhairt chun críche. Innealtóir Cairte is ea é, agus tá Dioplómaí Iarchéime bainte amach aige sa Bhainistíocht Tionscadal agus sa Bhainistíocht araon.



**Robin McCormick**

**Stiúrthóir – Eangach 2030.**

Tá Robin McCormick ina Stiúrthóir ar Eangach 2030. Roimhe sin, bhí Robin ina Bhainisteoir Ginearálta le SONI agus ina Bhainisteoir Ginearálta ar an Oibreoir Margaidh Leictreachais Aonair (SEMO).

Tá taithí shuntasach aige ar an earnáil cumhachta i réimse na bhfóntas rialaithe. Tá Robin freagrach mar Stiúrthóir as oibriú agus pleanáil an chórais cumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na hInnealtóireachta, d'Institiúid na Innealtóirí Sibhialta agus d'Institiúid na Stiúrthóirí. Tá MBA aige ó Ollscoil Uladh, Baile Shiurdáin, agus MSc ó Ollscoil Napier i nDún Éideann.



**Liam Ryan**

**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach – Forbairt agus Idirnascadh Eangaí**

Ceapadh Liam Ryan ina Stiúrthóir Eatramhach ar an bhForbairt Eangaí agus ar an Idirnascadh i mí na Samhna 2018. Roimhe sin, bhí Liam ina cheannaire ar an aistriú chuig an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite, agus ba é a bhí freagrach as an ullmhacht fhoriomlán, as an aistriú agus as an réiteach margaí a chur i bhfeidhm lena ndearnadh an Margadh Leictreachais Aonair iomlán a chomhtháthú leis an Eoraip.

Bhí poist éagsúla eile ag Liam le EirGrid freisin, lena n-áirítear Ceannaire ar Innealtóireacht agus Cothabháil Tarchuradóireachta, Ceannaire ar Oibríochtaí Margaidh, Ceannaire ar Phleanáil Oibriúcháin Córas Cumhachta, agus Ceannaire ar an Oifig Bainistíochta Clár chun an eangach tharchurtha a fhorbairt. I ngach cás, bhí sé i gceannas ar bheartais agus ar nuálaíochtaí a fhorbairt atá ríthábhachtach d'fheidhmíocht na bhfeidhmeanna mar oibreoir margaidh agus córais.

Sular tháinig sé go EirGrid, bhí roinnt poist shinsearacha san innealtóireacht ag Liam le rannáin déantúsaíochta agus nuálaíochta in Hewlett Packard, agus bhí sé ag obair sa chomhairleacht roimhe sin. Tá Liam ina bhall de roinnt grúpaí tábhachtacha TSO maidir le comhar san Eoraip. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, é agus tá PhD agus Céim san Innealtóireacht Mheicniúil aige mar aon le Máistreacht sa Mhatamaitic.



**Aidan Skelly**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Airgeadas agus Dlí**
Ceapadh Aidan Skelly ina Stiúrthóir Airgeadais agus Dlí i mí Iúil 2015. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ó mhí an Mheithimh 2005. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais le Waterford Stanley Limited roimhe sin. D'oibrigh sé in Waterford Crystal ó 1987 go dtí 2002 agus i rith an ama sin bhí roinnt poist airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Fuair sé oiliúint mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers agus is céimí Tráchtála é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá céim MBS sa Cheannaireacht Chorparáideach aige freisin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí Aidan ina Phríomhfheidhmeannach Eatramhach idir Eanáir agus Meitheamh 2018.



**Rosemary Steen**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Gnóthaí Seachtracha**
Ceapadh Rosemary Steen mar an Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha i mí Iúil 2015. Ba í an Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí í roimhe sin ó thosaigh sí ag obair le EirGrid den chéad uair in 2014. Tá Rosemary ar bhord Ghluaiseacht na hEorpa freisin. Tá an-taithí ag Rosemary ar Ghnóthaí Corparáideacha, Caidreamh Rialtais agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach ó na hearnálacha teileachumarsáide, fóntais agus tionsclaíochta gnó. Bhí poist shinsearacha aici roimhe sin in Vodafone, Shell agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).

Tá BA san Eacnamaíocht agus sa bhFealsúnacht aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, MBS sa Lóistíocht agus Déantúsaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Dlí ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.




**Siobhán Toale**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha**
Ceapadh Siobhán Toale mar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha in 2015 tar éis di a bheith ag obair mar an Stiúrthóir Acmhainní Daonna ar feadh tamaill.

Tá Siobhán freagrach as Córais Faisnéise, AD agus Forbairt Eagraíochta sa ról seo agus tá de shainchúram uirthi athrú a bhainistiú agus próisis a fheabhsú ar fud na heagraíochta.


Sular thosaigh sí le EirGrid, bhí róil cheannais ag Siobhán in Eir, Telefonica O2 agus i mBanc na hÉireann. Tá céim BSc sa Ríomhaireacht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag Siobhán, chomh maith le MSc san Iompraíocht Eagraíochtúil ó Choláiste Birkbeck, Ollscoil Londan. Is Comhalta Cairte de chuid na hInstitiúide Forbartha Pearsanra í.

# Príomhshonraí maidir le hOibríochtaí


Rátaí fáis fuinnimh
ar bhonn Uile-Oileáin





**Buaicéileamh Seachtainiúil ar bhonn Uile-Oileáin**



Praghas an leictreachais
i gcomparáid le praghas an gháis




**Praghas acmhainne ar ceant::**
**Praghsanna míosúla v. bliantúla**



# Gluais téarmaí teicniúla

**An Bord Pleanála**
Údarás pleanála neamhspleách náisiúnta na hÉireann.

**Acmhainn**
An méid leictreachais is féidir a aistriú go sábháilte ar an gcóras nó ar chiorcad.

**CRU**
An Coimisiún um Rialáil Fóntais. Rialaíonn an institiúid seo ár ngníomhaíochtaí in Éirinn.

**Ciorcad**
An líne lastuas nó an cábla faoi thalamh a nascann dhá fhostáisiún le chéile. Mar shampla, an ciorcad 400kV ó Ghob na Muine – Baile Uí Dhuinn.

**Seoltóirí**
Rud nó ábhar ar féidir leis leictreachas a aistriú. Mar shampla, is seoltóirí maithe leictreachais iad roinnt sreanga miotail. Tá seoltóirí i gcáblaí cumhachta faoi thalamh agus i línte lastuas.

**Giniúint thraidisiúnta**
Leictreachas a ghiniúint le breoslaí iontaise, amhail gás nádúrtha, gual nó móin.

**Stáisiún Tiontaithe**
Féach "fostáisiún".

**Trádáil don chéad lá eile**
Nuair a dhéantar conradh idir díoltóir agus ceannaitheoir maidir le giniúint agus soláthar leictreachais don chéad lá eile.

**Ionad sonraí**
Grúpa mór de fhreastalaithe líonraithe a úsáidtear le faisnéis a stóráil go cianda.

**Dícharbónú**
Bealaí giniúna fuinnimh as a n-eascraíonn astaíochtaí carbóin a bhaint as an gcóras cumhachta. Tarlaíonn astaíochtaí carbóin sa chomhthéacs seo nuair a dhónn gineadóirí traidisiúnta breoslaí iontaise chun leictreachas a chruthú.

**Éileamh**
An méid cumhachta leictreachais atá á fháil ón líonra ag na daoine a úsáideann leictreachas. Uaireanta úsáideann daoine an téarma 'buaicéileamh'. Is é sin an méid cumhachta is mó a fhaightear i gcaitheamh tréimhse áirithe.

**Líonra Dáileacháin**
Is é sin an líonra leictreachais ísealvoltais, ar leis an ESB é agus atá á fheidhmiú in Éirinn ag an ESB. Seolann sé cumhacht ón líonra tarchurtha chuig teaghlaigh agus chuig gnóthais.

**DS3**
Is tionscnamh de chuid EirGrid é 'Delivering a Secure, Sustainable Electricity System' (Córas Slán, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar), atá ceaptha chun an eangach a oibriú ar bhealach slán agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

**Fuinnmhithe**
Nuair a bhíonn línte nó cáblaí nua-críochnaithe ag feidhmiú go hiomlán agus iad ina gcuid den eangach leictreachais deirtear go mbíonn siad fuinnmhithe.

**ESB**
Eagraíocht tráchtála leathstáit in Éirinn is ea Bord Soláthair an Leictreachais. Áirítear leis an ngrúpa cuideachtaí seo ESB Networks, a fheidhmíonn an córas dáileacháin leictreachais.

**Breoslaí iontaise**
Is breoslaí iad seo – amhail gual, ola nó gás – a fhaightear sa talamh agus ar iarsmaí dianscaoilte de chuid plandaí agus ainmhithe iad. Astaítear carbón uathu nuair a dhóitear iad, agus mar sin bíonn siad ina gcúis le hathrú aeráide.

**Gineadóir**
Saoráid a tháirgeann leictreachas. Is féidir cumhacht a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla, mar shampla, ó stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe, stáisiúin chumhachta ghásbhreoslaithe agus feirmeacha gaoithe.

**Acmhainn ghiniúna**
Is í sin an t-uasmhéid leictreachais is féidir a ghiniúint, bunaithe ar acmhainn aschuir na ngineadóirí leictreachais atá nasctha leis an eangach.

**An Eangach**
Féach an Líonra Tarchurtha.

**GFT**
Tá an tÚdarás Forbartha Tionscail (Éire) freagrach as infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go hÉirinn.

**Idirnascadh**
Leictreachas ardvoltais a tharchur idir eangacha leictreachais i ndlínsí éagsúla.

**Cileavolta (kV)**
Is é seo an voltas oibriúcháin le haghaidh trealamh tarchurtha leictreachais. Is ionann cileavolta agus míle volta. Is é 400kV an voltas is airde ar chóras tarchurtha na hÉireann.

**Meigeavata (MW)**
Is ionann meigeavata agus 1,000,000 vata. Is é an vata an t-aonad caighdeánach cumhachta (Féach thíos le haghaidh sainmhíniú ar vata).

**Soláthraí monaplachta**
Eagraíocht a chuireann seirbhís ar fáil gan aon iomaitheoirí a bheith aici.

**NEMO**
Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais. Tá NEMO ag gach críoch san Eoraip arna ainmniú ag a rialtóir fuinnimh féin. Tá an NEMO freagrach as trádáil don chéad lá eile agus as trádáil ionlae a reáchtáil don mhargadh leictreachais sin. Is féidir níos mó ná NEMO amháin a bheith in aon chríoch faoi leith toisc gur féidir dul san iomaíocht leis na feidhmeanna a bhuachan. Is seirbhísí tráchtála iad seo, agus ní hionann iad agus na seirbhísí riachtanacha margaidh a bhíonn ag teastáil le margadh leictreachais a choinneáil ag feidhmiú.

**Córas Cumhachta**
Is é atá i gceist leis an téarma seo ná iomlán comhtháite an mhórchórais leictreachais – giniúint, tarchur agus dáileadh.

**Neartú**
Cumas na heangaí leictreachais atá ann cheana a mhéadú ach infreastruchtúr nua a thógáil nó an trealamh atá ann cheana a uasghrádú.

**Giniúint in-athnuaite**
Leictreachas a ghiniúint le fuinneamh in-athnuaite, amhail hidrileictreachas, fuinneamh gaoithe, grianchumhacht, fuinneamh taoide nó fuinneamh bithmhaise.

**Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ)**
Oibreoir Chóras Tarchurtha Leictreachais na Fraince. Tá sé freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt na heangaí leictreachais is mó san Eoraip.

**Seirbhísí Córais**
Is téarma é seo a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar na seirbhísí cumasúcháin agus tacaíochta trína gcuirtear ar chumas an chórais leictreachais cion níos mó cumhachta a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a iompar.

**Pleanáil cásanna**
An cleachtas maidir le féachaint conas a d'fhéadfadh torthaí féideartha – nó cásanna – dul i bhfeidhm ar riachtanais na heangaí leictreachais amach anseo.

**SEM**
An Margadh Leictreachais Aonair. Cuimsíonn an margadh Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Fágann sé gur féidir leictreachas a thrádáil agus a sholáthar ar bhonn uile-oileáin.

**SEMO**
Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Is comhfhiontar de chuid Ghrúpa EirGrid é, a reáchtálann Margadh Leictreachais Aonair Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tá sé taobh thiar de na seirbhísí riachtanacha a bhíonn ag teastáil chun margadh feidhmiúil a choinneáil ar bun le haghaidh leictreachas mórdhíola.

**SONI**
Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann. Tá an eagraíocht sin ina cuid de Ghrúpa EirGrid. Déanann sé an eangach tharchuir leictreachais i dTuaisceart Éireann a bhainistiú, a oibriú agus a fhorbairt.

**Páirtithe Leasmhara**
Is daoine aonair nó eagraíochtaí iad seo a bhféadfadh oibríochtaí chuideachtaí Ghrúpa EirGrid difear a dhéanamh dóibh, nó a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na hoibríochtaí sin.

**Fostáisiún**
Sraith d'fhearas leictreach a úsáidtear chun ciorcaid a idirnascadh agus an voltas atá á sheoladh thar líne nó cábla a athrú.

**Líne tharchuir**
Líne chumhachta ardvoltais a iompraíonn 400 kV, 220 kV nó 110 kV ar chóras tarchurtha na hÉireann. Is féidir méid mór cumhachta a sheoladh ar ardvoltas thar achar fada agus gan ach méid beag di a chailliúint.

**Líonra nó Eangach Tharchuir**
Is líonra é seo de línte cumhachta, cáblaí agus fostáisiúin ardvoltais ar fud na hÉireann atá thart ar 6,800 km ar fad. Nascann sé gineadóirí leictreachais leis an líonra dáileacháin agus soláthraíonn fuinneamh do chustaiméirí móréilimh. Tá sé á fheidhmiú ag EirGrid agus is leis an ESB é.

**Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO)**
Is é sin an eagraíocht atá freagrach as an gcóras leictreachais ardvoltais a fheidhmiú i réigiún ar leith.

**UR**
An Rialálaí Fóntas. Rialaíonn an institiúid seo ár ngníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann.

**Voltas**
Is éard atá i voltas ná tomhas ar neart féideartha sreabhaidh leictreachais - tá sé cosúil leis an 'mbrú' i gcóras uisce. Tomhas luchta leictrigh is ea voltas, nó an poitéinseal idir dhá phointe (i réimse leictreach) mar a bhíonn idir an ceann dearfach agus an ceann diúltach de cheallra. Dá mhéid an voltas is ea is mó a bhíonn sreabhadh féideartha an tsrutha leictrigh.

**Vata**
Is é an vata an t-aonad caighdeánach cumhachta i gCóras Idirnáisiúnta na nAonad (SI). Tomhaiseann vata an ráta ar a bhfuil fuinneamh á tháirgeadh nó á úsáid. Mar shampla, úsáideann fearas leictreach ard-vata níos mó fuinnimh ná fearas íseal-vata.



# Ráitis Airgeadais
## Clár na nÁbhar


Tuairisc na Stiúrthóirí ........ 72
Ráiteas na Stiúrthóirí ar Fhreagrachtaí........ 84
Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid Cpt ........ 85
Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite ........ 89
An Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Eile ........ 90
Clár Comhardaithe Comhdhlúite........ 91
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas ........ 92
Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid........ 93
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Comhdhlúite ........ 94
Clár Comhardaithe na Cuideachta ........ 142
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas........ 143
Nótaí le Ráitis Airgeadais na Cuideachta ........ 144

# Tuairisc na Stiúrthóirí

Tugann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. An Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí atá nochta i nóta 29 (e) atá sa Ghrúpa.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa seirbhísí nasctha, tarchurtha agus margaidh ar ardchaighdeán a sholáthar do ghineadóirí, do sholáthraithe agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as an gcóras leictreachais ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá an fhreagracht ar EirGrid cpt as an infreastruchtúr eangaí is gá a chur ann freisin chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tá an Grúpa freagrach freisin as oibriúchán an mhargaidh mórdhíola leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Is leis an nGrúpa an tIdirnascaire Thoir Thiar (EWIC) a nascann na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór agus oibríonn sé é chomh maith.

Sa chomhthéacs sin, cuimsítear leis an téarma 'Grúpa' na gníomhaíochtaí thuasluaite go léir (oibreoir córais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann; oibreoir margaidh agus oibreoir ainmnithe margaidh leictreachais d'oileán na hÉireann; oibreoir an EWIC agus gníomhaíochtaí teileachumarsáide ar an EWIC).

Bailíonn an Grúpa taraifí chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Cuireann na taraifí sin ar ár gcumas dreasachtaí a chur ar fáil, chomh maith le toradh rialaithe a fháil ar chaipiteal a infheistítear sa ghnó, rud a ghineann luach don Ghrúpa san fhadtéarma.

## Torthaí an Ghnó agus Athbhreithniú air

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa Ráiteas ar Ioncam Comhdhlúite ar leathanach 89 agus sna nótaí 1 go 28 atá ag gabháil leis.

Is í an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019 an tréimhse reatha atá á tuairisciú anois. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018.

Tá tráchtaireachtaí ar an bhfeidhmíocht sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019, lena n-áirítear eolas ar nithe a tharla le déanaí agus forbairtí a tharlóidh amach anseo, san áireamh i dTuairisc an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rialú Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh rialachas corparáideach de. I rith na bliana, chloígh an Grúpa leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Leagtar amach sa Chód na prionsabail a bhaineann le rialachas corparáideach, agus tá ceangal ar Bhoird Comhlachtaí Stáit na prionsabail sin a chomhlíonadh.

Comhlíonann an Grúpa freisin dualgais rialachais chorparáidigh agus oibleagáidí eile a leagtar síos san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Tugann an Grúpa aird freisin ar phrionsabail Chód na Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach, a leasaíodh i mí Iúil 2018, agus ar an Iarscríbhinn maidir le Rialachas Corparáideach in Éirinn a eisíodh i mí na Nollag 2010.

Thabhaigh an Grúpa costais taistil €1.1m (2018: €1.1m) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, mar aon le costais taistil €0.4m (2018: €0.4m) thar lear. Ba é €nialas (2018: €nialas) an costas ar réiteach agus costais dlí a bhaineann leis sa bhliain. Ba é €0.25 milliún an costas ar leas na foirne, agus bhain €0.02 milliún de sin le caidreamh seachtrach (2018: €0.22 milliún, ar bhain €0.01 milliún de le caidreamh seachtrach).

### Costais Tacaíochta Seachtraí agus Sainchomhairleoirí:

| | Nótaí | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí margaidh leictreachais | (i) | 11,104 | 24,095 |
| Seirbhísí agus comhairle dlí | | 2,723 | 3,619 |
| Seirbhísí do Thionscadail Líonra Tarchurtha | (ii) | 5,019 | 5,648 |
| Tacaíocht le Córais TF | (iii) | 500 | 323 |
| Comhairle ar Airgeadas Corparáideach | | 403 | 1,256 |
| Comhairle Eagraíochtúil agus Achtúireach | | 765 | 520 |
| Eile | | 1,841 | 591 |
| **Iomlán** | | **22,355** | **36,052** |
| Costais gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim | | 4,421 | 2,972 |
| Costais chaipitlithe | | 17,934 | 33,080 |
| **Iomlán** | | **22,355** | **36,052** |

Nóta (i): Tá san áireamh i seirbhísí margaidh leictreachais na costais a bhaineann le feidhmiú na socruithe nua don mhargadh leictreachais uile-oileáin, a dtugtar SEM Nua air agus atá ag teacht leis an spriocshamhail Eorpach. D'eascair an spriocshamhail sin as an Tríú Pacáiste Fuinnimh de chuid an AE agus is tacar socruithe comhchuibhithe é i ndáil le trádáil trasteorann fuinnimh mórdhíola agus comhardú seirbhísí thar fhrámaí ama difriúla ar fud na hEorpa. Cuireadh an SEM nua i bhfeidhm den chéad uair an 30 Meán Fómhair 2018.

Nóta (ii): Léirítear le Seirbhísí do Thionscadail Líonra Tarchurtha na sainchostais a bhain le tionscadail líonra a thabhairt ón gcoincheap bunaidh chomh fada le bronnadh an cheada pleanála.

Nóta (iii): Is éard atá i gceist le Tacaíocht le Córais TF ná na costais tacaíochta le haghaidh córais thábhachtacha ar fud an ghnó.

## Prionsabail an Dea-Rialachais

### Comhaltaí an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin, an Príomhfheidhmeannach ina ról mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Leas-Chathaoirleach, Stiúrthóir mar ionadaí do na fostaithe agus seachtar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil gach Stiúrthóir agus leagtar amach i scríbhinn a dtéarmaí oifige.

### An Bord

Cé go dtarmligtear freagracht ó lá go lá as ceannaireacht agus stiúir an Ghrúpa don Phríomhfheidhmeannach agus dá Fhoireann Bainistíochta, laistigh de theorainneacha sainmhínithe údaráis, is é an Bord atá freagrach ar deireadh thiar as feidhmiúchán an Ghrúpa.

Tá beartaithe ag gach duine de na Stiúrthóirí Cód Iompraíochta Gnó an Ghrúpa do Stiúrthóirí a chomhlíonadh.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht an Bhoird agus an Chathaoirligh. Tá sceideal foirmiúil cúraimí sonracha ag an mBord, a chaithfear cinneadh a dhéanamh orthu ag Cruinnithe Boird a thionóltar ar bhonn míosúil go hiondúil. An tseachtain roimh na Cruinnithe Boird, cuirtear páipéir bhoird amach chuig comhaltaí an Bhoird.

Bíonn fáil ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, leis. Tá clúdach árachais ann chun Comhaltaí agus Oifigigh Bhoird a chosaint in aghaidh dliteanas a d'fhéadfadh a éirí as caingne dlí a thógfaí ina n-aghaidh i gcúrsa a gcuid dualgas.

## Prionsabail an Dea-Rialachais (ar lean)

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Mar atá luaite sa chuid 'Rialuithe Inmheánacha' de Thuairisc na Stiúrthóirí, níor aithin an Bord aon teip ná aon laige a mheas atá suntasach, ná níor cuireadh comhairle ar an mBord faoi aon teip ná faoi aon laige den sórt sin ach an oiread.

### Coistí an Bhoird sa bhliain 2019

Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord chun cabhrú leis a chuid dualgas a chomhlíonadh, agus is ann do roinnt coistí éagsúla faoin struchtúr sin. Le linn na bliana airgeadais is iad seo a leanas na buanchoistí a bhí ann: an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luacha Saothair, an Coiste um Thionscadail Infreastruchtúir Eangaí, an Coiste Gnóthaí Poiblí agus an Coiste Riosca. Le linn na bliana airgeadais rinne an Bord athbhreithniú ar shainchúram na gcoistí go léir.

Is é an fheidhm atá leis an gCoiste Iniúchóireachta ná cabhrú leis an mBord lena chuid freagrachtaí maoirseachta maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, an córas rialaithe inmheánaigh, an próiseas iniúchóireachta, monatóireacht ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus comhlíonadh na ndlíthe agus na rialúchán, lena n-áirítear an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Bord sásta go raibh ar a laghad comhalta amháin den Choiste ann, a raibh taithí ábhartha airgeadais aige a fuair sé le déanaí, ag gach am le linn na bliana airgeadais.

Chloígh EirGrid cpt le polasaí an Rialtais maidir le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh.  Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse a chinneann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ceadaíonn an Coiste Luach Saothair struchtúr an luacha saothair don lucht ardbhainistíochta.

Is é an fheidhm atá leis an gCoiste um Thionscadail Infreastruchtúir Eangaí ná maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise forbartha eangaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail infreastruchtúir atáthar ag súil a bheidh le ceadú ag an mBord.

Is é an fheidhm atá leis an gCoiste Gnóthaí Poiblí ná maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthaí poiblí agus ar an gcaidreamh le páirtithe leasmhara ar fud an Ghrúpa.

Is é an fheidhm atá leis an gCoiste Riosca ná maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPolasaí Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca, athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá EirGrid glacadh le riosca, agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bhfreagairtí ar phríomh-neamhchosaintí riosca.

## Freastal ar Chruinnithe

Tá achoimre sna táblaí thíos ar fhreastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe boird agus coiste ina raibh siad i dteideal a bheith i láthair i gcaitheamh na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019.

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach - chuaigh ar scor an 11 Samhain 2019) | 11 | 11 |
| Mark Foley | 11 | 11 |
| Tom Coughlan | 11 | 11 |
| Shane Brennan | 11 | 11 |
| Lynne Crowther | 11 | 10 |
| Theresa Donaldson | 11 | 10 |
| Michael Hand | 11 | 10 |
| Eileen Maher | 11 | 11 |
| Liam O'Halloran | 11 | 11 |
| John Trethowan | 11 | 10 |

Ba iad Brendan Tuohy (Cathaoirleach – ceapadh an 12 Samhain 2019 é), Mark Foley, Tom Coughlan, Shane Brennan, Lynne Crowther, Theresa Donaldson, Michael Hand, Eileen Maher, Liam O'Halloran agus John Trethowan comhaltaí an Bhoird ar an dáta a síníodh na ráitis airgeadais.

### An Coiste Iniúchóireachta

Tionóladh 6 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| John Trethowan (Cathaoirleach) | 6 | 6 |
| Tom Coughlan | 6 | 6 |
| Michael Hand | 6 | 5 |
| Eileen Maher | 6 | 6 |

Ba iad John Trethowan (Cathaoirleach), Tom Coughlan, Michael Hand agus Eileen Maher comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

### An Coiste Luacha Saothair

Tionóladh 9 gcruinniú den Choiste Luach Saothair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach - chuaigh ar scor an 11 Samhain 2019) | 9 | 9 |
| Liam O'Halloran | 9 | 9 |
| Theresa Donaldson | 9 | 8 |

Ba iad Brendan Tuohy (Cathaoirleach – ceapadh an 12 Samhain 2019 é), Liam O'Halloran agus Theresa Donaldson comhaltaí an Choiste Luacha Saothair ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

## Freastal ar Chruinnithe (ar lean)

### An Coiste um Thionscadail Infreastruchtúir Eangaí

Tionóladh 4 chruinniú den Choiste um Thionscadail Infreastruchtúir Eangaí le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Michael Hand (Cathaoirleach) | 4 | 3 |
| John O'Connor (chuaigh ar scor an 11 Samhain 2019) | 4 | 4 |
| Tom Coughlan | 4 | 4 |
| Lynne Crowther | 4 | 4 |

Ba iad Michael Hand (Cathaoirleach), Brendan Tuohy (ceapadh an 12 Samhain 2019 é), Tom Coughlan agus Lynne Crowther comhaltaí an Choiste um Thionscadail Infreastruchtúir Eangaí ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

### An Coiste Gnóthaí Poiblí

Tionóladh 4 chruinniú den Choiste Gnóthaí Poiblí le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Theresa Donaldson (Cathaoirleach) | 4 | 4 |
| Shane Brennan | 4 | 4 |
| Lynne Crowther | 4 | 4 |
| Eileen Maher | 4 | 4 |

Ba iad Theresa Donaldson (Cathaoirleach), Shane Brennan, Lynne Crowther agus Eileen Maher comhaltaí an Choiste Gnóthaí Poiblí ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

### An Coiste Riosca

Tionóladh 4 chruinniú den Choiste Rosca le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Liam O'Halloran (Cathaoirleach) | 4 | 4 |
| Shane Brennan | 4 | 4 |
| John Trethowan | 4 | 4 |
| John O'Connor (chuaigh ar scor an 11 Samhain 2019) | 4 | 4 |

Ba iad Liam O'Halloran (Cathaoirleach), Shane Brennan, John Trethowan agus Brendan Tuohy (ceapadh an 12 Samhain 2019 é) comhaltaí an Choiste Riosca ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

## Príomhrioscaí agus Príomh-Éiginnteachtaí

### Bainistíocht Riosca

Tá próiseas cuí bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa, faoina sainaithnítear na rioscaí criticiúla a bhfuil sé fágtha gan chosaint orthu agus faoina gcinntítear go ndéantar bearta cuí le rioscaí a maolú. Bíonn na Stiúrthóirí ag déanamh measúnú mionsonraithe de shíor ar na príomhrioscaí a bhíonn ann don Ghrúpa. Déanann feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí an Ghrúpa athbhreithniú ar na rialuithe agus córais inmheánacha ar fud an ghnóthais arís is arís eile agus cuireann moltaí chun feabhais faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa, a bhfuil sé mar aidhm aige maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPolasaí Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca, athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá EirGrid glacadh le riosca, agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bhfreagairtí ar phríomh-neamhchosaintí riosca.

### Rioscaí Airgeadais

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá ann don Ghrúpa le riosca leachtachta, riosca margaidh (go sonrach ráta malairte eachtraí, riosca ráta úis agus riosca sreabhaidh airgid) agus riosca creidmheasa. Déantar athbhreithniú agus leasú ar pholasaithe chun an Grúpa a chosaint in aghaidh na rioscaí sin go rialta agus faomhann an Bord iad de réir mar is cuí.

Is é an príomhriosca airgeadais atá ann don Ghrúpa ná go dtarlódh sé nach mbeadh go leor leachtachta ann i gcás gannghnóthú suntasach rialála. Eintiteas rialáilte is ea Grúpa EirGrid a mbíonn a tharaifí rialáilte socruithe roimh ré agus, dá bhrí sin, bíonn sé réir ghannghnóthú an ioncaim riachtanaigh.  Déanann an Bord gach iarracht a chinntiú go mbíonn línte bainc leordhóthanacha ann le go mbeadh ar a chumas riachtanas den chineál sin a mhaoiniú, d'fhonn an méid a ghnóthú i dtréimhse praghsála rialála ina dhiaidh sin.

Mar ghnó rialáilte a fheidhmíonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní bhaineann aon rioscaí suntasacha praghsála le gníomhaíochtaí mar Oibreoir Córais Tarchurtha. Díorthaíonn an Grúpa thart ar 19% dá ioncam ón Ríocht Aontaithe agus mar sin téann luaineacht airgeadra Euro/Steirling i bhfeidhm air. Tá an riosca sin maolaithe go páirteach de bharr go bhfuil formhór an ioncaim agus an chaiteachais ó na hoibríochtaí sa Ríocht Aontaithe ainmnithe i Steirling. Tá an Grúpa tar éis iarracht a dhéanamh an neamhchosaint sin a laghdú tuilleadh ach iasachtaí Steirling a úsáid le hoibríochtaí sa Ríocht Aontaithe a mhaoiniú.

Maoiníonn an Grúpa cuid dá chuid oibríochtaí le hiasachtaí. Déanann an Grúpa iarracht éifeachtaí na rioscaí ráta úis a éiríonn as a ghníomhaíocht oibríochtúil agus airgeadais a íoslaghdú ach leas a bhaint as ionstraimí díorthacha airgeadais chun neamhchosaintí riosca a fhálú. Tá an Grúpa tar éis dul isteach i ndíorthaigh ráta úis chun na rátaí úis a shocrú ar a chuid fiachais a bhaineann leis an Idirnascaire Thoir Thiar. Ní théann an Grúpa isteach in ionstraimí airgeadais, ionstraimí díorthacha airgeadais ina measc, agus ní dhéanann iad a thrádáil mar infheistíocht amhantrach.

Comhlíonann an Grúpa a oibleagáidí mar an tOibreoir Margaidh trí chomhfhiontair chonartha idir EirGrid cpt agus SONI Ltd. Is iad sin SEMOpx i gcás na margaí lá roimh ré agus ionlae, agus SEMO don mhargadh cothromúcháin leictreachais.

I gcás na margaí lá roimh ré agus ionlae, is é European Commodities Clearing (ECC) a dhéanann malartán cumhachta SEMOpx a ghlanadh agus a réiteach agus is é a ghlacann freagracht airgeadais as gach trádáil a dhéantar. Coimeádann ECC an chomhthaobhacht éigeantach le comhaltaí an mhalartáin agus lena mbainc imréitigh, agus is é ECC a iompróidh aon drochfhiach ina cháil mar chontrapháirtí.

I gcás an mhargaí cothromúcháin leictreachais, faoi théarmaí an Chóid Trádála agus Socraithe don Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) iarrtar ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar ag leibhéal a chuireann an tOibreoir Margaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den chineál sin a sholáthar mar litir chreidmheasa theannta dho-aisghairthe nó mar thaisce airgid thirim a choinnítear i gcuntas cúlchiste chomhthaobhaigh (coinnítear na cuntais in ainm na rannpháirtithe margaidh). Roinntear aon drochfhiach a thagann aníos sa Mhargadh Leictreachais Aonair, sa mhéid go sáraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, i measc na rannpháirtithe margaidh agus ní hé an tOibreoir Margaidh atá freagrach as.

Tá socruithe cuí i bhfeidhm freisin maidir le bainistíocht a dhéanamh ar riosca creidmheasa an Ghrúpa a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí mar an tOibreoir Córais Tarchurtha.

## Príomhrioscaí agus Príomh-Éiginnteachtaí (ar lean)

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go ndéanfadh céile conartha mainneachtain ar a oibleagáidí conartha agus go gcaillfeadh an Grúpa airgead dá dheasca sin. Bíonn an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na céilithe conartha a bhfuil cuntais bainc aige leo. Déanann an Grúpa an neamhchosaint sin a mhaolú ach cistí a chur i roinnt institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil chreidmheasa acu ó ghníomhaireacht neamhspleách rátála, ar bhealach atá i gcomhréir leis an bPolasaí Ciste atá faofa ag an mBord. Bíonn an Grúpa neamhchosanta freisin ar riosca ó chéilithe conartha ar shaoráidí agus ionstraimí babhtála ráta úis neamhtharraingthe. De réir ár bPolasaí Ciste, ní dhéanann an Grúpa plé ach amháin le céilithe conartha a bhfuil rátáil ard chreidmheasa acu d'fhonn an riosca sin a mhaolú.

Is é polasaí agus cleachtas an Ghrúpa go n-íoctar sonraisc go pras de réir na dtéarmaí agus coinníollacha a aontaíodh leis na soláthróirí.

### Oibríochtaí Córais agus Margaidh

Tá an Grúpa freagrach as na córais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a fheidhmiú go slán. D'fhéadfadh cur isteach ar na córais sin a bheith ina riosca do sheirbhísí bunriachtanacha d'fheidhmiú slán na gcóras tarchurtha. Tá an Grúpa freagrach freisin as an Margadh Leictreachais Aonair uile-oileáin a fheidhmiú. D'fhéadfadh cur isteach ar an margadh sin a bheith ina riosca do mhoill ar shocrú tráthúil an mhargaidh. Tá clár iomlán i bhfeidhm chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, agus cuimsítear leo:

- Láithreáin chúltaca do na hionaid rialaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, a ndéantar tástáil orthu go rialta;
- Clár cuimsitheach árachais i bhfeidhm i gcomhar le sainchomhairleoirí árachais;
- Nósanna imeachta oibriúcháin cuimsitheacha do chórais chumhachta, a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta agus atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
- Caighdeáin agus polasaithe cothabhála eangaí, arna dtacú ag Comhaontú Infreastruchtúir mionsonraithe leis an ESB mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn;
- Slándáil Córais Tarchuradóireachta agus Caighdeáin Phleanála, arna dtacú ag Comhshocraíocht Comhéadain Tarchuradóireachta le NIE mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha i dTuaisceart Éireann;
- Tacaíocht do chéim réamhthógála an líonra in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ó Oifig Bainistíochta Clár atá ag feidhmiú go hiomlán, agus a bhfuil polasaithe, próisis agus rialuithe éifeachtacha, cuí aici; agus
- Bíonn an lucht bainistíochta dírithe go leanúnach ar gach gné de shláinte agus sábháilteacht. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (de réir OHSAS 18001) faofa agus curtha i bhfeidhm.

### Riosca Pinsin

Oibríonn EirGrid dhá scéim le sochar sainithe d'fhostaithe incháilithe. I measc na rioscaí a bhaineann leis an gcostas chun scéimeanna den chineál sin a sholáthar tá athruithe ar rátaí úis, leibhéal an toraidh ar shócmhainní pinsin, athruithe ar ionchas saoil agus athruithe ar bhoilsciú praghais agus tuarastail. Is é €50.6m (2018: €32.4m) an t-easnamh reatha i Sochair IAS19 d'Fhostaithe roimh an gcáin iarchurtha, agus tá sé luaite sna ráitis airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2019. Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin faofa le ranníocaíocht shainithe d'fhostaithe EirGrid cpt SONI Limited freisin.

### Riosca a bhaineann le Forbairt Líonra

Tá an fhreagracht ar EirGrid cpt as an infreastruchtúr eangaí is gá a chur ann chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Is é príomhghníomhaíochtaí EirGrid ina thaobh sin ná naisc nua a phleanáil agus a sholáthar do ghineadóirí agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as an gcóras ardvoltais leictreachais agus as tionscadail atreisithe líonra tarchuradóireachta ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, nó ar mian leo iad a úsáid. Tá riosca ann go mbeidh moill ann agus méadú dá dheasca sin ar an gcostas a bhaineann le tionscadail chasta líonra den chineál seo. Chun bainistíocht a dhéanamh air sin, foilsíonn EirGrid treoir ar fhorbairt líonra agus tá creat láidir measúnaithe tionscadal i bhfeidhm aige. Déanann sé síormheasúnú freisin ar a chuid próiseas agus nósanna imeachta lena chinntiú go mbíonn siad ag teacht leis an dea-chleachtas, oiriúnach don ghnó agus go bhfreastalaíonn ar riachtanais an phobail agus na bpobal siúd a dtagaimid i dteagmháil leo.

## Príomhrioscaí agus Príomh-Éiginnteachtaí (ar lean)

### Riosca a bhaineann le Timpeallacht Rialáilte

Oibríonn EirGrid i dtimpeallacht rialáilte (ach amháin i gcás a chuid gnó teileachumarsáide ina ndéantar bainistiú ar an nasc snáthoptaice idir Éire agus an Bhreatain Mhór). D'fhéadfadh athruithe polasaí rialáilte tionchar suntasach a imirt ar an gcaoi a bhfeidhmímid agus ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh airgeadais de. Tá foireann thiomnaithe Rialáilte againn agus bímid i gcónaí ag iarraidh teagmháil chuiditheach agus onnghníomhach a dhéanamh an t-am ar fad leis na hÚdaráis Rialáilte.

### An tIdirnascaire Thoir Thiar

Tá an Grúpa freagrach freisin as bainistiú sócmhainní agus as oibriú an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) a nascann na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Tá riosca ann go dtarlódh damáiste fisiciúil don EWIC agus féidearthacht ann go mbeadh éaradh seirbhíse faidréiseach den EWIC ann dá dheasca sin chomh maith le costais shuntasacha athchóirithe; ach tá nósanna imeachta cuimsitheacha oibríochtúla, chomh maith le socruithe cothabhála, i bhfeidhm don EWIC, lena n-áirítear socruithe cuí árachais.

### Riosca a bhaineann le Breatimeacht

Tá Grúpa Athbhreithnithe bunaithe ag EirGrid chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Breatimeacht. Leanann an grúpa de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus tuairiscíonn an grúpa don Bhord ar bhonn rialta. Déanann sé a mhachnamh ar chásanna éagsúla a bhaineann leis an mBreatimeacht agus an tionchar féideartha ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa. Díríodh go príomha ar fheidhmiú leanúnach an MLA agus go háirithe ar fheidhmiú an mhargaidh ceantála lá roimh ré idir an MLA agus an chuid eile den Eorpach. D'fhéadfaí go rachfaí i bhfeidhm freisin ar na seirbhísí arna gcur ar fáil ar an Idirnascaire Thiar Thoir. Leanann EirGrid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Ranna Rialtais ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus leis na rialtóirí faoi seach i ndáil leis sin.

### Riosca a bhaineann le Cibearshlándáil

Aithníonn EirGrid an Chibearshlándáil mar riosca criticiúil. Oibrímid sraith polasaithe agus caighdeán slándála agus bainimid feidhm as meicníochtaí cuimsitheacha ar chosaint imlíneach. Cuirtear Oiliúint Feasachta ar Shlándáil ar gach ball foirne agus déantar monatóireacht leanúnach ar Shlándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus ar thuairisciú comhlíonta. Déanaimid dlúthchaidreamh oibre a chothabháil leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus le hOibreoirí Córais Tarchurtha san Eoraip maidir le gach ceist a bhaineann le cúrsaí cibearshlándála. Táimid ag obair as lámha a chéile leis na comhlachtaí Rialtais ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ar chúrsaí cibearshlándála agus ar na hullmhúcháin chun an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS) a chomhlíonadh.

## Eile – Faisnéis Neamh-Airgeadais

### Straitéis

I Meán Fómhair 2019, sheol Grúpa EirGrid a straitéis nua cúig bliana (2020-2025) agus a Ráiteas Cuspóra ath-shainmhínithe "Claochlú a chur ar an gCóras Cumhachta do na Glúnta amach romhainn".

Chuaigh dhá ghné i bhfeidhm ar an straitéis nua – an t-athrú aeráide agus an claochlú atá le teacht ar earnáil an leictreachais. An fhreagairt atá ann ar leibhéal rialtais, an AE agus domhanda is ea pleanáil don aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe. Léirítear é sin i gComhaontú Pháras 2016, Creat Aeráide agus Fuinnimh 2030 an AE, agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2019, ó rialtas na hÉireann.

Beidh iarmhairtí forleathana ag baint leis an aistriú chuig foinsí fuinnimh ísealcharbóin agus in-athnuaite. Tiocfaidh athruithe móra ar an gcaoi a ndéantar leictreachas a ghiniúint, a cheannach, a dhíol agus a úsáid, mar shampla le haghaidh iompair agus teasa. Beidh cumhacht níos mó ná riamh cheana á hiompar ar an gcóras leictreachais, agus is ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh formhór na cumhachta sin. Ina theannta sin, cuirfidh teicneolaíochtaí nua ar chumas úsáideoirí leictreachais cumhacht a ghiniúint agus a stóráil, agus aon bharrachas cumhachta a chur ar ais chuig an eangach. I dteannta faisnéis fhíor-ama ar an ídiú ó úsáideoirí leictreachais, beidh deiseanna ann do chách.

Beidh athruithe móra ar an gcóras leictreachais ag teastáil chun na deiseanna sin go léir a thapú. Rud níos tábhachtaí fós, ní mór na hathruithe sin a bhainistiú ar bhealach comhordaithe cost-éifeachtúil. Tá ról uathúil ag Grúpa EirGrid mar cheannródaí ar an gclaochlú ollmhór atá ag teastáil, agus aithnítear é sin inár straitéis nua ina bhfuil sraith príomhspriocanna atá bunaithe ar ár gcuspóir.

## Eile – Faisnéis Neamh-Airgeadais (ar lean)

### Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol

Tá EirGrid tiomanta do na caighdeáin is airde a bhaint amach agus a chothabháil maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas don fhoireann go léir agus do gach duine eile a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí dul i gcion orthu, agus do chosaint na timpeallachta.

Bíonn Córas Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta á fheidhmiú ag EirGrid bunaithe ar riachtanais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Shláinte agus Sábháilteacht Ghairme: OHSAS18001:2007 agus ar an gCaighdeán Bainistíochta Timpeallachta ISO14001:2015.

Cuireann ár gCóras Bainistíochta ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar rioscaí éagsúla a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí, do bhaill foirne agus do dhaoine eile a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí dul i gcion orthu, agus ar rioscaí don timpeallacht; agus na rioscaí sin a chur i gcomhthéacs aon riachtanas ábhartha dlí nó eile, rud a chinntíonn gur leor na bearta coisctheacha agus rialála agus go gcloíonn siad leis na caighdeáin dea-chleachtais.

Aithnímid go bhfuil freagracht orainn bainistíocht fhónta timpeallachta a léiriú agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Tá clár curtha i bhfeidhm againn chun ár dtionchar ar an timpeallacht a bhainistiú go freagrach trí chuspóirí straitéiseacha a leagan amach gach bliain, agus déanfaimid ár ndícheall chun an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm más féidir. Déanaimid cuspóirí straitéiseacha a leagan amach gach bliain chun tacú leis an réimse 'Caomhnú' dár straitéis maidir le freagracht shóisialta chorparáideach. Is é seo a leanas ár nGealltanas i leith an Chaomhnaithe: "Tá meas againn ar an gcomhshaol: Déanaimid ár ndícheall an dea-chleachtas ó thaobh chosaint an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm agus an eangach á forbairt againn. Cuirimid ar chumas na heangaí méideanna fuinnimh in-athnuaite atá ag dul i méid i gcónaí a iompar. Déanaimid ár dtionchar féin ar an gcomhshaol a bhainistiú go cúramach".

Tugaimid gealltanas chun ár ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de chun an timpeallacht a chosaint ar dhíobháil agus ar dhíghrádú, cosc a chur ar thruailliú, agus feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht an chórais bhainistíochta. Déanfaimid feasacht a chur chun cinn go gníomhach i measc ár bhfostaithe trí chláir oiriúnacha chumarsáide agus oiliúna. Ina theannta sin, aithnímid tionchar indíreach tríú páirtithe inár slabhra soláthair agus feidhmímid ár bpróisis soláthair de réir treoirlínte ón rialtas áitiúil. I measc na mbeartas a úsáidtear go gníomhach chun na próisis sin a bhainistiú, áirítear an Beartas in aghaidh na Breabaireachta agus an Beartas maidir le Sclábhaíocht Nua-aimseartha.

Baill foirne ó gach réimse den ghnó atá ar Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta an Ghrúpa, agus tá an Coiste sin freagrach as cuspóirí timpeallachta oiriúnacha a mheasúnú agus a mholadh don Fhoireann Feidhmiúcháin.

I gcomhthéacs an athraithe aeráide agus an gá atá ann an soláthar leictreachais a dhícharbónú, tá ról mór ag EirGrid maidir le leibhéil arda fuinnimh in-athnuaite a nascadh agus an eangach leictreachais a fhorbairt chun foinsí in-athnuaite a nascadh de réir spriocanna AE agus Rialtais. Tá forbairt á déanamh ar an gCóras Tarchurtha ag EirGrid agus tá aird cuí á thabhairt ar an timpeallacht trí chleachtais timpeallachta iontaofa agus chomhlíonadh iomlán na n-oibleagáidí timpeallachta.

## Rialuithe Inmheánacha

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánach polasaithe, próisis, tascanna, iompraíochtaí agus gnéithe eile den Ghrúpa, agus nuair a nasctar le chéile iad:

- Déanann siad éascaíocht ar oibríochtaí éifeachtacha, éifeachtúla trí chabhrú leis an nGrúpa freagairt do rioscaí;
- Déanann siad cáilíocht an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh a chinntiú; agus
- Deimhníonn siad go gcomhlíontar na dlíthe, na rialúcháin agus na polasaithe inmheánacha is infheidhme.

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánacha agus as monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht agus, ar an gcaoi seo, is é cuspóir an Bhoird córas slán rialaithe inmheánach a chothabháil chun leas scairshealbhóirí agus sócmhainní an Ghrúpa a chosaint. Tá na córais seo deartha chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt, ach ní dearbhráthaíocht, in aghaidh míshonrú nó caillteanas ábhartha. Chun an fhreagracht a chomhlíonadh ar bhealach a ndearbhaíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialúcháin, tá struchtúr eagraíochtúil curtha ar bun ag an mBord a bhfuil nósanna imeachta soiléire tuairiscithe ann, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

## Rialuithe Inmheánacha (ar lean)

Is iad seo a leanas na heochairghnéithe de phróisis rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa:

- Polasaithe agus nósanna imeachta sainmhínithe maidir le cúrsaí caiteachais agus ciste;
- Tuairisciú tráthúil airgeadais ar bhonn míosúil;
- Buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an mbuiséad sin;
- Feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar chórais chriticiúla agus ar rialuithe;
- Coiste Iniúchóireachta a dhéanann measúnú ar thuarascálacha agus ar Ráitis Airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad;
- Próiseas bainistíochta riosca a dhéanamh go rialta;
- Nósanna imeachta a chinntíonn comhlíonadh dlíthe agus rialachán; agus
- Coiste Riosca chun cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta maidir le bainistíocht riosca a chomhlíonadh.

Tá creat curtha i bhfeidhm ag an mBord chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a phróiseas bainistíochta riosca. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha, an próiseas bainistíochta riosca san áireamh. Le linn an athbhreithnithe seo, níor shainaithin an Bord aon teip ná aon laige a mheas a bhí suntasach, agus níor tugadh comhairle don Bhord faoina leithéid de rud ach an oiread. Mar sin de, níor measadh gur cuí dearbhú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGrúpa a sholáthraíonn clár bliantúil iniúchóireachtaí lena chinntiú go mbíonn rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm sna heochairphróisis airgeadais agus sna réimsí a bhfuil neamhchosaint níos airde riosca ag baint leo. Tuairiscíonn Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Comhlíonta an Ghrúpa don Choiste Iniúchóireachta gach ráithe agus, ar bhonn bliantúil, cuireann sé ráiteas urrúis ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus an rialachais chorparáidigh. Faoi na socruithe iniúchóireachta inmheánaí atá i bhfeidhm, tá rochtain ar shaineolaithe seachtracha ag an bhFeidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí chun tacú lena chuid gníomhaíochtaí.

## Luach Saothair Stiúrthóirí

Áirítear sna Ráitis Airgeadais €122,000 (2018: €122,000) i leith tháillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí, de réir na leibhéal luach saothair don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Boird i gComhlachtaí Stáit atá faofa ag an Roinn Airgeadais agus de réir na socruithe athbhreithnithe maidir le híoc táillí boird d'fhostaithe san earnáil phoiblí faoin bprionsabal de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe darb teideal “Duine Amháin Tuarastal Amháin”. Sa bhliain 2009 d’eisigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil treoir go laghdófaí na táillí do Chathaoirligh agus Stiúrthóirí. Sular eisíodh an treoir sin, rinne an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí cinneadh dá dtoil féin glacadh le laghdú 10% ar a gcuid táillí. Faoi na leibhéil fhaofa luacha saothair, b’ionann táillí an Chathaoirligh agus €21,600 sa bhliain airgeadais (2018: €21,600 sa bhliain). B’ionann táillí na Stiúrthóirí agus €12,600 an duine sa bhliain (2018: €12,600 an duine sa bhliain).

Ba é Mark Foley, an Príomhfheidhmeannach, an Comhalta Feidhmiúcháin Boird sa bhliain. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse a chinneann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá buntuarastal, sochair inchánacha agus sochair áirithe scoir san áireamh i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Ní dhéantar sochar scoir an Phríomhfheidhmeannaigh a ríomh ach amháin de réir an bhunphá agus tá sé mar aidhm leis pinsean d’aon ochtódú den tuarastal a sholáthar tar éis dó dul ar scor, chomh maith le haisce de thrí ochtódú den tuarastal, le haghaidh gach bliana seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach.

## Luach Saothair Stiúrthóirí (ar lean)

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastal bunúsach | 200 | 206 |
| Bónas Bliantúil | - | - |
| Sochair inchánacha | 13 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha (iad ar fad le sochar sainithe) | 40 | 39 |
| Táillí na Stiúrthóirí | - | - |
| **Iomlán** | **253** | **260** |

## Díbhinní

Agus measúnú á dhéanamh ar an díbhinn bhliantúil a fhéadann an Grúpa a mholadh, breathnaíonn an Bord ar na príomhthosca seo a leanas:

- An tAirgead atá ar Fáil: Faigheann an Grúpa ioncam taraife, a léirítear sa Ráiteas Ioncaim, a mhaoiníonn costais oibríochtúla an Ghrúpa, chomh maith le tionscadail chaipitil a dhéantar a chaipitliú agus a dhímheas le himeacht na dtréimhsí todhchaíocha. Cruthaíonn sé seo neamhréir idir an t-airgead atá ar fáil agus an brabús atá á thuairisciú.
- Coigeartú ionchais i gcomhair gannghnóthú/róghnóthú: Ní aithnítear sna Ráitis Airgeadais aon ghannghnóthú ná róghnóthú costas trí ioncam taraife mar is i rátaí taraife amach anseo a léireofar a leithéid. Léiríonn an polasaí díbhinne an tionchar a bheidh ag an gcoigeartú do ghannghnóthú/róghnóthú sa bhliain airgeadais reatha ar an mbrabús i rátaí taraife amach anseo.
- Infheistíochtaí amach anseo: Maoiníonn an Grúpa sciar de thionscadail chaipitil trí acmhainní atá ann cheana. Breathnaítear sa pholasaí díbhinne ar infheistíochtaí ionchais agus infheistíochtaí ceangailteacha amach anseo.
- Ceanglais dlí: Ní mór don Ghrúpa cloí le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, agus leithdháiltí á ndéanamh.
- Leachtacht: Mar a tugadh faoi deara cheana, is é an príomhriosca airgeadais atá ann don Ghrúpa ná go dtarlódh sé nach mbeadh go leor leachtachta ann i gcás gannghnóthú suntasach rialála. Breathnaítear sa pholasaí díbhinne ar an riosca seo a bhainistiú go stuama.

Tar éis na tosca uile sin a mheas, molann Stiúrthóirí an Ghrúpa díbhinn deiridh €4,000,000 (2018: €4,000,000) a íoc don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019.

## Sainleas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i Scaireanna

Ní raibh sainleas ar bith ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí i seilbh oifige idir an 1 Deireadh Fómhair 2018 agus an 30 Meán Fómhair 2019 i scaireanna an Ghrúpa.

Tá gnáthscair amháin den Chuideachta ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó thar a cheann.

Bhí scair amháin an duine de scairchaipiteal na Cuideachta i seilbh John O'Connor, Mark Foley agus Michael Behan thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 30 Meán Fómhair 2019, dáta an chláir chomhardaithe.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa aon síntiús polaitíochta.

## Gnóthas Leantach

Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar tá an Bord sásta, tar éis dó fiosrúcháin chuí a dhéanamh, go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun an gnó a choinneáil ar siúl go ceann i bhfad.

## Taifid Chuntasaíochta

Ar na bearta atá déanta ag na Stiúrthóirí chun a dhearbhú go gcomhlíonfaí na riachtanais a leagtar síos le hAlt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád, tá pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe i gceart a fhostú agus córais agus nósanna imeachta cuí cuntasaíochta a úsáid. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## Teagmhais i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

Leagtar síos i Nóta 27 de na ráitis airgeadais mionsonraí ar theagmhais shuntasacha a tharla tar éis ullmhú an Chláir Chomhardaithe.

## Iniúchóirí

Tá curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir fhorálacha Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

Sa mhéid go bhfuil na stiúrthóirí a bhí i seilbh oifige ar an dáta ar glacadh leis na ráitis airgeadais ar an eolas:

- Níl aon fhaisnéis ann atá bainteach leis an iniúchadh nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- Tá déanta ag na Stiúrthóirí gach beart ba chóir dóibh a dhéanamh mar Stiúrthóirí d'fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis atá bainteach leis an iniúchadh agus chun a dhearbhú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le Comhlíonadh

Chun críche Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (an "Acht"), aithnímidne, na Stiúrthóirí:

- Go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na hoibleagáidí ábhartha, mar a shainmhínítear in Alt 225 (1) den Acht ("na hoibleagáidí cuí"); agus
- Dearbhaímid go bhfuil gach ceann acu seo a leanas déanta:
  - (i). tá ráiteas comhlíonta curtha le chéile (mar a shainmhínítear in Alt 225(3)(a) den Acht), ina leagtar amach polasaithe na Cuideachta (atá cuí don chuideachta, dar linn) maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha ag an gCuideachta;
  - (ii). tá socruithe nó struchtúir ábhartha curtha i bhfeidhm, atá, dar linn, deartha le comhlíonadh ábharach na n-oibleagáidí ábhartha atá ar an gCuideachta a chinntiú; agus
  - (iii). le linn na bliana airgeadais dá dtagraíonn an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar na socruithe nó ar na struchtúir a ndéantar tagairt dóibh in alt (ii) thuas.

# An Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuairisc na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na rialúchán is infheidhme.

De réir dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, éilítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht, tá rogha déanta ag na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir an chreata um nochtadh laghdaithe, FRS 101 (Márta 2018). De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin sa chás go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa amhail ar dháta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa sa bhliain airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014, ar gach bealach eile.

Agus na Stiúrthóirí ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear orthu:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú don Mháthairchuideachta agus do ráitis airgeadais an Ghrúpa, agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá idir réasúnach agus stuama;
- a lua más amhlaidh gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a dhéanamh den tionchar a bheadh ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus de na cúiseanna a bhí lena leithéid d'imeacht; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhóirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú na Cuideachta.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, nó go gcuireann an Chuideachta faoi deara a leithéid de thaifid a choinneáil, a mhíníonn agus a thaifeadann go beacht idirbhearta na Cuideachta, a fhágann gur féidir sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a dhéanamh amach ag am ar bith le cruinneas réasúnta, a chabhraíonn leo a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuairisc na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014, agus a dhéanann éascaíocht ar iniúchadh na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

**Faofa ag an mBord agus sínithe thar a gceann:**

An 18 Nollaig 2019

**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach

**John Trethowan**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Mark Foley**
Príomhfheidhmeannach

# Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid Cpt

## Tuairisc an iniúchta ar na ráitis airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais EirGrid cpt (an 'chuideachta')

Maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta, inár dtuairim:

- tugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2019 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch an uair sin; agus
- ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata chuí tuairiscithe airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá sna ráitis airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu:

ráitis airgeadais an ghrúpa:
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid; agus
- nótaí 1 go 28 a ghabhann leis an méid sin, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 2.

ráitis airgeadais na máthairchuideachta:
- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta; agus
- nótaí 29(A) go 29(X) a ghabhann leis an méid sin, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar atá leagtha amach i nótaí 2 agus 29(A).

Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an ghrúpa á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014, agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais atá infheidhme i leith an ghrúpa"). Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais na máthairchuideachta á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014, agus an creat um nochtadh laghdaithe, FRS 101, atá foilsithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais atá infheidhme i leith na cuideachta").

## Bunús na dtuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orainn de réir na gcaighdeán sin anseo thíos sa chuid dár dtuairisc dar teideal "Freagrachtaí an iniúchóra i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais".

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticiúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Cuntasaíochta agus Iniúchóireachta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na riachtanas sin. Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar le bonn a chur faoinár gcuid tuairimí.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na n-ábhar seo a leanas, a éilítear orainn leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) a thuairisciú duit sa chás:

- nach bhfuil sé cuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nach bhfuil nochta ag na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha arna sainaithint a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta le leanúint le bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a ghlacadh go ceann tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta eisiúna na ráiteas airgeadais.

## Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Is éard atá san fhaisnéis eile ná an fhaisnéis atá sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais féin agus tuairisc an iniúchóra atá bunaithe ar na ráitis airgeadais. Ní bhaineann ár dtuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile, ach amháin a oiread agus a shonraítear a mhalairt inár dtuairisc; ní thugaimid aon chineál conclúide dearbhaithe uirthi.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn ná an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an gcaoi sin, a mheas cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht salach go hábhartha ar na ráitis airgeadais nó ar an eolas a fuaireamar i gcúrsa an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má dhéanaimid sainaithint ar a leithéid de neamhréireanna nó de mhíshonruithe ábhartha dealraitheacha, éilítear orainn a mheas cibé acu an ann do mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ann do mhíshonrú ábhartha san fhaisnéis eile. Má dhéanaimid amach, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugann siad léargas fírinneach, cóir agus go gcomhlíonann Acht na gCuideachtaí, 2014, ar gach bealach eile, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí is gá le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as ábhair a nochtadh, de réir mar is infheidhme, a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid ach amháin má tá sé ar intinn ag na stiúrthóirí an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó scor de na hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon dara rogha réalaíoch acu ach déanamh amhlaidh.

## Freagrachtaí an iniúchóra i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid, agus tuairisc an iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim inti. Is éard atá i gceist le dearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) ar mhíshonrú ábhartha, nuair is ann dá leithéid, i ngach uile chás. Féadann míshonruithe teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha sa chás go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go n-imreofaí tionchar ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

## Freagrachtaí an iniúchóra i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais (ar lean)

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire), úsáidimid ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orainn ó thús deireadh an iniúchta. Ina theannta sin:

- Déanaimid sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na ráitis airgeadais a mhíshonrú go hábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid; nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil is leor agus cuí le bonn eolais a chur faoinár dtuairimí. Tá an riosca a bhaineann le loiceadh míshonrú ábhartha de dheasca calaoise a bhrath níos measa ná an riosca a bhaineann le míshonrú ábhartha de dheasca earráide, de bharr go bhféadfadh sé go mbeadh i gceist le calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó treis a ghabháil ar chórais rialaithe inmheánaigh.
- Faighimid tuiscint ar na córais rialaithe inmheánaigh a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chás, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh an ghrúpa agus na máthairchuideachta.
- Déanaimid measúnú ar cé chomh cuí is atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnach is atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí.
- Cinnimid an bhfuil úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ag na stiúrthóirí cuí agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaighimid, an ann do neamhchinnteacht ábhartha maidir le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha, éilítear orainn i dtuairisc an iniúchóra aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, ár dtuairim a athrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta thuairisc an iniúchóra. Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh sé go mbeadh teagmhais nó dálaí ann amach anseo a d'fhágfadh nach bhféadfadh an t-eintiteas (nó nuair is iomchuí, an grúpa) leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé acu an léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bunteagmhais ar bhealach a chomhlíonann prionsabal an chur i láthair chothroim.
- Faighimid ár ndóthain fianaise iniúchta cuí maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa le tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Is é an grúpiniúchóir atá freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmiú an iniúchta ar an ngrúpa. Is é an grúpiniúchóir amháin a bheidh freagrach as tuairim an iniúchta.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais maidir le scóip agus amlíne bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa chóras rialaithe inmheánaigh a ndéanann an t-iniúchóir sainaithint orthu le linn an iniúchta.

Ní thugtar an tuairisc seo ach amháin do chomhaltaí na cuideachta, mar ghrúpa, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadaimis na hábhair a lua do chomhaltaí na cuideachta, de réir mar a éilítear orainn a lua i dtuairisc an iniúchóra, agus ní chun aon chríche eile. Oiread agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar ghrúpa, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

### Tuairisc ar cheangaltais dhlíthiúla agus rialála eile

#### Tuairim ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh i gcúrsa an iniúchta amháin, tuairiscímid:

- Go bhfuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim féin ba leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun na ráitis airgeadais a cheadú le bheith faoi réir agus iniúchta mar is cuí.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta i gcomhaontú leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim, tá an fhaisnéis atá tugtha sna codanna sin de Thuairisc na Stiúrthóirí a bhí sonraithe dár n-athbhreithniú ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh an fhaisnéis sin de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.


### Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint a fuarthas ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta, mar aon lena dtimpeallacht, i gcúrsa an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha sna codanna sin i dTuairisc na Stiúrthóirí a bhí sonraithe dár n-athbhreithniú.

Tá ceangal orainn freisin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, tuairisciú duit más rud é, inár dtuairim, nár chuir an Chuideachta ar fáil an fhaisnéis atá riachtanach faoi Rialachán 5(2) go 5(7) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais agus grúpaí móra áirithe do nochtadh Faisnéis Neamhairgeadais agus Faisnéis Éagsúlachta), 2017 (arna leasú) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na bhforálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lena n-éilítear orainn tuairisciú duit sa chás, inár dtuairim, nach nochtar luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta a shonraítear sa dlí.

Éilítear orainn leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) ("an Cód Cleachtais") tuairisciú duit sa chás nach dtugann an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais, a éilítear leis an gCód Cleachtais atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh i dTuairisc na Stiúrthóirí, le fios go bhfuil alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais á chomhlíonadh ag an ngrúpa nó nach bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar an obair iniúchta atá déanta againn ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.



**Ciarán O'Brien**
Ar son Deloitte Ireland LLP agus thar a cheann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Teach Deloitte agus Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

An 20 Nollaig 2019

# Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019

| | Nóta | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 747,825 | 758,432 |
| Costais dhíreacha | 3 | (495,284) | (572,160) |
| Brabús comhlán | | 252,541 | 186,272 |
| Costais oibriúcháin eile | 5 | (139,199) | (103,356) |
| Brabús oibriúcháin | | 113,342 | 82,916 |
| Ús agus ioncam eile | 6 | 110 | - |
| Costais airgeadais | 6 | (17,490) | (17,098) |
| Brabús roimh cháin | 8 | 95,962 | 65,818 |
| Costas cáin ioncaim | 9 | (16,315) | (8,531) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **79,647** | **57,287** |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 79,647 | 57,287 |

# An Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Eile

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019

| | Nóta | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Míreanna a d'fhéadfadh a bheith athrangaithe mar bhrabús nó caillteanas ina dhiaidh seo:** | | | |
| Gluaiseacht i (gcaillteanas)/ngnóthachan neamhréadaithe ar fháluithe ar an sreabhadh airgid | 25 | (24,479) | 9,383 |
| Cáin iarchurtha inchurtha i leith gluaiseachta i gcaillteanas/(ngnóthachan) neamhréadaithe ar fháluithe sreabhaidh airgid | 9 | 3,060 | (1,173) |
| Difríochtaí san aistriú airgeadra | | (99) | 34 |
| Líon iomlán na míreanna a d'fhéadfadh a bheith athrangaithe mar bhrabús nó caillteanas ina dhiaidh seo | | (21,518) | 8,244 |
| **Míreanna nach ndéanfar a athrangú mar bhrabús ná caillteanas ina dhiaidh seo:** | | | |
| Atomhas an glandliteanais sochair shainithe | 22 | (15,324) | (6,283) |
| Creidmheas cánach iarchurtha ar ath-thomhas | 9 | 2,022 | 800 |
| Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athrangú mar bhrabús nó caillteanas ina dhiaidh seo | | (13,302) | (5,483) |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 79,647 | 57,287 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **44,827** | **60,048** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán atá inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 44,827 | 60,048 |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 30 Meán Fómhair 2019

| | Nóta | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Infheistíochtaí | 11 | 406 | 356 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 89,090 | 98,847 |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | 13 | 514,709 | 532,925 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | 9 | 24,285 | 18,850 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 14 | 44,983 | 38,383 |
| Iomlán na sócmhainní nach sócmhainní reatha iad | | 673,473 | 689,361 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 14 | 255,008 | 140,541 |
| Cáin reatha infhála | | 233 | 1,170 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 18 | 318,621 | 251,276 |
| Iomlán na sócmhainní reatha | | 573,862 | 392,987 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **1,247,335** | **1,082,348** |
| **Cothromas agus Dliteanais** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas | 17 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (88,875) | (67,456) |
| Cúlchiste aistrithe | | 120 | 219 |
| Tuilleamh coinnithe | | 339,810 | 277,465 |
| Cothromas iomlán | | 300,275 | 259,448 |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24 | 101,571 | 77,092 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | 9 | 32,500 | 27,659 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 15 | 1,749 | 1,237 |
| Deontais | 16 | 90,140 | 93,407 |
| Iasachtaíochtaí | 23 | 411,255 | 308,598 |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 22 | 50,642 | 32,375 |
| Iomlán na nDliteanas Neamhreatha | | 687,857 | 540,368 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíochtaí | 23 | 19,776 | 15,886 |
| Deontais | 16 | 3,228 | 3,750 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 15 | 236,199 | 262,896 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | 259,203 | 282,532 |
| Iomlán na ndliteanas | | 947,060 | 822,900 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **1,247,335** | **1,082,348** |

**Faofa ag an mBord agus sínithe thar a gceann:**

An 18 Nollaig 2019

**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach

**John Trethowan**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Mark Foley**
Príomhfheidhmeannach

# An Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019

| | Scair-chaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán atá inchurtha i leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2017 | 38 | 49,182 | (75,666) | 185 | 229,661 | 203,400 |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 57,287 | 57,287 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais na scéime le sochar sainithe glan ar cháin iarchurtha | - | - | - | - | (5,483) | (5,483) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar an ngluaiseacht cánach iarchurtha | - | - | 8,210 | - | - | 8,210 |
| Gluaiseacht sa chúlchiste aistrithe | - | - | - | 34 | - | 34 |
| Díbhinní | - | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 38 | 49,182 | (67,456) | 219 | 277,465 | 259,448 |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 79,647 | 79,647 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais na scéime le sochar sainithe glan ar cháin iarchurtha | - | - | - | - | (13,302) | (13,302) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar an ngluaiseacht cánach iarchurtha | - | - | (21,419) | - | - | (21,419) |
| Gluaiseacht sa chúlchiste aistrithe | - | - | - | (99) | - | (99) |
| Díbhinní | - | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| **Iarmhéid amhail an 30 MF 2019** | **38** | **49,182** | **(88,875)** | **120** | **339,810** | **300,275** |

## Cúlchiste Caipitil

Tháinig an cúlchiste caipitil aníos nuair a dílsíodh na hoibríochtaí TSO ó Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) chuig an gCuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níl aon ghluaiseachtaí sa chúlchiste ón dáta sin.

## Cúlchiste Fálaithe

Is éard atá sa chúlchiste fálaithe ná an sciar carnach de ghnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí fálaithe a mheastar atá éifeachtúil i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid. Ní aithnítear an gnóthachan ná an caillteanas iarchurtha carnach ar na hionstraimí fálaithe sa bhrabús ná sa chaillteanas ach amháin nuair a théann an t-idirbheart fálaithe i bhfeidhm ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó nuair a chuirtear san áireamh é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe nach mír airgeadais í.

## Cúlchiste Aistrithe

Is éard atá sa chúlchiste aistrithe ná na difríochtaí airgeadra eachtraigh a eascraíonn as glansócmhainní de chuid oibríochtaí eachtracha an Ghrúpa a aistriú óna n-airgeadra feidhmiúil chuig airgeadra feidhmiúil EirGrid, is é sin, an euro, lena n-áirítear brabúis agus caillteanais oibríochtaí den chineál sin a aistriú.

## Tuilleamh Coinnithe

Is éard atá i dtuilleamh coinnithe ná tuilleamh carnach glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus i mblianta airgeadais roimhe.

# Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019

| | Nóta | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús iarchánach | | 79,647 | 57,287 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 13 | 23,442 | 23,832 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 12 | 21,563 | 2,028 |
| Amúchadh deontais | 16 | (3,789) | (3,313) |
| Ús agus ioncam eile | | (110) | - |
| Costais airgeadais | | 17,490 | 17,098 |
| Costas sochair scoir | | 7,382 | 6,117 |
| Caillteanas neamhréadaithe i ndáil le hairgeadra eachtrach | | 348 | 794 |
| Costas cáin ioncaim | | 16,315 | 8,531 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha | | (5,812) | (5,765) |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh ghluaiseachtaí sa chaipiteal oibre** | | **156,476** | **106,609** |
| **Gluaiseachtaí sa chaipiteal oibre** | | | |
| (Méadú)/laghdú i dtrádáil agus in infháltais eile | | (131,749) | 14,333 |
| (Laghdú)/méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | (7,464) | 6,770 |
| **Airgead ó oibríochtaí** | | **17,263** | **127,712** |
| Cáin ioncaim íoctha/(aisíoctha) | | (8,175) | 3,838 |
| Ús faighte | | 110 | - |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **9,198** | **131,550** |
| **Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | (4,990) | (10,680) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | (21,761) | (29,485) |
| Fáltas infheistíochta | | (50) | (356) |
| Deontais | | - | 1,246 |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(26,801)** | **(39,275)** |
| **Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | (4,000) | (4,000) |
| Iasachtaíochtaí íostarraingthe | | 125,920 | - |
| Iasachtaíochtaí aisíoctha | | (19,510) | (15,149) |
| Costais airgeadais íoctha | | (16,739) | (16,497) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **85,671** | **(35,646)** |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **68,068** | **56,629** |
| **Airgead tirim agus a choibhéisí airgid thirim ag tús na bliana** | | **251,276** | **194,783** |
| Tionchar na malairte eachtraí | | (723) | (136) |
| **Airgead tirim agus a choibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | 18 | **318,621** | **251,276** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Comhdhlúite

## 1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid cpt ('an Chuideachta'), arna corprú in Éirinn, a bunaíodh de bhun I.R. Uimh. 445 de 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) mar an tOibreoir Córais Tarchurtha (TSO) in Éirinn agus mar an tOibreoir Margaidh (MO) don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann. Tá SONI Teoranta (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) ceadúnaithe ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann mar an TSO i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnas MO aige d'oileán na hÉireann chomh maith. Tá EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus ag Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibreoir an Idirnascaire Thoir Thiar. Is é The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 oifig chláraithe EirGrid cpt (Cláruimhir 338522).
Tá príomhghníomhaíocht na Cuideachta cuimsithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 72.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

Na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach anseo thíos, tá siad curtha i bhfeidhm go seasta i leith gach tréimhse a cuireadh i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus tá siad curtha i bhfeidhm go seasta ag gach eintiteas de chuid an Ghrúpa mura sonraítear a mhalairt. Féach an beartas 'Glacadh le caighdeáin úra' thíos i ndáil le IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí, agus IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais.

### Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Ullmhaíodh iad le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019 ar bhonn na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais uile agus na Léirmhíniúchán uile atá éigeantach, agus de réir Acht na gCuideachtaí Éireann, 2014. Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na réamh-mheastachán reatha airgeadais agus na saoráidí atá ar fáil, gur leor na hacmhainní atá ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta de réir FRS 101 An Creat um Nochtadh Laghdaithe ("FRS 101"). Níor soláthraíodh ráiteas ioncam ar leith don Chuideachta sna ráitis airgeadais seo mar gur bhain an Chuideachta leas as an díolúine atá curtha ar fáil ag alt 304 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair in euro, agus iad slánaithe suas go dtí an míle is gaire mura bhfuil a mhalairt sonraithe, agus ullmhaíodh ar bhonn an chostais stairiúil iad seachas i gcás athluacháil roinnt ionstraimí airgeadais ar leith atá á gcoinneáil ar a luach cóir. Is iondúil go mbunaítear an costas stairiúil ar luach cóir na comaoine a thugtar de mhalairt ar shócmhainní.

Agus an lucht bainistíochta ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais, éilítear orthu meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndliteanas a thuairiscítear, ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas teagmhasach, agus ar na méideanna ioncaim agus costas a thuairiscítear le linn na tréimhse tuairiscithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht ann idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin.

Is í an bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 an tréimhse reatha atá á tuairisciú anois. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018. Rinneadh méideanna áirithe ar chlár comhardaithe na tréimhse roimhe seo a athaicmiú chun cloí le cur i láthair ráitis airgeadais na tréimhse reatha agus ní dhearnadh aon choigeartú ar an mbrabús ná ar chúlchistí oscailte.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Glacadh le caighdeáin úra

Sa bhliain airgeadais reatha, glacadh leis na caighdeáin agus na léirmhíniúcháin úra agus athbhreithnithe seo a leanas, agus chuaigh siad sin i bhfeidhm ar na méideanna atá tuairiscithe sna ráitis airgeadais seo (i gcás blianta airgeadais bliantúla arna dtosú an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh sin):

- IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais
- IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí
- IFRIC 22 Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach agus Comaoineacha Réamhíoctha
- Leasuithe ar IAS 28 – Infheistíocht i gComhpháirtithe agus i gComhfhiontair

Níl aon tionchar ábhartha ar thorthaí an Ghrúpa mar thoradh ar na caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe nua. Mar sin féin, chuaigh IFRS 9 agus IFRS 15 i bhfeidhm ar an nGrúpa agus tá cur síos anseo thíos ar nádúr agus ar éifeacht na n-athruithe atá ag teastáil:

#### IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí

Cuirfear IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí in áit IAS 18 Ioncam agus IAS 11 Conarthaí Tógála agus na léirmhíniúchán bainteach. Bunaítear le IFRS 15 samhail cúig chéim chun cineál, méid, uainiú agus neamhchinnteacht ioncaim agus sreafaí airgid arna n-eascairt as conarthaí le custaiméirí a thuairisciú. Sonraíonn IFRS 15 conas agus cathain is cóir ioncam a aithint, agus éilíonn sé nochtuithe feabhsaithe freisin. Ceanglaítear le bunphrionsabal an chaighdeáin ar eintiteas ioncam a aithint chun an t-aistriú earraí nó seirbhísí do chustaiméirí a léiriú i méid lena léirítear an chomaoin a bhfuil súil aige a bheith ina theideal mar mhalairt ar na hearraí nó na seirbhísí sin a aistriú don chustaiméir. Aithnítear ioncam nuair atáthar tar éis oibleagáid aitheanta maidir le feidhmíocht a chomhlíonadh, agus is féidir leis an gcustaiméir úsáid earra ná seirbhíse a threorú, agus na tairbhí uile atá fágtha d'earra nó de sheirbhís a fháil ina n-iomláine, de bharr smacht a fháil ar an earra ná ar an tseirbhís sin.

Bunaithe ar chaidrimh chonarthacha agus thrádála an Ghrúpa, ní raibh tionchar ábhartha ar an nGrúpa ag baint le glacadh IFRS 15 ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ní dhearnadh aon choigeartú ar thuillimh choimeádta nuair a cuireadh chun feidhme é an 1 Deireadh Fómhair 2018. Mar sin féin, níor chloígh na hioncaim ó neamhfhoirfeachtaí ná na hioncaim ón bhfritrádáil leis na critéir maidir le hoibleagáid feidhmíochta faoi IFRS 15, rud a d'fhág nárbh fhéidir ioncaim a aithint. D'aithneofaí ioncam agus costais dhíreacha €176.0m sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019 dá gcuirfí seanchaighdeán IAS 18 i bhfeidhm. Tá IFRS 15 glactha ag an nGrúpa ón 1 Deireadh Fómhair 2018 leis an gcur chuige siarghabhálach mionathraithe (gan réitigh phraiticiúla) agus níor athshonraigh sé figiúirí comparáideacha le haghaidh 2018

I gcomhréir le ceanglais IFRS 15, tugtar breac-chuntas i nóta 3 leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite ar nochtuithe nua lena léirítear dí-chomhbhailiú ioncaim de réir príomh-mhargaí tíreolaíocha, príomhghníomhaíochtaí agus príomhsheirbhísí.

#### Ionstraimí Airgeadais

Is é IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais an caighdeán atá á chur in ionad IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas. Tugtar aghaidh sa chaighdeán ar aicmiú, tomhas agus dí-aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais, tugtar rialacha nua isteach leis le haghaidh cuntasaíocht fálaithe mar aon le samhail nua bhearnaithe le haghaidh sócmhainní airgeadais. Tá IFRS 9 (gan réitigh phraiticiúla) glactha ag an nGrúpa ón 1 Deireadh Fómhair 2018 agus níor athshonraigh sé figiúirí comparáideacha le haghaidh 2018.

Ní raibh tionchar ábhartha ar an nGrúpa ag baint le glacadh IFRS 9 ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ní dhearnadh aon choigeartú ar thuillimh choimeádta nuair a cuireadh chun feidhme é an 1 Deireadh Fómhair 2018.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Aicmiú agus tomhas

Coinnítear in IFRS 9, den chuid is mó, na ceanglais reatha in IAS 39 maidir le haicmiú agus tomhas dliteanas airgeadais. Mar sin féin, tá deireadh curtha ann leis na catagóirí a bhíodh ann faoi IAS 39 maidir le sócmhainní airgeadais arna sealbhú go tráth aibíochta, iasachtaí agus earraí infhaighte, agus sócmhainní atá ar fáil lena ndíol. Faoi IFRS 9, ar an gcéad aithint, aicmítear sócmhainn airgeadais mar a bheith tomhaiste ag a costas amúchta, nó ag a luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile ('FVOCI') nó ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ('FVPL'). Tá an t-aicmiú bunaithe ar an tsamhail ghnó chun na sócmhainní airgeadais a bhainistiú agus ar théarmaí conarthacha na sreafaí airgeadais.

Sa tábla thíos, tugtar sonraí ar na catagóirí tomhais bunaidh faoi IAS 39 agus na catagóirí tomhais nua faoi IFRS 9 le haghaidh gach aicme de shócmhainní airgeadais agus de dhliteanais airgeadais an Ghrúpa.

| | **Aicmiú bunaidh faoi IAS 39** | **Aicmiú nua faoi IFRS 9** | **Suim ghlanluacha bhunaidh faoi IAS 39 – 30 Meán Fómhair 2018 € '000** | **Suim ghlanluacha faoi IFRS 9 – 1 Deireadh Fómhair 2019 € '000** |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí | Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile | Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile | 356 | 356 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | Iasachtaí agus infháltais | Costas amúchta | 42,381 | 42,381 |
| Costais tionscadail iarchurtha | Iasachtaí agus infháltais | Costas amúchta | 45,383 | 45,383 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | Iasachtaí agus infháltais | Costas amúchta | 251,276 | 251,276 |
| | | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta | (146,934) | (146,934) |
| Iasachtaíochtaí agus rótharraingtí bainc | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta | (324,484) | (324,484) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | Luach cóir trí ionstraim fálaithe ioncaim chuimsithigh eile | Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile | (77,092) | (77,092) |

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Lagú sócmhainní airgeadais

Tá sócmhainní airgeadais an Ghrúpa arna dtomhas ar a luach cóir, arbh iad infháltais trádála na sócmhainní is tábhachtaí díobh, faoi réir na samhla nua maidir le caillteanas creidmheasa faoi IFRS 9. Tá athbhreithniú déanta ar mhodheolaíocht lagaithe an Ghrúpa i gcomhréir le ceanglais IFRS 9. Cuireadh an cur chuige simplithe maidir le soláthar le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchais i bhfeidhm ar infháltais trádála, rud a fhágann gur gá soláthar le haghaidh caillteanas ionchais saoil a úsáid. Déantar na hionchuir do ríomh na gcaillteanas ionchais a bhunú ar mheastacháin réamhbhreathnaitheacha, an stair go dtí seo, dálaí an mhargaidh, agus an beartas bainistithe creidmheasa. Mar chuid de thionscadal an aistrithe chuig IFRS 9, rinne an Grúpa measúnú ar a infháltais reatha trádála agus eile maidir le lagú. Baineadh úsáid as faisnéis réasúnta intacaithe atá ar fáil gan costas ná iarracht mhíchuí chun riosca creidmheasa na n-infháltas a dhearbhú ar an dáta a aithníodh i dtosach iad agus cuireadh é sin i gcomparáid leis an riosca creidmheasa amhail ar 1 Deireadh Fómhair 2018. I bhfianaise rátaí caillteanais stairiúla, gnáthaosú na n-infháltas, agus an cion suntasach d’infháltais trádála atá laistigh de théarmaí comhaontaithe, níor tháinig aon choigeartú ar infháltais trádála ná infháltais eile chun cinn mar thoradh ar an aistriú ó shamhail caillteanais thabhaithe go samhail caillteanais ionchais.

### Cuntasaíocht fálaithe

Roghnaigh an Grúpa an tsamhail nua cuntasaíochta fálaithe in IFRS 9 a ghlacadh. Áirítear gaolmhaireacht fálaithe reatha an Ghrúpa mar fháluithe a leanfar díobh ar ghlacadh IFRS 9. Dá réir sin, níor tháinig tionchar suntasach chun cinn ar staid airgeadais an Ghrúpa mar thoradh ar ghlacadh IFRS 9.

### Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil i bhfeidhm fós

Ar dháta údaraithe na Ráiteas Airgeadais seo, bhí na Caighdeáin agus na Léirmhíniúcháin seo a leanas nár cuireadh i bhfeidhm sna Ráitis Airgeadais seo eisithe, ach ní raibh siad i bhfeidhm go fóill don tréimhse chuntasaíochta a bhfuil tuairisciú á dhéanamh ina leith:

- IFRS 16 – Léasanna - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019)

Tá an tionchar a imreoidh an caighdeán seo ar na Ráitis Airgeadais fós á mheas ag na Stiúrthóirí (dáta éifeachtach: Bliain airgeadais EirGrid cpt dar tús 1 Deireadh Fómhair 2019):

Cuirfear an caighdeán sin in áit IAS 17 Léasanna. Bhí IFRS 16 formhuinithe ag an AE i nDeireadh Fómhair 2017. Is suntasach na hathruithe a rinneadh de réir IFRS 16 agus is ar léasaithe is mó a rachaidh na hathruithe sin i bhfeidhm; tá leasú mór déanta ar an gcuntasaíocht i leith léasaithe dá bharr. An príomhthionchar ar léasaithe ná go ndéanfar beagnach gach léas a aithint ar an gclár comhardaithe de réir mar a bhaintear an t-idirdhealú idir léasanna oibriúcháin agus léasanna airgeadais i gcomhair léasaithe. Faoi IFRS 16, aithnítear sócmhainn (an ceart chun an mhír léasaithe a úsáid) agus dliteanas airgeadais (oibleagáid chun cíosanna a íoc). Is díolúine iad léasanna gearrthéarmacha agus léasanna ar íseal-luach amháin. Tugann an caighdeán meastacháin agus tairsigh bhreithiúnais nua isteach a mbíonn tionchar acu ar aithint, rangú agus tomhas idirbheart léasa. Tá gá freisin le nochtuithe níos leithne cáilíochtúla agus cainníochtúla araon.

Tá an Grúpa i mbun anailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm IFRS 16 ar a Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Rachaidh IFRS 16 i bhfeidhm ar Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite agus ar Chlár Comhardaithe Comhdhlúite an Ghrúpa ar na bealaí seo a leanas:

### Ráiteas Ioncaim

Beidh laghdú ar chostais oibriúcháin, mar bíonn na costais i dtaca le léasanna oibriúcháin á n-aithint ag an nGrúpa i gcostais riaracháin faoi láthair. Ba é €3.8m an costas léasa a bhí ag an nGrúpa don bhliain 2019 (2018: €3.6m) agus nochtar é sin i Nóta 8 leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Beidh méadú ar chostais dímheasa agus airgeadais mar atá siad taifeadta faoi láthair i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa mar, faoin gCaighdeán nua, déanfar an tsócmhainn ceart úsáide a chaipitliú agus a dhímheas thar shaolré an léasa, agus gearrfar costas airgeadais bainteach ar an dliteanas léasa gach bliain.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Clár Comhardaithe

Is é gealltanas an Ghrúpa atá fós le híoc ar na léasanna uile amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019 ná €42.8m (2018: €46.3m) (féach Nóta 19). Tá tionchar an Chaighdeáin nua fós á mheas ag an nGrúpa, ach ní fios go fóill cén tionchar airgeadais a bheidh ag an gCaighdeán go baileach, mar go bhfuil roinnt mhaith tosca ann a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ríomh an dhliteanais, mar shampla, is gá an ráta lascaine a dheimhniú, chomh maith le téarma ionchais na léasanna, lena n-áirítear roghanna maidir le hathnuachan agus díolúintí i gcás léasanna gearrthéarmacha agus míreanna ar luach íseal. Is léiriú é gealltanas an Ghrúpa amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019 ar scála na léasanna atá ina sheilbh ach níor chóir go n-úsáidfí an tsuim seo mar athróg ionadach do thionchar IFRS 16 ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite. Leanfaidh an Grúpa de mheasúnacht a dhéanamh ar a phunann léasanna chun an tionchar a mheas a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar aistriú chuig an gCaighdeán nua.

Mar aon leis na héifeachtaí thuas, beidh méadú suntasach ar nochtuithe nuair a ghlacfaidh an Grúpa le IFRS 16.

### Bonn a gcomhdhlúthaithe

Is éard atá sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite ná Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus na n-eintiteas atá faoi rialú na Cuideachta (a cuid fochuideachtaí) suas go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain. Deirtear go bhfuil eintiteas faoi rialú na Cuideachta:

- nuair atá cumhacht ag an gCuideachta ar an eintiteas infheistiúcháin;
- nuair atá an Chuideachta neamhchosanta ar thoradh athraitheach, nó nuair atá cearta aici chun toradh athraitheach, mar gheall ar an mbaint atá aici leis an eintiteas infheistiúcháin; agus
- nuair is féidir leis an gCuideachta a cumhacht a úsáid le tionchar a imirt ar a toradh.

Déanann an Chuideachta athmheasúnú ar cibé acu an bhfuil ná nach bhfuil eintiteas infheistiúcháin faoina rialú má thugann fíricí agus cúinsí le fios go bhfuil athrú tagtha ar cheann amháin nó níos mó de thrí ghné na rialála thuas.

Sa chás go bhfuil níos lú ná tromlach na gceart vótála in eintiteas infheistiúcháin ag an gCuideachta, measann sí go bhfuil cumhacht aici ar an eintiteas infheistiúcháin sa chás gur leor na cearta vótála chun an cumas praiticiúil a thabhairt di gníomhaíochtaí ábhartha an eintitis infheistiúcháin a stiúradh go haontaobhach. Cíorann an Chuideachta na fíricí agus na cúinsí ábhartha ar fad agus í ag meas cibé acu an leor ná nach leor cearta vótála na Cuideachta in eintiteas infheistiúcháin chun cumhacht a thabhairt di, lena n-áirítear:

- méid shealúchas ceart vótála na Cuideachta i gcomparáid le méid agus le scaipeadh shealúchais ceart vótála na sealbhóirí vóta eile;
- cearta féideartha vótála atá i seilbh na Cuideachta, sealbhóirí eile nó páirtithe eile;
- cearta a éiríonn as socruithe conartha eile; agus
- aon fhíric agus aon chúinse breise a léiríonn go bhfuil nó nach bhfuil cumas reatha ag an gCuideachta na gníomhaíochtaí ábhartha a stiúradh ag an am is gá cinntí a dhéanamh, lena n-áirítear patrúin vótála ag cruinnithe scairshealbhóirí a tharla roimhe sin.

Tosaíonn comhdhlúthú fochuideachta nuair a fhaigheann an Chuideachta ceannas ar an bhfochuideachta agus stopann sé nuair a chailleann an Chuideachta ceannas ar an bhfochuideachta. Áirítear go sonrach sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite na torthaí a fhaightear nó a dhiúscraítear le linn na bliana airgeadais ón dáta a bhfaigheann an Chuideachta ceannas go dtí an dáta a gcailleann an Chuideachta ceannas ar an bhfochuideachta.

Cuirtear brabús nó caillteanas agus gach gné d’ioncam cuimsitheach eile i leith úinéirí na Cuideachta.

Nuair is gá, déantar coigeartuithe ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun a chinntiú go bhfuil na beartais chuntasaíochta a mbaintear úsáid astu ar aon dul le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuirtear as an áireamh, tar éis a c(h)omhdhlúthaithe, gach sócmhainn, dliteanas, gnáthscair, ioncam, costas agus sreabhadh airgid inghrúpa a bhaineann le hidirbhearta idir chomhaltaí an Ghrúpa.

Déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a thabhairt ar aghaidh ar a gcostas i ráitis airgeadais na Cuideachta.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Comhoibríochtaí

Cuimsítear i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar leathanach 142 go dtí 154 torthaí na Cuideachta, chomh maith lena sciar de thorthaí, sócmhainní agus dliteanais na comhoibríochta a bhfuil sí rannpháirteach inti, agus leas á bhaint as an modh comhdhlúthaithe chomhréirigh a cheadaítear faoi IFRS 11. Ós rud é gur comhshocrú atá sa chomhoibríocht, ina bhfuil comhrialú ag na páirtithe ar an socrú, agus ina bhfuil cearta acu chun na sócmhainní agus na n-oibleagáidí i ndáil leis na dliteanais a bhaineann leis an socrú, aithníonn na stiúrthóirí a gcuid sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas maidir lena leas i gcomhoibríocht.

Déantar cuntas ar sciar na Cuideachta de thorthaí agus de ghlansócmhainní comhoibríochtaí ar bhonn comhdhlúthú comhréireach ón dáta a dtugtar chun críche na socruithe conartha ina sonraítear an comhrialú, agus déantar iad a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an gcomhrialú sin. Comhcheanglaíonn an Chuideachta a sciar de na comhshocruithe, den ioncam agus na costais aonair, de na sócmhainní agus dliteanais, agus de na sreafaí airgid ar bhonn líne ar líne le míreanna atá cosúil leo i ráitis airgeadais na Cuideachta.

### Infheistíochtaí a bhfuil cuntas déanta orthu agus modh an chothromais á chur i bhfeidhm

Is comhlaigh iad na heintitis sin a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa, ach nach bhfuil rialú iomlán ná comhrialú aige, ar na beartais airgeadais agus oibriúcháin. Is comhfhiontar é socraíocht ina bhfuil comhrialú ag an nGrúpa, rud a fhágann go bhfuil cearta ag an nGrúpa i leith ghlansócmhainní na socraíochta seachas cearta i leith a sócmhainní agus oibleagáidí i leith a dliteanas. Tugtar cuntas ar leasanna i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair le modh an chothromais. Aithnítear iad ar a gcostas i dtosach, lena n-áirítear costais bheartaíochta. Tar éis na haitheanta tosaigh, áirítear leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa den bhrabús nó den chaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile de na hinfheistíochtaí a bhfuil cuntas déanta orthu agus modh an chothromais á chur i bhfeidhm, go dtí an dáta a thagann deireadh leis an tionchar suntasach nó leis an gcomhrialú.

### Comhcheangail ghnó

Úsáidtear an modh éadála le comhcheangail ghnó a chur sna cuntais. Déantar costas éadála a mheas mar chomhiomlán na comaoine aistrithe, arna thomhas ar dháta a fhála ar luach cóir, agus méid aon leasa neamhurlámhais san eintiteas arna fháil. I gcás gach comhcheangail gnó, tomhaiseann an Grúpa an leas neamhurlámhais san eintiteas arna fháil ar a luach cóir nó de réir an sciar chomhréirigh de ghlansócmhainní inaitheanta an eintitis arna fháil. Cláraítear costais fála mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnóthas, measann sé na sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna ngabháil air féin lena rangú agus lena sonrú go cuí de réir na dtéarmaí conartha, na gcúinsí eacnamaíochta agus na ndálaí ábhartha amhail ar an dáta fála. Má bhaintear an comhcheangal gnó amach ina chodanna, déantar atomhas, tríd an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite, go dtí an luach cóir ar an leas cothromais a bhíodh ag an nGrúpa san eintiteas arna fháil ar an dáta a bhfaigheann an Grúpa ceannas den chéad uair. Aithneofar ar a luach cóir ar an dáta fála aon chomaoin theagmhasach a bheidh le haistriú ag an bhfaighteoir. Is sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite de réir IFRS 9 a aithneofar athrú ar bith ina dhiaidh sin ar luach cóir comaoine teagmhasaí a mheastar atá ina shócmhainn airgeadais nó ina dhliteanas airgeadais.

Tomhaistear an cáilmheas ar a chostas ar dtús, is é sin barrachas chomhiomlán na comaoine a aistríodh agus an mhéid a aithníodh i leith an leasa neamhurlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na dliteanais arna ngabháil.

### Dea-thoil

Déantar cáilmheas ar éadálacha a thomhas ar dtús ar a gcostas, is é sin barrachas chostas an chomhcheangail gnó thar leas an fhaighteora i nglanluach cóir na sócmhainní, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach inaitheanta. Leithdháiltear an cáilmheas a fhaightear i gcomhcheangal gnó, ó dháta a fhála, chuig na haonaid giniúna airgid nó chuig grúpaí d'aonaid giniúna airgid a bhfuiltear ag súil leo leas a bhaint as an gcomhcheangal gnó inar tháinig an cáilmheas aníos.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Tar éis a haitheanta tosaigh, déantar cáilmheas a thomhas ar a chostas lúide aon chaillteanais bhearnúcháin charntha. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas lena dhéanamh amach an bhfuil bearnúchán ann ar bhonn bliantúil nó níos minice ná sin má thugann imeachtaí nó athruithe ar na cúinsí le fios go bhféadfadh sé go mbeadh an tsuim ghlanluacha bearnaithe. Déantar na tástálacha bearnúcháin ar cháilmheas ag an am céanna gach bliain airgeadais. Déantar an bearnúchán a dheimhniú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála an aonaid giniúna airgid a mbaineann an cáilmheas leis. Nuair is lú méid in-aisghabhála an Aonaid Giniúna Airgid ná an tsuim ghlanluacha, aithnítear caillteanas bearnúcháin. Ní aisiompaítear caillteanais bhearnúcháin a thagann aníos i leith cáilmheasa tar éis a n-aitheanta.

### Ioncam

Is éard atá i gceist le hioncam go príomha ná an t-ioncam a dhíorthaítear ó tharchur leictreachais a sholáthar, cearta airgeadais maidir le tarchur (CAT) a dhíol, ioncam ó acmhainneacht an EWIC, ioncam ó phlódú a dhíorthaítear ón EWIC, agus seirbhísí Oibreora Margaidh a sholáthar do chustaiméirí le linn na bliana airgeadais, agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh ann.

Meastar gurb é an Grúpa an príomhaí sa tsocraíocht más é a rialaíonn seirbhís atá geallta roimh í a aistriú chuig custaiméir nó más é féin a chomhlíonann an oibleagáid feidhmíochta, agus má aithnítear an t-ioncam ar bhonn ioncam comhlán dá réir sin.

#### Ioncam ó TUoS mar Oibreoir Córais Tarchurtha:

Is é an taraif 'Úsáid Tarchuir an Chórais' (TUoS) an príomhioncam. Is muirear é sin a bhíonn iníoctha ag úsáideoirí go léir na gcóras tarchurtha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Taifeadtar ioncam ó sholáthar tarchurtha leictreachais (oibleagáid feidhmíochta) ag pointe ama (tráth a dhéantar an leictreachas a tharchur) bunaithe ar an líon meigeavatanna leictreachais a iompraítear. Aithnítear ioncam billeáilte mar infháltas trádála agus nochtar ioncam gan billeáil ar leithligh.

#### Ioncam mar Oibreoir Margaidh:

An oibleagáid atá ar an Oibreoir Margaidh is ea díol leictreachais a éascú trí shocrú leanúnach (oibleagáid feidhmíochta) an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Faigheann SEMO taraifí mar oibreoir margaidh as na seirbhísí sin lena n-áirítear muirir sheasta bunaithe ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus muirir inathraitheach bunaithe ar an líon meigeavatanna leictreachais arna dtrádáil sa mhargadh.

D'ainmnigh na húdaráis rialála ábhartha (CRU agus UR) EirGrid cpt agus SONI Ltd mar Oibreoirí Ainmnithe Margaidh Leictreachais (NEMO) d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann faoi seach. Tugann na hainmniúcháin NEMO cead do EirGrid cpt agus SONI Ltd margaí ionlae agus ceantála lá roimh ré a sholáthar le haghaidh trádála (oibleagáid feidhmíochta) sa Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA) trí SEMOpx, a gcomhfhiontar conarthach. Taifeadtar ioncam tráth déanta an idirbhirt.

#### EWIC - Ioncam acmhainneachta:

Bíonn an EWIC páirteach sna ceantanna acmhainneachta sa MLA agus i margaí na Breataine Móire, áit a reáchtáiltear roinnt ceantanna le linn na bliana. D'éirigh go maith leis an EWIC sna margaí sin, agus faigheann sé ioncam acmhainneachta ar gach MW a dhíoltar leis an margadh sa cheant (oibleagáid feidhmíochta). Thar thréimhse ama a aithnítear an t-ioncam acmhainneachta toisc go reáchtáiltear na ceantanna le haghaidh bliain acmhainneachta shonrach ar gá don ghineadóir a bheith ar fáil di. Tá cuntas sna hamlínte ar phróisis chun riachtanais acmhainneachta, srianta áitiúla agus cáilíocht aonaid a shocrú.

#### EWIC – Ioncam ar phlódú:

Déantar an EWIC a chúiteamh as difríochtaí a laghdú idir praghsanna ('plódú') idir réigiúin mhargaidh agus faigheann sé ioncaim ar phlódú. Díorthaítear é ón leictreachas a iompar (oibleagáid feidhmíochta) idir Éire agus an Bhreatain Mhór.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### EWIC – Cearta airgeadais maidir le tarchur (CAT) a dhíol:

Díolann an EWIC Cearta Tarchuir Fadtéarma i bhfoirm cearta airgeadais maidir le tarchur (CATanna). Cineál conartha difríochta atá sna cearta sin atá nasctha le praghsanna in dhá mhargadh idirnasctha agus tugann siad an ceart don sealbhóir (oibleagáid feidhmíochta) an raon difríochta praghsanna margaidh a fháil i rith thréimhse CAT. An Joint Allocation Office ("JAO") a dhéanann cearta airgeadais maidir le tarchur a dhíol, agus níl an EWIC ina chontrapháirtí de thrádáil na gceart. Ar ardán ceantála a dhíoltar na cearta roimh ré i gceantanna míosúla, ráithiúla, séasúracha agus bliantúla. Is é is ioncam ann an méid airgid a fhaigheann an grúpa ó cheant na gceart arna thaifeadadh ar bhonn am comhréireach thar thréimhse an chonartha CAT.

### Coigeartuithe rialála:

Sa chás inar mó an t-ioncam a fuarthas nó an t-ioncam infhála ná an t-uasmhéid atá socraithe de réir comhaontú rialála, déanfar coigeartú ar tharaifí amach anseo chun an róghnóthú a léiriú. Ní aithnítear aon dliteanas mar léireoidh an rialtóir é sin mar tharaifí níos ísle ar tharchur i dtréimhsí amach anseo, rud a fhágfaidh go mbeidh ioncam níos lú ann sna tréimhsí sin. Ar an gcaoi chéanna, ní aithnítear aon sócmhainn sa chás go gceadaítear de réir comhaontú rialála coigeartuithe a dhéanamh ar tharaifí amach anseo i leith gannghnóthú a bhfuil súil lena fhritháireamh le méaduithe ar tharaifí amach anseo.

Mar Oibreoir Margaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, ní fheidhmíonn an Grúpa ar a shon féin i dtaobh leictreachas a dhíol ná a cheannach. Ní aithníonn an Grúpa mar ioncam airgead a dhíorthaítear ó leictreachas a dhíol. Aithnítear na suimeanna iníoctha agus infhála a bhaineann le trádáil leictreachais ar an gClár Comhardaithe. Aithnítear mar ioncam airgead a fhaightear ó tharaifí atá faoi réir cinneadh rialála

Is éard is ioncam gan billeáil ann (sócmhainn chonartha) ná ioncam ó sheirbhísí tarchurtha leictreachais nach bhfuil billeáilte de réir an chláir ama rialála. Aithnítear ioncam gan billeáil ar bhonn fabhruithe agus luaitear glan ar cháin bhreisluacha é.

Léirítear le hioncam iarchurtha (dliteanas conartha) ioncam iarchurtha ag eascairt as ceantanna CAT agus conarthaí teileachumarsáide.

### Costais dhíreacha

Is éard is costais dhíreacha ann na costais a bhaineann le seirbhísí tarchuradóireachta leictreachais a sholáthar do chustaiméirí le linn na bliana airgeadais, agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh iontu. Áirítear i gcostais dhíreacha táillí úinéir na sócmhainní tarchurtha, íocaíochtaí ó chearta airgeadais maidir le tarchur, agus seirbhísí coimhdeacha. Aithnítear costais dhíreacha de réir mar a thabhaítear iad.

### Brabús oibriúcháin

Ghlac an Grúpa le formáid don Ráiteas Ioncaim a bhfuil sé mar aidhm aici béim a leagan ar mhíreanna tábhachtacha laistigh de na torthaí don tréimhse. Dá réir sin, luaitear an brabús oibriúcháin tar éis costais dhíreacha a mhuirearú agus tar éis costais eile oibriúcháin, ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Is éard atá i gcostais oibriúcháin eile go príomha ná costais fostaithe, táillí gairmiúla, conraitheoirí agus do chostais bhunaithe. Aithnítear costais oibriúcháin eile de réir mar a thabhaítear iad.

### Léasanna

Aithnítear léasanna ón dáta ar féidir leis an léasaí a cheart a fheidhmiú chun an tsócmhainn ar léas a úsáid.

Déantar léasanna a rangú mar léasanna airgeadais i gcás go n-aistríonn téarmaí an léasa bunáite na rioscaí agus na sochar uile a bhaineann le húinéireacht chuig an léasaí. Déantar gach léas eile a rangú mar léas oibriúcháin.

Aithnítear íocaíochtaí as léasanna oibriúcháin mar chostas ar bhonn an mhéid chothroim le linn théarma an léasa, ach amháin sa chás go mbeadh bonn córasach eile ina léiriú níos fearr ar an bpatrún ama a bhaineann le tairbhe an úsáideora. I gcás sochair a fhaightear mar dhreasacht chun dul isteach i léas oibriúcháin, scaiptear iad de réir an mhéid chothroim le linn théarma an léasa.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Airgeadraí eachtracha

Cuirtear Ráitis Airgeadais gach eintitis den Ghrúpa i láthair in airgeadra na buntimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas (is é sin, a airgeadra feidhmiúil). Chun críche na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite, léirítear torthaí agus staid airgeadais gach entitis den Ghrúpa in euro, ós é sin airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra tuairiscithe do na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite.

Déantar taifead ar idirbhearta in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Ar dháta gach Cláir Chomhardaithe, déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a athaistriú ag na rátaí atá i réim ar an dáta sin, agus aithnítear difríochtaí sna rátaí malairte sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite de réir mar a tharlaíonn siad.

Ar chomhdhlúthú na Ráiteas Ioncaim don dá fhochuideachta de chuid an Ghrúpa a fheidhmíonn in airgeadra eachtrach, aistrítear chuig an euro iad ag an meánráta malairte. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí sin ag na rátaí malairte atá i réim ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tógtar go díreach chuig comhchuid ar leith de chothromas na scairshealbhóirí aon difríocht mhalairte a eascraíonn as aistriú na bhfochuideachtaí a fheidhmíonn in airgeadra eachtrach.

Caitear le coigeartuithe cáilmheasa agus luacha chóir a thagann chun cinn tráth a dhéantar na fochuideachtaí eachtracha a éadáil mar shócmhainní agus dliteanais na bhfochuideachtaí eachtracha, agus aistrítear ag an ráta reatha iad.

### Costas sochair scoir

Maidir le pleananna le sochar sainithe, úsáidtear Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa chun an costas a bhaineann le sochar a sholáthar a dheimhniú, agus cuirtear luachálacha achtúireacha i bhfeidhm ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine le linn na tréimhse ina dtarlaíonn siad. Aithnítear lasmuigh de bhrabús nó caillteanas iad agus cuirtear i láthair sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach iad.

Is éard atá sna hoibleagáidí maidir le sochair scoir atá aitheanta sa Chlár Comhardaithe ná luach láithreach na n-oibleagáidí le sochar sainithe arna laghdú faoi luach cóir shócmhainní an phlean. Aon sócmhainn a fhaightear mar thoradh ar an ríomh seo, ní bheidh sí níos mó ná costais seirbhíse san am atá thart, móide luach láithreach na n-aisíocaíochtaí atá ar fáil agus na laghduithe ar ranníocaíochtaí don phlean amach anseo.

Cuirtear teorainn sócmhainne pinsin i bhfeidhm ar shócmhainní pinsin mura bhfuil aon cheart neamhchoinníollach chun sócmhainní na scéime a réadú am éigin le linn shaolré an phlean ná tráth a bheidh an plean socraithe.

Déantar costais seirbhíse reatha an tsochair scoir d'fhostaithe atá i mbun tionscadail, a chaipitliú sa Chlár Comhardaithe de réir mar a thabhaítear na costais.

Feidhmíonn an Chuideachta plean pinsin le ranníocaíocht shainithe dá fostaithe. Is é is plean le ranníocaíocht shainithe ann plean pinsin faoina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leith. Ní bhíonn aon oibleagáid íocaíochta eile ar an gCuideachta tar éis di na ranníocaíochtaí a íoc.

Aithnítear na hoibleagáidí mar chostas sa Ráiteas Ioncaim de réir mar a bhíonn siad dlite. Maidir le méideanna nach n-íoctar iad, léirítear iad sna fabhruithe mar dhliteanas ar an gClár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean scartha ón gCuideachta i gcistí atá riartha go neamhspleách.

### Cánachas

Seasann costas cáin ioncaim do shuim na cánach is iníoctha faoi láthair agus na cánach iarchurtha.

Tá an cháin is iníoctha faoi láthair bunaithe ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais. Tá an brabús inchánach éagsúil ón mbrabús a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim mar ní áirítear ann míreanna ioncaim ná costais atá inchánach nó in-asbhainteach i dtréimhsí eile agus, anuas air sin, ní áirítear ann míreanna nach bhfuil inchánach ná in-asbhainteach ag am ar bith. Úsáidtear rátaí cánach arna nglacadh nó arna nglacadh sa tsubstaint faoi dháta an Chláir Chomhardaithe le dliteanas an Ghrúpa i leith cáin reatha a ríomh.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí idir shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sna Ráitis Airgeadais agus sna boinn chomhfhreagracha chánach a úsáidtear leis an mbrabús inchánach a ríomh, agus úsáidtear an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe le í a chur san áireamh sna cuntais. Is iondúil go n-aithnítear dliteanais chánach iarchurtha do gach difríocht shealadach inchánach, agus is iondúil go n-aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha do gach difríocht shealadach in-asbhainteach sa mhéid gur dócha go mbeidh brabús inchánach ar fáil ar féidir na difríochtaí sealadacha in-asbhainteacha sin a úsáid ina leith. Ní aithnítear sócmhainní ná dliteanais den chineál sin má eascraíonn an difríocht shealadach as aithint tosaigh dea-thola.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a thomhas ar na rátaí cánach is dócha a mbeidh feidhm acu sa tréimhse ina ndéanfar an dliteanas a shocrú nó an tsócmhainn a réadú, bunaithe ar rátaí cánach (agus ar dhlíthe cánach) arna nglacadh nó arna nglacadh sa tsubstaint faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Léiríonn tomhas na ndliteanas agus na sócmhainní cánach iarchurtha na himpleachtaí cánach a d'eascródh as an modh is dócha, ar an dáta tuairiscithe, a ndéanfaidh an Grúpa suim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhliteanas a ghnóthú nó a shocrú. Gearrtar cáin iarchurtha nó cuirtear do shochar í sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin nuair a bhaineann sé le hearraí a gearradh nó a cuireadh do shochar ioncam cuimsitheach eile nó go díreach chuig cothromas, agus sa chás sin caitear leis an gcáin iarchurtha in ioncam cuimsitheach eile nó i gcothromas de réir mar is cuí.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí chun sócmhainní reatha cánach a chur in aghaidh dliteanais chánach reatha agus nuair atá sé de rún ag an nGrúpa shócmhainní agus dliteanais chánach reatha a shocrú ar ghlanbhonn.

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin charntha, seachas i gcás talamh ruílse a léirítear ar a costas lúide an bearnúchán.

Úsáidtear modh an mhéid chothroim le dímheas a aithint ionas go ndíscríobhtar costais sócmhainní thar a saolré ionchais measta. Déantar athbhreithniú ar an saolré ionchais measta, ar an luach iarmharach agus ar an modh dímheasa ag deireadh gach tréimhse, agus mínítear aon athruithe ar na meastacháin sna cuntais ar bhonn ionchasach.

Is mar seo a leanas atá na tréimhsí dímheasa do na príomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

- Feabhsuithe ar fhoirgnimh ar léas: le linn thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsuithe: Idir 5 agus 15 bliana;
- Daingneáin agus feistis: 5 bliana;
- Teicneolaíocht faisnéise, trealamh teileachumarsáide agus eile: Idir 3 agus 8 mbliana;
- Sócmhainn de chuid an Mhargaidh Leictreachais Aonair: 5 bliana; agus
- An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite: 5 bliana.

Is mar seo a leanas atá na tréimhsí dímheasa do chatagóir an Idirnascaire Thoir Thiar laistigh de réadmhaoin, gléasra agus trealamh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tiontaire, trádstóras agus trealamh: 30 bliain;
- Ceadúnais urthrá: 30 bliain;
- Claochladán breise agus páirteanna spártha: 30 bliain;
- Córas rialaithe tiontaire: 15 bliana;
- Trealamh freastalaí TF: 6 bliana; agus
- Suirbhéireacht Mhuirí: 3 bliana.

Ní dhéantar dímheas ar thalamh ruílse ná ar shócmhainní atá á dtógáil.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Iompraítear sócmhainní atá á dtógáil, ar a gcostas lúide aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta. Áirítear sna costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastail, costais sochair scoir agus aon chostais eile a thabhaítear atá inchurtha go díreach i leith tógáil a leithéid de shócmhainní. Déantar na sócmhainní sin a athrangú i gcatagóir chuí agus tosaíonn dímheas na sócmhainní sin nuair a bhíonn na sócmhainní réidh lena n-úsáid bheartaithe.

Deimhnítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as diúscairt nó cur as feidhm réadmhaoine, gléasra agus trealaimh mar an difríocht idir na glanfháltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, agus aithnítear sa Ráiteas Ioncaim é.

### Costais iasachta

Cuirtear costais iasachtaíochta atá inchurtha go díreach i leith fáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainní incháilithe, ar sócmhainní iad a dtógann sé tréimhse shuntasach iad a réiteach lena n-úsáid bheartaithe nó lena ndíol, le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní réidh, a bheag nó a mór, le haghaidh n-úsáid bheartaithe.

I gcás go mbaintear úsáid as iasachtaíochtaí ar ráta athraitheach chun sócmhainn cháilitheach a mhaoiniú, agus na hiasachtaíochtaí sin fálaithe i sreabhadh airgid glan maidir le riosca ráta úis, is é an t-úschostas glan an t-ús a chuirtear le costas na sócmhainne cáilithí tar éis iarmhairt an fhálaithe.

Ioncam infheistíochta a thuilltear ar infheistíocht shealadach iasachtaíochtaí faoi leith ar feitheamh a gcaiteachais ar shócmhainní cáilitheacha, déantar é a asbhaint de na costais iasachtaíochta atá i dteideal a gcaipitlithe.

Aithnítear na costais iasachtaíochta go léir eile i mbrabús nó i gcaillteanas sa tréimhse ina dtabhaítear iad

### Sócmhainní doláimhsithe

Déantar sainaithint ar shócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó agus aithnítear go leithleach ón gcáilmheas iad sa chás go sásaíonn siad an sainmhíniú atá ar shócmhainn dholáimhsithe agus gur féidir a luachanna córa a thomhas go hiontaofa. Is é costas sócmhainní doláimhsithe dá leithéid a luach cóir ar dháta a bhfála. Tar éis na haitheanta tosaigh, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Sa chás go bhfuil saolré mheasta theoranta ag na sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil saolré éiginnte i gceist leis na comhaontuithe ceadúnais TSO agus MO do Thuaisceart Éireann. Cuireadh na príomhfhachtóirí seo a leanas san áireamh agus saolré úsáideach na gcomhaontuithe ceadúnais thuasluaite á meas; úsáid ionchais, gnáth-shaolré sócmhainní den chineál céanna a úsáidtear ar bhealach comhchosúil leo, cobhsaíocht an tionscadail ina n-oibrítear an tsócmhainn, tréimhse rialaithe ar an tsócmhainn agus dátaí éaga comhaontuithe ceadúnais. Is beag seans go gcuirfí na ceadúnais thuasluaite ar ceal agus ós rud é go bhfuil na ceadúnais neamhiata, in-athnuaite agus nach bhfuil aon teorainn intuartha leis an tréimhse is dócha a ghinfidh an tsócmhainn glan-insreabhadh airgid don Ghrúpa, is réasúnta é bonn tuisceana saolré éiginnte. Déantar na sócmhainní sin a thástáil gach bliain le haghaidh bearnúcháin.

Luaitear bogearraí ríomhaireachta, lena n-áirítear bogearraí ríomhaireachta nach cuid chomhtháite de mhír chrua-earra ríomhaireachta iad, ar a gcostas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe charntha. Cuimsítear le costas an luach ceannaigh agus aon chostais eile atá inchurtha go díreach ina leith.

Aithnítear bogearraí ríomhaireachta má chomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- is féidir sócmhainn a shainaithint ar leithligh;
- is dócha go nginfidh an tsócmhainn atá cruthaithe tairbhí eacnamaíocha amach anseo;
- is féidir costas forbartha na sócmhainní a thomhas go hiontaofa;
- is dócha go dtiocfadh na tairbhí eacnamaíocha a bhfuil súil leo amach anseo agus atá inchurtha i leith na sócmhainne chuig an eintiteas; agus
- is féidir costas na sócmhainní a thomhas go hiontaofa.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar costais a bhaineann le forbairt bogearraí ríomhaireachta d'úsáid inmheánach a chaipitliú nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais atá léirithe thuas.

Is mar seo a leanas atá na tréimhsí amúchta do na príomhchatagóirí sócmhainní doláimhsithe:

- Sócmhainn Leictreachais Aonair Chomhtháite: 5 bliana;
- Bogearraí eile: Idir 3 agus 8 mbliana.

Iompraítear bogearraí atá á forbairt ar a gcostas lúide aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta. Áirítear sna costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastail, costais sochair scoir agus aon chostais eile a thabhaítear atá inchurtha go díreach i leith tógáil a leithéid de shócmhainní. Déantar na sócmhainní sin a athrangú i gcatagóir chuí agus tosaíonn amúchadh na sócmhainní sin nuair a bhíonn na sócmhainní réidh lena n-úsáid bheartaithe.

Déantar athbhreithniú ar an tsaolré ionchais mheasta agus ar an modh amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, agus mínítear aon athruithe ar na meastacháin sna cuntais ar bhonn ionchasach.

Déantar athbhreithniú ar shuim ghlanluacha na sócmhainní inláimhsithe a bhfuil saolré theoranta acu ar gach dáta tuairiscithe le sainaithint a dhéanamh ar aon chomharthaí bearnúcháin, agus tá siad faoi réir tástáil bearnúcháin i gcás gur léir ó theagmhais ná ó athruithe ar na cúinsí go bhféadfadh sé nach mbeifí in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil.

### Lagú sócmhainní

Ar dháta gach Cláir Chomhardaithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha a shócmhainní doláimhsithe, réadmhaoine, gléasra agus trealaimh lena dhéanamh amach an ann d'aon chomharthaí gur tháinig caillteanas bearnúcháin ar na sócmhainní sin. Má bhíonn aon chomharthaí den chineál sin ann, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne d'fhonn méid an chaillteanais bearnúcháin (más ann dó) a mheas. Sa chás nach féidir méid in-aisghabhála sócmhainne aonair a mheas, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid giniúna airgid lena mbaineann an tsócmhainn. Sa chás gur féidir bonn réasúnta, comhsheasmhach leithdháilte a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáideacha ar aonaid giniúna airgid aonair freisin, é sin nó leithdháiltear ar an ngrúpa is lú aonad giniúna airgid ar féidir bonn réasúnta, comhsheasmhach leithdháilte a aithint ina leith.

Is é an méid in-aisghabhála an luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Agus an luach úsáide á mheas, déantar sreafaí airgid measta na todhchaí a lascainiú go dtí a luach láithreach ar bhonn ráta lascaine roimh cháin, a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an tsócmhainn nach bhfuil coigeartú déanta ina leith ar mheastacháin shreafaí airgid na todhchaí.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonaid giniúna airgid níos lú ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne nó an aonaid chuig an méid in-aisghabhála a bhaineann léi. Aithnítear caillteanas bearnúcháin láithreach bonn sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin sa chás go ndéantar an tsócmhainn nó an t-aonad giniúna airgid ábhartha a iompar ar mhéid athluacháilte; caitear leis an gcaillteanas bearnúcháin mar laghdú athluachála sa chás sin.

### Deontais

Mínítear deontais chaipitil sna cuntais mar ioncam iarchurtha ar an gClár Comhardaithe agus scaoiltear go brabús nó caillteanas iad thar shaolré ionchais mheasta na sócmhainní atá i gceist.

Aithnítear deontais ioncaim mar ioncam thar na tréimhsí is gá chun an deontas a mheaitseáil ar bhonn córasach leis na costais dá bhfuil sé beartaithe.

Ní aithnítear deontais go dtí go mbíonn cinnteacht réasúnta ann go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leo agus go bhfaighfear na deontais.

### Sócmhainní airgeadais agus dliteanais

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar an gClár Comhardaithe nuair a dhéantar comhpháirtí den Ghrúpa i bhforálacha conartha ionstraime.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a thomhas ar a luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile toisc nach sealbhaítear iad lena dtrádáil.

Déantar infháltais trádála a thomhas tráth a n-aitheanta tosaigh ar luach an tsonraisc, arb ionann é agus a luach cóir, a bheag nó a mhór.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a dhíaithint ón gClár Comhardaithe nuair a scoireann an Grúpa de bheith ina chomhpháirtí i bhforálacha conartha na hionstraime.

Sa chás go ndeachaigh rannpháirtithe margaidh isteach i gComhaontuithe um Ath-leithdháileadh Socraíochtaí, luaitear glanfhiúchas na n-infháltas agus na nithe iníoctha, toisc go bhfuil rún ann iad seo a shocrú san am céanna ar ghlanbhonn faoin gCód Trádála agus Socraíochta. Cuireann an próiseas Ath-leithdháilte Socraíochtaí ar chumas rannpháirtithe ceanglais clúdaigh creidmheasa sa Mhargadh Leictreachais Aonair a laghdú trí fhiacha agus creidmheasanna a fhritháireamh agus sreafaí ciorclacha airgid a laghdú. Socraíocht is ea Ath-leithdháileadh Socraíochtaí mar atá sainithe sa Chód Trádála agus Socraíochta. Tá na rialacha le fáil sa Chód Trádála agus Socraíochta faoinar féidir leis an margadh agus lena rannpháirtithe feidhmiú, agus leagtar amach iontu na rialacha mionsonraithe agus na nósanna imeachta maidir le leictreachas mórdhíola a dhíol agus a cheannach sa mhargadh.

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a thugtar anonn ar a gcostas amúchta ná airgead ar láimh, taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ardleachtacha eile is féidir a thiontú go héasca ina méid aitheanta airgid agus nach bhfuil mórán riosca ag bhaint leo ó thaobh athruithe luacha de.

Déantar suimeanna iníoctha trádála a thomhas tráth a n-aitheanta tosaigh ar luach an tsonraisc, arb ionann é agus a luach cóir, a bheag nó a mhór, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta. Is neamhúsmhar atá suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile.

Aithnítear iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara ar a luach cóir ar dtús, arb ionann é sin agus luach na bhfáltas atá faighte, glan ó aon chostais socraithe atá inchurtha go díreach ina leith. Tar éis a n-aitheanta tosaigh, úsáidtear modh an ghlanráta úis leis na hiasachtaíochtaí seo a lua ar a gcostas amúchta.

### Ionstraimí airgeadais díorthacha

Baineann an Grúpa leas as babhtálacha ráta úis d'fhonn a neamhchosaint ar riosca ráta úis a mhaolú. Nochtar sonraí breise ar ionstraimí airgeadais díorthacha i nóta 25.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar an conradh díorthach den chéad uair, agus ina dhiaidh sin déantar iad a atomhas ar a luach cóir ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Chun an luach cóir a bhaineann le babhtálacha ráta úis ar an dáta tuairiscithe a shocrú, déantar sreafaí airgid na todhchaí a lascainiú ar bhonn fachtóirí lascainithe arna n-idirshuí ó na cuair ráta úis ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as sin i mbrabús nó caillteanas láithreach bonn ach amháin sa chás go bhfuil an díorthach ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraim fálaithe, agus sa chás sin braitheann cathain a aithnítear i mbrabús nó caillteanais é ar an gcineál caidrimh fálaithe.

### Ionstraimí fálaithe

Ainmníonn an Grúpa a bhabhtálacha ráta úis mar fháluithe ar an sreabhadh airgid. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an nGrúpa a áirithiú go mbíonn gaolmhaireachtaí cuntasaíochta fálaithe ailínithe lena chuspóirí agus lena straitéis ó thaobh bainistíocht riosca de agus cur chuige níos cáilíochtúla agus níos réamhbhreathnaithí a chur i bhfeidhm maidir le héifeachtacht an fhálaithe a mheasúnú. Ar dháta tionscanta an chaidrimh fálaithe, déanann an Grúpa doiciméadú ar an gcaidreamh idir an ionstraim fálaithe agus an mhír atá á fálú, chomh maith lena chuspóirí ó thaobh bainistíocht riosca de agus a straitéis i dtaobh idirbhearta éagsúla fálaithe a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ar dháta tionscanta an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa doiciméadú ar cibé acu an bhfuil ná nach bhfuil an ionstraim fálaithe atá á húsáid i gcaidreamh fálaithe ardéifeachtúil i dtaobh fritháireamh a dhéanamh ar athruithe ar shreafaí airgid na míre atá á fálú.

Déantar an sciar éifeachtúil de na hathruithe ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis atá ainmnithe agus incháilithe mar fháluithe ar an sreabhadh airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus carntar faoi chothromas iad. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann leis an sciar neamhéifeachtúil i mbrabús nó caillteanas láithreach bonn, agus áirítear faoi chostais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim é. Déantar athchúrsáil ar mhéideanna a charntar faoi chothromas i mbrabús nó caillteanas sna tréimhsí ina n-aithnítear an mhír fhálaithe i mbrabús nó caillteanas, ar an líne chéanna leis an mír fhálaithe aitheanta sa Ráiteas Ioncaim, nó áirítear mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais é.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Scoirtear de chuntasaíocht fálaithe nuair a dhéanann an Grúpa cúlghairm ar an gcaidreamh fálaithe, nuair a théann an ionstraim fálaithe in éag, nuair a dhíoltar í, nuair a chríochnaítear í, nó nuair a fheidhmítear í, nó nuair nach bhfuil sí incháilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe a thuilleadh.

Leagtar amach i nóta 25 sonraí faoi luach cóir na mbabhtálacha ráta úis atá ag an nGrúpa faoi láthair a úsáidtear chun críche fálaithe. Tugtar sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mionchuntas ar ghluaiseachtaí sa chúlchiste fálaithe i gcothromas freisin.

### Lagú sócmhainní airgeadais

Tugadh isteach samhail bhearnúcháin nua le IFRS 9 lena gceanglaítear aithint forálacha bearnúcháin bunaithe ar chaillteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL). Baineann an tsamhail nua le sócmhainní airgeadais ar a gcostas amúchta, sócmhainní conartha faoi IFRS 15, agus ioncam ó chonarthaí le custaiméirí. I gcás infháltais trádála, cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe faoi IFRS 9 i bhfeidhm chun caillteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhais, ina n-úsáidtear lamháltas do chaillteanas ionchasach saoil. Tá na lamháltais chaillteanais do shócmhainní airgeadais bunaithe ar thoimhdí maidir leis an riosca mainneachtana agus le rátaí caillteanas ionchasach. Úsáideann an Grúpa a bhreithiúnas agus na toimhdí sin á ndéanamh agus na hionchuir do na háirimh maidir leis an gcaillteanas creidmheasa ionchasach á roghnú, bunaithe ar bheartas an Ghrúpa maidir le bainistíocht riosca creidmheasa, an stair go dtí seo, dálaí reatha margaidh, agus meastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

I gcás gach ionstraime airgeadais eile, aithníonn an Grúpa ECL saoil i gcás méadú mór ar an riosca creidmheasa ón gcéad aithint. Mar sin féin, más rud é nach bhfuil méadú mór tagtha ar an riosca creidmheasa i leith na hionstraime airgeadais ón gcéad aithint, déanann an Grúpa an lamháltas caillteanais don ionstraim airgeadais sin a thomhas de réir méid atá cothrom le ECL 12 mhí. Léirítear le ECL saoil na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a eascróidh as gach teagmhas mainneachtana féideartha thar shaolré ionchais ionstraime airgeadais. I gcomparáid leis sin, léirítear le ECL 12 mhí an chuid de ECL saoil a mheastar a eascróidh as teagmhais mhainneachtana ar ionstraim airgeadais a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh de 12 mhí tar éis an dáta maidir le tuairisciú.

### Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara

Aithnítear iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara ar a luach cóir ar dtús, arb ionann é sin agus luach na bhfáltas atá faighte, glan ó aon chostais socraithe atá inchurtha go díreach ina leith. Tar éis a n-aitheanta tosaigh, úsáidtear modh an ghlanráta úis leis na hiasachtaíochtaí seo a lua ar a gcostas amúchta.

### Ioncam airgeadais agus costais

Tuilltear ioncam úis ar thaiscí bainc agus déantar é a fhabhrú ar bhonn ama trí thagairt don bhunairgead gan íoc ar an nglanráta úis is infheidhme, is é sin, an ráta a dhéanann na fáltais airgid todhchaí mheasta a lascainiú go beacht le linn shaolré ionchais mheasta na sócmhainne airgeadais ar shuim ghlanluacha na sócmhainne sin.

Tuilltear ioncam freisin trí ús, arna choigeartú do bhoilsciú, a ghearradh ar chostais iarchurtha a bhaineann le tionscadail tarchuir.

Tá ús ar iasachtaíochtaí agus ar na babhtálacha ráta úis lena mbaineann, san áireamh i gcostais airgeadais. Aithnítear costais airgeadais mar chostas sa tréimhse inar tabhaíodh iad, ach amháin nuair atá costais airgeadais inchurtha go díreach i leith fháil, tógáil nó táirgeadh na sócmhainní incháilithe, agus sa chás sin mhíneofaí mar chostais iasachta iad sna cuntais.

Déantar costais airgeadais a ríomh trí mhodh an ghlanráta úis, modh a úsáidtear chun costas amúchta dliteanais airgeadais a ríomh agus costas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é an glanráta úis an ráta a dhéanann na híocaíochtaí airgid todhchaí measta a lascainiú go beacht le linn shaolré ionchais an dliteanais airgeadais.

### Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta maidir le meastacháin

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, ní foláir don lucht bainistíochta meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh faoi na suimeanna glanluacha a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an Chláir Chomhardaithe, agus faoi na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costais le linn na tréimhse, nach bhfuil soiléir go héasca ó fhoinsí eile. Bunaítear na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith ábhartha. Fágann nádúr an mheasúnaithe gur féidir le torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana ar bhonn leanúnach.

## 2. Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí neamhchinnteachta maidir le meastacháin agus na breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla:

- **Saolré ionchais réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe**
  Is cion mór de shócmhainní iomlána an Ghrúpa iad réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa agus amúchta go príomha ar shaolré mheasta gach cineáil sócmhainne, agus, i gcásanna áirithe, ar mheastacháin maidir lena luachanna iarmharacha. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar na saolréanna ionchais agus ar na luachanna iarmharacha sin agus athraítear iad más gá chun dálaí reatha a léiriú. Bunaítear na saolréanna ar thaithí stairiúil sócmhainní comhchosúil leo chomh maith le hionchasú imeachtaí amach anseo, ar féidir leo tionchar a imirt ar a saol, ar nós athruithe sa teicneolaíocht. Go stairiúil, níor thug athruithe i saolré ionchais aon athrú ábhartha i muirear dímheasa agus amúchta an Ghrúpa.

  Déanann an Grúpa tástáil ar bhonn bliantúil le fáil amach an bhfuil aon bhearnúchán ann maidir lena shócmhainn

  chomhaontaithe cheadúnais. Úsáideadh ríomhanna luacha úsáide le méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe atá leithroinnte ar Aonad Giniúna Airgid a chinneadh. Is ríomhanna iad sin a bhaineann úsáid as buiséid agus réamhaisnéisí a chlúdaíonn an tréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 agus atá íogair maidir le cur i gcrích na gcinntí ar rialú praghsanna a dhéantar i gcomhar leis na húdaráis rialála. Caithfear meastacháin agus boinn tuisceana a úsáid sna ríomhanna sin agus tugtar mionchuntas orthu i nóta 12. Ba é €2.0m (2018: €2.0m) an comhaontú ceadúnais a cuimsíodh sna sócmhainní doláimhsithe amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019.

- **Oibleagáidí sochair scoir**
  Oibríonn an Grúpa dhá phlean pinsin le sochar sainithe. Bunaítear luacháil achtúireach dhliteanais na bpleananna pinsin ar bhoinn tuisceana éagsúla airgeadais agus dhéimeagrafacha i leith an ama atá le teacht, lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, arduithe tuarastail, arduithe pinsin agus rátaí báis. Comhlíonann achtúirí neamhspleácha cáilithe oibleagáidí an Ghrúpa maidir leis na pleananna a ríomh agus déantar iad a nuashonrú ar a laghad uair sa bhliain. Ba é €226.9m (2018: €192.8m) an oibleagáid amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019 agus ba é €176.3m (2018: €165.9m) luach cóir shócmhainní na bpleananna. Cuireadh teorainn sócmhainní pinsin le sócmhainní pinsin SONI sa bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2018 mar, de réir rialacha IFRS (IFRIC 14 - IAS 19 - An Teorainn le Sócmhainn Sochair Shainithe, Íosriachtanais Chistithe agus a Riachtanais Idirghníomhaithe), níl ceart neamhchoinníollach ag SONI sócmhainní na scéime a réadú ag am éigin amach anseo le linn shaolré an phlean ná tráth a shocrófar an plean. Fágann an méid sin gurb ann do ghlaneasnamh pinsin €50.6m (2018: €32.4m) don Ghrúpa roimh cháin iarchurtha.

- **Cáin iarchurtha**
  Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go mbeifear in ann aon chaillteanais chánach neamhúsáidte agus creidmheasanna cánach neamhúsáidte a úsáid in aghaidh aon bhrabús inchánach a bheidh ar fáil amach anseo. Déanann an Grúpa meastachán ar an méid brabúis inchánaigh todhchaí is dóchúla ach úsáid a bhaint as boinn tuisceana atá ag teacht leo siúd a úsáidtear i ríomhanna bearnúcháin. Caithfear meastacháin a úsáid sna ríomhanna sin. Ba é €24.3m (2018: sócmhainn chánach iarchurtha de €18.9m) an tsócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019. Ba é €32.5m (2018: dliteanas cánach iarchurtha de €27.7m) an dliteanas cánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019.

## 3. Faisnéis ar dheighleoga agus ioncam

Is éard is deighleog oibriúcháin ann ná comhbhall den eintiteas a théann i mbun gníomhaíochtaí gnó ar féidir leis ioncam a thuilleamh agus costais a thabhú mar thoradh orthu. Déanann an Bord – mar phríomhchinnteoir oibriúcháin an eintitis – athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin na deighleoige, agus é ag féachaint le cinntí a dhéanamh faoi acmhainní atá le leithdháileadh uirthi agus lena feidhmíocht a mheas, agus cuirtear eolas airgeadais ar leith ar fáil i ndáil le gach deighleog chuige sin. Déantar an Grúpa a anailísiú ina chúig phríomhdheighleog chun críche tuairisciú inmheánach:

- Oibreoir Córais Tarchurtha EirGrid (EirGrid TSO), a dhíorthaíonn a chuid ioncaim ó bheith ag cur seirbhísí ar fáil mar an TSO in Éirinn agus atá á rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Tá san áireamh sa deighleog, ‘EirGrid TSO’, trádáil EirGrid Telecoms Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe chomh maith, de bharr go bhfuil sé beag go leor. Is é sin an chuideachta a bhainistíonn an ceadúnas le haghaidh an chábla snáthoptaice tráchtála a tógadh mar chuid de thionscadal an Idirnascaire Thoir Thiar.
- Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), a dhíorthaíonn a chuid ioncaim ó bheith ag feidhmiú mar an tOibreoir Margaidh don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann.
- Single Electricity Market Operator Power Exchange (‘SEMOpx’), a dhíorthaíonn a chuid ioncaim ó mhargaí ceantála lá roimh ré agus margaí ionlae a sholáthar don trádáil sa Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA) tar éis a cheapacháin mar an t-oibreoir ainmnithe margaidh leictreachais (NEMO) ar oileán na hÉireann.
- SONI Transmission System Operator (SONI TSO), atá ceadúnaithe ag Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann (UR) agus a dhíorthaíonn a chuid ioncaim ó bheith ag feidhmiú mar an TSO i dTuaisceart Éireann. Tá san áireamh sa deighleog ‘SONI TSO’, trádáil EirGrid UK Holdings Limited, is é sin, cuideachta sealbhaíochta na fochuideachta SONI.
- Oibriú agus úinéireacht an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC), is é sin, an nasc idir eangacha leictreachais na hÉireann agus na Breataine Móire.

Tá tuairisc i nóta 2 ar an éifeacht a bhaineann le IFRS 15 a chur i bhfeidhm den chéad uair ar ioncam an Ghrúpa ó chonarthaí le custaiméirí. De bharr an mhodha aistrithe a roghnaíodh chun IFRS 15 a chur i bhfeidhm, níor athshonraíodh faisnéis chomparáideach chun na ceanglais nua a léiriú, rud a fhágann go bhfuil ioncam agus costais dhíreacha SEMO níos ísle sa bhliain reatha.

### 3. Faisnéis ar dheighleoga agus ioncam (ar lean)

Seo a leanas na torthaí deighleoige don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019:

| Míreanna ar an Ráiteas Ioncaim | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SEMO px** € '000 | SONI TSO € '000 | EWIC € '000 | Díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam deighleoige | 529,468 | 17,886 | 4,116 | 143,058 | 99,154 | (45,857) | 747,825 |
| Costais dhíreacha | (410,977) | - | (1,901) | (102,260) | (26,003) | 45,857 | (495,284) |
| Brabús comhlán | 118,491 | 17,886 | 2,215 | 40,798 | 73,151 | - | 252,541 |
| Costais oibriúcháin eile (gan dímheas agus amúchadh a áireamh) | (56,114) | (11,810) | (1,510) | (18,854) | (8,992) | - | (97,280) |
| Dímheas agus amúchadh (glan ar amúchadh deontas)* | (19,687) | (2,251) | - | (6,229) | (13,752) | - | (41,919) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin eile | (75,801) | (14,061) | (1,510) | (25,083) | (22,744) | - | (139,199) |
| Brabús oibriúcháin | 42,690 | 3,825 | 705 | 15,715 | 50,407 | - | 113,342 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 110 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (17,490) |
| Brabús roimh cháin | | | | | | | 95,962 |
| Muirear cáin ioncaim | | | | | | | (16,315) |
| Brabús don bhliain airgeadais | | | | | | | 79,647 |

| Míreanna sa Chlár Comhardaithe | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SEMO px** € '000 | SONI TSO € '000 | EWIC € '000 | Díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní deighleoige | 494,614 | 187,045 | 1,458 | 70,703 | 491,475 | | 1,245,295 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | | | | | | | 2,040 |
| Iomlán na sócmhainní arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 1,247,335 |
| Dliteanais deighleoige | 597,909 | 42,956 | 370 | 60,506 | 245,319 | | 947,060 |
| Iomlán na ndliteanas arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 947,060 |

*Dímheas (nóta 13) + amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) - amúchadh deontais EWIC (nóta 16). Áirítear amúchadh deontais sysflex sna costais oibriúcháin chun an caiteachas a léiriú toisc gur tabhaíodh é.

** Chuir EirGrid cpt agus SONI Ltd seirbhísí an Oibreora Ainmnithe Margaidh Leictreachais i bhfeidhm trí SEMOpx. Is deighleog nua atá ann, rud a fhágann nach sonraítear aon fhaisnéis chomparáideach.

### 3. Faisnéis ar dheighleoga agus ioncam (ar lean)

Seo a leanas na torthaí comparáideacha deighleoige don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018:

| Míreanna ar an Ráiteas Ioncaim | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SONI TSO € '000 | EWIC € '000 | Díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam deighleoige | 423,029 | 195,209 | 121,816 | 60,149 | (41,771) | 758,432 |
| Costais dhíreacha | (331,317) | (184,656) | (97,958) | - | 41,771 | (572,160) |
| Brabús comhlán | 91,712 | 10,553 | 23,858 | 60,149 | - | 186,272 |
| Costais oibriúcháin eile | | | | | | |
| (gan dímheas agus amúchadh a áireamh) | (48,690) | (8,183) | (14,840) | (9,096) | - | (80,809) |
| Dímheas agus amúchadh (glan ar amúchadh deontas) | (5,390) | (1,298) | (1,397) | (14,462) | - | (22,547) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin eile | (54,080) | (9,481) | (16,237) | (23,558) | - | (103,356) |
| Brabús oibriúcháin | 37,632 | 1,072 | 7,621 | 36,591 | - | 82,916 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | - |
| Costais airgeadais | | | | | | (17,098) |
| Brabús roimh cháin | | | | | | 65,818 |
| Muirear cáin ioncaim | | | | | | (8,531) |
| Brabús don bhliain airgeadais | | | | | | 57,287 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Míreanna sa Chlár Comhardaithe** | | | | | | |
| Sócmhainní deighleoige | 398,240 | 119,546 | 56,997 | 505,516 | | 1,080,299 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | | | | | | 2,049 |
| Iomlán na sócmhainní arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | 1,082,348 |
| Dliteanais deighleoige | 467,458 | 88,093 | 21,024 | 246,325 | | 822,900 |
| Iomlán na ndliteanas arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | 822,900 |

## Eolas geografach

| | Ioncam | | Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad | |
|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
| Éire | 599,266 | 587,813 | 572,184 | 596,608 |
| An Ríocht Aontaithe | 148,559 | 170,619 | 32,021 | 35,521 |
| **Iomlán** | **747,825** | 758,432 | **604,205** | 632,129 |

## 3. Eolas faoi Dheighleoga (ar lean)

### Faisnéis ar shruthanna ioncaim

- Cuimsítear le hioncam EirGrid agus SONI mar oibreoir córais tarchurtha muirir um Úsáid Tarchuir an Chórais (TUoS) atá riachtanach chun an córas leictreachais a oibriú ar bhealach slán.
- Is é atá i gceist le hioncam SEMO muirir oibreora margaidh ar rannpháirtithe SEMO a n-úsáidtear iad chun na costais a bhaineann le riar an mhargaidh a aisghabháil.
- Is é atá i gceist le hioncaim SEMOpx na muirir mhargaidh ar rannpháirtithe SEMOpx a chuireann ar a gcumas na margaí lá roimh ré agus na margaí ionlae a rochtain agus trádáil iontu.
- San áireamh in ioncam an EWIC don bhliain airgeadais, bhí taraif rialáilte na bliana airgeadais de €27.9m (2018: €20.8m). Baineann an chuid eile den ioncam i ndáil le EWIC le luach €23.2m (2018: nialas) d'fháltais cheantála ó chearta airgeadais maidir le tarchur (CAT), ioncam ó phlódú dar luach €24.3m (2018: nialas) agus ioncam ó sholáthar seirbhísí córais eile dar luach €14.0m (2018: €12.4m). Fuair an EWIC íocaíochtaí acmhainneachta €9.8m (2018: €1.2m) sa bhliain freisin.

### Eolas faoi mhórchustaiméirí

San áireamh in ioncam €529.5m (2018: €423.0m) na deighleoige 'EirGrid TSO' don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, tá ioncam thart ar €203.1m (2018: €169.3m), €97.4m (2018: €67.8m), €71.9m (2018: €59.6m) agus €52.2m (2018: €39.2m), a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó dá bhfuil ag an deighleog.

San áireamh in ioncam €17.8m (2018: €195.2m) na deighleoige 'SEMO' don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, tá ioncam thart ar €5.7m (2018: €63.7m), €3.4m (2018: €30.3m), €3.7m (2018: €37.0m) agus €1.5m (2018: €15.4m), a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó dá bhfuil ag an deighleog.

San áireamh in ioncam €4.1m na deighleoige 'SEMOpx' don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 tá ioncam thart ar €1.1m, €0.6m, €0.3m agus €0.3m a d'éirigh as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó dá bhfuil ag an deighleog.

San áireamh in ioncam €143.1m (2018: €121.8m) na deighleoige 'SONI TSO' don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, tá ioncam thart ar €37.0m (2018: €33.5m), €25.8m (2018: €21.4m), €17.6m (2018: €18.2m) agus €23.4m (2018: €14.0m), a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó dá bhfuil ag an deighleog.

### Iarmhéideanna conartha

Cuimsítear le hinfháltais trádála agus infháltais eile (nóta 14) €95.2m (2018: €82.9m) a bhaineann le hinfháltais ó chonarthaí le custaiméirí.

Cuimsítear le hinfháltais trádála agus infháltais eile (nóta 15) €2.7m (2018: €4.2m) a bhaineann le dliteanais chonartha. Aithníodh €2.9m de dhliteanais chonartha na bliana roimhe mar ioncam i rith na bliana.

## 4. Fostaithe

Ba é 437 (2018: 389) meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGrúpa i rith na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, gan baill foirne a bhí i mbun oibre ar thionscadail chaipitil a áireamh.

Ba é 79 (2018: 122) meánlíon na ndaoine a bhí i mbun oibre ar thionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Tá caipitliú agus iomlánú déanta ar na costais foirne a bhaineann leis na fostaithe sin, agus ba é €7.3m (2018: €11.8m) an t-iomlán don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2019.

Meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ar bhonn míosúil de réir gníomhaíocht ghnó:

| | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 Líon** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 Líon |
|---|---|---|
| EirGrid TSO | 262 | 254 |
| SONI TSO | 100 | 97 |
| SEMO | 61 | 32 |
| SEMOpx | 8 | 0 |
| EWIC | 6 | 6 |
| Tionscadail chaipitil | 79 | 122 |
| **Iomlán** | **516** | 511 |

Is mar seo a leanas a bhí iomlán an luacha saothair, tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin san áireamh:

| | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 36,847 | 37,560 |
| Costais árachais shóisialta | 4,141 | 4,021 |
| Costais eile sochair scoir | 9,173 | 8,152 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **50,161** | **49,733** |
| Costais fostaithe gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim | 42,850 | 37,898 |
| Costais fostaithe chaipitlithe | 7,311 | 11,835 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **50,161** | **49,733** |

| Cúiteamh d'eochairphearsanra bainistíochta: | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe | 1,486 | 1,451 |

Is é an sainmhíniú atá ar eochairphearsanra bainistíochta ná an Bord Stiúrthóirí, an Príomhfheidhmeannach agus seisear comhaltaí na Foirne Feidhmiúcháin.

## 4. Fostaithe (ar lean)

| Bandaí Sochair d'Fhostaithe: | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | 189 | 177 |
| €75,001 - €100,000 | 89 | 83 |
| €100,001 - €125,000 | 52 | 55 |
| €125,001 - €150,000 | 19 | 22 |
| €150,000 + * | 21 | 16 |
| **Iomlán** | **370** | 353 |

Níl san áireamh i sochair d'fhostaithe, costais phinsin an fhostóra.

* De réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nochtar tuarastail ar mó ná €50,000 iad i mbandaí €25,000, seachas i gcás tuarastail ar mó ná €150,000 iad, a nochtadh in aon bhanda amháin i bhfianaise na saincheisteanna cosanta sonraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Thug an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil cead dúinn glacadh leis an gcur chuige sin in ainneoin an Chóid.

## 5. Costais Oibriúcháin Eile

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaithe (nóta 4) | 42,850 | 37,898 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (nóta 13) | 23,442 | 23,832 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | 21,563 | 2,028 |
| Amúchadh deontais (nóta 16) | (3,789) | (3,313) |
| Oibríochtaí agus cothabháil | 55,133 | 42,911 |
| **Iomlán** | **139,199** | 103,356 |

## 6. Ioncam Úis, Ioncam Eile agus Costais Airgeadais

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam ó ús:** | | |
| Ioncam ó ús ar éarlaisí | (110) | - |
| **Costais airgeadais:** | | |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | 17,062 | 16,710 |
| Glanús na scéime pinsin (nóta 22) | 428 | 388 |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | **17,490** | 17,098 |

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis mar faigheann sé iasachtaí airgid ar rátaí úis comhlúthacha. Déanann an Grúpa an riosca a bhainistiú trí chothromaíocht chuí a bhaint amach idir iasachtaíochtaí ar ráta seasta agus iasachtaíochtaí ar ráta comhlúthach, agus trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis.

## 7. Oibríochtaí an Idirnascaire Thoir Thiar

Déanann an tIdirnascaire Thoir Thiar (EWIC) na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór a nascadh le chéile. Mar chuid de shocruithe nua don mhargadh mórdhíola leictreachais d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann, soláthraíonn an t-idirnascaire cearta tarchuir fadtréimhseacha (nó 'réamhchearta') anois i bhfoirm Roghanna i leith Cearta Airgeadais maidir le Tarchur (CAT) agus d'éirigh leis tairiscint a dhéanamh i ngach ceant acmhainneachta MLA go dtí seo.

## 8. Brabús Roimh Cháin

Luaitear an brabús roimh cháin tar éis na nithe seo a leanas a bheith gearrtha/(creidiúnaithe):

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 13) | 23,442 | 23,832 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | 21,563 | 2,028 |
| Amúchadh deontais (nóta 16) | (3,789) | (3,313) |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 3,838 | 3,630 |
| Caillteanas malartáin eachtraigh | 348 | 794 |

Seo a leanas an luach saothair comhiomlán a íocadh le stiúrthóirí, nó atá iníoctha leo, i ndáil le seirbhísí incháilithe:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| – as seirbhísí mar Stiúrthóir | 122 | 122 |
| – as seirbhísí mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin | 213 | 221 |
| Iomlán | 335 | 343 |

Ranníocaíochtaí comhiomlána a íocadh nó a áiríodh mar íoctha nó iníoctha le linn na bliana airgeadais, le scéim sochair scoir i ndáil le seirbhísí incháilithe stiúrthóirí:

| | | |
|---|---|---|
| – scéimeanna le sochar sainithe (don Phríomhfheidhmeannach) | 40 | 39 |

Níl ach Stiúrthóir amháin (an Príomhfheidhmeannach) i scéim pinsin. Is scéim sochair sainithe é seo.

Déantar anailís mar seo a leanas ar luach saothair an iniúchóra i ndáil leis an mbliain airgeadais:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| – iniúchadh ar chuideachtaí an ghrúpa | 215 | 162 |
| – seirbhísí dearbhaithe eile | 22 | 4 |
| – seirbhísí comhairleacha cánach | 50 | 128 |
| – seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad | - | 11 |

## 9. Cáin Ioncaim

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Costas cánach reatha | 10,555 | 2,533 |
| Coigeartú i leith na bliana roimhe | 1,280 | 64 |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le tionscnamh agus cealú difríochtaí sealadacha | 4,480 | 5,934 |
| Costas cáin ioncaim don bhliain | 16,315 | 8,531 |

Is féidir an muirear iomlán don bhliain airgeadais a réiteach leis an mbrabús cuntasaíochta mar seo a leanas:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 95,962 | 65,818 |
| Cáin ar an ráta caighdeánach 12.5% (2018: 12.5%) | 11,995 | 8,227 |
| Tionchar rátaí cánach níos airde ar ioncam eile | 131 | 148 |
| Tionchar ioncaim agus caiteachais nár cuireadh san áireamh nuair a bhí brabús inchánach á ríomh | 404 | (298) |
| Tionchar an chreidmheasa cánach a bhaineann le T&F | - | (577) |
| Éifeacht rátaí níos airde cánach ar ghnóthachain i bhfochuideachtaí sa Ríocht Aontaithe | 1,045 | 420 |
| Coigeartuithe i leith blianta roimhe | 1,280 | 64 |
| Éagsúlachtaí Eile | 1,460 | 547 |
| Costas cáin ioncaim arna aithint sa Ráiteas Ioncaim | 16,315 | 8,531 |

### Tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rátaí cánach agus ar nochtuithe eile amach anseo

Níl súil le haon athrú mór ar an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. 12.5% an ráta atá i bhfeidhm faoi láthair. Is é 19% an ráta caighdeánach cánach sa Ríocht Aontaithe. Beidh feidhm le ráta cánach 17% sa Ríocht Aontaithe ón 1 Aibreán 2020. Ní mór iarmhéideanna cánach iarchurtha a aithint ar an ráta cánach a bheidh i bhfeidhm nuair is dócha a dhéanfar an t-iarmhéid a scaoileadh. Dá réir sin, tá an laghdú go dtí 17% léirithe san iarmhéid cánach iarchurtha deiridh.

## 9. Cáin Ioncaim (ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(dliteanais) chánach iarchurtha astu seo a leanas:

| | Sócmhainní doláimhsithe € '000 | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí maidir le sochair scoir € '000 | Fáluithe ar an sreabhadh airgid € '000 | Caillteanais chánach € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2017 | (334) | (21,288) | 3,013 | 10,809 | 5,219 | (2,581) |
| Creidmheas/(muirear) chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | - | (6,116) | 241 | - | (59) | (5,934) |
| Creidmheas/(muirear) chuig an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach eile | - | - | 800 | (1,173) | - | (373) |
| Difríochtaí malairte | 83 | (4) | - | - | - | 79 |
| (Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2018 | (251) | (27,408) | 4,054 | 9,636 | 5,160 | (8,809) |
| Creidmheas/(muirear) chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | - | (4,833) | 353 | - | - | (4,480) |
| Creidmheas/(muirear) chuig an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach eile | - | - | 2,022 | 3,060 | - | 5,082 |
| Difríochtaí malairte | (5) | (3) | - | - | - | (8) |
| **(Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019** | **(256)** | **(32,244)** | **6,429** | **12,696** | **5,160** | **(8,215)** |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 6,429 | 12,696 | 5,160 | 24,285 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (256) | (32,244) | - | - | - | (32,500) |
| **Iomlán 30 Meán Fómhair 2019** | **(256)** | **(32,244)** | **6,429** | **12,696** | **5,160** | **(8,215)** |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 4,054 | 9,636 | 5,160 | 18,850 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (251) | (27,408) | - | - | - | (27,659) |
| **Iomlán 30 Meán Fómhair 2018** | **(251)** | **(27,408)** | **4,054** | **9,636** | **5,160** | **(8,809)** |

| **Anailís ar (dhliteanais)/shócmhainní cánach iarchurtha de réir dlínse cánach:** | **30 MF 2019 € '000** | **30 MF 2018 € '000** |
|---|---|---|
| Éire | (8,311) | (8,411) |
| An Ríocht Aontaithe | 96 | (398) |
| Glandliteanas cánach iarchurtha | (8,215) | (8,809) |

## 10. Díbhinní

Mar atá léirithe i nóta 17 tá scairchaipiteal d'aon chineál amháin eisithe ag an gcuideachta, is é sin Gnáthscaireanna. Is mar seo a leanas atá na díbhinní i ndáil leis an gcineál sin scairchaipitil:

| Díbhinní do Scairshealbhóirí | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Cothromas** | | |
| Díbhinn a íocadh – €133.33 in aghaidh na Gnáthscaire | 4,000 | 4,000 |
| Iomlán | 4,000 | 4,000 |

Molann Stiúrthóirí an Ghrúpa díbhinn deiridh €4,000,000 (2018: €4,000,000) a íoc don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019.

## 11. Infheistíochtaí

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2018 | 356 | - |
| Breiseanna | 50 | 356 |
| **Iarmhéid amhail an 30 MF 2019** | **406** | 356 |

In 2018 fuair EirGrid leas cothromais de 4.75% in Joint Allocation Office S.A. ar €0.2m; cuideachta atá cláraithe i Lucsamburg. Faoi rialacha an AE, tá de cheangal ar TSOnna, Ardán Leithdháilte Lárnach a chur i bhfeidhm le haghaidh acmhainn ar idirnascairí. Ós é EirGrid an TSO deimhnithe don Idirnascaire Thoir Thiar, rinneadh scairshealbhóir de sa Joint Allocation Office (JAO).

Faoi rialacha an AE (Cóid Ghréasáin), tá de cheangal ar EirGrid comhoibriú ar bhonn réigiúnach le 'Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach' (RSC) amháin ar a laghad; mar sin, fuair sé leas cothromais 5% in RSC Coreso SA ar €0.1m in 2018; cuideachta atá cláraithe sa Bheilg.

An 14 Nollaig 2018, shealbhaigh EirGrid Celtic Interconnector DAC, fochuideachta atá ar lánúinéireacht ag EirGrid cpt, leas cothromais 50% in Celtic Interconnector DAC, cuideachta atá corpraithe in Éirinn ar comhfhiontar í idir EirGrid Celtic Interconnector DAC agus Réseau De Transport d'Électricité ('RTE'). Is é an tIdirnascaire Ceilteach an nasc leictreachais faoin bhfarraige atá beartaithe idir Éire agus an Fhrainc. Is é cuspóir an Chomhfhiontair oibreacha ainmnithe áirithe a dhéanamh i gcéim an deartha agus an chomhairliúcháin den togra. Níor tharla aon ghníomhaíocht ábhartha sa Chomhfhiontar go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Tá leas glan na Cuideachta i gcomhfhiontair cothrom leis an infheistíocht sa scairchaipiteal.

## 12. Sócmhainní Doláimhsithe

| | Cáilmheas € '000 | Comhaontuithe ceadúnais € '000 | An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite € '000 | Bogearraí TF eile € '000 | Bogearraí atá á bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2017 | 4,426 | 18,023 | - | 46,861 | - | 69,310 |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil (Nóta 13) | - | - | 90,867 | 3,193 | - | 94,060 |
| Difríochtaí malairte | (78) | (332) | - | - | - | (410) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 4,348 | 17,691 | 90,867 | 50,054 | - | 162,960 |
| Breiseanna | - | - | - | - | 6,372 | 6,372 |
| Aistriú chuig sócmhainní eile | | | 4,405 | - | (4,405) | - |
| Aistriú ó Shócmhainní atá á dTógáil (Nóta 13) | - | - | - | 5,345 | - | 5,345 |
| Difríochtaí malairte | 12 | 33 | 62 | 42 | - | 149 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 4,360 | 17,724 | 95,334 | 55,441 | 1,967 | 174,826 |
| **Caillteanais Amúchta agus Bhearnúcháin Charntha** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2017 | 4,426 | 15,922 | - | 42,095 | - | 62,443 |
| Amúchadh | - | - | - | 2,028 | - | 2,028 |
| Difríochtaí malairte | (78) | (280) | - | - | - | (358) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 4,348 | 15,642 | - | 44,123 | - | 64,113 |
| Amúchadh | - | - | 18,705 | 2,858 | - | 21,563 |
| Difríochtaí malairte | 12 | 42 | (28) | 34 | - | 60 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 4,360 | 15,684 | 18,677 | 47,015 | - | 85,736 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2019** | **-** | **2,040** | **76,657** | **8,426** | **1,967** | **89,090** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2018 | - | 2,049 | 90,867 | 5,931 | - | 98,847 |

## 12. Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean)

Táthar tar éis luach €2.0m (2018: €2.0m) an chomhaontaithe ceadúnais a leithdháileadh ar aonaid giniúna airgid (CGUnna) an SEMO d'fhonn aon bhearnú féideartha a mheas. Ní dhéantar cáilmheas ná comhaontuithe ceadúnais a amúchadh mar bíonn saolré ionchais éiginnte acu.

Oibríodh amach méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháileadh ar na haonad giniúna airgid ar bhonn ríomhanna luacha úsáide, a mbíonn buiséid agus réamhaisnéisí á n-úsáid acu don tréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2025. Is é sin an tréimhse a mheasann an lucht bainistíochta gur féidir réamhaisnéisí scoite ar shreafaí ionchais airgid a dhéanamh go réasúnta ina leith. Is iad na príomhbhoinn tuisceana faoi na ríomhanna luacha úsáide ná na cinn siúd a bhaineann le rátaí lascaine, rátaí fáis agus gnóthuithe rialála a bhfuiltear ag súil leo a eascraíonn as rialuithe praghsanna.

I measc na bpríomhbhoinn tuisceana a úsáidtear sna ríomhanna, tá na cinn seo a leanas:

- Tá leibhéil bhrabúsachta SEMO bunaithe ar na rialuithe rialála praghais a comhaontaíodh in 2016, agus a chlúdaíonn an tréimhse ó 2016-2019, agus ar an gcinneadh I-SEM don tréimhse 2018-2021.
- Glacadh le rátaí lascaine 4.72% agus 5.9% (2018: 4.72% agus 5.90%) d'aonad giniúna airgid SEMO, bunaithe ar na rialuithe praghais thuasluaite;
- Glacadh le buanráta fáis 2% (2018: 2.0%) i gcás boinn sócmhainne rialála (RAB) SEMO. Tá glactha leis gurb é nialas% (2018: nialas%) an buanráta fáis do na dreasachtaí rialála SEMO. Léiríonn na boinn tuisceana sin go bhfuil an lucht bainistíochta ag súil le fás san fhadtéarma.

Braitheann an tástáil bearnúcháin ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais an lucht bainistíochta, go háirithe i ndáil le sreafaí airgid amach anseo a réamhaisnéisiú, ar an gcóimheas giarála a mheastar is féidir a bhaint amach, ar na rátaí lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar na sreafaí airgid sin agus ar na rátaí fáis a bhfuiltear ag súil leo san fhadtéarma. Tá an Grúpa tar éis anailís íogaireachta a dhéanamh ar an tástáil bearnúcháin i gcás gach ceann de shuimeanna glanluacha an aonaid giniúna airgid. Is é an toradh a bheadh ar mhéadú 0.5% ar an ráta lascaine ná go mbeadh bearnú de €nialas (2018: nialas) ar luach an cheadúnais san aonad giniúna airgid SEMO. Is é an toradh a bheadh ar laghdú 1.0% ar bhuanráta fáis RAB ná bearnú de €nialas (2018: nialas) ar luach an cheadúnais san aonad giniúna airgid SEMO.

Tá athrú mór tagtha ar an MLA. Tá teacht le chéile margaí fuinnimh ar fud na hEorpa á spreagadh ag reachtaíocht an AE, agus is é an aidhm atá ann margadh leictreachais inmheánach atá iomlán saor a chruthú. Ba ghá infheistíocht mhór a dhéanamh in athdhearadh an MLA, agus sainítear na costais sin mar shócmhainn an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite (‘I-SEM’).

## 13. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Talamh agus foirgnimh* €'000 | Daingneáin agus feistis €'000 | IS, trealamh teileach agus eile €'000 | Margadh Leictreachais Aonair ** €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | EWIC €'000 | An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite *** €'000 | Sócmhainní atá á dTógáil **** €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2017 | 15,551 | 2,501 | 75,696 | 49,160 | 77 | 571,084 | - | 71,711 | 785,780 |
| Breiseanna | - | - | 292 | - | - | 3,422 | - | 47,299 | 51,013 |
| Aistriú chuig sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12) | - | - | - | - | - | - | - | (94,060) | (94,060) |
| Aistriú chuig sócmhainní eile | 69 | 202 | 5,249 | - | - | - | 3,995 | (9,515) | - |
| Difríochtaí malairte | (122) | - | (377) | (162) | - | - | - | (355) | (1,016) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 15,498 | 2,703 | 80,860 | 48,998 | 77 | 574,506 | 3,995 | 15,080 | 741,717 |
| Breiseanna | - | - | 25 | (106) | - | 702 | (73) | 10,088 | 10,636 |
| Aistriú chuig sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12) | - | - | - | - | - | - | - | (5,345) | (5,345) |
| Aistriú chuig sócmhainní eile | - | 788 | 2,120 | - | - | - | - | (2,908) | - |
| Difríochtaí malairte | 19 | (95) | 21 | 24 | - | - | (21) | 4 | (48) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 15,517 | 3,396 | 83,026 | 48,916 | 77 | 575,208 | 3,901 | 16,919 | 746,960 |
| **Dímheas** | | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2017 | 4,994 | 2,078 | 60,008 | 49,054 | 20 | 69,316 | - | - | 185,470 |
| Muirear | 651 | 180 | 5,436 | - | 15 | 17,550 | - | - | 23,832 |
| Difríochtaí malairte | (51) | - | (297) | (162) | - | - | - | - | (510) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 5,594 | 2,258 | 65,147 | 48,892 | 35 | 86,866 | - | - | 208,792 |
| Muirear | 643 | 216 | 5,279 | - | 15 | 16,507 | 782 | - | 23,442 |
| Difríochtaí malairte | 7 | - | 5 | 24 | - | - | (19) | - | 17 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 6,244 | 2,474 | 70,431 | 48,916 | 50 | 103,373 | 763 | - | 232,251 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2019** | **9,273** | **922** | **12,595** | **-** | **27** | **471,835** | **3,138** | **16,919** | **514,709** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2018 | 9,904 | 445 | **15,713** | 106 | 42 | 487,640 | 3,995 | 15,080 | **532,925** |

* Áirítear feabhsuithe léasachta i gcostas fhoirgnimh an Ghrúpa.
** Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann leis an MLA roimh athdhearadh an mhargaidh nua.
*** Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an mhargaidh MLA nua agus le crua-earraí TF.

## 13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

**** Seo a leanas na sócmhainní atá á dtógáil:

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Trealamh córas faisnéise agus teileachumarsáide | 6,828 | 4,401 |
| An tIdirnascaire Ceilteach | 8,488 | 5,860 |
| Tionscadal Seirbhísí Córais | - | 3,880 |
| EWIC | 678 | - |
| Saoráidí | 925 | 939 |
| **Iomlán** | **16,919** | **15,080** |

## 14. Infháltais Trádála agus Infháltais Eile

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin:** | | |
| Infháltais trádála | 811 | 1,166 |
| Réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha | 17,467 | 15,242 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 95,168 | 82,918 |
| Infháltais eile | 141,562 | 41,215 |
| | **255,008** | **140,541** |
| **Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin:** | | |
| Réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha | 44,983 | 38,383 |
| | **44,983** | **38,383** |
| **Total** | **299,991** | **178,924** |

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na n-infháltas trádála agus na n-infháltas eile agus an luach cóir atá orthu, a bheag nó a mhór.
Baineann €20.1m (2018: €0.6m) d'iarmhéid na n-infháltas eile le híocaíochtaí atá dlite ó ESB Networks.

Is é a chuimsíonn infháltais neamhbhilleáilte go príomha ná ioncam don dá mhí dheireanacha den bhliain airgeadais nach raibh billeáilte faoi dheireadh na bliana airgeadais lenar bhain siad i gcomhréir leis an gclár ama rialála.

Cuimsítear le hinfháltais eile €113.1m atá dlite ó mhargadh cothromúcháin leictreachais MLA do SEMO i leith ceanglais caipitil oibre a tharla sa mhargadh cothromúcháin leictreachais le linn na bliana ar maoiníodh é le cistiú bainc seachtrach a chuir EirGrid agus SONI ar fáil trí SEMO. (2018: €8.9m [léirithe mar shuimeanna iníoctha i nóta 15] dlite ag SEMO don mhargadh MLA atá le cur ar ais sa mhargadh trí choigeartú ar tharaifí de réir k-fhactóir.)

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha costais iarchurtha €51.2m (2018: €45.4m) i ndáil le tionscadail tarchuir, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh €45.0m (2018: €38.4m) de sin inghnóthaithe laistigh de dhá mhí dhéag.

Tá san áireamh i réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha atá dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin (i) íocaíocht láithreach as léas oibriúcháin lena chinntiú go mbeimis in ann láithreán sna dugaí a úsáid i dtaca le sócmhainn an Idirnascaire Thoir Thiar (tá tuilleadh sonraí faoin léas luaite i nóta 19) agus (ii) iarmhéideanna a bhaineann le costais iarchurtha maidir le tionscadail tarchurtha.

## 15. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Méideanna iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin:** | | |
| Suimeanna iníoctha trádála | 55,344 | 64,274 |
| Fabhruithe | 127,080 | 100,125 |
| Ioncam Iarchurtha | 971 | 2,919 |
| Cánachas agus árachas sóisialta | 15,305 | 12,918 |
| Suimeanna iníoctha eile | 37,499 | 82,660 |
| | **236,199** | **262,896** |
| **Méideanna atá iníoctha tar éis níos mó ná aon bhliain amháin:** | | |
| Ioncam iarchurtha | 1,749 | 1,237 |
| | **1,749** | **1,237** |
| **Iomlán** | **237,948** | **264,133** |

Tá na nithe seo a leanas san áireamh i gcánachas agus árachas sóisialta:

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| ÍMAT/ÁSPC | 1,164 | 1,165 |
| Cáin Bhreisluacha (CBL) | 13,742 | 11,446 |
| Cáin shiarchoinneálach | 399 | 307 |
| **Iomlán** | **15,305** | **12,918** |

Is éard atá i gceist le suimeanna iníoctha trádála agus fabhruithe den chuid is mó ná suimeanna gan íoc a bhaineann le ceannacháin trádála agus costais leanúnacha. Measann na Stiúrthóirí gurb ionann, a bheag nó a mhór, suim ghlanluacha na suimeanna iníoctha trádála agus an luach cóir atá orthu. Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go ndéantar na suimeanna iníoctha go léir a íoc roimh dháta deireanach an chreidmheasa.

Baineann €48.5m (2018: €44.2m) d'iarmhéid suimeanna iníoctha trádála an Ghrúpa agus €3.7m (2018: €3.5m) d'iarmhéid fabhruithe an Ghrúpa leis na muirir is iníoctha le ESB agus le NIE mar Úinéirí na Sócmhainní Tarchurtha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Is éard atá i gceist le fabhruithe den chuid is mó ná na costais dhíreacha a bhaineann leis an gcóras tarchurtha a rith sa dá mhí dheireanacha den tréimhse chuntasaíochta.

## 16. Deontais

| | € '000 |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2017 | 99,224 |
| Breiseanna | 1,246 |
| Amúchadh deontais | (3,313) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 97,157 |
| Breiseanna | - |
| Amúchadh deontais | (3,789) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | **93,368** |

| **Anailísithe mar:** | **€ '000** |
|---|---|
| Reatha | 3,228 |
| Neamh-reatha | 90,140 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2019 | **93,368** |

Na deontais chaipitil a fuarthas, bhain siad le tionscadal an Idirnascaire Thoir Thiar agus fuarthas ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh iad. Ba é €112.3m an méid iomlán a bhí ar fáil agus a fuarthas mar mhaoiniú deontais ón gCoimisiún Eorpach don tionscadal. Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ná teagmhais eile a ghabhann leis na deontais chaipitil a fuarthas. Déantar deontais chaipitil a amúchadh ar aon dul le dímheas na sócmhainne EWIC.

Fuair an Chuideachta deontas EU-SysFlex €1.2m in 2018. Is deis é tionscadal Horizon 2020 EU-SysFlex le ról ceannaireachta agus rannphháirtíochta a bheith ag an gCuideachta i dtionscadal straitéiseach uile-Eorpach, atá ag teacht go cruinn le cuspóir straitéiseach Ghrúpa EirGrid chun a bheith ina "cheannaire idirnáisiúnta maidir le heangacha cliste agus comhtháthú foinsí inathnuaite fuinnimh". Tá an deontas inlamhála i gcás costais áirithe arna leagan amach sa chomhaontú deontais, agus scaoiltear an t-ioncam deontais in aghaidh an chaiteachais de réir mar a thabhaítear sin. Mura gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha Chomhaontú Deontais Choimisiún an AE, d'fhéadfadh go ndéanfaí an maoiniú deontais atá faighte ag EirGrid a aisghlámadh.

## 17. Scairchaipiteal Eisithe

| | **30 MF 2019**<br>**€ '000** | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 30,000 gnáthscair ar €1.25 an ceann | 38 | 38 |
| **Cionroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas: | | |
| 30,000 gnáthscair ar €1.25 an ceann | 38 | 38 |

Tá aicme amháin gnáthscaire ag an gCuideachta nach bhfuil aon cheart chun ioncam seasta ag baint léi.

## 18. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 318,621 | 251,276 |

Is éard atá i gceist le hAirgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim go príomha ná airgead tirim atá i seilbh an Ghrúpa agus taiscí bainc gearrthéarmacha a raibh aibíocht trí mhí nó níos lú ag baint leo tráth a n-eisiúna. Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní sin, a bheag nó a mhór, agus a luach cóir. Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le cistí leachtacha teoranta toisc gur bainc iad na contrapháirtithe, a dtugann gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um rátáil creidmheasa rátáil measartha ard creidmheasa dóibh.

San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa, tá éarlaisí slándála €10.0m (2018: €9.4m). San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa, tá €9.8m (2018: €8.1m), airgead nach féidir leas a bhaint as ach amháin chun críocha na sócmhainne EWIC. San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa tá €11.7m eile (2018: €21.9m) a choinnítear i seilbh ar iontaobhas do rannpháirtithe margaidh sa MLA agus €23.0m (2018: €32.7m) a choinnítear i gcuntais chúlchiste chomhthaobhachta MLA (cuntais slándála a gcoinnítear in ainm rannpháirtithe margaidh).

## 19. Socruithe maidir le Léasanna Oibriúcháin

Is mar seo a leanas a bheidh íosíocaíochtaí léasa dlite amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar cheal, ar léasanna iad a bhaineann go príomha le foirgnimh an Ghrúpa agus le léas talún i ndáil leis an tsócmhainn EWIC:

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 3,832 | 3,788 |
| Idir an dara agus an cúigiú bliain, iad araon san áireamh | 14,431 | 14,585 |
| Tar éis 5 bliana | 24,487 | 27,885 |
| Iomlán | **42,750** | **46,258** |

Tá léas oibriúcháin 25 bliain dar tús an 1 Márta 2007 i bhfeidhm d'fhoirgneamh Cheannoifig an Ghrúpa. Níor ghá aon chíos a íoc sa chéad trí bliana de théarma an léasa. Tá costas an léasa bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Nuair a rinneadh an t-athbhreithniú cíosa sceidealaithe ar an 1 Márta 2017, rinneadh coigeartú ar an gcíos iníoctha.

Chomhaontaigh an Grúpa talamh a ghlacadh ar léas i gcalafort Learphoill, léas a fuarthas trí íocaíocht láithreach. Tá clásal scoir sa chomhaontú tar éis na chéad 30 bliain den léas. I ndiaidh an téarma 30 bliain sin, beidh íocaíochtaí léasa faoi réir méaduithe boilscithe.

Ní chuireann téarmaí na léasanna oibriúcháin aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an nGrúpa.

## 20. Ceangaltais chaipitil

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Caiteachas a ndearnadh conradh ina leith, ach nach ndearnadh soláthar ina leith sna Ráitis Airgeadais | - | 475 |

## 21. Dliteanais Theagmhasacha

Níl an Grúpa ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana airgeadais (2018: €nialas).

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir

### Scéimeanna le Sochar Sainithe

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim le sochar sainithe le haghaidh fostaithe incháilithe; feidhmítear scéim amháin díobh d'fhostaithe na Cuideachta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ("Plean EirGrid"), agus scéim eile d'fhostaithe SONI Limited ("Plean SONI Focus"), ar cuid le sochar sainithe í de Scéim Pinsin SONI.

Reáchtáiltear príomhscéim pinsin an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann, is é sin, Plean EirGrid, faoi dhlíthe iontaobhais Phoblacht na hÉireann agus déantar é a bhainistiú agus a riar thar ceann a bhall de réir théarmaí an ghníomhais iontaobhais; rialacha na scéime; agus reachtaíocht Phoblacht na hÉireann (Acht na bPinsean, 1990, go príomha). Faoi reachtaíocht Phoblacht na Éireann ní mór do phlean pinsin le sochar sainithe a dhóthain cistí a thiomsú agus a choimeád chun go mbeadh sé in ann teidlíochtaí pinsin a íoc leis na baill dá bhfoirceannfaí an scéim. Éilítear ar iontaobhaithe ciste pinsin luachálacha agus tuairiscí achtúireacha a fháil go rialta, plean téarnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh maoinithe agus an plean sin a chur faoi bhráid Bhord Pinsean na hÉireann lena fhaomhadh.

Dhún EirGrid a scéim sochair shainithe d'iontrálaithe nua ón 1 Aibreán 2019. Tá iontrálaithe nua in EirGrid cpt i dteideal dul isteach i scéim ranníocaíochtaí sainithe nua ón 1 Aibreán 2019.

Reáchtáiltear Plean SONI Focus faoi dhlí iontaobhais na Ríochta Aontaithe agus déantar é a bhainistiú agus a riar thar ceann a bhall de réir théarmaí an ghníomhais iontaobhais, rialacha na scéime agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe (the Pension Schemes Act 1993, the Pensions Act 1995 agus the Pensions Act 2004 go príomha). Faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ní mór go gcomhlíonfadh scéimeanna pinsin le sochar sainithe an cuspóir maoinithe reachtúil go mbeadh sócmhainní leordhóthanacha agus iomchuí aici chun a cuid dliteanas a chlúdach. Éilítear ar iontaobhaithe ciste pinsin: ráiteas faoi phrionsabail mhaoinithe a ullmhú; luachálacha agus tuairiscí achtúireacha a fháil go rialta; plean téarnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh maoinithe; agus ráitis mhaoinithe achoimre a sheoladh chuig baill na scéime go rialta.

Is iontaobhais ar leith, atá scartha go dlíthiúil ón nGrúpa, a dhéanann na scéimeanna le sochar sainithe a riar. Tá iontaobhas na scéimeanna le sochar sainithe á riar faoi láthair ag baill na scéimeanna le sochar sainithe agus tá san iontaobhas sin idir bhaill arna gceapadh ag na baill agus bhaill arna gceapadh ag an gCuideachta. Éilítear ar iontaobhaithe na scéimeanna le sochar sainithe gníomhú de réir cháipéisíocht an iontaobhais rialaithe agus tá de fhreagracht mhuiníneach orthu gníomhú chun leasa thairbhithe na scéimeanna le sochar sainithe. Seo a leanas liosta (nach bhfuil uileghabhálach) de dhualgas na n-iontaobhaithe: ranníocaíochtaí a bhailiú agus a infheistiú, an straitéis infheistíochta a chinneadh, sochair a riar, agus gníomhú de mheon macánta agus de réir cháipéisíocht iontaobhais na scéimeanna le sochar sainithe.

Faoi Phlean EirGrid, tá fostaithe i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil ar dhul ar scor dóibh. Faoi Phlean SONI Focus, tá fostaithe i dteideal pinsean a fháil ar dhul ar scor dóibh. Anuas air sin, d'fhéadfadh go n-íocfaí pinsean marthanóra agus/nó cnapshuim ar bhás don bhall faoi na scéimeanna le sochar sainithe. Íoctar sochair scoir bunaithe ar thuarastal agus fad seirbhíse.

Níorbh ann d'aon leasuithe ná ciorrúcháin ná socruithe ábhartha i leith na scéimeanna le sochar sainithe le linn na bliana airgeadais.

Faoi na scéimeanna le sochar sainithe, tá fostaithe i dteideal pinsean a fháil a ríomhfar ar bhonn a dtuarastail agus a seirbhíse. Fágann an scéim le sochar sainithe an Chuideachta neamhchosanta ar rioscaí amhail riosca infheistíochta, riosca ráta úis, riosca fadsaolaí agus riosca tuarastail.

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

| | |
|---|---|
| Riosca infheistíochta | Déantar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe a ríomh ar bhonn ráta lascaine a chinntear trí thagairt do na torthaí ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; má bhíonn an toradh ar shócmhainní an phlean faoi bhun an ráta sin, cruthóidh sé easnamh sa phlean. |
| Riosca ráta úis | Déantar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe a ríomh ar bhonn ráta lascaine a chinntear trí thagairt do na torthaí ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ar an dáta tomhaiste. Má thagann laghdú ar thorthaí na mbannaí corparáideacha, méadóidh dliteanais na scéimeanna. |
| Riosca fadsaolaí | Déantar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe a ríomh trí thagairt do bhásmhaireacht mheasta rannpháirtithe na bpleananna le linn a bhfostaíochta agus ina diaidh. Má thagann méadú ar ionchas saoil rannpháirtithe na bpleananna, méadóidh dliteanas na bpleananna. |
| Riosca tuarastail | Déantar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe a ríomh trí thagairt do thuarastal rannpháirtithe na bpleananna san am atá le teacht. Dá réir sin, má thagann méadú ar thuarastal rannpháirtithe na bpleananna, méadóidh dliteanais na bpleananna. |

### An Scéim le Ranníocaíocht Shainithe

Ós rud é nach bhfuil Plean SONI Focus ag glacadh le baill nua ó bhí 1998 ann, ach amháin chun glacadh le baill foirne mar thoradh ar aistriú an fheidhmeannais pleanála i dTuaisceart Éireann sna blianta roimhe, reáchtálann an Grúpa scéim fhaofa le ranníocaíocht shainithe chomh maith, is é sin, “Plean SONI Options” (arb é an chuid de Scéim Pinsin SONI le ranníocaíocht shainithe d’fhostaithe SONI Limited é). Íocann na baill agus SONI Limited ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn grúpa agus is féidir iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsean marthanóra. Sealbhaítear sócmhainní Phlean SONI Options ar iontaobhas agus coinnítear scartha ó shócmhainní an Ghrúpa iad. Is é an t-aon oibleagáid amháin atá ar SONI Limited maidir le Plean SONI Options ná ranníocaíochtaí sonraithe a dhéanamh agus costais riaracháin a íoc. Aithnítear oibleagáidí i leith ranníocaíochtaí le Plean SONI Options mar chostas sa Ráiteas Ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Is ionann an muirear pinsin don bhliain airgeadais agus an ranníocaíocht iarbhír a d’íoc SONI Limited, a bhí cothrom le €1.2m (2018: €0.9m).

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

### Scéimeanna le Sochar Sainithe - Dliteanais

Rinneadh na luachálacha achtúireacha is déanaí ar na sócmhainní agus ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe ar an 30 Meán Fómhair 2019 do phlean EirGrid agus do phlean Focus SONI araon, de réir riachtanais Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19: Sochair Fostaithe (IAS 19). Úsáideadh Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa le luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe, na costais seirbhíse reatha ghaolmhara, agus na costais seirbhíse roimhe seo a mheas.

Is iad seo a leanas na méideanna atá san áireamh sa Chlár Comhardaithe, arna n-eascairt as na hoibleagáidí i leith na bpleananna le sochar sainithe sin:

| | **Iomlán 30 MF 2019 € '000** | **Plean EirGrid an 30 MF 2019 € '000** | **Plean Focus SONI an 30 MF 2019 € '000** | Iomlán an 30 MF 2018 € '000 | Plean EirGrid an 30 MF 2018 € '000 | Plean Focus SONI an 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach | 226,902 | 186,025 | 40,877 | 192,831 | 156,071 | 36,760 |
| Luach cóir shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana | (176,260) | (136,860) | (39,400) | (165,896) | (123,696) | (42,200) |
| Glandliteanas/(glansócmhainn) roimh an uasteorainn sócmhainne | 50,642 | 49,165 | 1,477 | 26,935 | 32,375 | (5,440) |
| Tionchar na teorann sócmhainne gan suimeanna a áireamh atá cuimsithe i gcostais úis | - | - | - | 5,440 | - | 5,440 |
| Glandliteanas arna aithint sa Clár Comhardaithe ag deireadh na tréimhse tar éis thionchar na teorann sócmhainne | 50,642 | 49,165 | 1,477 | 32,375 | 32,375 | - |
| Cáin iarchurtha ar an nglanoibleagáid phinsin (nóta 9) | (6,429) | (6,148) | (281) | (4,054) | (4,054) | - |
| **Glandliteanas i ndiaidh cáin iarchurtha** | **44,213** | **43,017** | **1,196** | 28,321 | 28,321 | - |

Féadtar anailís a dhéanamh ar na méideanna sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite mar seo a leanas:

| | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 8,206 | 7,300 |
| Glanchostas úis | 428 | 388 |
| Costas caipitlithe phinsean an fhostóra | (824) | (1,183) |
| **An méid a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe atá san áireamh i gcostais oibriúcháin eile** | **7,810** | 6,505 |

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na suimeanna a aithníodh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach:

| | Iomlán 30 MF 2019 € '000 | Plean EirGrid an 30 MF 2019 € '000 | Plean Focus SONI an 30 MF 2019 € '000 | Iomlán an 30 MF 2018 € '000 | Plean EirGrid an 30 MF 2018 € '000 | Plean Focus SONI an 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Atomhas an glandliteanais sochair shainithe:** | | | | | | |
| Gnóthachan achtúireach arna eascairt as sócmhainní na Scéimeanna | 9,289 | 6,503 | 2,786 | 4,746 | 3,599 | 1,147 |
| Gnóthachan achtúireach arna eascairt as athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha | (2,075) | - | (2,075) | 303 | - | 303 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach arna eascairt as athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | (30,601) | (24,270) | (6,331) | (11,047) | (12,048) | 1,001 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach arna eascairt as coigeartaithe taithí | 2,623 | 4,210 | (1,587) | 2,883 | 2,079 | 804 |
| Scaoileadh/(srian) teorann sócmhainní | 5,440 | - | 5,440 | (3,168) | - | (3,168) |
| Suim atá áirithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach | (15,324) | (13,557) | (1,767) | (6,283) | (6,370) | 87 |

Is mar seo a leanas a bhí gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí le sochar sainithe sa bhliain airgeadais reatha:

| | Plean EirGrid 30 MF 2019 € '000 | Plean EirGrid 30 MF 2018 € '000 | Plean SONI Focus 30 MF 2019 € '000 | Plean SONI Focus 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe ag tús na bliana | 156,071 | 136,027 | 36,760 | 42,463 |
| An costas seirbhíse reatha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí uathu siúd atá páirteach sna Scéimeanna | 9,414 | 8,097 | 422 | 717 |
| Costas úis | 3,182 | 2,983 | 954 | 1,132 |
| Gnóthachan achtúireach arna eascairt as athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha | - | - | 2,075 | (303) |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach arna eascairt as athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | 24,270 | 12,048 | 6,331 | (1,001) |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach arna eascairt as coigeartaithe taithí | (4,210) | (2,079) | 1,587 | (804) |
| Sochair íoctha | (2,702) | (1,005) | (7,327) | (4,737) |
| Difríochtaí malairte | - | - | 75 | (707) |
| **Luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe ag deireadh na bliana** | **186,025** | **156,071** | **40,877** | **36,760** |

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach shócmhainní an phlean sa bhliain airgeadais reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean SONI Focus | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2019 € '000 Iomlán** | 30 MF 2018 € '000 Iomlán | **30 MF 2019 € '000 Roimh an Uasteorainn Sócmhainne** | **30 MF 2019 € '000 Tionchar na hUasteorann Sócmhainne** | **30 MF 2019 € '000 Iomlán** | 30 MF 2018 € '000 Roimh an Uasteorainn Sócmhainne | 30 MF 2018 € '000 Tionchar na hUasteorann Sócmhainne | 30 MF 2018 € '000 Iomlán |
| Luach cóir shócmhainní na Scéimeanna ag tús na bliana | 123,696 | 111,924 | 42,200 | (5,440) | 36,760 | 44,735 | (2,272) | 42,463 |
| Ioncam ó ús | 2,591 | 2,523 | 1,117 | - | 1,117 | 1,204 | - | 1,204 |
| Gnóthachain ar shócmhainní na Scéimeanna | 6,503 | 3,599 | 2,786 | - | 2,786 | 1,147 | - | 1,147 |
| Ranníocaíochtaí ó na Cuideachtaí | 5,204 | 5,081 | 608 | - | 608 | 684 | - | 684 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na Scéimeanna | 1,568 | 1,574 | 62 | - | 62 | 75 | - | 75 |
| Costais riaracháin | - | - | (180) | - | (180) | (134) | - | (134) |
| Sochair íoctha | (2,702) | (1,005) | (7,327) | - | (7,327) | (4,737) | - | (4,737) |
| Tionchar na huasteorann sócmhainne gan suimeanna a áireamh atá cuimsithe i gcostas úis | - | - | | 5,440 | 5,440 | - | (3,168) | (3,168) |
| Difríochtaí malairte | | - | -134 | | 134 | (774) | - | (774) |
| **Luach cóir shócmhainní na scéimeanna ag deireadh na bliana** | **136,860** | 123,696 | **39,400** | **-** | **39,400** | 42,200 | (5,440) | 36,760 |

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana phríomha a úsáideadh chun críocha na luachálacha achtúireacha:

| | Plean EirGrid | | Plean SONI Focus | |
|---|---|---|---|---|
| **Modh luachála** | **30 MF 2019 Aonad Réamh-mheasta** | 30 MF 2018 Aonad Réamh-mheasta | **30 MF 2019 Aonad Réamh-mheasta** | 30 MF 2018 Aonad Réamh-mheasta |
| Ráta lascaine | 0.95% | 2.05% | 1.85% | 2.85% |
| Méadú ar an bpinsean Stáit | 1.05% | 1.65% | 2.35% | 2.45% |
| Méaduithe ar thuarastail | 1.55% móide scála | 2.15% móide scála | 3.60% móide scála | 3.70% móide scála |
| Méaduithe ar phinsin | 1.55% | 2.15% | 2.35% | 2.45% |
| Boilsciú | 1.30% | 1.90% | 3.35% | 3.45% |
| Ionchas saoil iar-scoir dóibh siúd a bheidh ag dul ar scor ag 65 bliain d'aois in 2039: | | | | |
| - Fir | 23.9 bliain | 23.8 bliain | 25.2 bliain | 23.6 bliain |
| - Mná | 26.0 bliain | 25.9 bliain | 26.8 bliain | 25.7 bliain |

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Ba é an ráta lascaine a d'úsáid achtúirí an phlean i ríomh na ndliteanas pinsin ag deireadh na bliana 0.95% (2018: 2.05%) do phlean EirGrid agus 1.85% (2018: 2.85%) do phlean SONI Focus. Bunaíodh ráta lascaine Phlean EirGrid ar an toradh go dtí fuascailt ar bhannaí corparáideacha ainmnithe d'ardchaighdeán in euro, arna eachtarshuí go ceann thréimhse 27 bliain (2018: 27 bliain), a bheag nó a mhór. Bunaíodh ráta lascaine Phlean SONI Focus ar an toradh go dtí fuascailt ar bhannaí corparáideacha ainmnithe d'ardchaighdeán i steirling, arna eachtarshuí go ceann thréimhse 20 bliain (2018: 20 bliain), a bheag nó a mhór. Tá sé sin ag teacht le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-scoir.

Tá neamhchinnteachtaí bunúsacha ag baint leis na boinn tuisceana airgeadais agus dhéimeagrafacha ar ghlac an Grúpa leo. Mar léiriú ar an tionchar a bheadh ag athruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha, thiocfadh méadú 14% (2018: 13%), a bheag nó a mhór, ar ghlandliteanas an phlean pinsin dá mbeadh laghdú 50 bonnphointe ar na rátaí lascaine.

### Riachtanais Mhaoinithe agus Sreafaí Airgid Amach Anseo

Ní mór luacháil mhaoinithe a dhéanamh ar Phlean EirGrid gach trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochta is gá chun na sochair a mhaoiniú amach anseo. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 1 Aibreán 2017. Déantar coigeartú ar an ráta ranníocaíochta is gá chun dliteanais seirbhíse na todhchaí a mhaoiniú le haghaidh na mball pinsin atá gníomhach faoi láthair, chun luach aon bharrachais nó easnaimh seirbhíse roimhe seo sa Phlean EirGrid a chur san áireamh.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar staid Chaighdeán Maoinithe Phlean EirGrid (is é sin, an t-íosriachtanas maoinithe reachtúil). Sa chás nach leor na sócmhainní atá ag scéim Éireannach le sochar sainithe chun an Caighdeán Maoinithe a shásamh, d'fhéadfadh maoiniú luathaithe, i bhfoirm Togra Maoinithe, a bheith riachtanach. Ós rud é go sásaíonn Plean EirGrid na híoschaighdeáin mhaoinithe, níl aon Togra Maoinithe den sórt sin i bhfeidhm.

Ní mór luacháil achtúireach a dhéanamh ar Phlean SONI Focus gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 31 Márta 2016. Is é is príomhchuspóir le luacháil mhaoinithe na scéime ná teacht ar chomhaontú faoi na ranníocaíochtaí is iníoctha ag SONI Limited le gur féidir a bheith ag súil go mbeidh sócmhainní leordhóthanacha ag Plean SONI Focus chun na sochair a gealladh do na baill a íoc. Deimhníonn Achtúire na Scéime gur ríomhadh na forálacha teicniúla de réir na rialachán agus de réir Ráiteas na nIontaobhaithe maidir le Prionsabail Mhaoinithe agus go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfar an Cuspóir Maoinithe Reachtúil faoi dheireadh na tréimhse atá clúdaithe ag sceideal na ranníocaíochtaí. Ní mór luacháil Alt 179 a dhéanamh freisin lena chinntiú gur leor na sócmhainní atá ag Plean SONI Focus chun a dhliteanais a chlúdach i leith an chúitimh a d'íocfadh an Ciste Cosanta Pinsin.

Is iad seo a leanas na mórchatagóirí a bhaineann le sócmhainní an phlean ar dháta an Chláir Chomhardaithe i gcomhair gach catagóire:

| | Luach Cóir | |
|---|---|---|
| **Plean EirGrid** | **30 MF 2019<br>€ '000** | 30 MF 2018<br>€ '000 |
| Gnáthscaireanna | 53,923 | 50,892 |
| Bannaí | 31,888 | 23,643 |
| Réadmhaoin | 8,896 | 8,806 |
| Airgead Tirim | 6,843 | 4,433 |
| Roghanna Eile | 29,562 | 30,364 |
| Blianachtaí | 5,748 | 5,558 |
| **Luach cóir na sócmhainní plean** | **136,860** | 123,696 |

I gcás shócmhainní Phlean EirGrid ar fad, seachas blianachtaí €131.2m (2018: €118.1m), tá praghsanna margaidh luaite acu ar mhargadh gníomhach. Níl aon phraghsanna margaidh luaite ar mhargadh gníomhach ag na blianachtaí €5.7m (2018: €5.6m).

## 22. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

### Luach Cóir

| **Plean SONI Focus** | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | 18,040 | 23,852 |
| Sárurrúis agus bannaí | 21,181 | 17,640 |
| Eile | 179 | 708 |
| **Luach cóir na sócmhainní plean** | **39,400** | **42,200** |

I gcás sócmhainní phlean Focus SONI tá praghsanna luaite margaidh (€39.4m) (2018: €42.2m) i margadh gníomhach i gcás gach catagóire díobh.

Ba é gnóthachan €13.0m (2018: €8.4m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim an Ghrúpa. Ba é gnóthachan €9.1m (2018: €6.2m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim Phlean EirGrid agus ba é gnóthachan €3.9m (2018: €2.4m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim Phlean SONI Focus.

Measann an Grúpa go n-íocfaidh sé ranníocaíochtaí €5.1m (2018: €5.5m) le haghaidh Phlean EirGrid agus €0.6m (2018: €1.0m) le haghaidh Phlean SONI Focus sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019.

## 23. Iasachtaíochtaí

Tá breac-chuntas tugtha anseo thíos ar iasachtaí úsmhara an Ghrúpa.

| **Inaisíoctha i dtráthchodanna** | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| **Inaisíoctha laistigh d'aon bhliain amháin:** | | |
| Iasachtaí bainc | 19,776 | 15,886 |
| Iomlán na n-iasachtaíochtaí reatha | 19,776 | 15,886 |
| **Inaisíoctha i dtráthchodanna tar éis níos mó ná aon bhliain amháin** | | |
| Idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | 20,579 | 16,629 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 63,924 | 54,931 |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 217,122 | 237,038 |
| Iomlán na n-iasachtaíochtaí neamhreatha | 301,625 | 308,598 |
| **Iomlán na n-iasachtaí gan aisíoc** | **321,401** | **324,484** |

## 23. Iasachtaíochtaí (ar lean)

| Inaisíoctha ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna | 30 MF 2019 € ’000 | 30 MF 2018 € ’000 |
|---|---|---|
| **Inaisíoctha laistigh d'aon bhliain amháin:** | | |
| Iasachtaí bainc | - | - |
| Iomlán na n-iasachtaíochtaí reatha | - | - |
| **Inaisíoctha i dtráthchodanna tar éis níos mó ná aon bhliain amháin** | | |
| Idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 109,630 | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | - | - |
| Iomlán na n-iasachtaíochtaí neamhreatha | 109,630 | - |
| **Iomlán na n-iasachtaíochtaí gan aisíoc** | **109,630** | **-** |

| Iomlán na n-iasachtaíochtaí | 30 MF 2019 € ’000 | 30 MF 2018 € ’000 |
|---|---|---|
| **San áireamh faoi dhliteanais reatha:** | | |
| Iasachtaí bainc | 19,776 | 15,886 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara reatha | 19,776 | 15,886 |
| **San áireamh faoi dhliteanais neamhreatha:** | | |
| Iasachtaí bainc | 411,255 | 308,598 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara neamhreatha | 411,255 | 308,598 |
| **Iomlán na n-iasachtaí agus na n-iasachtaíochtaí úsmhara** | **431,031** | **324,484** |

Déanann EirGrid cpt ráthú trí struchtúr trasráthaíochta ar na hiasachtaíochtaí uile a thugtar don fhochuideachta EirGrid Interconnector DAC. Is ionann iasachtaí bainc agus iasachtaí neamhurraithe. Tiontaíodh cuid de na hiasachtaí ó ráta comhlúthach úis atá bunaithe ar euribor móide corrlach go dtí ráta seasta úis trí úsáid a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis, féach nóta 25 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Cuireadh saoráidí creidmheasa nua i bhfeidhm do chur i bhfeidhm an MLA nua. Tharraing EirGrid agus SONI €109.6m as na saoráidí creidmheasa imrothlaigh sin i rith na bliana chun ceanglais caipitil oibre sa mhargadh cothromúcháin leictreachais a mhaoiniú.
Tarraingíodh iasacht téarma £14.0m sa bhliain freisin, agus tá £11.2 (2018: €12.6m) le híoc i gcónaí ag deireadh na bliana. De réir rátaí comhlúthacha atá an t-ús ar na hiasachtaí sin, agus tá na rátaí bunaithe ar Euribor agus ar Libor móide corrlach.

Bhí luach €101.6m (2018: €103.5m) de shaoráidí iasachtaíochta neamhúsáidte ag an nGrúpa ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá an chuid is mó de na hiasachtaíochtaí neamhúsáidte sin socraithe chun go mbeadh a dhóthain saoráidí cúltaca ag an nGrúpa chun déileáil le híocaíochtaí sriantachta nach raibh foráil déanta sa bhuiséad dóibh/nach rabhthas ag súil leo.

## 23. Iasachtaíochtaí (ar lean)

Is iad seo a leanas téarmaí na n-iasachtaí gan aisíoc:

| Total | Airgeadra | Bliain airgeadais aibíochta | Suim ghlanluacha € '000 |
|---|---|---|---|
| **30 MF 2019** | | | |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2030 | 96,509 |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2035 | 212,303 |
| Iasacht théarmach | STG | 2023 | 12,589 |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | EUR | 2023 | 81,250 |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | STG | 2023 | 28,380 |
| Iomlán | | | 431,031 |
| **30 MF 2018** | | | |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2030 | 103,050 |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2035 | 221,434 |
| **Iomlán** | | | **324,484** |

## 24. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanas Airgeadais

Tá tuairisc i nóta 2 ar an éifeacht a bhaineann le IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair ar ionstraimí airgeadais an Ghrúpa. De bharr an mhodha aistrithe a roghnaíodh, níor athshonraíodh faisnéis chomparáideach chun na ceanglais nua a léiriú.

| Suim Ghlanluacha | Sócmhainní airgeadais ar chostais amúchta € '000 | Dliteanais airgeadais ar chostais amúchta € '000 | Luach Cóir trí ioncam cuimsitheach eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2019** | | | | |
| Infheistíochtaí | - | - | 356 | 356 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 142,373 | - | - | 142,373 |
| Costais tionscadail iarchurtha | 51,204 | - | - | 51,204 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 318,621 | - | - | 318,621 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | (92,843) | - | (92,843) |
| Iasachtaíochtaí | - | (431,031) | - | (431,031) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 25) | - | - | (101,571) | (101,571) |
| **Iomlán** | **512,198** | **(523,874)** | **(101,215)** | **(112,891)** |

## 24. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanas Airgeadais (ar lean)

| Suim Ghlanluacha | Iasachtaí agus infháltais € '000 | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta € '000 | Luach Cóir trí ioncam cuimsitheach eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| 30 MF 2018 | | | | |
| Infheistíochtaí | - | - | 356 | 356 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 42,381 | - | - | 42,381 |
| Costais tionscadail iarchurtha | 45,383 | - | - | 45,383 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 251,276 | - | - | 251,276 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | (146,934) | - | (146,934) |
| Iasachtaíochtaí | - | (324,484) | - | (324,484) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 25) | - | - | (77,092) | (77,092) |
| Iomlán | 339,040 | (471,418) | (76,736) | (209,114) |

| Luach Cóir | Leibhéal 1 € '000 | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2019** | | | | |
| Infheistíochtaí | - | - | 356 | 356 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | - | - | - | - |
| Costais tionscadail iarchurtha | - | - | - | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | - | - | - |
| Iasachtaíochtaí | - | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 25) | - | (101,571) | - | (101,571) |
| **Iomlán** | **-** | **(101,571)** | **356** | **(101,215)** |
| 30 MF 2018 | | | | |
| Infheistíochtaí | - | - | 356 | 356 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | - | - | - | - |
| Costais tionscadail iarchurtha | - | - | - | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | - | - | - |
| Iasachtaíochtaí | - | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 25) | - | (77,092) | - | (77,092) |
| Iomlán | - | (77,092) | 356 | (76,736) |

## 24. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanas Airgeadais (ar lean)

Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ar a luach cóir tar éis a n-aitheanta tosaigh, grúpáiltear i Leibhéil 1 go 3 iad bunaithe ar a inbhraite is atá an luach cóir:

- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 1 ann ná iad siúd a fhaightear ó phraghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar mhargaí gníomhacha i gcomhair sócmhainní nó do dliteanais chomhionanna;
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 2 ann ná iad siúd a fhaightear ó ionchuir seachas praghsanna luaite atá áirithe i Leibhéal 1, agus na tomhais sin inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas go díreach (i.e. mar phraghsanna), sin ná go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna);
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 3 ann ná iad siúd a fhaightear ó theicnící luachála, lena n-áirítear ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

### Meastachán ar luacha córa

Is é seo a leanas cur síos ar na modhanna agus na boinn tuisceana phríomha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar luacha córa sócmhainní agus dliteanas airgeadais.

### Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a thomhas ar a luach cóir. Ní raibh aon aistriú idir na leibhéil luachála le linn na bliana.

### Infháltais trádála agus infháltais eile/suimeanna iníoctha & costais tionscadail iarchurtha

I gcás na n-infháltas/suimeanna iníoctha trádála, is garmheastachán réasúnta cruinn ar an luach cóir é suim ghlanluacha lúide liúntais bhearnúcháin, áit ar cuí.

### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

I gcás taiscí bainc gearrthéarmacha agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, meastar go léiríonn an tsuim ghlanluacha garmheastachán réasúnta ar an luach cóir.

### Iasachtaíochtaí

Déantar an luach cóir a ríomh ar bhunús príomh-shreafaí airgid agus sreafaí airgid úis na todhchaí, arna lascainiú.

I gcás na n-infháltas/suimeanna iníoctha trádála, is garmheastachán réasúnta cruinn ar an luach cóir é suim ghlanluacha lúide liúntais bhearnúcháin, áit ar cuí.

### Ionstraim airgeadais dhíorthach (Babhtálacha ráta úis)

Socraítear luach cóir bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar an dáta tuairiscithe ach na sreafaí airgid todhchaí a lascainiú ar bhonn cuair ráta úis is inbhraite sa mhargadh ar an dáta tuairiscithe, agus meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad dá bhrí sin. Ní raibh aon aistriú idir na leibhéil luachála le linn na bliana.

Ós rud é go bhfuil na díorthaigh as an airgead, níl aon neamhchosaint i gceist do na contrapháirtithe bainc, agus mar sin ní theastaíonn aon choigeartú creidmheasa contrapháirtí. Tá rátálacha creidmheasa arda ag na bainc ar leo na díorthaigh, agus ar an ábhar sin, fiú dá mbeadh riosca neamhchosanta ann dóibh maidir le luachálacha 'marcáil de réir margaidh' na ndíorthach, ní bheadh gá le coigeartuithe creidmheasa, dar leis an nGrúpa.  Bhí staid sheasta chreidmheasa agus airgeadais ag an nGrúpa le linn na bliana airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2019, agus mar sin níl aon choigeartú creidmheasa ag teastáil.

## 25. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht chaipitil

Tráth a dílsíodh an t-oibreoir córais tarchurtha do EirGrid cpt, tugadh caipiteal isteach ann faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Tá an caipiteal sin ina bhunús le bunchaipiteal na Cuideachta. Níor tháinig aon athrú ar bhunchaipiteal na Cuideachta le linn na bliana airgeadais. Aon athruithe a dhéantar ar an struchtúr caipitiúil, tá siad faoi réir fhormheas na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá an Chuideachta á maoiniú ar bhonn leanúnach tríd an gcóras rialála taraife. Tá saoráidí bainc curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa d'fhonn leachtacht agus sreabhadh airgid a bhainistiú chun gur féidir déileáil le neamhréireanna ama idir fáltais rialála taraife agus riachtanais chaipitil oibre.

## 25. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Déantar tionscadail atá suntasach ó thaobh caiteachas caipitil de a mhaoiniú trí iasachtaíochtaí seachtracha agus faoi réir fhormheas na Roinne. Is tríd an reachtaíocht a leagtar amach cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa, agus bíonn iasachtaí aonair faoi réir fhormheas na Roinne. Ar an 14 Márta 2008, síníodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid) 2008 ina dhlí in Éirinn. Go príomha, thug an tAcht sin de chumhacht don Ghrúpa an tIdirnascaire Thoir Thiar a thógáil agus mhéadaigh cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa go dtí €750m ar a mhéad.

Is é polasaí an Ghrúpa ná costas íseal, cobhsaí, inghlactha a chinntiú le himeacht ama maidir le cistí, faoi réir leibhéil inghlactha riosca. Lena chois sin coinníonn an Grúpa próifíl chothrom aibíochta i ndáil lena phunann lárnach iasachtaíochta d'fhonn buaic-aisíocaíochtaí agus riosca athmhaoinithe a sheachaint.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach thíos faoi na háiseanna iasachtaíochta agus na straitéisí gaolmhara fálaithe.

### Léargas ginearálta ar bhainistíocht riosca airgeadais

Ní ann d'aon chomhchruinnithe riosca suntasacha agus níor tharla aon athrú suntasach le linn na bliana airgeadais, nó ó bhí deireadh na bliana ann, ar na cineálacha rioscaí airgeadais a gcaithfidh an Grúpa aghaidh a thabhairt orthu ná ar chur chuige an Ghrúpa maidir le bainistiú na rioscaí sin.

Is é feidhmeannas cistíochta an Ghrúpa a dhéanann maoiniú, leachtacht agus neamhchosaint an Ghrúpa ar rioscaí úis agus rioscaí ráta malairte eachtraí a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar bheartais a chosnaíonn an Grúpa ar na rioscaí sin agus ar rioscaí eile nach iad, agus déanann na beartais sin a fhaomhadh.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais a bhfuil an Grúpa neamhchosanta orthu le rioscaí leachtachta, margaidh (lena n-áirítear an ráta úis) agus caipitil. Eascraíonn na rioscaí sin as oibríochtaí laethúla agus as tionscadail thábhachtacha chaiteachais chaipitiúil.

Bainistíonn an Grúpa a riosca leachtachta agus caipitil i dtaca le hoibríochtaí laethúla tríd an bpróiseas rialála le haghaidh bunú taraifí i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CER) agus le Rialálaí Fóntas Thuaisceart Éireann (UR), agus trí bhuiséadú inmheánach agus trí fhaireachán a dhéanamh ar athruithe. Chuaigh an Grúpa i mbun idirbheartaíochta le bainc éagsúla i dtaobh saoráidí teannta a fháil d'fhonn tacú le réamh-mheastacháin agus riachtanais maidir le sreabhadh airgid.

Maidir le caiteachas caipitiúil, tá píomhphróisis um fhormheas caiteachais agus bainistíocht tionscadail i bhfeidhm ag an nGrúpa

### Bainistíocht riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go ndéanfadh céile conartha mainneachtain ar a oibleagáidí conartha agus go gcaillfeadh an Grúpa airgead dá dheasca sin. Bíonn an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na céilithe conartha a bhfuil cuntais bainc aige leo. Déanann an Grúpa an neamhchosaint sin a mhaolú ach cistí a chur i roinnt mhaith institiúidí airgeadais a bhfuil ráthaíocht flaithiúnais acu ar thaiscí custaiméirí nó a bhfuil rátáil chreidmheasa acu ó ghníomhaireacht neamhspleách rátála, agus é sin i gcomhréir leis an bpolasaí cisteáin atá faofa ag an mBord. Tá an Grúpa neamhchosanta freisin ar riosca contrapháirtí i dtaca le saoráidí neamhtharraingthe agus ionstraimí babhtála ráta úis. De réir ár bPolasaí Cisteáin, ní dhéanann an Grúpa plé ach amháin le contrapháirtithe a bhfuil rátáil ard chreidmheasa acu, d'fhonn an riosca sin a mhaolú. Dar leis an bhfoireann bainistíochta, níl aon chontrapháirtí suntasach de chuid an Ghrúpa nach gcomhlíonfaidh a chuid oibleagáidí. Léiríonn suimeanna glanluacha na sócmhainní airgeadais an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa.

I gcás an mhargaí cothromúcháin leictreachais, faoi théarmaí an Chóid Trádála agus Socraithe don Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) iarrtar ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar ag leibhéal a chuireann an tOibreoir Margaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den chineál sin a sholáthar mar litir chreidmheasa theannta dho-aisghairthe nó mar thaisce airgid thirim a choinnítear i gcuntas cúlchiste chomhthaobhaigh (coinnítear na cuntais in ainm na rannpháirtithe margaidh). Roinntear aon drochfhiach a thagann aníos sa Mhargadh Leictreachais Aonair, sa mhéid go sáraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, i measc na rannpháirtithe margaidh agus ní hé an tOibreoir Margaidh atá freagrach as. B'fhiú €3.8m (2018: €33.3m) infháltais trádála SEMO ó rannpháirtithe margaidh a bhí san áireamh in infháltais eile an Ghrúpa amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019. Cuimsítear freisin le hinfháltais eile €113.1m atá dlite ag an margadh i ndáil le heasnaimh mhargaidh a thagann chun cinn go príomha mar thoradh ar neamhréir idir an ráta ioncaim buiséadaithe ó tharaifí agus na costais srianta iarbhír. Cuirfear é sin ar ais sa mhargadh trí choigeartú ar tharaifí de réir k-fhachtóir sna blianta amach romhainn.

## 25. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Is é EPEX a bhainistíonn na margaí lá roimh ré agus ionlae do SEMOpx. Is é European Commodities Clearing (ECC) a dhéanann malartán cumhachta SEMOpx a ghlanadh agus a réiteach agus is é a ghlacann freagracht airgeadais as gach trádáil a dhéantar. Coimeádann ECC an chomhthaobhacht éigeantach le comhaltaí an mhalartáin agus lena mbainc imréitigh, agus is é ECC a iompróidh aon drochfhiach ina cháil mar chontrapháirtí.

Tá socruithe cuí i bhfeidhm freisin maidir le bainistíocht a dhéanamh ar riosca creidmheasa an Ghrúpa a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí mar an tOibreoir Córais Tarchurtha. Ní mór do gach úsáideoir urrús i leith íocaíocht gach airgid dhlite don Ghrúpa a sholáthar don Ghrúpa agus a choimeád ina dhiaidh sin de réir an Chomhaontaithe maidir le hÚsáid an Chórais ("Clúdach Urrúis') i bhfoirm creidmheas doiciméadach nó taisce airgid thirim.

Bíonn rannpháirtithe sa mhargadh CAT faoi réir rialacha JAO maidir le leithdháileadh. Ráthaíocht bhainc nó taisce airgid thirim atá leagtha síos sna rialacha sin maidir le leithdháileadh.

Déantar na costais tionscadail iarchurtha a ghnóthú ó úinéirí na sócmhainne tarchuir atá faoi réir comhaontuithe, rud a éascaíonn an idirghníomhaíocht oibriúcháin idir TSO agus TAO. Áirithítear leis na comhaontuithe sin nach nochtar na hoibreoirí d'aon riosca creidmheasa de bharr ghnóthú na gcostas tionscadal.

Déanann an Grúpa an cur chuige simplithe maidir le soláthar le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha atá sainordaithe in IFRS 9 a chur i bhfeidhm, faoina gceadaítear an soláthar caillteanas ionchasach saoil a úsáid le haghaidh gach infháltais trádála. De bharr an bheartais maidir le bainistíocht riosca creidmheasa, ba é nialas an lamháltas caillteanais ar an 30 Meán Fómhair 2019 agus ar an 1 Deireadh Fómhair 2018 (tráth a glacadh IFRS 9).

Is é dhá mhí ar an meán an tréimhse chreidmheasa ar infháltais trádála. Áirítear le hiarmhéid na n-infháltas trádála, féichiúnaithe atá dlite thar téarma ag an dáta tuairiscithe nár cuireadh ar fáil, mar go meastar fós gur suimeanna in-aisghabhála iad na suimeanna sin go fóill. Is é seo a leanas próifíl aosaithe na n-iarmhéideanna sin, atá dlite thar téarma ach nach bhfuil bearnaithe:

| | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Idir 60 agus 90 lá | - | 43 |
| Idir 90 agus 120 lá | - | - |
| Níos mó ná 120 lá | - | - |
| Iomlán | - | 43 |

Meastar go bhfuil cáilíocht chreidmheasa mhaith ag sócmhainní airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta nach bhfuil thar téarma ná bearnaithe.

### Bainistíocht riosca leachtachta

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht deiridh as bainistíocht riosca leachtachta. Tá creat bainistithe riosca oiriúnach ceaptha acu chun riachtanais mhaoinithe agus leachtachta an Ghrúpa a bhainistiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Bainistíonn an Grúpa an riosca leachtachta trí chúlchistí leordhóthanacha, saoráidí baincéireachta agus saoráidí iasachta cúltaca a choinneáil, trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar shreafaí airgid measta agus iarbhír, agus trí phróifílí aibíochta na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais a mheaitseáil le chéile.

Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go ndéantar na suimeanna iníoctha go léir a íoc roimh dháta deireanach an chreidmheasa. Ar an dáta tuairiscithe, bhí na suimeanna trádála iníoctha uile laistigh den tréimhse chreidmheasa seo. Sa chás nach n-íocann an Chuideachta sonrasc in am trátha, íoctar ús leis an soláthraí.

Tá teacht ag an nGrúpa ar shaoráidí maoinithe agus ba é €101.6m (2018: €103.5m) an méid iomlán gan úsáid ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá an chuid is mó de na hiasachtaíochtaí neamhúsáidte sin socraithe chun go mbeadh a dhóthain saoráidí cúltaca ag an nGrúpa chun déileáil le híocaíochtaí sriantachta nach raibh foráil déanta sa bhuiséad dóibh/nach rabhthas ag súil leo. Tá súil ag an nGrúpa a gcuid oibleagáidí eile a chomhlíonadh ó shreafaí airgid oibriúcháin.

Sonraítear sa tábla seo a leanas aibíocht chonartha an Ghrúpa atá fágtha i dtaca lena gcuid dliteanas airgeadais neamhdhíorthach. Cuireadh an tábla i dtoll a chéile bunaithe ar shreafaí airgid neamhlascainithe na ndliteanas airgeadais bunaithe ar an dáta is luaithe ar féidir a chur de cheangal ar an nGrúpa iad a íoc. Tá idir ús agus phríomhshreafaí airgid san áireamh sa tábla.

## 25. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

| | Níos lú ná 1 mhí € '000 | 1 - 12 mhí € '000 | 1 - 5 bliana € '000 | 5+ bliana € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2019** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile – neamhúsmhar | (92,843) | - | - | - | (92,843) |
| Iasachtaíochtaí | - | 35,216 | 133,389 | 271,625 | 440,230 |
| Iomlán | **(92,843)** | **35,216** | **133,389** | **271,625** | **347,387** |
| 30 MF 2018 | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile – neamhúsmhar | (138,009) | - | - | - | (138,009) |
| Iasachtaíochtaí | - | 31,286 | 125,216 | 302,678 | 459,180 |
| Iomlán | (138,009) | 31,286 | 125,216 | 302,678 | 321,171 |

Meastar go dtarlóidh na fáluithe ar an sreabhadh airgid agus go mbeidh tionchar acu ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse 16 bliana.

Is iad seo a leanas na méideanna a aithníodh agus a athrangaíodh amach ón gcúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid:

| | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Caillteanais a d'eascair le linn na bliana | (37,657) | (4,393) |
| Athrangaithe chuig an Ráiteas Ioncaim (san áireamh i gcostais airgeadais) | 13,178 | 13,776 |
| **Iomlán** | **(24,479)** | **9,383** |

### Bainistíocht an riosca ráta úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar an riosca ráta úis mar faigheann siad airgead ar iasacht ar rátaí úis comhlúthacha. Déanann an Grúpa an riosca a bhainistiú trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis chun an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir iasachtaíochtaí ar ráta seasta agus iasachtaíochtaí ar ráta comhlúthach.

Bhí na conarthaí babhtála ráta úis seo a leanas i bhfeidhm ag deireadh na bliana:

| **Díorthaigh atá sainithe agus éifeachtúil mar ionstraimí fálaithe arna dtabhairt anonn ag an uach cóir, a mbeidh tréimhse éaga acu:** | **Meánráta úis conraithe** | | **Méid barúlach na príomhshuime** | | **Sócmhainn/(dliteanas) babhtála ráta úis** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **30 Sep 2019 %** | 30 MF 2018 % | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | - | - | - | - | - | - |
| Idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | | - | - | - | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 3.80% | 3.80% | 311,016 | 326,902 | (101,571) | (77,092) |
| Iomlán na gconarthaí gníomhacha babhtála | 3.80% | 3.80% | 311,016 | 326,902 | (101,571) | (77,092) |

## 25. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Faoi chonarthaí babhtála ráta úis, comhaontaíonn an Grúpa an difríocht a mhalartú idir suimeanna ar ráta seasta úis agus suimeanna ar ráta comhlúthach úis arna ríomh ar mhéideanna barúlacha príomhshuime comhaontaithe. Cuireann a leithéid de chonarthaí ar chumas an Ghrúpa an riosca a mhaolú a ghabhann le neamhchosaint sreabhaidh airgid ar an ráta athraitheach úis a eisíodh ar iasachtaíochtaí.

Socraítear babhtálacha ráta úis an Ghrúpa ar bhonn tréimhsiúil agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha gach trí nó sé mhí. Déanfaidh an Grúpa an difríocht idir an ráta seasta agus an ráta comhlúthach a íoc nó a fháil ar bhonn an ghlanbhoinn.

Gach conradh babhtála ráta úis ina n-úsáidtear méideanna úis ar ráta comhlúthach mar mhalairt ar mhéideanna úis ar ráta seasta, sainítear iad mar fháluithe ar an sreabhadh airgid d'fhonn neamhchosaint shreabhadh airgid an Ghrúpa, a d'eascródh as rátaí athraitheacha úis ar iasachtaíochtaí, a laghdú. Tarlaíonn na glansocruithe faoi na babhtálacha ráta úis agus na híocaíochtaí úis ar na hiasachtaíochtaí ag an am céanna. Aithnítear an méid a cuireadh siar i gcothromas i mbrabús nó caillteanas le linn na tréimhse sin ina dtéann na híocaíochtaí úis ar ráta comhlúthach ar fhiachas i bhfeidhm ar bhrabús nó caillteanas.

### Anailís íogaireachta ar ráta úis

Socraíodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an neamhchosaint iomlán ar rátaí úis i gcás iasachtaíochtaí agus ionstraimí díorthacha amhail ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú 50 bonnphointe nuair a bhíonn riosca ráta úis á thuairisciú, agus léiríonn sé sin measúnú na foirne bainistíochta ar na hathruithe a d'fhéadfadh teacht, b'fhéidir, ar na rátaí úis.

Dá mbeadh na rátaí úis reatha agus na rátaí úis ar aghaidh 50 (2018: 50) bonnphointe níos airde/níos ísle agus dá bhfanfadh gach athraitheach eile seasmhach:

- Bheadh éifeacht €nialas (2018: €nialas) aige sin ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019; agus
- Bheadh éifeacht €14.4m/(€15.3m) (2018: €14.3m/(€15.2m)) aige sin ar chúlchistí cothromais eile an Ghrúpa, de bharr athruithe ar luach cóir na bhfáluithe ar an sreabhadh airgid den chuid is mó.

### Bainistíocht riosca malairte airgeadraí eachtracha

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh trí oibríochtaí dhá fhochuideachta dá chuid atá ionchorpraithe i dTuaisceart Éireann, arb í Steirling a n-airgeadra feidhmiúil í, agus trí chaiteachas caipitiúil i Steirling. Tá an riosca a eascraíonn as fochuideachtaí a úsáideann Steirling mar a n-airgeadra feidhmiúil maolaithe go páirteach de bharr go bhfuil formhór an ioncaim agus an chaiteachais ó na hoibríochtaí sa Ríocht Aontaithe ainmnithe i Steirling. Tá an Grúpa tar éis iarracht a dhéanamh an neamhchosaint sin a laghdú tuilleadh ach iasachtaí Steirling a úsáid le hoibríochtaí i dTuaisceart Éireann a mhaoiniú.

### Anailís íogaireachta ar mhalairt airgeadraí eachtracha

Rinneadh amach na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar neamhchosaint an Ghrúpa ar a chuid oibríochtaí i Steirling amhail ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Thaifid an deighleog SONI TSO brabús oibriúcháin €15.7m (2018: €7.6m) sa bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Úsáideadh méadú nó laghdú 20% nuair a bhí an riosca maidir leis an malairt airgeadra eachtraigh á thuairisciú, agus léiríonn sé sin measúnú na foirne bainistíochta ar na hathruithe a d'fhéadfadh teacht, b'fhéidir, ar na rátaí malairte.

Dá mbeadh rátaí malairte 20% níos airde/níos ísle agus dá gcoinneofaí gach athraitheach eile seasmhach, bheadh tionchar €8.7m (2018: €7.3m) ar bhrabús an Ghrúpa roimh cháin don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Bheadh éifeacht €1.6m (2018: €0.4m) aige sin ar chúlchistí cothromais eile.

## 26. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

Eagraíocht leathstáit tráchtála Éireannach is ea EirGrid cpt, agus mar sin, is páirtí gaolmhar de chuid Rialtas na hÉireann é. Tá gnáthscair amháin an duine de scairchaipiteal na Cuideachta i seilbh John O'Connor, Mark Foley agus Michael Behan thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin den Chuideachta i seilbh an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó thar a cheann.

Ní raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa uair ar bith le linn na bliana.

Mar a tharlaíonn i gcás go leor eintiteas eile, bíonn an Grúpa ag déileáil sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an rialtas, amhail ESB, mar sin tá na mór-idirbhearta nochta anseo thíos.

Tá Comhaontú Infreastruchtúir i bhfeidhm idir an Grúpa agus ESB faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CER), i ndáil le feidhmeanna úinéara agus oibreora an chórais tarchurtha.
Is iad seo a leanas na muirir a gearradh ar na Ráitis Ioncaim Chomhdhlúite faoin gComhaontú sin:

| | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Muirear gearrtha ar úinéir na sócmhainní tarchurtha | 252,002 | 230,125 |

Amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019, bhí €37.6m (2018: €41.0m) san iomlán iníoctha le ESB faoin gComhaontú seo. Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht san iarmhéid sin:

| | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 41,012 | 39,378 |
| Muirir le linn na bliana | 252,002 | 230,125 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana | (255,373) | (228,491) |
| **Iarmhéid deiridh** | **37,641** | **41,012** |

Is gan urrús agus iníoctha in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá an t-iarmhéid gan íoc seo.

## 27. Teagmhais i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

An 2 Deireadh Fómhair 2019, d'fhógair an Coimisiún Eorpach go raibh cistiú €530.7m á thabhairt aige do Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh ó chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (CEF), sásra airgeadais an AE chun tacú le bonneagar tras-Eorpach. Is é atá san Idirnascaire Ceilteach nasc leictreachais nua atá beartaithe idir an Fhrainc agus Éire atá á fhorbairt go comhpháirteach ag EirGrid cpt agus ag Réseau De Transport d'Électricité ('RTE'), TSO na Fraince. Níor tharla aon teagmhais shuntasacha eile a chuaigh i bhfeidhm ar an nGrúpa ó bhí deireadh na bliana ann.

## 28. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 18 Nollaig 2019.


# Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail an 30 Meán Fómhair 2019

| | Nóta | 30 MF 2019 €'000 | 30 MF 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 29 (E) | 155,761 | 155,761 |
| Infheistíochtaí eile | 29 (F) | 325 | 325 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 29 (H) | 63,765 | 70,638 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 29 (I) | 35,079 | 36,877 |
| **Iomlán na sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | 254,930 | 263,601 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile: méideanna dlite tar éis bliana | 29 (J) | **244,588** | **243,560** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 29 (K) | 271,822 | 216,765 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 29 (L) | 249,895 | 172,189 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **521,717** | **388,954** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile: suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 29 (M) | (269,984) | (295,976) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **251,733** | **92,978** |
| **Iomlán na sócmhainní lúide na dliteanais reatha** | | **751,251** | **600,139** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile: suimeanna a bheidh dlite laistigh de níos mó ná aon bhliain amháin | 29 (N) | (360,776) | (268,526) |
| **Forálacha** | | | |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 29 (R) | (49,165) | (32,375) |
| **Glansócmhainní tar éis oibleagáidí maidir le sochar scoir** | | **341,310** | **299,238** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas | 17 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (67,142) | (49,060) |
| Tuilleamh coinnithe | | 359,232 | 299,078 |
| **Iomlán an chothromais** | | **341,310** | **299,238** |

**Faofa ag an mBord agus sínithe thar a gceann:**


An 18 Nollaig 2019



**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach



**John Trethowan**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta



**Mark Foley**
Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2019

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán atá inchurtha leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 DF 2017** | **38** | **49,182** | **(54,226)** | **244,934** | **239,928** |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 63,718 | 63,718 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | |
| Atomhais na scéime le sochar sainithe glan ar cháin iarchurtha | - | - | - | (5,574) | (5,574) |
| Gluaiseacht san fhálú ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha | - | - | 5,166 | - | 5,166 |
| Díbhinní | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 38 | 49,182 | (49,060) | 299,078 | 299,238 |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 76,016 | 76,016 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | |
| Atomhais na scéime le sochar sainithe glan ar cháin iarchurtha | - | - | - | (11,862) | (11,862) |
| Gluaiseacht san fhálú ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha | - | - | (18,082) | - | (18,082) |
| Díbhinní | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| **Iarmhéid amhail an 30 MF 2019** | **38** | **49,182** | **(67,142)** | **359,232** | **341,310** |

## Cúlchiste Caipitil

Tháinig an cúlchiste caipitil aníos nuair a dílsíodh na hoibríochtaí TSO ó Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) chuig an gCuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níl aon ghluaiseachtaí sa chúlchiste ón dáta sin.

## Cúlchiste Fálaithe

Is éard atá sa chúlchiste fálaithe ná an sciar carnach de ghnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí fálaithe a mheastar atá éifeachtúil i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid. Ní aithnítear an gnóthachan ná an caillteanas iarchurtha carnach ar na hionstraimí fálaithe sa bhrabús ná sa chaillteanas ach amháin nuair a théann an t-idirbheart fálaithe i bhfeidhm ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó nuair a chuirtear san áireamh é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe nach mír airgeadais í.

## Tuilleamh Coinnithe

Is éard atá i dtuilleamh coinnithe ná tuilleamh carnach glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus i mblianta airgeadais roimhe.

# Nótaí le Ráitis Airgeadais na Cuideachta

## 29 (A). Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 101 An Creat um Nochtadh Laghdaithe (Márta 2018) ("FRS 101"). Tá díolúintí áirithe glactha ag an gCuideachta faoi FRS 101. Áirítear leis an díolúintí seo:

- ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí gaolmhara;
- nochtuithe i ndáil le haithint ioncaim;
- nochtuithe maidir le cúiteamh do phríomhphearsanra de chuid na foirne bainistíochta;
- nochtuithe i ndáil le hidirbhearta le fochuideachtaí atá faoi lán-úinéireacht;
- nochtuithe i ndáil le bainistíocht caipitil;
- eolas comparáideach áirithe; agus
- tionchar Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais atá nua ach nach bhfuil i bhfeidhm fós.

Ós rud é go bhfuil na nochtuithe comhionanna cuimsithe sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, tá an Chuideachta tar éis glacadh leis na díolúintí faoi FRS 101 atá ar fáil i ndáil leis na nochtuithe seo a leanas:

- Nochtuithe áirithe ar gá leo faoi IFRS 13 Tomhas Luacha Chóir agus na nochtuithe ar gá leo faoi IFRS 7 Nochtuithe Ionstraime Airgeadais.

## 29 (B). Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid cpt, a corpraíodh in Éirinn. Is é The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 oifig chláraithe EirGrid cpt (Cláruimhir 338522). Tá príomhghníomhaíocht na Cuideachta cuimsithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 72. Is é EirGrid cpt an grúpa is mó a raibh an Chuideachta ina ball de agus ar ullmhaíodh cuntais ghrúpa ina leith. Is féidir cóipeanna a fháil de chuntais chomhdhlúite ghrúpa EirGrid cpt, atá le fáil ar leathanaigh 72 go 141, ó Rúnaí na Cuideachta, EirGrid cpt, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.

Na beartais chuntasaíochta atá á gcur i bhfeidhm ag an gCuideachta, tá siad ag teacht leis na beartais a chuireann an Grúpa ina iomláine i bhfeidhm. Moltar duit féachaint ar leathanaigh 94-107 de ráitis airgeadais an Ghrúpa le heolas a fháil maidir le nochtadh na mbeartas cuntasaíochta ábhartha.

## 29 (C). Brabús inchurtha i leith EirGrid Cpt

Ba é €76.0m (2018: €63.7m) an brabús don bhliain, agus é inchurtha i leith na Máthairchuideachta. De réir Alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá an Chuideachta ag baint leas as an díolúine a cheadaíonn di gan a Ráiteas Ioncaim ar leith féin a chur i láthair ag an gCruinniú Cinn Bhliana. De réir Alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá an Chuideachta ag baint leas as an díolúine a cheadaíonn di gan a Ráiteas Ioncaim ar leith féin a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

## 29 (D). Fostaithe

Ba é 326 (2018: 282) meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGrúpa i rith na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2019, gan baill foirne a bhí i mbun oibre ar thionscadail chaipitil a áireamh.

Ba é 69 (2018) meánlíon na ndaoine a bhí i mbun oibre ar thionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. 98). Tá caipitliú agus iomlánú déanta ar na costais foirne a bhaineann leis na fostaithe sin, agus ba é €6.2m (2018: €9.4m) an t-iomlán don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2019.

Meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ar bhonn míosúil de réir gníomhaíocht ghnó:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € ’000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € ’000 |
|---|---|---|
| EirGrid TSO | 262 | 254 |
| SEMO | 52 | 22 |
| SEMOpx | 6 | - |
| EWIC | 6 | 6 |
| Tionscadail chaipitil | 69 | 98 |
| Iomlán | **395** | **380** |

Is mar seo a leanas a bhí iomlán an luacha saothair, tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin san áireamh:

| | An bhliain go dtí 30 MF 2019 € ’000 | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € ’000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 27,250 | 28,699 |
| Costais árachais shóisialta | 3,134 | 3,022 |
| Costais eile sochair scoir | 7,846 | 6,523 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **38,230** | **38,244** |
| Costais fostaithe gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim | 32,077 | 28,875 |
| Costais fostaithe chaipitlithe | 6,153 | 9,369 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **38,230** | **38,244** |

## 29 (E). Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Is iad seo a leanas fochuideachtaí an Ghrúpa, agus iad ar fad faoi lán-úinéireacht:

| Fochuideachta | Tír a Corpraithe | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|---|
| EirGrid UK Holdings Limited | Tuaisceart Éireann | Cuideachta sealbhaíochta |
| SONI Limited Northern Ireland | Tuaisceart Éireann | TSO |
| EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe | Éire | Idirnascadh |
| EirGrid Telecoms Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe | Éire | Teileachumarsáid |
| EirGrid Celtic Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe | Éire | Cuideachta sealbhaíochta |

## 29 (E). Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

Tá EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Designated Activity Company, EirGrid Telecoms Designated Activity Company agus EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company faoi úinéireacht dhíreach na Cuideachta. Tá SONI Limited faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings Limited.

Tá EirGrid cpt agus EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe ina bpáirtithe i gcomhaontuithe áirithe maoinithe a bhaineann le húinéireacht an Idirnascaire Thoir Thiar, a bhfuil faomhadh ó bhainc iasachtaithe ag teastáil ina leith, a bheag nó a mhór, le haghaidh aon dáiltí ó EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe chuig EirGrid cpt.

Corpraíodh EirGrid Celtic Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe ar an 12 Meán Fómhair 2018 agus d'fhan sé díomhaoin go dtí deireadh na bliana airgeadais.

Is é The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 oifig chláraithe EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe agus EirGrid Telecoms Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe.

Tá oifig chláraithe EirGrid UK Holdings Limited agus SONI Limited ag Teach an Chaisleáin Riabhaigh, 12 Bóthar Manse, Béal Feirste.

| **Infheistíocht i bhFochuideachtaí** | **30 MF 2019<br>€ '000** | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2018 | 155,761 | 155,711 |
| Breiseanna | - | 50 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 155,761 | 155,761 |

Rinne an Chuideachta réamhíocaíochtaí €31.7m (2018: €31.7m) san iomlán le EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe, chomh maith le fiachas €285.0m (2018: €285.0m) san iomlán agus é sin tugtha ar aghaidh mar iasacht. D'aithin an Chuideachta infheistíocht €155.5m (2018: €155.5m) in EirGrid Interconnector Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe agus €0.2m (2018: €0.2m) in EirGrid Telecoms Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe, a léiríonn an meastachán reatha ar luach an ráta úis tráchtála a ndéanfaidh an Chuideachta gan é thar shaolré na n-iasachtaí seo.

## 29 (F). Infheistíochtaí Eile

| | **30 MF 2019<br>€ '000** | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2018 | 325 | - |
| Breiseanna | - | 325 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 325 | 325 |

In 2018 fuair EirGrid leas cothromais de 4.75% in Joint Allocation Office S.A. ar €0.2m; cuideachta atá cláraithe in Lucsamburg. Faoi rialacha an AE, tá de cheangal ar TSOnna, Ardán Leithdháilte Lárnach a chur i bhfeidhm le haghaidh acmhainn ar idirnascairí. Ós é EirGrid an TSO deimhnithe don Idirnascaire Thoir Thiar, rinneadh scairshealbhóir de sa Joint Allocation Office (JAO), atá molta ag na TSOnna mar an tArdán Leithdháilte Lárnach.

Faoi rialacha nua an AE (Cóid Ghréasáin), tá de cheangal ar EirGrid comhoibriú ar bhonn réigiúnach le 'Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach' (RSC) amháin ar a laghad; mar sin, in 2018 fuair sé leas cothromais de 3.7% in RSC Coreso SA ar €0.1m; cuideachta atá cláraithe sa Bheilg.

## 29 (G). Leas i gComhoibríocht

Is é an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) an margadh mórdhíola leictreachais atá ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin, cuireadh deireadh leis an seanmhargadh mórdhíola leictreachais in Éirinn agus cuireadh tús leis an SEM nua. Cuireadh SEMO ar bun mar an chomhoibríocht chonartha idir an Chuideachta agus SONI Limited, a bheadh freagrach as oibriú an mhargaidh mórdhíola leictreachais ar fud oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 ar aghaidh. Tá leas 75% ag an gCuideachta in SEMO.

Is ar bhunús SEMOpx, ar comhfhiontar conartha 75/25 é idir EirGrid cpt agus SONI Limited, atá EirGrid cpt agus SONI Limited tar éis na seirbhísí NEMO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Cuireadh SEMOpx ar bun an 28 Meán Fómhair 2018. Tá EirGrid cpt ainmnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais mar oibreoir ainmnithe margaidh leictreachais (NEMO) d'Éirinn agus tá SONI Limited ainmnithe ag an Rialtóir Fóntais (UR) mar NEMO do Thuaisceart Éireann. Tugann na hainmniúcháin NEMO cead do SONI Limited agus EirGrid cpt margaí ionlae agus ceantála lá roimh ré a sholáthar le haghaidh trádáil in MLA.

Is comhfhiontar 75/25 é Cód Margaidh Acmhainne JV idir EirGrid cpt agus SONI Limited, arna bhunú ar an 28 Meán Fómhair 2018. Is é aidhm an chomhfhiontair ná an Cód Margaidh Acmhainne a riar.

Mheas an Chuideachta gur comhoibríocht atá i ngach ceann de na socruithe sin agus, mar thoradh air sin, tá an sciar de na sócmhainní, de na dliteanais, den ioncam agus de na costais curtha san áireamh i Ráiteas Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne.

Tá na méideanna seo a leanas curtha san áireamh i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne le SEMO agus SEMOpx a léiriú i gcuntais na Cuideachta.

| | **30 MF 2019 € '000** | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad | 4,561 | 1,448 |
| Sócmhainní reatha | 152,559 | 108,796 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **157,120** | **110,244** |
| Iomlán an chothromais | 24,156 | 20,755 |
| Dliteanais reatha | 132,964 | 89,489 |
| Iomlán na ndliteanas | 132,964 | 89,489 |
| **Iomlán an Chothromais agus na nDliteanas** | **157,120** | **110,244** |

| | **An bhliain go dtí 30 MF 2019 € '000** | An bhliain go dtí 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 16,501 | 146,407 |
| Costais | (13,101) | (145,539) |
| **Brabús oibriúcháin** | **3,400** | **868** |

## 29 (H). Sócmhainní Doláimhsithe

| | An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite *€ '000 | Bogearraí TF eile € '000 | Bogearraí atá á bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 68,286 | 31,632 | - | 99,918 |
| Breiseanna | - | - | 4,940 | 4,940 |
| Aistriú ó shócmhainní eile | 3,465 | - | (3,465) | - |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil (nóta 29 (I)) | - | 4,065 | - | 4,065 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 71,751 | 35,697 | 1,475 | 108,923 |
| **Amúchadh** | | | | |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | - | 29,280 | - | 29,280 |
| Muirear amúchta | 14,069 | 1,809 | - | 15,878 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 14,069 | 31,089 | | 45,158 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2019** | 57,682 | 4,608 | 1,475 | 63,765 |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2018 | 68,286 | 2,352 | 2,352 | 70,638 |

*Tá athrú mór tagtha ar an MLA. Tá teacht le chéile margaí fuinnimh ar fud na hEorpa á spreagadh ag reachtaíocht an AE, agus is é an aidhm atá ann margadh leictreachais inmheánach atá iomlán saor a chruthú. Ba ghá infheistíocht mhór a dhéanamh in athdhearadh an MLA, agus sainítear na costais sin mar shócmhainn an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite ('I-SEM').

## 29 (I). Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Foirgnimh * €'000 | Daingneáin agus feistis €'000 | IS, trealamh teileach agus eile €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Margadh Leictreachas Aonair ** €'000 | Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite *** €'000 | An Margadh Sócmhainní atá á dTógáil **** €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 10,407 | 2,549 | 77,021 | 77 | 41,418 | 2,996 | 13,690 | 148,158 |
| Breiseanna | - | - | 18 | - | - | (73) | 8,127 | 8,072 |
| Aistriú chuig sócmhainní doláimhsithe (nóta 29(H)) | - | - | - | - | - | - | (4,065) | (4,065) |
| Aistriú chuig aicmí eile | - | 788 | 2,531 | - | (513) | - | (2,806) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 10,407 | 3,337 | 79,570 | 77 | 40,905 | 2,923 | 14,946 | 152,165 |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2018 | 4,411 | 2,197 | 63,733 | 35 | 40,905 | - | - | 111,281 |
| Muirear | 434 | 216 | 4,555 | 15 | - | 585 | - | 5,805 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2019 | 4,845 | 2,413 | 68,288 | 50 | 40,905 | 585 | - | 117,086 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2019** | **5,562** | **924** | **11,282** | **27** | **-** | **2,338** | **14,946** | **35,079** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2018 | 5,996 | 352 | 13,288 | 42 | 513 | 2,996 | 13,690 | 36,877 |

* Áirítear feabhsuithe léasachta i gcostas fhoirgnimh an Ghrúpa.
** Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann leis an MLA roimh athdhearadh an mhargaidh nua.
*** Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an mhargaidh MLA nua agus le crua-earraí TF.
**** Seo a leanas na sócmhainní atá á dtógáil:

| | 30 MF 2019 €'000 | 30 MF 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Trealamh córas faisnéise agus teileachumarsáide | 5,630 | 3,899 |
| An tIdirnascaire Ceilteach | 8,488 | 5,860 |
| Tionscadal Seirbhísí Córais | - | 3,011 |
| Saoráidí | 828 | 920 |
| **Iomlán** | **14,946** | 13,690 |

## 29 (J). Infháltais Trádála agus Infháltais Eile – Suimeanna a bheidh Dlite laistigh de níos mó ná aon Bhliain Airgeadais amháin

| | Nóta | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha | | 30,549 | 27,605 |
| Suimeanna atá dlite ag fochuideachtaí | | 199,244 | 205,301 |
| Cáin iarchurtha | 29 (Q) | 14,795 | 10,654 |
| **Iomlán** | | **244,588** | **243,560** |

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na n-infháltas trádála agus na n-infháltas eile agus an luach cóir atá orthu, a bheag nó a mhór.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha na Cuideachta costais iarchurtha €30.5m (2018: €27.6m) faoi seach i ndáil le tionscadail tarchuir, agus d'fhéadfadh sé nach mbeidís sin go léir inghnóthaithe laistigh de dhá mhí dhéag.

## 29 (K). Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 271,822 | 216,765 |

Is éard atá i gceist le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim go príomha ná airgead tirim atá i seilbh na Cuideachta agus taiscí bainc gearrthéarmacha a raibh aibíocht trí mhí nó níos lú ag baint leo tráth a dtaiscthe. Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní sin, a bheag nó a mhór, agus a luach cóir. Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le cistí leachtacha teoranta toisc gur bainc iad na contrapháirtithe, a dtugann gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um rátáil creidmheasa rátáil measartha ard creidmheasa dóibh.

San áireamh sna hiarmhéideanna airgid, tá éarlaisí slándála €7.4m (2018: €9.4m). San áireamh sna hiarmhéideanna airgid €8.7m (2018: €16.4m) a choinnítear i seilbh ar iontaobhas do rannpháirtithe margaidh sa MLA agus €17.3m (2018: €24.5m) a choinnítear i gcuntais chúlchiste chomhthaobhachta MLA (cuntais slándála a gcoinnítear in ainm rannpháirtithe margaidh).

## 29 (L). Infháltais trádála agus infháltais eile: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 787 | 1,073 |
| Réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha | 12,871 | 12,567 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 86,186 | 75,012 |
| Infháltais eile | 112,337 | 32,881 |
| Infháltais chánach reatha | 1,759 | 65 |
| Suimeanna atá dlite ag fochuideachtaí | 35,955 | 50,591 |
| **Iomlán** | **249,895** | **172,189** |

## 29 (L). Infháltais trádála agus infháltais eile: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin (ar lean)

Baineann €20.1m (2018: €0.6m) d'iarmhéid na n-infháltas eile le híocaíochtaí atá dlite ó ESB Networks mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais tionscadail iarchurtha na Cuideachta costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha ar luach €7.0m (2018: €7.0m), agus meastar go mbeidh na costais sin go léir in aisghabhála laistigh de dhá mhí dhéag.

Cuimsítear le hinfháltais eile €84.8m atá dlite ó mhargadh cothromúcháin leictreachais MLA do SEMO i leith ceanglais caipitil oibre a tharla sa mhargadh cothromúcháin leictreachais le linn na bliana ar maoiníodh é le cistiú bainc seachtrach a chuir EirGrid agus SONI ar fáil trí SEMO. (2018: €6.7m (léirithe mar shuimeanna iníoctha i nóta 29(M)) dlite ag SEMO don mhargadh MLA atá le cur ar ais sa mhargadh trí choigeartú ar tharaifí de réir k-fhactóir.)

## 29 (M). Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha eile – Suimeanna a bheidh Dlite laistigh d'aon Bhliain amháin

| | Nóta | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | | 53,845 | 63,779 |
| Fabhruithe | | 112,578 | 85,779 |
| Ioncam Iarchurtha | | 803 | 2,804 |
| Cánachas agus árachas sóisialta | | 13,528 | 11,397 |
| Suimeanna iníoctha eile | | 27,114 | 62,034 |
| Suimeanna dlite d'fhochuideachtaí | | 52,490 | 60,416 |
| Deontais | 29 (O) | 114 | 635 |
| Iasachtaíochtaí | 29 (P) | 9,512 | 9,132 |
| **Iomlán** | | **269,984** | **295,976** |

Tá na nithe seo a leanas san áireamh i gcánachas agus árachas sóisialta:

| | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | 552 | 496 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa (ÁSPC) | 366 | 441 |
| CBL | 12,222 | 10,158 |
| Cáin shiarchoinneálach | 388 | 302 |
| **Iomlán** | **13,528** | **11,397** |

Is éard atá i gceist le suimeanna iníoctha trádála agus fabhruithe den chuid is mó ná suimeanna gan íoc a bhaineann le ceannacháin trádála agus costais leanúnacha. Baineann €48.5m (2018: €44.2m) d'iarmhéid suimeanna iníoctha trádála na Cuideachta leis an muirear is iníoctha le ESB mar Úinéir na Sócmhainne Tarchuir. Is éard atá i gceist le fabhruithe den chuid is mó ná na costais dhíreacha a bhaineann leis an gcóras tarchurtha a rith sa dá mhí dheireanacha den tréimhse chuntasaíochta.

## 29 (N). Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de níos mó ná aon bhliain amháin

| | | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Ionstraim airgeadais dhíorthach | | 76,735 | 56,069 |
| Deontais | 29 (O) | - | 155 |
| Iasachtaíochtaí | 29 (P) | 284,041 | 212,302 |
| **Iomlán** | | **360,776** | **268,526** |

## 29 (O). Deontais

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2018 | 790 | - |
| Breiseanna | - | 1,002 |
| Amúchadh | (676) | (212) |
| **Iarmhéid amhail an 30 MF 2019** | **114** | **790** |
| **Anailísithe mar:** | | |
| Reatha | 114 | 635 |
| Neamhreatha | - | 155 |
| **Iarmhéid amhail an 30 MF 2019** | **114** | **790** |

Fuair an Chuideachta deontas EU-SysFlex €1.0m in 2018. Is deis é tionscadal Horizon 2020 EU-SysFlex le ról ceannaireachta agus rannpháirtíochta a bheith ag an gCuideachta i dtionscadal straitéiseach uile-Eorpach, atá ag teacht go cruinn le cuspóir straitéiseach Ghrúpa EirGrid chun a bheith ina "cheannaire idirnáisiúnta maidir le heangacha cliste agus comhtháthú foinsí inathnuaite fuinnimh". Tá an deontas inlamhála i gcás costais áirithe arna leagan amach sa chomhaontú deontais, agus scaoiltear an t-ioncam deontais in aghaidh an chaiteachais de réir mar a thabhaítear sin. Mura gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha Chomhaontú Deontais Choimisiún an AE, d'fhéadfadh go ndéanfaí an maoiniú deontais atá faighte ag EirGrid a aisghlámadh.

## 29 (P). Iasachtaíochtaí

| **Inaisíoctha i dtráthchodanna** | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Inaisíoctha laistigh d'aon bhliain amháin: | 9,512 | 9,132 |
| Inaisíoctha idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | 9,928 | 9,512 |
| Inaisíoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | 32,391 | 31,073 |
| Inaisíoctha i gceann níos mó ná 5 bliana | 160,472 | 171,717 |
| **Iomlán** | **212,303** | **221,434** |

## 29 (P). Iasachtaíochtaí (ar lean)

| Inaisíoctha ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Inaisíoctha laistigh d'aon bhliain amháin: | - | - |
| Inaisíoctha idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | 81,250 | - |
| Inaisíoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | - | - |
| Inaisíoctha i gceann níos mó ná 5 bliana | - | - |
| **Iomlán** | **81,250** | - |

| Iomlán na nIasachtaíochtaí | 30 MF 2019 € '000 | 30 MF 2018 € '000 |
|---|---|---|
| Inaisíoctha laistigh d'aon bhliain amháin: | 9,512 | 9,132 |
| Inaisíoctha idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | 91,178 | 9,512 |
| Inaisíoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | 32,391 | 31,073 |
| Inaisíoctha i gceann níos mó ná 5 bliana | 160,472 | 171,717 |
| **Iomlán** | **293,553** | **221,434** |

Baineadh úsáid as conarthaí babhtála ráta úis chun sciar de na hiasachtaí a thiontú ó ráta comhlúthach úis go dtí ráta seasta úis. Féach nóta 25 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Bhí luach €69.0m (2018: €90.0m) de shaoráidí iasachtaíochta neamhúsáidte ag an nGrúpa ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá an chuid is mó de na hiasachtaíochtaí neamhúsáidte sin socraithe chun go mbeadh a dhóthain saoráidí cúltaca ag an gCuideachta chun déileáil le híocaíochtaí sriantachta nach raibh foráil déanta sa bhuiséad dóibh agus nach rabhthas ag súil leo.

## 29 (Q). Deferred Tax

| | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí maidir le sochair scoir € '000 | Fáluithe ar an sreabhadh airgid € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Sócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 729 | 3,013 | 7,940 | 11,682 |
| (Muirear)/Creidmheas chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (1,131) | 238 | - | (893) |
| (Muirear)/Creidmheas chuig an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach Eile | - | 796 | (931) | (135) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2018 | (402) | 4,047 | 7,009 | 10,654 |
| (Muirear)/Creidmheas chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (541) | 404 | - | (137) |
| (Muirear)/Creidmheas chuig an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach Eile | - | 1,695 | 2,583 | 4,278 |
| **Sócmhainn chánach iarchurtha amhail ar an 30 Meán Fómhair 2019** | **(943)** | **6,146** | **9,592** | **14,795** |

## 29 (R). Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir

Mar a mhínítear i nóta 22, tá aon scéim pinsin amháin coinnithe ar chlár comhardaithe EirGrid cpt. Tá eolas curtha ar fáil faoi na scéimeanna pinsin sin mar atá leagtha amach i nóta 22 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite. De bharr nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir an t-eolas atá ar fáil sna nótaí comhdhlúite agus an t-eolas a bhaineann leis an gCuideachta, cinneadh gan an t-eolas sin a chur ar fáil an athuair.

## 29 (S). Socruithe maidir le Léasanna Oibriúcháin

Is mar seo a leanas a bheidh íosíocaíochtaí léasa dlite amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar cheal, ar léasanna iad a bhaineann go príomha le foirgnimh na Cuideachta:

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 3,822 | 3,788 |
| Idir an dara agus an cúigiú bliain, iad araon san áireamh | 14,421 | 14,585 |
| Tar éis 5 bliana | 24,487 | 27,885 |
| **Iomlán** | **42,730** | **46,258** |

Tá léas oibriúcháin 25 bliain dar tús an 1 Márta 2007 i bhfeidhm d'fhoirgneamh Cheannoifig na Cuideachta. Níor ghá aon chíos a íoc sa chéad trí bliana de théarma an léasa. Tá costas an léasa bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Nuair a rinneadh an t-athbhreithniú cíosa sceidealaithe ar an 1 Márta 2017, rinneadh coigeartú ar an gcíos iníoctha. Ní chuireann téarmaí na léasanna oibriúcháin aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an gCuideachta.

## 29 (T). Ceangaltais chaipitil

| | 30 MF 2019<br>€ '000 | 30 MF 2018<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Caiteachas a ndearnadh conradh ina leith,<br>ach nach ndearnadh soláthar ina leith sna Ráitis Airgeadais | - | 475 |

## 29 (U). Dliteanais Theagmhasacha

Níl heol don Chuideachta aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana airgeadais (2018: €nialas).

## 29 (V). Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

Déanann EirGrid cpt ráthú trí struchtúr trasráthaíochta ar na hiasachtaíochtaí uile a thugtar do EIDAC. Tá litreacha tacaíochta eisithe ag an gCuideachta le tacú leis na fochuideachtaí EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Designated Activity Company agus EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company.

Tá Gnóthas Máthairchuideachta ar fiú £10.0 milliún (2018: £10.0m) é tugtha ag EirGrid cpt do SONI Limited.

Tá an Chuideachta tar éis tairbhe a bhaint as an díolúine faoi alt 8(k) de FRS101, a cheadaíonn di gan idirbhearta le comh-fhochuideachtaí faoi lán-úinéireacht a nochtadh.

## 29 (V). Teagmhais i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

An 2 Deireadh Fómhair 2019, d'fhógair an Coimisiún Eorpach go raibh cistiú €530.7m á thabhairt aige do Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh ó chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (CEF), sásra airgeadais an AE chun tacú le bonneagar tras-Eorpach. Is é atá san Idirnascaire Ceilteach nasc leictreachais nua atá beartaithe idir an Fhrainc agus Éire atá á fhorbairt go comhpháirteach ag EirGrid cpt agus ag Réseau De Transport d'Électricité ('RTE'), TSO na Fraince. Níor tharla aon teagmhais shuntasacha eile a chuaigh i bhfeidhm ar an nGrúpa ó bhí deireadh na bliana ann.

## 29 (X). Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 18 Nollaig 2019.

## Nótaí

## Nótaí

The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath
D04 FW28 • Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com
*Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte - athchúrsáil le do thoil*